OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Provided by the author(s) and University of Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

| | |
|---|---|
| Title | Anailís ar na suirbhéanna agus aighneachtaí scríofa ar dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2): Tuarascáil a ullmhaíodh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| Author(s) | Mac Gearailt, Breandán; Davitt, Emer; Murray, Clíona; Westerwald, Greta |
| Publication Date | 2023-03 |
| Publication Information | Mac Gearailt, Breandán, Davitt, Emer, Murray, Clíona & Westerwald, Greta. (2023) Anailís ar na suirbhéanna agus aighneachtaí scríofa ar dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2): Tuarascáil a ullmhaíodh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe, https://doi.org/10.13025/3wr0-5q68 |
| Publisher | Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe. |
| Link to publisher's version | https://doi.org/10.13025/3wr0-5q68 |
| Item record | http://hdl.handle.net/10379/17702 |
| DOI | http://dx.doi.org/10.13025/3wr0-5q68 |

Downloaded 2024-04-26T14:43:04Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Scoil an Oideachais
School of Education

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Anailís ar na suirbhéanna agus aighneachtaí scríofa ar dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2): Tuarascáil a ullmhaíodh don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.



Breandán Mac Gearailt, Emer Davitt, Dr. Clíona Murray, Greta Westerwald.
Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe

Márta 2023

**Nóta:**
**Tá an tuarascáil iomlán ar an gcomhairliúchán poiblí maraon leis na moltaí ar fáil ag:**
**https://ncca.ie/ga/foilseacháin-taighde/**

## CLÁR NA N-ÁBHAR


RANNÓG 1: RÉAMHRÁ ..... 5
1.1 MODHEOLAÍOCHT ..... 5
1.1.1 NA SUIRBHÉANNA AR-LÍNE ..... 5
1.1.2 NA hAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA ..... 6
1.2 RANNPHÁIRTITHE ..... 6
1.2.1 RANNPHÁIRTITHE SNA SUIRBHÉANNA AR-LÍNE ..... 6
1.2.2 RANNPHÁIRTITHE SNA hAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA ..... 8
1.3 FORLÉARGAS AR PHRÍOMHTHORTHAÍ Ó NA SUIRBHÉANNA AGUS NA hAIGHNEACHTAÍ ..... 9
1.3.1 PRÍOMHTHORTHAÍ Ó NA SUIRBHÉANNA ..... 9
1.3.2 PRÍOMHTHORTHAÍ Ó NA hAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA ..... 11
1.4 STRUCHTÚR NA TUAIRISCE ..... 11
RANNÓG 2: SUIRBHÉANNA AR NA DRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ T1 AGUS T2 ..... 13
2.1 CUID 1 DEN SUIRBHÉ – RANNPHÁIRTITHE ..... 13
2.2 CUID 2 DEN SUIRBHÉ - EOLAS GINEARÁLTA ..... 13
2.3 CUID 3 DEN SUIRBHÉ - RÉASÚNAÍOCHT, AIDHM AGUS CUSPÓIRÍ ..... 20
2.4 CUID 4 DEN SUIRBHÉ - FOGHLAIM AGUS TEAGASC ..... 27
2.5 CUID 4a DEN SUIRBHÉ - TÉACSANNA ..... 36
2.6 CUID 5 DEN SUIRBHÉ - FORBHREATHNÚ: STRUCHTÚR NA SONRAÍOCHTA ..... 47
2.7 CUID 6 DEN SUIRBHÉ - TORTHAÍ FOGHLAMA ..... 53
2.8 CUID 6a DEN SUIRBHÉ - CUMARSÁID ..... 63
2.9 CUID 6b DEN SUIRBHÉ – FEASACHT ..... 68
2.10 CUID 6c DEN SUIRBHÉ - CRUTHAITHEACHT TEANGA ..... 76
2.11 CUID 7 DEN SUIRBHÉ - MEASÚNÚ ..... 82
2.12 CUID 8 DEN SUIRBHÉ - MOLTAÍ LE hAGHAIDH FEABHSÚCHÁIN ..... 94
2.13 NA TÉAMAÍ BA CHOITIANTA SNA FREAGRAÍ THAR NA 19 gCEIST OSCAILTE ..... 96
RANNÓG 3 – NA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA – ÁBHAR A BHAINEANN LEIS NA DRÉACHTSONRAÍOCHTA T1 AGUS T2 ..... 118
3.1 NA PRÍOMHTHÉAMAÍ A BHAINEANN LEIS NA DRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ T1 AGUS T2 ..... 118
3.2 GÁ LE hATHRÚ ..... 118
3.2 MOTHÚCHÁIN LÁIDRE ..... 122
3.3 ÁBHAR NA nDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ – EASPA EOLAIS GO GINEARÁLTA ..... 123
3.4 LEAGAN AMACH, STRUCHTÚR, RÉASÚNAÍOCHT AGUS AIDHM ..... 124
3.5 TORTHAÍ FOGHLAMA ..... 127
3.5.1 EASPA DIFRÍOCHTAÍ IDIR NA TORTHAÍ FOGHLAMA T1/T2 ..... 129
3.6 CRUTHAITHEACHT ..... 130
3.7 ÁBHAR NA nDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ - AN TEANGA LABHARTHA ..... 131
3.8 ÁBHAR NA nDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ – AN LITRÍOCHT ..... 133

3.8.1 EASPA EOLAIS FAOIN LITRÍOCHT ....133
3.8.2 AN LITRÍOCHT - UALACH OIBRE AGUS AMA ....134
3.8.3 SUIM NA SCOLÁIRÍ SA LITRÍOCHT ....135
3.8.4 ROGHA NA LITRÍOCHTA ....136
3.8.5 LITRÍOCHT AGUS AN GNÁTHLEIBHÉAL ....138
3.8.6 LITRÍOCHT AGUS EISPÉIREAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ ....139
3.8.7 MOLTAÍ DON LITRÍOCHT ....140
**3.9 ÁBHAR NA nDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ – AN PHUNANN TEANGA ....*142***
3.9.1 AN PHUNANN TEANGA – EASPA EOLAIS ....142
3.9.2 AN PHUNANN TEANGA – MEASÚNÚ AGUS UALÚ MARCANNA ....143
3.9.3 AN PHUNANN TEANGA AGUS AN BHÉALTRIAIL ....144
3.9.4 An PHUNANN TEANGA – EISPÉIREAS AG LEIBHÉAL NA SRAITHE SÓISEARAÍ ....145
**3.10. ÁBHAR NA nDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ - MEASÚNÚ ....*145***
3.10.1 EASPA EOLAIS FAOIN MEASÚNÚ ....145
3.10.2 STRUCHTÚR AN MHEASÚNAITHE ....147
3.10.3 MEASÚNÚ AGUS UALÚ NA MARCANNA ....149
3.10.4 AN MEASÚNÚ AGUS AN BHÉALTRIAIL ....149
3.10.5 AN BHÉALTRIAIL REATHA ....150
3.10.6 UALÚ NA MARCANNA DON BHÉALTRIAIL ....150
3.10.7 MOLTAÍ EILE DON BHÉALTRIAIL ....153
3.10.8 MEASÚNÚ – MOLTAÍ DO NA SCRÚDPHÁIPÉIR ....155
**RANNÓG 4 – AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA - TUAIRIMÍ A BHAINEANN LE CUR I BHFEIDHM NA NDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ ....*157***
**4.1 NA LEIBHÉIL ....*157***
4.1.1 ARDLEIBHÉAL – DÚSHLÁN ....158
4.1.2 BONNLEIBHÉAL A BHEITH IMITHE ....159
**4.2 LEANÚNACHAS CURACLAIM ....*161***
**4.3 TACAÍOCHTAÍ ....*163***
4.3.1 ACMHAINNÍ TEAGAISC ....163
4.3.2 ACMHAINNÍ SCRÚDUITHE ....164
4.3.3 FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH ....165
4.3.4 ACMHAINNÍ DAONNA ....166
**4.4 TIONCHAR NA n-ATHRUITHE ....*166***
4.4.1 TIONCHAR AR SCOLÁIRÍ ....167
4.4.2 TIONCHAR AR MHÚINTEOIRÍ ....169
4.4.2.1 GUTH AN MHÚINTEORA ....169
4.4.2.2 NEAMHSPLEÁCHAS AN MHÚINTEORA ....170
4.4.2.3 MÚINTEOIRÍ AG FÁGÁIL NA GAIRME ....170
4.4.3 TIONCHAR AR GHAELCHOLÁISTÍ AGUS IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA ....171
4.4.4 TIONCHAR AR AN nGAELTACHT ....172

4.4.5 TIONCHAR AR AN nGAEILGE ....172
4.4.6 TIONCHAR AR CHOLÁISTÍ SAMHRAIDH ....174
4.4.7 TIONCHAR FADTÉARMACH AR AN TEANGA SA TÍR ....175
4.4.8 TIONCHAR AR OLLSCOILEANNA....176
**RANNÓG 5 – NA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA AGUS CEISTEANNA CÓRASACHA ....*176***
**5.1 MOLTAÍ AGUS TUAIRIMÍ FAOIN gCÓRAS T1/T2....*177***
5.1.1 TÉARMAÍOCHT T1/T2....177
5.1.2 COINCHEAP T1/T2....178
**5.2 EISPÉIREAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ ....*181***
5.2.1 EISPÉIRIS DHIÚLTACHA AGUS AN GÁ ATÁ LE hATHBHREITHNIÚ....181
5.2.2 LITRÍOCHT....183
5.2.3 MEASÚNÚ ....186
5.2.4 PÁIPÉIR SCRÚDUITHE....186
5.2.5 NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE (MRB) AGUS AN PHUNANN TEANGA ....187
5.2.6 BÉALTRIAIL ....188
**5.3 MOLTAÍ AGUS TUAIRIMÍ EILE....*189***
5.3.1 AN FRÁMA TAGARTHA COMÓNTA EORPACH (FTCE)....189
5.3.2 MÚNLA NA NUATHEANGACHA IASACHTA AGUS AN BHÉARLA ....191
5.3.3 POINTÍ BREISE CAO ....192
5.3.4 MÚNLAÍ EILE LE CUR LE MÚINEADH/FOGHLAIM NA GAEILGE....195
5.3.4.1 CEITHRE LEIBHÉAL....195
5.3.4.2 CÚRSA BREISE ....197
5.3.5 FÉIDEARTHACHTAÍ AN MHÚNLA REATHA ....198
5.3.6 PÍOLÓTÚ ....199
5.3.7 TIONCHAR SCRÚDUITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA....200
**5.4 TUAIRIMÍ FAOIN gCOMHAIRLIÚCHÁN....*201***
5.4.1 AMLÍNE ....201
5.4.2 DEARADH ....203
5.4.3 COMHARLIÚCHÁN NUA ....205
**TAGAIRTÍ....207**
**AGUISÍN 1 – RANGÚ NA n-AIGHNEACHTAÍ ....208**

# RANNÓG 1: RÉAMHRÁ

## 1.1 MODHEOLAÍOCHT

### 1.1.1 NA SUIRBHÉANNA AR-LÍNE

Bhí fáil ar an suirbhé, a bhí deartha ag an CNCM, ar shuíomh gréasáin comhlacht tráchtála, trí nasc leabaithe sna fógraí agus cáipéisí comhairliúcháin. Bhí struchtúr an tsuirbhé mar an gcéanna do dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Bhí rogha ag freagróirí na suirbhéanna a chomhlánú i nGaeilge nó i mBéarla. I rannóg 1 den suirbhé lorgaíodh beagán eolais faoi phróifíl dhéimeagrafach na rannpháirtithe (i.e., an "tuismitheoir", "scoláire", "múinteoir" nó "eile" iad; cad a bhí i gceist le "eile", má roghnaíodh é sin; agus an cineál scoile lenar bhain siad, má bhí a leithéid i gceist). Sna rannóga ina dhiaidh sin, iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a léiriú ar chodanna éagsúla na ndréachtsonraíochtaí trí fhreagraí a thabhairt ar cheisteanna iata de chineál Likert (m.sh. "Easaontaím go mór", "Easaontaím", "Aontaím", agus "Aontaím go mór") nó ceisteanna iata le rogha dénártha (m.sh. "Tá" agus "Níl"). Bhí ceisteanna oscailte i ngach rannóg (seachas rannóga 1 agus 2) chun deis a thabhairt do fhreagróirí tuairimí breise a thabhairt. Bhí uasmhéid 500 carachtar ag dul do na freagairtí ar na ceisteanna oscailte.

Rinneadh anailís ar an dá shuirbhé (dréachtsonraíocht T1 agus dréachtsonraíocht T2) go neamhspleách ach ag úsáid na modheolaíochta céanna. Cuireadh an dá leagan (i.e. leagan Gaeilge agus leagan Béarla) le chéile don anailís agus rinne taighdeoirí dhátheangacha an anailís ionas nach gcaillfí aon bhrí trí fhreagraí a aistriú. Baineadh úsáid as an mbogearra *R* don anailís staitistiúil ar na sonraí cainníochtúla ó na suirbhéanna (i.e. na freagairtí ar na ceisteanna iata). Baineadh úsáid as staitisticí tuairisciúla agus graif chun treochtaí sa tacar sonraí cainníochtúla a iniúchadh. Rinneadh anailís théamach ar na sonraí cáilíochtúla (i.e. na freagairtí ar na ceisteanna oscailte sna suirbhéanna). Baineadh úsáid as an mbogearra *Nvivo 20* chun tacú leis an anailís. Scaradh amach na sonraí a bhain le gach ceann de na ceisteanna oscailte sa suirbhé ina n-aonaid anailíse féin (*n=19*) agus tugadh faoin anailís trí phróiseas catagóireach ionduchtach. Rinneadh códáil líne ar líne ar na sonraí, bailíodh cóid ábhartha le chéile faoi chatagóirí topaice agus forbraíodh téamaí a d'eascair ó na cóid agus catagóirí. Rinneadh é seo do gach ceist oscailte go haonair ar dtús chun léargas a thabhairt ar na tuairimí a bhain leis na réimsí éagsúla sa suirbhé. Ag deireadh cuireadh le chéile rátaí coitiantachta do na cóid thar na ceisteanna oscailte ar fad chun léargas a thabhairt ar na téamaí ba láidre a bhí ag eascairt ó na codanna cáilíochtúla den suirbhé ina iomláine.

Feictear sna torthaí go bhfuil na catagóirí agus téamaí céanna ag eascairt as cuid mhaith de na ceisteanna. Is de thoradh nádúr na bhfreagraí atá sé seo, sa mhéid is nár dhírigh na freagróirí i gcónaí

ar ábhar na ceiste amháin ach gur úsáideadh na boscaí téacs oscailte chun pointí níos leithne a dhéanamh. Rinneadh cinneadh gan freagairtí mar seo a neamhbhailiú ar mhaithe le hionchuimsiú gutha agus mar go raibh tuairimí faoi ábhar na ceiste go minic fite fuaite le tuairimí eile in aon sliocht amháin téacs. Sa tuairisciú ar na tuairimí athráite seo, déantar cur síos orthu an chéad uair a a dtagann siad chun cinn. I ndiaidh sin, luaitear iad ach ní dhéantar cur síos orthu muna bhfuil pointe suntasach nua ag teacht chun cinn.

### 1.1.2 NA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA

Rinneadh anailís ar an haighneachtaí go leithleach ó fhreagraí an tsuirbhé. Baineadh úsáid as an mbogearra *NVivo 20* chun tacú leis an anailís. Cé go raibh na haighneachtaí idir 5 fhocal agus 65 leathanach, pléadh le gach aighneacht mar aonad anailíse ar leith seachas iad a ualú nó a bhraisliú. Bhí sé mar chuspóir ag an gcur chuige ionduchtach i leith na hanailíse, ina ndearnadh códú líne ar líne, teacht a mhéad agus ab fhéidir ar mhiondifríochtaí agus ar ilchineálacht na bhfreagraí agus teacht, ag an am céanna, ar áiteanna ina raibh comhaontú suntasach nó comhdhearcadh. Cuireadh 85% de na haighneachtaí ar fáil i nGaeilge, agus an 15% eile i mBéarla. Rinne baill dhátheangacha den fhoireann an anailís ar na haighneachtaí lena dheimhniú go ndearnadh na bunsonraí, seachas aistriúcháin, a anailísiú. Rinneadh códáil líne ar líne ar na sonraí, bailíodh cóid ábhartha le chéile faoi chatagóirí topaice agus forbraíodh téamaí a d'eascair ó na cóid agus catagóirí. Bhí cruinnithe rialta ag na taighdeoirí le plé a dhéanamh ar théamaí a bhí ag teacht chun cinn.

## 1.2 RANNPHÁIRTITHE

### 1.2.1 RANNPHÁIRTITHE SNA SUIRBHÉANNA AR-LÍNE

Sna suirbhéanna, iarradh ar rannpháirtithe rogha a dhéanamh ó liosta chun an abairt *"Tá mé ag freagairt mar…"* a chríochnú agus chun a rá cén cineál scoile lenar bhain siad. Bhí catagóirí éagsúla i gceist do na suirbhéanna chun tuiscint a thabhairt ar an gcomhthéacs ar leith (T1 Gaeltacht/T1 lán-Ghaeilge/T2 srl.).

Ba chóir a bheith cúramach sa léirmhíniú a dhéantar ar fhreagairtí an tsuirbhé mar nach mbaineann siad le sampla ionadaíoch. Is gnách an rud é seo i suirbhéanna oscailte ina roghnaíonn na freagróirí a bheith páirteach iad féin. Léiríonn Táblaí 1 go 4 thíos comhdhéanamh beacht an tsampla deiridh don dá shuirbhé, briste síos de réir páirtithe leasmhara agus comhthéacs scoile.

Tabhair faoi deara chomh maith nach raibh an comhdhéanamh céanna ar na freagróirí don dá shuirbhé (i.e. d'fhéadfadh duine ceann amháin de na suirbhéanna a fhreagairt nó an dá cheann) agus níl taifead ar líon na bhfreagróirí a chomhlánaigh an dá shuirbhé.

| **Freagróir** | **Líon** | **Céatadán** |
|---|---|---|
| Stiúrthóir/cleachtóir i suíomh luath-óige | 1 | 0.3 |
| Tuismitheoir/caomhnóir bunscoile | 61 | 15.8 |
| Múinteoir bunscoile | 14 | 3.6 |
| Príomhoide/príomhoide tánaisteach bunscoile | 11 | 2.8 |
| Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile | 75 | 19.4 |
| Scoláire iar-bhunscoile | 22 | 5.7 |
| Múinteoir iar-bhunscoile Gaeilge ag obair sa Ghaeltacht | 47 | 12.1 |
| Múinteoir iar-bhunscoile Gaeilge ag obair i suíomh lán-Ghaeilge | 53 | 13.7 |
| Príomhoide/príomhoide tánaisteach iar-bhunscoile | 8 | 2.1 |
| Múinteoir faoi oiliúint | 2 | 0.5 |
| Oideoir múinteoirí | 11 | 2.8 |
| Mac léinn 3ú leibhéal | 13 | 3.4 |
| Léachtóir/taighdeoir 3ú leibhéal | 6 | 1.6 |
| Eile | 63 | 16.3 |
| **Iomlán** | **387** | **100%** |

*Tábla 1: Minicíochtaí i gcatagóirí rannpháirtithe sa suirbhé T1*

| **Cineál scoile** | **Líon** | **Céatadán** |
|---|---|---|
| Pobalscoil | 18 | 4.7 |
| Coláiste pobail | 2 | 0.5 |
| Scoil chuimsitheach | 4 | 1.0 |
| Scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. | 7 | 1.8 |
| Bord Oideachais & Oiliúna | 10 | 2.6 |
| Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 61 | 15.8 |
| Gaelcholáiste | 135 | 34.9 |
| Scoil le sruth/aonad | 13 | 3.4 |
| Meánscoil dheonach | 20 | 5.2 |
| Eile | 117 | 30.2 |
| **Iomlán** | **387** | **100%** |

*Tábla 2: Minicíochtaí i gcineál scoile sa suirbhé T1*

| Freagróir | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Stiúrthóir/cleachtóir i suíomh luath-óige | 0 | 0 |
| Tuismitheoir/caomhnóir bunscoile | 11 | 3.1 |
| Múinteoir bunscoile | 5 | 1.4 |
| Príomhoide/príomhoide tánaisteach | 1 | 0.3 |
| Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile | 10 | 2.8 |
| Scoláire iar-bhunscoile | 9 | 2.5 |
| Múinteoir iar-bhunscoile Gaeilge | 280 | 79.3 |
| Múinteoir faoi oiliúint | 2 | 0.6 |
| Oideoir múinteoirí | 4 | 1.1 |
| Mac léinn 3ú leibhéal | 4 | 1.1 |
| Léachtóir/taighdeoir 3ú leibhéal | 6 | 1.7 |
| Eile | 21 | 5.9 |
| **Iomlán** | **353** | **100%** |

*Tábla 3: Minicíochtaí i gcatagóirí rannpháirtithe sa suirbhé T2*


| Cineál scoile | Líon | Céatadán |
|---|---|---|
| Pobalscoil | 63 | 17.8 |
| Coláiste pobail | 38 | 10.8 |
| Scoil chuimsitheach | 10 | 2.8 |
| Bord Oideachais & Oiliúna | 23 | 6.5 |
| Ag Foghlaim le Chéile | 0 | 0 |
| Meánscoil dheonach | 150 | 42.5 |
| Eile | 67 | 19.0 |
| **Iomlán** | **353** | **100%** |

*Tábla 4: Minicíochtaí i gcineál scoile sa suirbhé T2*

### 1.2.2 RANNPHÁIRTITHE SNA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA

234 aighneacht scríofa a fuair an CNCM mar chuid den chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh bunaithe ar dhréachtsonraíochtaí na hArdteistiméireachta. Tháinig 77 aighneacht ó mhúinteoirí, 20 ó thuismitheoirí, 8 ó scoláirí, 6 ó phríomhoidí, 13 ó scoileanna, 63 ó dhaoine aonair, 11 ó phleanálaithe

teanga agus 36 ó eagraíochtaí éagsúla.  Tá briseadh síos na ngrúpaí éagsúla ar fáil i gCairt 1 thíos. Tá miondealú ar na haighneachtaí le fáil in Aguisín 1.




*Cairt 1: Briseadh síos na n-aighneachtaí scríofa*

## 1.3 FORLÉARGAS AR PHRÍOMHTHORTHAÍ Ó NA SUIRBHÉANNA AGUS NA HAIGHNEACHTAÍ

### 1.3.1 PRÍOMHTHORTHAÍ Ó NA SUIRBHÉANNA

Bhí 387 freagairtí bailí sa suirbhé ar dhréachtsonraíocht T1, 209 a d'fhreagair an leagan trí Ghaeilge agus 178 a d'fhreagair an leagan Béarla. Bhí 353 freagairtí bailí sa suirbhé ar dhréachtsonraíocht T2, 237 a d'fhreagair an leagan trí Ghaeilge agus 116 a d'fhreagair an leagan Béarla.

Bhí na tuairimí is láidre le feiceáil i naoi gceist ar leith, áit inar roghnaigh níos mó ná 80% de fhreagróirí gur easaontaigh[1] siad le ráiteas na ceiste. Ní raibh aon ráiteas lenar aontaigh móramh chomh mór sin de na freagróirí. D'easaontaigh **93.2%** leis an ráiteas "*spreagfaidh an dréachtsonraíocht [T2] seo an scoláire chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge*" (77.8% a d'easaontaigh leis an ráiteas céanna faoi dhréachtsonraíocht T1). D'easaontaigh **91.8%** leis an ráiteas "*tacóidh an eispéireas foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht [T2] seo leis an scoláire an teanga a úsáid go héifeachtach sa phobal agus, nó, in ionad oibre/foghlama lán-Ghaeilge*". D'easaontaigh **90.7%** leis an ráiteas "*cuirfidh an dréachtsonraíocht [T2] ar chumas an scoláire an Ghaeilge a úsáid chun críocha na cumarsáide (i raon leathan de chomhthéacsanna fíorshaoil)*". Mhaígh **89%** de fhreagróirí gur cheart go mbeadh níos lú téacsanna ar dhréachtsonraíocht T2 ag an nGnáthleibhéal agus bhí **88.5%** den tuairim chéanna faoi théacsanna ag an Ardleibhéal. Maidir leis an gceist "*an dtacóidh na comhpháirteanna measúnaithe mar atá sa dréachtsonraíocht leis an gcineál foghlama a theastaíonn ón aidhm agus ón réasúnaíocht a bhaint amach?*", dúirt **84.4%** de fhreagróirí sa suirbhé T2 agus **81.6%** de fhreagróirí sa suirbhé T1 nach dtacóidh. D'easaontaigh **83.9%** leis an ráiteas "*tógfaidh an dréachtsonraíocht [T2] seo ar na scileanna agus ar an inniúlacht teanga a d'fhorbair an scoláire le linn na sraithe sóisearaí*" (70.2% a d'easaontaigh leis an ráiteas céanna faoi dhréachtsonraíocht T1).

D'easaontaigh **83.9%** leis an ráiteas "*cabhróidh an dréachtsonraíocht [T2] leis an scoláire straitéisí foghlama teanga a fhorbairt a bheidh inaistrithe go teangacha eile*". Faoi dheireadh, dúirt **81.1%** de fhreagróirí go raibh na torthaí foghlama i ndréachtsonraíocht T2 mí-oiriúnach do scoláire Gaeilge T2.

As an 387 freagairtí don suirbhé T1, bhí ráta meánach freagartha de 11% do na ceisteanna oscailte. As an 353 freagairtí don suirbhé T2, bhí ráta meánach freagartha de 14% do na ceisteanna oscailte. Na téamaí is láidre a d'eascair as na ceisteanna oscailte ná iad seo a leanas: go raibh an cóimheas mícheart sa bhéim idir an teanga labhartha agus an litríocht sa dá dhréachtsonraíocht, sa cheann T2 ach go háirithe; nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú go 35%; nach raibh an múnla T1/T2 cóir agus gur cheart go mbeadh cúiteamh leis an gcúrsa T1; gur gá fanacht le hathbhreithniú ar an tSraith Shóisearach roimh an tSraith Shinsearach a athrú; agus nach raibh eolas téagartha sna cáipéisí iad féin, ach go háirithe mar a bhain le cur chuige na dtorthaí foghlama agus struchtúr an mheasúnaithe. Tá breis eolais ar na téamaí seo i Rannóg 2.13.

[1] Cuimsíonn "easaontaigh" anseo na roghanna "easaontaím" agus "easaontaím go láidir". Cuimsíonn "aontaigh" na roghanna "aontaím" agus "aontaím go láidir".

## 1.3.2 PRÍOMHTHORTHAÍ Ó NA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA

D'eascair príomhthéamaí éagsúla ón anailís ar na haighneachtaí scríofa. Na príomhthéamaí a tháinig chun cinn ná tuairimí na bhfreagróirí faoin gcomhthéacs agus na mothúcháin láidre a bhí ag daoine maidir le hábhar na ndréachtsonraíochtaí iad féin; an struchtúr, torthaí foghlama, an litríocht agus an measúnú ina measc. I ngeall ar an nádúr oscailte a bhain leis an anailís ar na haighneachtaí scríofa, ní raibh formhór na dtéamaí eile a tháinig chun solais dírithe i gcónaí ar na dréachtsonraíochtaí amháin. Díríodh ar chomhthéacs níos leithne oideachas na Gaeilge. Nochtaíodh tuairimí a bhain leis an múnla T1 agus T2, na hathruithe ag leibhéil na Sraithe Sóisearaí, moltaí i dtaobh churaclam na Sraithe Sinsearaí chomh maith le moltaí i dtaobh theagasc na Gaeilge go ginearálta. Pléitear na téarmaí seo i Rannóga 3 - 5.

Cuireadh a mhéad mioneolais agus ab fhéidir ar fáil laistigh de scóip na tuarascála seo d'fhonn léargas cuimsitheach a sholáthar ar dhearcthaí na ndaoine aonair agus na n-eagraíochtaí faoi na téamaí éagsúla. Cuirtear sleachta ó aighneachtaí éagsúla ar fáil (sa teanga bhunaidh[2]) d'fhonn léiriú cothrom a thabhairt ar thuairimí agus ar dhearcthaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla.

## 1.4 STRUCHTÚR NA TUAIRISCE

Taispeánann Rannóg 2 torthaí na suirbhéanna ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Bristear síos na torthaí de réir rannóga an tsuirbhé. Léirítear na staitisticí tuairisciúla do na ceisteanna iata mar chéatadán de fhreagróirí na ceiste sin. Léirítear na freagairtí ar na ceisteanna oscailte ar bhonn téamach. Bristear síos na rátaí freagartha ar na ceisteanna oscailte de réir ceiste agus cuirtear torthaí na hanailíse do gach ceist i láthair go córasach leis na catagóirí in ord minicíochta. Roghnaíodh 5% mar scoithphointe cuimsithe do na cóid (i.e. bhí ar líon na dtagairtí aonair don chód a bheith cothrom le nó níos mó ná 5% de líon na bhfreagairtí don cheist sin). Ag deireadh Rannóg 2 déantar cur síos ar na téamaí is coitianta a tháinig chun cinn i gceisteanna oscailte an dá shuirbhé.

Léiríonn Rannóg 3-5 torthaí na n-aighneachtaí. I Rannóg 3, déantar cur síos ar na tuairimí a bhaineann le hábhar na ndréachtsonraíochtaí. Baineann Rannóg 4 le tuairimí maidir le cur i bhfeidhm na

---

[2] Ar fud na tuarascála seo cuirtear sleachta ó na haighneachtaí scríofa ar fáil sa teanga bhunaidh chun ciall chontráilte a sheachaint. Cuirtear na sleachta ar fáil focal ar fhocal chun trédhearcacht agus bailíocht a chinntiú.

ndréachtsonraíochtaí. Baineann Rannóg 5 le ceisteanna córasacha eile a tháinig chun cinn tríd na haighneachtaí.

## RANNÓG 2: SUIRBHÉANNA AR NA DRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ T1 AGUS T2

### 2.1 CUID 1 DEN SUIRBHÉ – RANNPHÁIRTITHE


I gCuid 1 den suirbhé, iarradh ar na freagróirí eolas a thabhairt fúthu féin. Léirítear na freagairtí ar na ceisteanna seo i Rannóg 1 thuas.

### 2.2 CUID 2 DEN SUIRBHÉ - EOLAS GINEARÁLTA


Iarradh ar rannpháirtithe tuairim a léiriú ar an gcaoi gur bhraith siad ar an iomlán faoi na dréachtsonraíochtaí. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi ráitis éagsúla (*n=11*).

D'aontaigh 38.9% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá leagan amach na ndréachtsonraíochtaí soiléir*" agus d'aontaigh 4.3% go láidir leis. D'easaontaigh 30.3% de rannpháirtithe leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 26.5% go láidir leis.

D'aontaigh 39.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas céanna agus d'aontaigh 7.0% go láidir leis. D'easaontaigh 32.8% de rannpháirtithe leis an ráiteas agus d'easaontaigh 20.4% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*


*Figiúr[3] 1: Minicíochtaí don ráiteas "Tá leagan amach na dréachtsonraíochta soiléir".*

---


[3] Eochair: SA = "Aontaím go láidir", A = "Aontaím", D = "Easaontaím", SD = "Easaontaím go láidir". Úsáidtear an eochair seo do na cairteanna ar fad.

D'aontaigh 41.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá an dréachtsonraíocht soléite agus tá sé éasca teanga na ndréachtsonraíochta a thuiscint*" agus d'aontaigh 3.8% go láidir leis. D'easaontaigh 32.2% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 22.4% go láidir leis.

D'aontaigh 46.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas céanna agus d'aontaigh 7.5% go láidir leis. D'easaontaigh 28.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 18.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 2: Minicíochtaí don ráiteas "Tá an dréachtsonraíocht soléite agus tá sé éasca teanga na dréachtsonraíochta a thuiscint".*

D'aontaigh 36.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tagann an dréachtsonraíocht seo le luachanna agus prionsabail na Sraithe Sinsearaí mar a leagtar amach iad (ar lch.7 sa dréachtsonraíocht)*" agus d'aontaigh 5.1% go láidir leis. D'easaontaigh 39.2% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 18.8% go láidir leis.

D'aontaigh 38.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.0% go láidir leis. D'easaontaigh 36.1% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 20.6% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 3: Minicíochtaí don ráiteas "Tagann an dréachtsonraíocht seo le luachanna agus prionsabail na Sraithe Sinsearaí mar a leagtar amach iad".*

D'aontaigh 57.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tuigim ón rannóg 'Cé dó an tsonraíocht' (lch.10 den dréachtsonraíocht) an grúpa scoláirí a bhfuil an dréachtsonraíocht dírithe orthu*" agus d'aontaigh 10.5% go láidir leis. D'easaontaigh 17.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 15.1% go láidir leis.

D'aontaigh 47.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 12.3% go láidir leis. D'easaontaigh 27.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 12.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 4: Minicíochtaí don ráiteas "Tuigim an grúpa scoláirí a bhfuil an dréachtsonraíocht dírithe orthu".*

D'aontaigh 43.7% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tugann an Réasúnaíocht (lch.13 den dréachtsonraíocht) míniú soiléir ar fhís na dréachtsonraíochta*" agus d'aontaigh 5.2% go láidir leis. D'easaontaigh 28.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 22.4% go láidir leis.

D'aontaigh 35.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 6.7% go láidir leis. D'easaontaigh 37.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 20.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 5: Minicíochtaí don ráiteas "Tugann an Réasúnaíocht míniú soiléir ar fhís na dréachtsonraíochta".*

D'aontaigh 38.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tugann an Aidhm (lch.15 den dréachtsonraíocht) cuntas soiléir dom ar an eolas, na scileanna agus na luachanna a bhfuil sé mar aidhm ag an dréachtsonraíocht seo a fhorbairt*" agus d'aontaigh 3.5% go láidir leis. D'easaontaigh 32.6% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 25.6% go láidir leis.

D'aontaigh 38.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.0% go láidir leis. D'easaontaigh 33.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 24.0% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 6: Miniciochtaí don ráiteas "Tugann an Aidhm cuntas soiléir dom ar an eolas, na scileanna agus na luachanna a bhfuil sé mar aidhm ag an dréachtsonraíocht seo a fhorbairt".*

D'aontaigh 46.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Léiríonn an rannóg 'Foghlaim ghaolmhar' (lch.17 den dréachtsonraíocht) aistear foghlama Gaeilge an scoláire ó na luathbhlianta go dtí an tSraith Shinsearach agus mar a ullmhaíonn an t-eispéireas seo é chun tabhairt faoin bhfoghlaim fad saoil*" agus d'aontaigh 2.3% go láidir leis. D'easaontaigh 28.3% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 22.5% go láidir leis.

D'aontaigh 26.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.0% go láidir leis. D'easaontaigh 35.8% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 32.4% go láidir leis




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 7: Miniciochtaí don ráiteas "Léiríonn an rannóg 'Foghlaim ghaolmhar' aistear foghlama Gaeilge an scoláire ó na luathbhlianta go dtí an tSraith Shinsearach agus mar a ullmhaíonn an t-eispéireas seo é chun tabhairt faoin bhfoghlaim fad saoil".*

D’aontaigh 36.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tugann an rannóg “Foghlaim agus Teagasc’ tuiscint shoiléir ar na hionchais atá ann do shealbhú teanga an scoláire*” agus d’aontaigh 2.4% go láidir leis. D’easaontaigh 36.5% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 24.6% go láidir leis.

D’aontaigh 28.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 3.4% go láidir leis. D’easaontaigh 41.5% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 26.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 8: Minicíochtaí don ráiteas “Tugann an rannóg Foghlaim agus Teagasc tuiscint shoiléir ar na hionchais atá ann do shealbhú teanga an scoláire”.*

D’aontaigh 32.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tugann an rannóg Forbhreathnú ar an gcúrsa (lch.28 den dréachtsonraíocht) léargas ar an gcineál eispéireas a bheidh ag an scoláire mar thoradh ar dhul i ngleic leis an dréachtsonraíocht seo*” agus d’aontaigh 2.4% go láidir leis. D’easaontaigh 37.9% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 27.2% go láidir leis.

D’aontaigh 29.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 3.9% go láidir leis. D’easaontaigh 38.8% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 27.5% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 9: Minicíochtaí don ráiteas "Tugann an rannóg Forbhreathnú ar an gcúrsa léargas ar an gcineál eispéireas a bheidh ag an scoláire mar thoradh ar dhul i ngleic leis an dréachtsonraíocht seo".*

D'aontaigh 30.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Cuireann na snáitheanna struchtúr soiléir ar fáil d'fhoghlaim agus do theagasc na Gaeilge (T1) sa tSraith Shinsearach*" agus d'aontaigh 1.8% go láidir leis. D'easaontaigh 36.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.3% go láidir leis.

D'aontaigh 22.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas "*Cuireann na snáitheanna struchtúr soiléir ar fáil d'fhoghlaim agus do theagasc na Gaeilge (T2) sa tSraith Shinsearach*" agus d'aontaigh 1.7% go láidir leis. D'easaontaigh 43.6% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.8% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 10: Miniciochtaí don ráiteas "Cuireann na snáitheanna struchtúr soiléir ar fáil d'fhoghlaim agus do theagasc na Gaeilge (T1/T2) sa tSraith Shinsearach".*

D'aontaigh 45.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Is cuid lárnach de phróiseas na foghlama agus an teagaisc an measúnú. Tugann an rannóg Measúnú (lch.37 den dréachtsonraíocht) cur síos ar an ról atá ag an measúnú foirmitheach agus suimitheach in eispéireas foghlama na scoláirí*" agus d'aontaigh 4.8% go láidir leis. D'easaontaigh 25.3% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 24.7% go láidir leis.

D'aontaigh 39.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.4% go láidir leis. D'easaontaigh 28.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 29.0% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*


*Figiúr 11: Miniciochtaí don ráiteas "Tugann an rannóg Measúnú cur síos ar an ról atá ag an measúnú foirmitheach agus suimitheach in eispéireas foghlama na scoláirí".*

## 2.3 CUID 3 DEN SUIRBHÉ - RÉASÚNAÍOCHT, AIDHM AGUS CUSPÓIRÍ


Sa chuid seo iarradh ar rannpháirtithe tuairimí a nochtadh faoin réasúnaíocht, aidhm agus cuspóirí i ndréachtsonraíocht T1. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi ráitis éagsúla (*n=7*).

D'aontaigh 19.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge*" agus d'aontaigh 2.8% go láidir leis. D'easaontaigh 27.8% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 50.0% go láidir leis.

D'aontaigh 5.6% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 1.2% go láidir leis. D'easaontaigh 25.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 67.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 12: Minicíochtaí don ráiteas "Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge".*

D'aontaigh 27.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tógfaidh an dréachtsonraíocht seo ar na scileanna agus ar an inniúlacht teanga a d'fhorbair an scoláire le linn na Sraithe Sóisearaí"* agus d'aontaigh 2.8% go láidir leis. D'easaontaigh 28.5% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 41.7% go láidir leis.

D'aontaigh 13.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.1% go láidir leis. D'easaontaigh 31.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 52.2% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 13: Minicíochtaí don ráiteas "Tógfaidh an dréachtsonraíocht seo ar na scileanna agus ar an inniúlacht teanga a d'fhorbair an scoláire le linn na Sraithe Sóisearaí".*

D'aontaigh 23.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire an Ghaeilge a úsáid chun críocha na cumarsáide (i raon leathan de chomhthéacsanna fíorshaoil)*" agus d'aontaigh 4.2% go láidir leis. D'easaontaigh 30.8% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 42.0% go láidir leis.

D'aontaigh 6.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus níor aontaigh aon fhreagróir go láidir leis. D'easaontaigh 31.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 59.0% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 14: Minicíochtaí don ráiteas "Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire an Ghaeilge a úsáid chun críocha na cumarsáide (i raon leathan de chomhthéacsanna fíorshaoil)".*

D'aontaigh 22.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire cur lena n-eolas ar shaibhreas agus ar shaíocht na Gaeilge ina gceantair dhúchais féin*" agus d'aontaigh 3.5% go láidir leis. D'easaontaigh 35.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 38.5% go láidir leis.

D'aontaigh 13.7% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas "*Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire cur lena n-eolas ar shaibhreas agus shaíocht na Gaeilge*" agus d'aontaigh 1.9% go láidir leis. D'easaontaigh 37.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 46.6% go láidir leis.




*Suirbhé T1*






*Suirbhé T2*

*Figiúr 15: Minicíochtaí don ráiteas "Cuirfidh an dréachtsonraíocht ar chumas an scoláire cur lena n-eolas ar shaibhreas agus ar shaíocht na Gaeilge [ina gceantair dhúchais féin]".*

D'aontaigh 22.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Spreagfaidh eispéireas foghlama na dréachtsonraíochta an scoláire chun smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil trí Ghaeilge*" agus d'aontaigh 4.2% go láidir leis. D'easaontaigh 31.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 41.7% go láidir leis.

D'aontaigh 9.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.1% go láidir leis. D'easaontaigh 33.1% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 54.4% go láidir leis.









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Figiúr 16: Miniciochtaí don ráiteas "Spreagfaidh eispéireas foghlama na dréachtsonraíochta an scoláire chun smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil trí Ghaeilge".*

D'aontaigh 17.6% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga ina bpobail teanga*" agus d'aontaigh 2.8% go láidir leis. D'easaontaigh 32.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 47.2% go láidir leis.

D'aontaigh 5.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas "*Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga*" agus d'aontaigh 1.3% go láidir leis. D'easaontaigh 22.5% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 71.3% go láidir leis.








*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Figiúr 17: Miniciochtaí don ráiteas "Spreagfaidh an dréachtsonraíocht seo an scoláire chun an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga [ina bpobail teanga]".*

D'aontaigh 21.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tacóidh an eispéireas foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht seo leis an scoláire an teanga a úsáid go héifeachtach sa phobal agus, nó, in ionad oibre/foghlama lán-Ghaeilge*" agus d'aontaigh 2.9% go láidir leis. D'easaontaigh 35.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 40.7% go láidir leis.

D'aontaigh 6.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 1.9% go láidir leis. D'easaontaigh 31.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 60.4% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 18: Miniciochtaí don ráiteas "Tacóidh an t-eispéireas foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht seo leis an scoláire an teanga a úsáid go héifeachtach sa phobal agus, nó, in ionad oibre/foghlama lán-Ghaeilge".*

*Tuairimí breise ar réasúnaíocht, aidhm agus cuspóirí na ndréachtsonraíochtaí*

Ag deireadh Chuid 3 den suirbhé, iarradh ar fhreagróirí ar mian leo aon tuairim sa bhreis a thabhairt ar réasúnaíocht, aidhm agus cuspóirí na ndréachtsonraíochtaí. Mar a luadh sa réamhrá, níor dhírigh na freagairtí i gcónaí ar ábhar na ceiste féin.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 19% (*n=73*). Seo thíos, in ord coitiantachta, na tuairimí a cuireadh in iúl sna freagairtí.

### Córas T1/T2

In ord minicíochta, 'siad na pointí a d'ardaigh freagróirí faoin múnla T1/T2 ná: 1) go mbeadh drochthionchar ag an dréachtsonraíocht T1 ar Ghaelcholáistí mar go dtitfeadh na huimhreacha de bharr an chúrsa a bheith níos deacra ná an ceann T2; 2) go raibh gá le cúiteamh do scoláirí i gcóras T1; 3) go raibh an córas T1/T2 míchothrom agus leithchealach; 4) go mbeadh impleachtaí fad-téarmacha ann don teanga toisc scoláirí a bheith ag tiontú ó scoileanna T1; 5) gur cheart go mbeadh rogha ag scoláirí agus scoileanna maidir le T1 nó T2 a thógáil; 6) nár léirigh an dréachtsonraíocht T1 tuiscint ar na héagsúlachtaí idir scoileanna lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht.

### Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh nach raibh eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí, go raibh an cóimheas mícheart idir teanga labhartha agus litríocht (i.e. gur chóir níos mó béime a chur ar an teanga labhartha) agus nach raibh an siollabas spreagúil go leor do dhéagóirí.

### An tSraith Shóisearach

Dúradh gur gá fanacht le hathbhreithniú ar an tSraith Shóisearach, go háirithe i bhfianaise a bhfuil ráite sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta faoin gcóras T1.

### Acmhainní

Dúradh go raibh easpa múinteoirí oilte le scileanna teanga sách ard chun aidhmeanna na dréachtsonraíochta a bhaint amach.

### *Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T2 ná 24% (*n=86*). Seo thíos, in ord coitiantachta, na tuairimí a nochtadh sna freagairtí.

### Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a d'ardaigh freagróirí ná: 1) go bhfuil an iomarca béime ar litríocht agus gur gá níos mó béime a leagadh ar an teanga labhartha chun na haidhmeanna agus

cuspóirí a bhaint amach; 2) go bhfuil easpa spreagtha agus taitnimh sna dréachtsonraíochtaí; 3) go bhfuil gá le níos mó eolas téagartha chun na dréachtsonraíochtaí a mheas; 4) go bhfuil cur chuige na dtorthaí foghlama ró-theibí; 5) nach gcuirfeadh na sonraíochtaí le húsáid na Gaeilge sa saol lasmuigh den scoil; 6) go bhfuil an fhís ró-uaillmhianach do chomhthéacsanna T2.

An tSraith Shóisearach

Rinne freagróirí comparáid le heispéireas diúltach na múinteoirí agus na scoláirí ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus dúradar gur gá fanacht le hathbhreithniú ar na sonraíochtaí T1 agus T2 ag an leibhéal sin sula dtabharfaí faoin athrú seo atá faoi thuairisc, go háirithe mar nár tharla scrúduithe an Teastais Shóisearaigh le linn na paindéime. Cuireadh na tuairimí céanna seo in iúl i mbeagnach gach rannóg den suirbhé.

Measúnú

Maíodh go raibh ualú na marcanna don bhéaltriail ró-íseal ag 35%.

Moltaí breise


Moladh cur chuige na Nuatheangacha Iasachta a úsáid mar go mbeadh sé sin níos réadúla i gcomhthéacsanna T2.

## 2.4 CUID 4 DEN SUIRBHÉ - FOGHLAIM AGUS TEAGASC


I gCuid 4 den suirbhé iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a chur in iúl faoin bhfoghlaim agus teagasc mar atá sé leagtha amach sna dréachtsonraíochtaí. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi ráitis éagsúla (*n=11*).

D’aontaigh 34.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tugann an rannóg seo tuiscint shoiléir ar an gcaoi a bhfuil na cuir chuige foghlama agus teagaisc leabaithe i snáitheanna na dréachtsonraíochta*” agus níor aontaigh aon rannpháirtí go láidir leis. D’easaontaigh 36.8% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 28.8% go láidir leis.

D’aontaigh 20.7% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 4.4% go láidir leis. D’easaontaigh 44.4% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 30.4% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 19: Minicíochtaí don ráiteas "Tugann an rannóg seo tuiscint shoiléir ar an gcaoi a bhfuil na cuir chuige foghlama agus teagaisc leabaithe i snáitheanna na dréachtsonraíochta".*

D'aontaigh 50.4% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Cabhraíonn an múinteoir chun ionchur saibhir teanga a chur ar fáil don scoláire mar chuid den phróiseas foghlama agus teagaisc*" agus d'aontaigh 12.0% go láidir leis. D'easaontaigh 21.6% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 16.0% go láidir leis.

D'aontaigh 41.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 17.9% go láidir leis. D'easaontaigh 20.1% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 20.1% go láidir leis




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 20: Minicíochtaí don ráiteas "Cabhraíonn an múinteoir chun ionchur saibhir teanga a chur ar fáil don scoláire mar chuid den phróiseas foghlama agus teagaisc".*

D’aontaigh 47.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tá tábhacht nach beag ag baint le deiseanna (aschuir) úsáide teanga sa phobal teanga mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga*” agus d’aontaigh 20.0% go láidir leis. D’easaontaigh 17.6% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 15.2% go láidir leis.

D’aontaigh 35.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 25.6% go láidir leis. D’easaontaigh 18.8% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 20.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 21: Minicíochtaí don ráiteas “Tá tábhacht nach beag ag baint le deiseanna (aschuir) úsáide teanga sa phobal teanga mar chuid den phróiseas sealbhaithe teanga”.*

D’aontaigh 42.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tá tábhacht nach beag bainteach le forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta an scoláire má tá sé chun a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga agus an Ghaeilge a shealbhú go rathúil*” agus d’aontaigh 17.6% go láidir leis. D’easaontaigh 21.6% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 18.4% go láidir leis.

D’aontaigh 38.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas “*Tá tábhacht nach beag bainteach le forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta an scoláire má tá sé chun a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga*” agus d’aontaigh 15.7% go láidir leis. D’easaontaigh 24.6% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 21.6% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 22: Minicíochtaí don ráiteas "Tá tábhacht nach beag bainteach le forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta an scoláire má tá sé chun a bheith ina úsáideoir éifeachtach teanga [agus an Ghaeilge a shealbhú go rathúil]".*

D'aontaigh 48.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí a bhíonn ag an scoláire dul chun cinn a dhéanamh*" agus d'aontaigh 13.7% go láidir leis. D'easaontaigh 23.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 14.5% go láidir leis.

D'aontaigh 47.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 18.7% go láidir leis. D'easaontaigh 15.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 17.9% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 23: Minicíochtaí don ráiteas "Tá an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí a bhíonn ag an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh".*

D’aontaigh 48.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tacaíonn an fheasacht teanga agus an fheasacht chultúrtha leis an scoláire tábhacht an phobail teanga a thuiscint, páirt a ghlacadh sa phobal sin agus ionannú leis.*” agus d’aontaigh 17.2% go láidir leis. D’easaontaigh 23.0% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 11.5% go láidir leis.

D’aontaigh 46.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 15.9% go láidir leis. D’easaontaigh 22.7% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 15.2% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 24: Minicíochtaí don ráiteas “Tacaíonn an fheasacht teanga agus an fheasacht chultúrtha leis an scoláire tábhacht an phobail teanga a thuiscint, páirt a ghlacadh sa phobal sin agus ionannú leis”.*

D’aontaigh 57.7% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Tá ról ag an measúnú mar thaca leis an bhfoghlaim chomh maith le gnóthachtáil a mheas*” agus d’aontaigh 13.0% go láidir leis. D’easaontaigh 17.1% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 12.2% go láidir leis.

D’aontaigh 56.6% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 21.3% go láidir leis. D’easaontaigh 7.4% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 14.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 25: Minicíochtaí don ráiteas "Tá ról ag an measúnú mar thaca leis an bhfoghlaim chomh maith le gnóthachtáil a mheas".*

D'aontaigh 34.1% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Cabhróidh an dréachtsonraíocht leis an scoláire straitéisí foghlama teanga a fhorbairt a bheidh inaistrithe go teangacha eile*" agus d'aontaigh 4.1% go láidir leis. D'easaontaigh 37.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 24.4% go láidir leis.

D'aontaigh 11.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.2% go láidir leis. D'easaontaigh 44.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 39.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*

*Figiúr 26: Minicíochtaí don ráiteas "Cabhróidh an dréachtsonraíocht leis an scoláire straitéisí foghlama teanga a fhorbairt a bheidh inaistrithe go teangacha eile".*

D’aontaigh 29.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Cabhróidh an fhoghlaim teanga (mar atá sé leagtha amach sa dréachtsonraíocht seo) leis an scoláire tabhairt faoi ábhair eile an churaclaim trí Ghaeilge*” agus d’aontaigh 5.7% go láidir leis. D’easaontaigh 41.5% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 23.6% go láidir leis.

Ní raibh an cheist seo sa suirbhé ar dhréachtsonraíocht T2.





*Suirbhé T1*


*Figiúr 27: Minicíochtaí don ráiteas “Cabhróidh an fhoghlaim teanga (mar atá sé leagtha amach sa dréachtsonraíocht seo) leis an scoláire tabhairt faoi ábhair eile an churaclaim trí Ghaeilge”.*

D’aontaigh 36.1% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Is uirlis thábhachtach í an Phunann Teanga don fhoghlaim agus don mheasúnú foirmitheach*” agus d’aontaigh 5.7% go láidir leis. D’easaontaigh 31.1% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 27.0% go láidir leis.

D’aontaigh 22.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 6.6% go láidir leis. D’easaontaigh 22.1% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 48.5% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 28: Miniciochtaí don ráiteas "Is uirlis thábhachtach í an Phunann Teanga don fhoghlaim agus don mheasúnú foirmitheach".*

D'aontaigh 38.3% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Is uirlis éifeachtach í an Phunann Teanga i bhforbairt scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha an scoláire*" agus d'aontaigh 5.0% go láidir leis. D'easaontaigh 32.5% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 24.2% go láidir leis.

D'aontaigh 21.5% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 6.7% go láidir leis. D'easaontaigh 25.2% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 46.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 29: Miniciochtaí don ráiteas "Is uirlis éifeachtach í an Phunann Teanga i bhforbairt scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha an scoláire".*

*Tuairimí Breise faoin rannóg "Foghlaim agus Teagasc"*

Ag deireadh Chuid 4 den suirbhé, iarradh ar rannpháirtithe ar mian leo aon tuairim sa bhreis a léiriú maidir leis an rannóg "Foghlaim agus Teagasc" de na dréachtsonraíochtaí.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 14% (*n=53*). Seo a leanas na pointí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh nach raibh eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí, go raibh easpa soiléireachta agus fiúntais ag baint leis an bPunann Teanga agus go raibh an cóimheas mícheart idir teanga labhartha agus litríocht.

Córas T1/T2

Na pointí a rinneadh cheana faoin tionchar ar Ghaelcholáistí, faoi chóras míchóir agus faoi impleachtaí fadtéarmacha don teanga.

An tSraith Shóisearach

An pointe a rinneadh cheana faoi fhanacht ar athbhreithniú.

Acmhainní

An pointe a rinneadh cheana faoi easpa múinteoirí oilte.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 17% (*n=61)*. Seo a leanas na pointí ba choitianta sna freagairtí.

An Phunann Teanga

Bhí formhór na bhfreagróirí i gcoinne na Punainne agus bhí seo bunaithe go minic ar an eispéireas a bhain leis an tSraith Shóisearach. Dúradh go raibh machnamh ródhúshlánach trí mheán na Gaeilge do scoláirí T2, nach raibh eolas téagartha faoin gcur chuige ar fáil agus go raibh an t-ualach ama rómhór. Bhí líon beag freagróirí dearfach faoi fhéidearthachtaí na Punainne ach í a bheith úsáidte i gceart.

### Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a d'ardaigh freagróirí ná: 1) an iomarca béime ar litríocht; 2) easpa eolas téagartha; 3) easpa spreagtha agus taitnimh; 4) conas gur féidir nasc a chruthú le pobal teanga i gcomhthéacs T2; 5) fís ró-uaillmhianach do chomhthéacs T2.

### Measúnú

Léirigh freagróirí amhras faoin ualú marcanna don bhéaltriail agus dúradh go raibh gá le hualú ar leith don Phunann Teanga.

### An tSraith Shóisearach

Pointí a luadh cheana maidir le hathbhreithniú a dhéanamh.

### Na Leibhéil

Dúradh nach bhfreastalaíonn na sonraíochtaí ar scoláirí laga Gnáthleibhéil agus go bhfuil gá le sonraíocht Bhonnleibhéil.


## 2.5 CUID 4A DEN SUIRBHÉ - TÉACSANNA

I gcuid 4a den suirbhé iarradh ar dtús ar rannpháirtithe a dtuairim a chur in iúl maidir le ról na dtéacsanna sna dréachtsonraíochtaí. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi ráitis éagsúla (*n=7*).


D'aontaigh 33.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas "*Tacaíonn léamh agus ionramháil téacsanna Gaeilge (liteartha agus neamhliteartha) le forbairt na gcúig scil chumarsáide (éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte, scríobh).*" agus d'aontaigh 13.8% go láidir leis. D'easaontaigh 25.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 26.9% go láidir leis.

D'aontaigh 36.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas *"Leagtar béim sa dréachtsonraíocht seo ar an ról lárnach atá ag téacsanna (liteartha agus neamhliteartha) in aistear foghlama teanga an scoláire"* agus d'aontaigh 20.2% go láidir leis. D'easaontaigh 20.2% leis na ráiteas sin agus d'easaontaigh 23.3% go láidir leis.

Ní raibh ceachtar de na ráitis seo sa suirbhé ar dhréachtsonraíocht T1.




*Suirbhé T2 (a)*





*Suirbhé T2 (b)*


*Figiúr 30: Minicíochtaí do na ráitis (a) "Tacaíonn léamh agus ionramháil téacsanna Gaeilge (liteartha agus neamhliteartha) le forbairt na gcúig scil chumarsáide" agus (b) "Leagtar béim sa dréachtsonraíocht seo ar an ról lárnach atá ag téacsanna (liteartha agus neamhliteartha) in aistear foghlama teanga an scoláire".*

D'aontaigh 36.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, cuirtear ar chumas an scoláire scileanna cumarsáide, smaointeoireachta agus criticiúla a dhoimhniú*" agus d'aontaigh 18.2% go láidir leis. D'easaontaigh 22.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 22.7% go láidir leis.

D'aontaigh 27.9% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 7.0% go láidir leis. D'easaontaigh 31.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 34.1% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 31: Minicíochtaí don ráiteas "Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, cuirtear ar chumas an scoláire scileanna cumarsáide, smaointeoireachta agus criticiúla a dhoimhniú".*

D'aontaigh 44.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí chun an teanga a úsáid go cruthaitheach*" agus d'aontaigh 19.3% go láidir leis. D'easaontaigh 15.6% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 21.1% go láidir leis.

D'aontaigh 24.8% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 8.5% go láidir leis. D'easaontaigh 34.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.8% go láidir leis.




*Suirbhé T1*






*Suirbhé T2*

*Figiúr 32: Minicíochtaí don ráiteas "Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí chun an teanga a úsáid go cruthaitheach".*

D'aontaigh 35.8% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí inar féidir an teanga a úsáid agus a chabhróidh leis ábhair, smaointe agus coincheapa a ionramháil in ábhair eile an churaclaim*" agus d'aontaigh 21.1% go láidir leis. D'easaontaigh 20.2% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 22.9% go láidir leis.

D’aontaigh 28.2% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 10.7% go láidir leis. D’easaontaigh 28.2% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 32.8% go láidir leis.









*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Figiúr 33: Miniciochtaí don ráiteas “Trí réimse de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargas ar bhealaí inar féidir an teanga a úsáid agus a chabhróidh leis ábhair, smaointe agus coincheapa a ionramháil in ábhair eile an churaclaim”.*

D’aontaigh 40.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas “*Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargais ar chultúr agus ar theanga a cheantair dhúchais fhéin agus ceantair eile*” agus d’aontaigh 17.3% go láidir leis. D’easaontaigh 20.0% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 21.8% go láidir leis.

D’aontaigh 25.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 9.1% go láidir leis. D’easaontaigh 31.8% leis an ráiteas sin agus d’easaontaigh 34.1% go láidir leis.








*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*

*Figiúr 34: Minicíochtaí don ráiteas "Trí réimse leathan de théacsanna liteartha agus neamhliteartha na Gaeilge a léamh, faigheann an scoláire léargais ar chultúr agus ar theanga a cheantair dhúchais fhéin agus ceantair eile".*

D'aontaigh 33.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tugann raon na dtéacsanna agus an rogha atá idir seánraí áirithe scóip chun téacsanna atá oiriúnach do thaithí, do chomhthéacsanna agus do riachtanais an scoláire a roghnú*" agus d'aontaigh 11.0% go láidir leis. D'easaontaigh 27.5% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 28.4% go láidir leis.

D'aontaigh 26.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 4.6% go láidir leis. D'easaontaigh 30.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 38.5% go láidir leis.








*Suirbhé T1* *Suirbhé T2*


*Figiúr 35: Minicíochtaí don ráiteas "Tugann raon na dtéacsanna agus an rogha atá idir seánraí áirithe scóip chun téacsanna atá oiriúnach do thaithí, do chomhthéacsanna agus do riachtanais an scoláire a roghnú."*

D'aontaigh 30.8% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tugtar deis don scoláire dul i ngleic le réimse oiriúnach de chanóin na litríochta Gaeilge*" agus d'aontaigh 6.5% go láidir leis. D'easaontaigh 30.8% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.8% go láidir leis.

D'aontaigh 43.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.9% go láidir leis. D'easaontaigh 31.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 19.6% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*

*Figiúr 36: Minicíochtaí don ráiteas "Tugtar deis don scoláire dul i ngleic le réimse oiriúnach de chanóin na litríochta Gaeilge".*


Iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a chur in iúl maidir le líon molta na dtéacsanna litríochta don Ardleibhéal sna dréachtsonraíochtaí. Bhí trí rogha ann mar fhreagra: go raibh líon na dtéacsanna nach mór ceart, gur cheart go mbeadh níos lú téacsanna ann nó gur cheart go mbeadh níos mó téacsanna ann.

Dúirt 14.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go raibh líon na dtéacsanna nach mór ceart, dúirt 67.8% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos lú téacsanna ann agus dúirt 17.8% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos mó téacsanna ann.

Dúirt 4.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go raibh líon na dtéacsanna nach mór ceart, dúirt 88.5% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos lú téacsanna ann agus dúirt 6.6% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos mó téacsanna ann.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr*[4] *37: Minicíochtaí do thuairimí ar líon molta na dtéacsanna don Ardleibhéal.*

*Tuairimí eile*

Bhí an deis ag rannpháirtithe a rogha a mhíniú.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 15% (*n=59*). Ba iad seo na pointí ba choitianta sna freagairtí.

Litríocht sa dréachtsonraíocht

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a d'ardaigh freagróirí ná: 1) go raibh an iomarca béime ar litríocht; 2) nach raibh neart eolais tugtha ar na téacsanna; 3) go raibh an rogha litríochta rótheoranta agus gur cheart cineálacha éagsúla téacsanna a thabhairt isteach; 4) go raibh ualach ama róthrom ag baint le teagasc na litríochta; 5) go gcaithfí an litríocht a nascadh le saol an déagóra; 6) go raibh tábhacht ag baint leis an litríocht maidir le sealbhú teanga.

Córas T1/T2

Rinneadh na pointí maidir le Gaelcholáistí agus impleachtaí fadtéarmacha don teanga arís. Chomh maith, maíodh go mbeadh impleachtaí ag rogha na dtéacsanna don Ghaeltacht agus go mbeadh siad ró-dhúshlánach do roinnt scoláirí fiú más cainteoirí dúchais iad.

[4] Eochair: RN = "Líon ceart téacsanna", FT = "Níos lú téacsanna", MT = "Níos mó téacsanna"

### Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh gá le níos mó béime ar an teanga labhartha.

### An tSraith Shóisearach

Pointe maidir le fanacht le hathbhreithniú.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist oscailte céanna sa suirbhé T2 ná 25% (*n=87*). Ba iad seo na pointí ba choitianta sna freagairtí.

### Litríocht sa dréachtsonraíocht

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a d'ardaigh freagróirí ná 1) go bhfuil drochthionchar ag an litríocht ar mheon na scoláirí i leith na teanga; 2) go bhfuil an iomarca téacsanna luaite sna dréachtsonraíochtaí; 3) go bhfuil gá an litríocht a nascadh le saol an scoláire; 4) go bhfuil ualach ama ró-throm ag baint leis an litríocht; 5) go rabhadar sásta le líon na dtéacsanna; 6) nach bhféadfaí freagra a thabhairt gan liosta na dtéacsanna a fheiceáil; 7) go mbeadh sé mar thoradh ar na dréachtsonraíochtaí go mbeadh múinteoirí ag múineadh trí Bhéarla mar go mbeadh sé ró-dheacair trí mheán na Gaeilge na téacsanna ar fad a theagasc.

### Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Arís, dúradh go raibh an iomarca béime ar litríocht, gá le níos mó béime ar an teanga labhartha agus fís ró-uaillmhianach sa dréachtsonraíocht T2.

### An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le hathbhreithniú.

### Moltaí Eile


Moladh cúrsa breise roghnach a chur ar fáil don litríocht agus an bhéim a chur ar chumarsáid sa chúrsa éigeantach.

### Líon na dTéacsanna - Tuairimí


Iarradh ansin ar rannpháirtithe a dtuairim a chur in iúl maidir le líon molta na dtéacsanna litríochta don Ghnáthleibhéal sna dréachtsonraíochtaí.

Dúirt 15.7% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 go raibh líon na dtéacsanna nach mór ceart, dúirt 67.5% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos lú téacsanna ann agus dúirt 16.9% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos mó téacsanna ann.

Dúirt 5.9% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 go raibh líon na dtéacsanna nach mór ceart, dúirt 89.0% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos lú téacsanna ann agus dúirt 5.1% gur chreid siad gur cheart go mbeadh níos mó téacsanna ann.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 38: Minicíochtaí do thuairimí ar líon molta na dtéacsanna don Ghnáthleibhéal.*

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist oscailte ag iarraidh ar rannpháirtithe a rogha a mhíniú ná 9% (*n=35*) sa suirbhé T1. Ba iad seo thíos na tuairimí ba choitianta sna freagairtí.

Litríocht sa dréachtsonraíocht

Dúradh go raibh gá le níos mó eolais ar na téacsanna, go raibh an rogha litríochta ró-dheacair do scoláirí Gnáthleibhéil agus nach raibh tuiscint ar riachtanais na scoláirí seo i suíomh T1, go raibh drochthionchar ag an litríocht ar an dearcadh i leith na teanga agus go raibh an rogha litríochta ró-theoranta.

Córas T1/T2

Pointe faoi chóras míchóir.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Pointe faoin mbéim ar an teanga labhartha.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T2 ná 19% (*n=68*). Ba iad seo thíos na tuairimí ba choitianta sna freagairtí.

Litríocht sa dréachtsonraíocht

Dúradh go raibh an litríocht go ginearálta ró-dhúshlánach do scoláirí GL T2, go raibh drochthionchar ag an litríocht ar dhearcadh na scoláirí seo i dtaobh an teanga, go raibh an iomarca téacsanna i gceist agus go raibh gá le rogha níos leithne téacsanna a mbeadh nasc acu le saol an scoláire.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh gur cheart an bhéim a bheith ar an teanga labhartha seachas an litríocht ag an Gnáthleibhéal.

Leibhéil

Bhí ceisteanna maidir le conas freastal ar scoláirí laga GL le Bonnleibhéal imithe.

Eolas breise faoi théacsanna

Ag deireadh chuid 4a den suirbhé, iarradh ar rannpháirtithe ar mhaith leo aon tuairim sa bhreis a léiriú maidir leis an rannóg ar théacsanna sna dréachtsonraíochtaí.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 11% (*n=43*). Ba iad seo a leanas na tuairimí a nochtaadh in ord coitiantachta.

Litríocht sna dréachtsonraíochtaí

In ord minicíochta, ‘siad na tuairimí a rinne freagróirí ná: 1) go raibh easpa eolais faoi na téacsanna; 2) go raibh an iomarca béime ar an litríocht; 3) go raibh tábhacht leis an litríocht don sealbhú teanga; 4) go raibh an rogha litríochta rótheoranta; 5) go raibh ualach ama rómhór ag baint leis an litríocht; 6) go raibh gá le nasc le saol an déagóra.

An tSraith Shóisearach

Pointe maidir le fanacht le hathbhreithniú

Córas T1/T2

Pointe maidir le córas míchóir. Dúradh chomh maith nach bhfreastalaíonn an dréachtsonraíocht ar riachtanais an chainteora dúchais.

Moltaí breise

Moladh cúrsa breise a chur ar fáil don litríocht agus an cúrsa éigeantach a bheith bunaithe ar chumarsáid amháin.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 18% (*n=65*). Ba iad seo a leanas na tuairimí a cuireadh in iúl in ord coitiantachta.

Litríocht sa dréachtsonraíocht

In ord minicíochta, ‘siad na tuairimí a d’ardaigh freagróirí ná: 1) go raibh liosta na dtéacsanna ag teastáil; 2) gur luadh an iomarca téacsanna, go háirithe don Ghnáthleibhéal; 3) go raibh drochthionchar ag an litríocht ar dhearcadh scoláirí i leith an teanga; 4) go gcaithfí an litríocht a nascadh le saol an déagóra; 5) go raibh sé ródhúshlánach do scoláirí GL tabhairt faoi litríocht; 6) go raibh gá le rogha níos leithne téacsanna.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Mar a dúradh cheana, shíl freagróirí go raibh an iomarca béime ar litríocht agus gur cheart go mbeadh níos mó béime ar an teanga labhartha.

An tSraith Shóisearach

Pointe maidir le hathbhreithniú.

Moltaí breise

Moladh cur chuige na Nuatheangacha Iasachta a úsáid le béim ar chumarsáid.

Measúnú


Ceistíodh arís an t-ualú marcanna don bhéaltriail.

## 2.6 CUID 5 DEN SUIRBHÉ - FORBHREATHNÚ: STRUCHTÚR NA SONRAÍOCHTA


I gCuid 5 den suirbhé iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a chur in iúl maidir le ráitis a bhain le struchtúr na ndréachtsonraíochtaí. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi na ráitis éagsúla (*n=7*)

D'aontaigh 35.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tugann an Forbhreathnú cur síos an-soiléir ar struchtúr na dréachtsonraíochta.*" agus d'aontaigh 1.9% go láidir leis. D'easaontaigh 35.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 27.2% go láidir leis.

D'aontaigh 42.6% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 4.9% go láidir leis. D'easaontaigh 32.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 20.5% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 39: Minicíochtaí don ráiteas "Tugann an Forbhreathnú cur síos an-soiléir ar struchtúr na dréachtsonraíochta".*

D'aontaigh 31.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Léiríonn an struchtúr go han-soiléir idirspleáchas na snáitheanna agus mar a thacaíonn siad le comhtháthú na mórscileanna teanga*" agus d'aontaigh 1.0% go láidir leis. D'easaontaigh 34.3% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 33.3% go láidir leis.

D'aontaigh 37.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.4% go láidir leis. D'easaontaigh 36.1% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 23.5% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 40: Minicíochtaí don ráiteas "Léiríonn an struchtúr go han-soiléir idirspleáchas na snáitheanna agus mar a thacaíonn siad le comhtháthú na mórscileanna teanga".*

D'aontaigh 34.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá na snáitheanna an-éifeachtach ag leagan béime ar na scileanna agus inniúlachtaí is tábhachtaí don fhoghlaim agus don teagasc*" agus d'aontaigh 1.0% go láidir leis. D'easaontaigh 30.1% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 35.0% go láidir leis.

D'aontaigh 25.6% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 2.5% go láidir leis. D'easaontaigh 40.5% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.4% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 41: Miniciochtaí don ráiteas "Tá na snáitheanna an-éifeachtach ag leagan béime ar na scileanna agus inniúlachtaí is tábhachtaí don fhoghlaim agus don teagasc".*

D'aontaigh 32.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá béim chuí ar fhorbairt na mórscileanna agus na n-inniúlachtaí teanga trasna na snáitheanna*" agus d'aontaigh 2.0% go láidir leis. D'easaontaigh 29.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 36.3% go láidir leis.

D'aontaigh 19.7% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.3% go láidir leis. D'easaontaigh 42.6% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 34.4% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 42: Miniciochtaí don ráiteas "Tá béim chuí ar fhorbairt na mórscileanna agus na n-inniúlachtaí teanga trasna na snáitheanna".*

D'aontaigh 28.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá an bhéim chuí ar fhorbairt inniúlachtaí cruthaitheachta an scoláire sna snáitheanna*" agus d'aontaigh 1.0% go láidir leis. D'easaontaigh 40.8% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 30.1% go láidir leis.

D'aontaigh 24.0% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 1.7% go láidir leis. D'easaontaigh 39.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 34.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 43: Minicíochtaí don ráiteas "Tá an bhéim chuí ar fhorbairt inniúlachtaí cruthaitheachta an scoláire sna snáitheanna".*

D'aontaigh 35.6% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá an bhéim chuí ar fhorbairt feasachta an scoláire sna snáitheanna (feasacht teanga, féinfheasacht agus feasacht chultúrtha)*" agus d'aontaigh 3.0% go láidir leis. D'easaontaigh 28.7% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 32.7% go láidir leis.

D'aontaigh 26.7% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 1.7% go láidir leis. D'easaontaigh 40.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 44: Minicíochtaí don ráiteas "Tá an bhéim chuí ar fhorbairt feasachta an scoláire sna snáitheanna (feasacht teanga, féinfheasacht agus feasacht chultúrtha)".*

D'aontaigh 24.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá an leithdháileadh ama (180 uair an chloig d'am ranga ar a laghad) thar dhá bhliain den tSraith Shinsearach leordhóthanach do scoláirí chun aidhmeanna na dréachtsonraíochta a bhaint amach*" agus d'aontaigh 2.0% go láidir leis. D'easaontaigh 30.3% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 43.4% go láidir leis.

D'aontaigh 18.0% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 4.1% go láidir leis. D'easaontaigh 40.2% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 37.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 45: Minicíochtaí don ráiteas "Tá an leithdháileadh ama thar dhá bhliain den tSraith Shinsearach leordhóthanach do scoláirí chun aidhmeanna na dréachtsonraíochta a bhaint amach".*

*Tuairimí breise maidir le forbhreathnú agus struchtúr na ndréachtsonraíochtaí*

Bhí an deis ag rannpháirtithe ag deireadh Chuid 5 den suirbhé tuairim sa bhreis a thabhairt maidir le forbhreathnú agus struchtúr na dréachtsonraíochta.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 13% (*n=49*). In ord coitiantachta, seo a leanas iad na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh nár leor 180 uair an chloig chun na haidhmeanna sna dréachtsonraíochtaí a bhaint amach, go raibh an fhís míréadúil agus nach raibh neart eolas téagartha sna cáipéisí.

Córas T1/T2

Rinneadh pointí maidir le córas míchóir agus leithchealach agus tionchar an chúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí. Dúradh chomh maith go raibh codarsnacht idir scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí agus nár léir gur thuig lucht deartha na ndréachtsonraíochtaí é seo.

Measúnú

Dúradh nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú agus go raibh gá le níos mó eolais ar mheasúnú.

An tSraith Shóisearach

Pointe maidir le fanacht le hathbhreithniú.

Comhairliúchán

Rinneadh pointí faoi bhailíocht an phróisis comhairliúcháin agus maíodh go raibh cinneadh déanta cheana maidir leis na dréachtsonraíochtaí.

Na snáitheanna sna dréachtsonraíochtaí

Cáineadh chur chuige na snáitheanna.

Litríocht sna dréachtsonraíochtaí

Dúradh gur thóg an litríocht ualach rómhór ama.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 13% (*n=44*). In ord coitiantachta, seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh na dréachtsonraíochtaí ró-uaillmhianach don 180 uair atá leagtha síos mar leithdháileadh ama don ábhar, go raibh na torthaí foghlama rótheibí agus go raibh gá le heolas téagartha maidir lena gcur chuige. Moladh gur chóir níos mó béime a chur ar úsáid na teanga beo i slite nua-aimseartha. Moladh gur chóir fanacht leis an gcúrsa mar atá agus maíodh gur athrú ar mhaithe le hathrú a bhí sna dréachtsonraíochtaí.

Measúnú

Ceistíodh in athuair ualú na marcanna don bhéaltriail.

An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le hathbhreithniú.

Na Snáitheanna


Bhí amhras ar fhreagróirí faoin gcur chuige seo mar go raibh sé rótheibí.

## 2.7 CUID 6 DEN SUIRBHÉ - TORTHAÍ FOGHLAMA


Sa chéad cheist i gCuid 6 den suirbhé lorgaíodh tuairim na rannpháirtithe faoi oiriúnacht na dtorthaí foghlama do scoláire Gaeilge T1/T2. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe leis na roghanna “an-oiriúnach”, “oiriúnach”, “mí-oiriúnach” agus “an-mhí-oiriúnach”.

Sa suirbhé T1, bhí 4.3% de na freagróirí den tuairim go raibh na torthaí foghlama an-oiriúnach, 27.2% go raibh siad oiriúnach, 38.0% go raibh siad mí-oiriúnach agus 30.4% go raibh siad an-mhí-oiriúnach.

Sa suirbhé T2, bhí 3.3% de na freagróirí den tuairim go raibh na torthaí foghlama an-oiriúnach, 15.6% go raibh siad oiriúnach, 42.6% go raibh siad mí-oiriúnach agus 38.5% go raibh siad an-mhí-oiriúnach.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr[5] 46: Minicíochtaí sna freagairtí faoi oiriúnacht na dtorthaí foghlama do scoláire Gaeilge T1/T2.*

*Suirbhé T1*

Bhí an deis ag rannpháirtithe tuairim sa bhreis a thabhairt. Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 12% (*n=48*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Córas T1/T2

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) go raibh gá le cúiteamh i bhfoirm pointí bónais CAO nó eile; 2) go mbeadh drochthionchar ag cúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí; 3) go raibh an córas míchóir; 4) nach ionann iad scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí i dtaobh scileanna teanga; 5) nach bhfreastalaíonn an dréachtsonraíocht T1 ar riachtanais an chainteora dúchais; 6) gur chóir féachaint ar conas FCÁT a chur chun cinn ar fud an churaclaim chun na torthaí foghlama seo a bhaint amach.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

[5] Eochair: VS = "an-oiriúnach", S = "oiriúnach", US = "mí-oiriúnach" agus VUS = "an-mhí-oiriúnach"

Dúradh go raibh na torthaí foghlama róghinearálta agus rótheibí agus nach raibh eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí.

#### Acmhainní

Pointe maidir le heaspa múinteoirí oilte.

#### Snáitheanna sna dréachtsonraíochtaí

Cáineadh cur chuige na snáitheanna.

### *Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist oscailte sa suirbhé T2 ná 15% (*n=52*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

#### Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúil ná: 1) go bhfuil cur chuige na dtorthaí foghlama rótheibí; 2) go bhfuil an fhís ró-uaillmhianach agus nach léiríonn sí tuiscint ar chaighdeán teanga na scoláirí i suímh T2; 3) go bhfuil an iomarca béime ar litríocht; 4) gur cáipéisí lochtacha atá iontu; 5) go bhfuil gá le níos mó béime ar an teanga labhartha; 6) nach bhfuil neart eolas téagartha ar fáil; 7) go bhfuil easpa spreagtha agus taitnimh sna dréachtsonraíochtaí.

#### An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le hathbhreithniú.


#### Na leibhéil

Iarradh conas gur féidir freastal ar gach scoláire agus an cúrsa Bonnleibhéil imithe.


Sa dara ceist sa chuid seo lorgaíodh tuairim na rannpháirtithe faoi shoiléireacht agus intuigtheacht na dtorthaí foghlama chun críche na pleanála don fhoghlaim agus don teagasc. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe.

Bhí 3.3% de na freagróirí sa suirbhé T1 den tuairim go raibh na torthaí foghlama “an-shoiléir agus an-intuigthe”, 28.3% go raibh siad “soiléir agus intuigthe”, 27.2% go raibh siad “doiléir agus dothuigthe” agus 41.3% go raibh siad “an-doiléir agus an-dothuigthe”.

Sa suirbhé T2, bhí 2.5% de na freagróirí den tuairim go raibh na torthaí foghlama “an-shoiléir agus an-intuigthe”, 23.5% go raibh siad “soiléir agus intuigthe”, 41.2% go raibh siad “doiléir agus dothuigthe” agus 32.8% go raibh siad “an-doiléir agus an-dothuigthe”.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr*[6] *47: Minicíochtaí sna freagairtí faoi shoiléireacht agus intuigtheacht na dtorthaí foghlama.*

*Tuairimí breise faoi shoiléireacht agus intuigtheacht na dtorthaí foghlama*

Arís, bhí an deis ag rannpháirtithe tuairim sa bhreis a thabhairt.

*Suirbhé T1*

Sa suirbhé T1, ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 9% (*n=35*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

[6] Eochair: VC = “an-shoiléir agus an-intuigthe”, C = “soiléir agus intuigthe”, UC = “doiléir agus dothuigthe”, VUC = “an-doiléir agus an-dothuigthe”.

Dúradh go raibh na torthaí foghlama rótheibí agus róghinearálta, go raibh gá le níos mó eolas téagartha, go raibh an fhís míréadúil agus ró-uaillmhianach agus go raibh sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir torthaí foghlama T1 agus T2.

Córas T1/T2

Pointí maidir le córas míchóir agus an gá le cúiteamh.

Measúnú

Dúradh go raibh easpa eolais ar struchtúr agus cur chuige an mheasúnaithe.

*Suirbhé T2*

Sa suirbhé T2, ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 11% (*n=40*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná; 1) go bhfuil na torthaí foghlama rótheibí; 2) go bhfuil na torthaí foghlama ró-uaillmhianach do scoláirí T2; 3) nach bhfuil aon fhiúntas leis an gcur chuige molta; 4) nach bhfuil neart eolas téagartha ar fáil; 5) nach bhfuil a dhóthain béime ar an teanga labhartha; 6) go bhfuil na torthaí foghlama míréadúil i gcomhthéacs na hArdteiste agus an bhéim ar mheasúnú suimitheach/rás na bpointí.

An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le hathbhreithniú.


Córas T1/T2

Cáineadh ar an gcóras deighilte mar choincheap.


Sa tríú ceist iarradh ar na rannpháirtithe an raibh na torthaí foghlama nasctha go soiléir le riachtanais an mheasúnaithe. Baineadh úsáid arís as scála Likert 4-phointe.

Sa suirbhé T1, bhí 2.2% de na freagróirí den tuairim go raibh na torthaí foghlama "nasctha go han-soiléir le riachtanais an mheasúnaithe", 19.8% go raibh siad "nasctha go soiléir" leo, 36.3% go raibh siad "nasctha go doiléir" leo agus 41.8% go raibh siad "nasctha go han-doiléir" leo.

Bhí 5.1% de na freagróirí sa suirbhé T2 den tuairim go raibh na torthaí foghlama "nasctha go han-soiléir le riachtanais an mheasúnaithe", 21.2% go raibh siad "nasctha go soiléir" leo, 43.2% go raibh siad "nasctha go doiléir" leo agus 30.5% go raibh siad " nasctha go han-doiléir" leo.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr[7] 48: Minicíochtaí sna freagairtí faoin nasc idir na torthaí foghlama agus riachtanais an mheasúnaithe.*

*Tuairimí breise*

Bhí an deis ag rannpháirtithe tuairim sa bhreis a thabhairt.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 8% (*n=30*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú

[7] Eochair: VCL = "nasctha go han-soiléir", CL = "nasctha go soiléir", VL = "nasctha go doiléir", VVL = "nasctha go han-doiléir"

Pointe maidir le heaspa eolais faoi mheasúnú.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Pointe maidir le torthaí foghlama róghinearálta agus rótheibí.

Córas T1/T2

Pointe maidir le córas míchóir.

*Suirbhé T2*

Sa suirbhé T2, ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 10% (*n=34*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) go bhfuil cur chuige na dtorthaí foghlama rótheibí; 2) nach dtagann na torthaí foghlama le comhthéacs na hArdteiste; 3) nach bhfuil eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí; 4) go bhfuil an iomarca béime ar litríocht; 5) go bhfuil an fhís ró-uaillmhianach; 6) nach bhfuil na dréachtsonraíochtaí sásúil.


Measúnú

Dúradh nach raibh an nasc idir ábhar na ndréachtsonraíochtaí agus an measúnú soiléir mar go raibh na torthaí foghlama ró-oscailte agus mar go raibh easpa eolais faoi mheasúnú sna cáipéisí. Dúradh nach gcabhróidh an t-ísliú san ualú marcanna don bhéaltriail chun na torthaí foghlama a bhaint amach.


Iarradh ar rannpháirtithe ansin a dtuairim a chur in iúl faoi na torthaí foghlama mar a bhaineann leis na snáitheanna éagsúla sna dréachtsonraíochtaí. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi 3 ráiteas éagsúla, ceann in aghaidh na snáithe.

D'aontaigh 34.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá na torthaí foghlama roinnte go soiléir agus go cuí sa snáithe Cumarsáid idir na cúig scil (éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte, scríobh).*" agus d'aontaigh 3.2% go láidir leis. D'easaontaigh 30.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 31.9% go láidir leis.

D'aontaigh 29.7% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 6.8% go láidir leis. D'easaontaigh 36.4% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 27.1% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 49: Minicíochtaí don ráiteas "Tá na torthaí foghlama roinnte go soiléir agus go cuí sa snáithe Cumarsáid idir na cúig scil".*

D'aontaigh 34.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá na torthaí foghlama roinnte go soiléir agus go cuí sa snáithe 'Feasacht' idir na trí ghné (feasacht teanga, féinfheasacht an fhoghlaimeora agus feasacht chultúrtha)*" agus d'aontaigh 4.3% go láidir leis. D'easaontaigh 30.9% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 30.9% go láidir leis.

D'aontaigh 29.2% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.8% go láidir leis. D'easaontaigh 39.2% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 25.8% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 50: Miniciochtaí don ráiteas "Tá na torthaí foghlama roinnte go soiléir agus go cuí sa snáithe Feasacht idir na trí ghné".*

D'aontaigh 33.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 leis an ráiteas "*Tá na torthaí foghlama soiléir agus oiriúnach don snáithe 'Cruthaitheacht Teanga'*" agus d'aontaigh 2.2% go láidir leis. D'easaontaigh 28.0% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 36.6% go láidir leis.

D'aontaigh 20.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.0% go láidir leis. D'easaontaigh 45.8% leis an ráiteas sin agus d'easaontaigh 29.2% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 51: Miniciochtaí don ráiteas "Tá na torthaí foghlama soiléir agus oiriúnach don snáithe Cruthaitheacht Teanga."*

*Tuairimí breise*

Ag deireadh Chuid 6, iarradh ar rannpháirtithe ar mhaith leo aon tuairim sa bhreis a léiriú maidir le torthaí foghlama na dréachtsonraíochta.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 8% (*n=31*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh na torthaí foghlama rótheibí, róghinearálta agus ró-uaillmhianach, agus nach raibh eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí.

Córas T1/T2

Rinneadh pointí faoin tionchar a bheadh ag cúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí, córas míchóir agus an gá le cúiteamh.

Measúnú

Dúradh go raibh easpa eolais faoi mheasúnú agus nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú.

Na snáitheanna sna dréachtsonraíochtaí

Rinneadh cáineadh ar na snáitheanna mar chur chuige i ndearadh curaclaim.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 10% (*n=35*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh na torthaí foghlama rótheibí, go raibh gá le níos mó béime ar an teanga labhartha, nach spreagfadh na dréachtsonraíochtaí scoláirí chun Gaeilge a úsáid mar theanga bheo agus nach raibh eolas téagartha iontu.

Measúnú

Dúradh nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú go 35%.

An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le hathbhreithniú.

Na leibhéil


Dúradh go mbeadh sé deacair freastal ar scoláirí le cumais éagsúla gan an Bonnleibhéal.

## 2.8 CUID 6A DEN SUIRBHÉ - CUMARSÁID


Dhírigh Cuid 6a den suirbhé ar an snáithe “Cumarsáid”. Iarradh ar rannpháirtithe ar aontaigh siad le ráitis éagsúla faoi na torthaí foghlama sa snáithe. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi na ráitis (*n*=5).

D’aontaigh 30.8% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí “*feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide sa phobal teanga*” agus d’aontaigh 7.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 25.3% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 36.3% go láidir leis.

D’aontaigh 18.1% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d’aontaigh 3.4% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 32.8% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 45.7% go láidir leis.





*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 52: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama cumarsáide le scoláirí “feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide sa phobal teanga”.*


D’aontaigh 36.7% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí “*gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas a phobal teanga dúchasach, agus úsáideoirí teanga eile, a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid*” agus d’aontaigh 7.8% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 22.2% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 33.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*

*Figiúr 53: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama cumarsáide le scoláirí "gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas a phobal teanga dúchasach, agus úsáideoirí teanga eile, a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid".*

D'aontaigh 23.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas a phobal teanga a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid*" agus d'aontaigh 4.3% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 32.8% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 39.7% go láidir leis.





*Suirbhé T2*

*Figiúr 54: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama cumarsáide le scoláirí "gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas a phobal teanga a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid"*


D'aontaigh 31.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*teanga chruinn shaibhir a thabhairt faoi deara agus a úsáid i labhairt agus i scríobh na*

*Gaeilge*" agus d'aontaigh 10.0% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 28.9% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 30.0% go láidir leis.

D'aontaigh 27.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.5% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 33.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 36.5% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 55: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama cumarsáide le scoláirí "teanga chruinn shaibhir a thabhairt faoi deara agus a úsáid i labhairt agus i scríobh na Gaeilge"*

D'aontaigh 30.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*raon leathan téacsanna, téacsanna litríochta agus neamhliteartha san áireamh, atá in úsáid sa phobal teanga a léamh ag léiriú tuiscint chriticiúil ar an ábhar*" agus d'aontaigh 6.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 26.7% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 36.7% go láidir leis.

D'aontaigh 26.5% de rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.5% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 30.1% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 39.8% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 56: Miniciochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama cumarsáide le scoláirí "raon leathan téacsanna, téacsanna litríochta agus neamhliteartha san áireamh, atá in úsáid sa phobal teanga a léamh ag léiriú tuiscint chriticiúil ar an ábhar".*

D'aontaigh 33.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*a théacsanna ábhartha féin a chumadh le haghaidh cumarsáide*" agus d'aontaigh 3.3% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 24.4% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 38.9% go láidir leis.

D'aontaigh 27.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 3.5% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 33.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 36.5% go láidir leis.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 57: Miniciochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama cumarsáide le scoláirí "a théacsanna ábhartha féin a chumadh le haghaidh cumarsáide".*

*Tuairimí breise*

Ag deireadh Chuid 6a, iarradh ar rannpháirtithe ar mhaith leo aon tuairim sa bhreis a léiriú maidir leis na torthaí foghlama a bhain leis an snáithe "Cumarsáid".

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 10% (*n=39)*. Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh na torthaí foghlama rótheibí agus róghinearálta, an fhís míréadúil agus go raibh an cóimheas mícheart idir litríocht agus teanga labhartha sna dréachtsonraíochtaí.

Measúnú

Cáineadh an t-athrú san ualú do mharcanna don bhéaltriail.

Moltaí breise

Moladh múnla FTCE a úsáid.

Córas T1/T2

Rinneadh pointí maidir leis an tionchar a bheadh ag cúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí agus an córas míchóir.

An tSraith Shóisearach

Maíodh go mba cheart fanacht le hathbhreithniú.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 11% (*n=39)*. Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná; 1) go raibh gá le níos mó béime ar an teanga labhartha agus go raibh an iomarca béime ar litríocht; 2) nach spreagfadh an tsonraíocht scoláirí chun Gaeilge a úsáid lasmuigh den rang; 3) go raibh an fhís ró-uaillmhianach i gcomhthéacs scileanna teanga T2; 4) go raibh cur chuige na dtorthaí foghlama rótheibí; 5) go raibh easpa spreagtha agus taitnimh sa chúrsa; 6) go raibh na torthaí foghlama míréadúil i gcomhthéacs na hArdteiste; 7) go raibh easpa eolas téagartha.

Moltaí breise

Moladh cur chuige FTCE nó na Nuatheangacha Iasachta a úsáid.

Measúnú

Cáineadh an laghdú san ualú do na marcanna don bhéaltriail.

Na snáitheanna

Dúradh go raibh an snáithe "Cumarsáid" míréadúil agus an-dúshlánach.

Acmhainní

Dúradh go raibh géarghá le múinteoirí oilte leis na scileanna teanga cuí.

An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le fanacht le hathbhreithniú.


## 2.9 CUID 6B DEN SUIRBHÉ – FEASACHT

Dhírigh Cuid 6b den suirbhé ar an snáithe "Feasacht". Iarradh ar rannpháirtithe ar aontaigh siad le ráitis éagsúla faoi na torthaí foghlama sa snáithe. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi na ráitis ($n=8$).

D'aontaigh 27.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*a bheith níos éifeachtaí agus níos muiníní mar úsáideoir neamhspleách cumasach teanga*"

agus d'aontaigh 6.8% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 30.7% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 35.2% go láidir leis.


Bhí foclaíocht éagsúil sa cheist seo sa suirbhé ar dhréachtsonraíocht T2 (féach thíos).




*Suirbhé T1*

*Figiúr 58: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "a bheith níos éifeachtaí agus níos muiníní mar úsáideoir neamhspleách cumasach teanga".*

D'aontaigh 26.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agus atá le déanamh aige chun a bheith ina úsáideoir neamhspleách teanga*" agus d'aontaigh 2.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 39.6% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 31.5% go láidir leis.





*Suirbhé T2*


*Figiúr 59: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta agus atá le déanamh aige chun a bheith ina úsáideoir neamhspleách teanga".*

D'aontaigh 32.6% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*an teanga chuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla*" agus d'aontaigh 6.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 27.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 33.7% go láidir leis.

D'aontaigh 27.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*an teanga chuí a aithint agus a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla*" agus d'aontaigh 3.6% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 36.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 33.3% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*

*Figiúr 60: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "an teanga chuí [a aithint agus] a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla".*

D'aontaigh 39.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*cur lena eolas agus lena thuiscint ar chórais agus ar dhul na Gaeilge*" agus d'aontaigh 5.6% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 21.3% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 33.7% go láidir leis.

Ní raibh an cheist seo sa suirbhé ar dhréachtsonraíocht T2.





*Suirbhé T1*

*Figiúr 61: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "cur lena eolas agus lena thuiscint ar chórais agus ar dhul na Gaeilge".*

D'aontaigh 30.6% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*a bheith cruinn in úsáid na Gaeilge*" agus d'aontaigh 5.6% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 30.6% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 33.3% go láidir leis.

Ní raibh an cheist seo sa suirbhé ar dhréachtshonraíocht T1.





*Suirbhé T2*


*Figiúr 62: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "a bheith cruinn in úsáid na Gaeilge".*

D’aontaigh 32.6% de na rannphháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí “*tuiscint agus meas a léiriú ar shaibhreas canúnach na Gaeilge*” agus d’aontaigh 6.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 27.0% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 33.7% go láidir leis.

D’aontaigh 35.2% de na rannphháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí “*tuiscint a léiriú ar mhórchanúintí na Gaeilge*” agus d’aontaigh 3.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 33.3% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 27.8% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 63: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí “tuiscint agus meas a léiriú ar shaibhreas canúnach na Gaeilge/ ar mhórchanúintí na Gaeilge”.*

D’aontaigh 31.0% de na rannphháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí “*leas éifeachtach a bhaint as aiseolas agus as féinmhachnamh mar chuid de phróiseas an tsealbhaithe teanga*” agus d’aontaigh 4.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 26.4% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 37.9% go láidir leis.

D’aontaigh 30.6% de na rannphháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí “*leas éifeachtach a bhaint as aiseolas*” agus d’aontaigh 6.5% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 33.3% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 29.6% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 64: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "leas éifeachtach a bhaint as aiseolas [agus as féinmhachnamh mar chuid de phróiseas an tsealbhaithe teanga]".*

D'aontaigh 29.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*úinéireacht a ghlacadh ar fhéinriar a ghníomhaíochtaí foghlama teanga*" agus d'aontaigh 4.5% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 27.3% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 38.6% go láidir leis.

D'aontaigh 23.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 5.4% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 36.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 35.1% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 65: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "úinéireacht a ghlacadh ar fhéinriar a ghníomhaíochtaí foghlama teanga".*

D'aontaigh 30.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*machnamh agus staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr agus d'oidhreacht na Gaeilge*" agus d'aontaigh 9.0% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 24.7% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 36.0% go láidir leis.

D'aontaigh 30.3% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 4.6% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 30.3% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 34.9% go láidir leis.




*Suirbhé T1*





*Suirbhé T2*


*Figiúr 66: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe Feasacht le scoláirí "machnamh agus staidéar a dhéanamh ar ghnéithe de chultúr agus d'oidhreacht na Gaeilge".*

D'aontaigh 34.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le scoláirí "*machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin, ar chultúr phobail na Gaeilge, ar shochaí ilteangach, agus ar chultúir eile*" agus d'aontaigh 6.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 23.3% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 35.6% go láidir leis.

D'aontaigh 28.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 leis an ráiteas agus d'aontaigh 4.6% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 33.9% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 33.0% go láidir leis.




Suirbhé T1




Suirbhé T2

*Figiúr 67: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe 'Feasacht' le scoláirí "machnamh a dhéanamh ar a chultúr féin, ar chultúr phobail na Gaeilge, ar shochaí ilteangach, agus ar chultúir eile."*

*Tuairimí Breise*

Ag deireadh Chuid 6b, iarradh ar rannpháirtithe ar mhaith leo aon tuairim sa bhreis a léiriú maidir leis na torthaí foghlama a bhain leis an snáithe "Feasacht".

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 10% (*n=38)*. Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh na torthaí foghlama rótheibí agus róghinearálta, go raibh gá le níos mó eolas téagartha. Dúradh go raibh an fhís ró-uaillmhianach agus nach raibh tuiscint cheart léirithe ar chomhthéacsanna T1 agus ar fhíor-scileanna teanga fhormhór na scoláirí.

Na snáitheanna sna dréachtsonraíochtaí

Maíodh go raibh an snáithe seo róshuibiachtúil do mheasúnú suimitheach "high-stakes" cosúil leis an Ardteist agus go raibh an iomarca béime ar mhachnamh go ginearálta agus go mbeadh na scoláirí bréan de.

Córas T1/T2

Pointe faoi chóras míchóir.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 9% (*n=33)*. Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh na torthaí foghlama rótheibí, go raibh gá féachaint ar chonas ábharthacht na teanga a mhéadú do scoláirí ó chúlraí agus cultúir eile, agus go raibh gá le heolas téagartha faoin gcur chuige.

Na snáitheanna

Shíl freagróirí go raibh an snáithe "Feasacht" ródhúshlánach do scoláirí i suímh T2 agus go gcasfaí ar an mBéarla chun na torthaí foghlama sa snáithe seo a bhaint amach.

An tSraith Shóisearach

Rinneadh comparáid dhiúltach leis an snáithe "Feasacht" sa Sraith Shóisearach agus dúradh gur gá, dá réir, fanacht le torthaí an athbhreithnithe ar an tSraith Shóisearach.


## 2.10 CUID 6C DEN SUIRBHÉ - CRUTHAITHEACHT TEANGA

Dhírigh Cuid 6c den suirbhé ar an snáithe "Cruthaitheacht Teanga". Iarradh ar rannpháirtithe ar aontaigh siad le ráitis éagsúla faoi na torthaí foghlama sa snáithe. Baineadh úsáid as scála Likert 4-phointe agus iarradh ar rannpháirtithe a dtuairim a léiriú faoi na ráitis. Bhí ráitis éagsúla i gceist don chuid seo idir na suirbhéanna (T1 *n=5;* T2 *n=4*).


D'aontaigh 22.7% de rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*forbairt mar smaointeoir criticiúil agus cruthaitheach*" agus d'aontaigh 5.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 34.1% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 37.5% go láidir leis.

D'aontaigh 17.6% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*forbairt mar smaointeoir muiníneach, criticiúil agus cruthaitheach*" agus

d'aontaigh 3.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 41.7% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 37.0% go láidir leis.





*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 68: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "forbairt mar smaointeoir [muiníneach], criticiúil agus cruthaitheach".*


D'aontaigh 22.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*a bheith nuálach ar mhaithe le dul chun cinn agus taitneamh i sealbhú na teanga*" agus d'aontaigh 7.0% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 30.2% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 40.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*

*Figiúr 69: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "a bheith nuálach ar mhaithe le dul chun cinn agus taitneamh i sealbhú na teanga".*


D'aontaigh 18.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*an Ghaeilge a chur i láthair agus a thaibhsiú ar bhealaí nua agus cruthaitheacha*" agus d'aontaigh 4.6% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 38.0% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 38.9% go láidir leis.




*Suirbhé T2*

*Figiúr 70: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "an Ghaeilge a chur i láthair agus a thaibhsiú ar bhealaí nua agus cruthaitheacha".*


D'aontaigh 27.1% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*a rogha de mhodhanna léirithe a fhiosrú agus a úsáid*" agus d'aontaigh 4.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 30.6% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 37.6% go láidir leis.




*Suirbhé T1*

*Figiúr 71: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "a rogha de mhodhanna léirithe a fhiosrú agus a úsáid".*


D'aontaigh 20.5% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*tabhairt faoi deiseanna foghlama go cruthaitheach agus go samhlaíoch, ina aonar nó go comhoibríoch*" agus d'aontaigh 6.8% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 40.9% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 31.8% go láidir leis.




*Suirbhé T2*

*Figiúr 72: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "tabhairt faoi deiseanna foghlama go cruthaitheach agus go samhlaíoch, ina aonar nó go comhoibríoch".*


D'aontaigh 27.9% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*dul sa seans agus anailís a dhéanamh ar réitigh éagsúla ar cheisteanna*" agus d'aontaigh 4.7% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 26.7% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 40.7% go láidir leis.




*Suirbhé T1*

*Figiúr 73: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "dul sa seans agus anailís a dhéanamh ar réitigh éagsúla ar cheisteanna."*


D'aontaigh 17.0% de na rannpháirtithe sa suirbhé T2 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire "*dul sa seans agus é ag úsáid an teanga, chun smaointe éagsúla a fhorbairt, agus chun anailís chriticiúil a dhéanamh agus a athmheas*" agus d'aontaigh 3.8% go láidir leis an ráiteas céanna. D'easaontaigh 44.3% leis an ráiteas agus d'easaontaigh 34.9% go láidir leis.




*Suirbhé T2*

*Figiúr 74: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire "dul sa seans agus é ag úsáid an teanga, chun smaointe éagsúla a fhorbairt, agus chun anailís chriticiúil a dhéanamh agus a athmheas".*

D’aontaigh 24.4% de na rannpháirtithe sa suirbhé T1 go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe seo le cumas an scoláire “*teanga a úsáid ar bhealach cruthaitheach, samhlaíoch agus spraíúil*” agus d’aontaigh 7.0% go láidir leis an ráiteas céanna. D’easaontaigh 30.2% leis an ráiteas agus d’easaontaigh 38.4% go láidir leis.




*Suirbhé T1*

*Figiúr 75: Minicíochtaí don ráiteas go dtacódh na torthaí foghlama sa snáithe le cumas an scoláire “teanga a úsáid ar bhealach cruthaitheach, samhlaíoch agus spraíúil”.*

*Tuairimí Breise*

Ag deireadh Chuid 6c, iarradh ar rannpháirtithe ar mhaith leo aon tuairim sa bhreis a léiriú maidir leis na torthaí foghlama a bhain leis an snáithe "Cruthaitheacht Teang”’.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 11% (*n=42)*. Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, ‘siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) torthaí foghlama rótheibí agus róghinearálta; 2) fís mhíréadúil; 3) easpa eolas téagartha; 4) deacair idirdhealú a dhéanamh idir sonraíochtaí T1 agus T2; 5) ualach ama rómhór.

Na snáitheanna sna dréachtsonraíochtaí

Dúradh go raibh snáithe na cruthaitheachta ró-idéalach don chóras atá againn agus go raibh an snáithe seo mí-oiriúnach do mheasúnú suimitheach.

Córas T1/T2

Rinneadh pointí maidir leis an ngá atá le cúiteamh agus córas míchóir.

Acmhainní

Dúradh go mbeadh oiliúint ag teastáil do mhúinteoirí chun snáithe na cruthaitheachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 9% (*n=33)*. Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) easpa eolas téagartha; 2) fís ró-uaillmhianach; 3) cur chuige na dtorthaí foghlama rótheibí; 4) easpa spreagtha nuair atá cruthaitheacht bunaithe ar théacsanna.


Na snáitheanna

Dúradh go raibh an snáithe "Cruthaitheacht Teanga" ró-dhúshlánach do scoláirí T2 agus nach mbeadh siad in ann tabhairt faoi nuair nach raibh na bun-scileanna teanga acu.


## 2.11 CUID 7 DEN SUIRBHÉ - MEASÚNÚ

Dhírigh Cuid 7 den suirbhé ar mheasúnú. Iarradh ar dtús ar rannpháirtithe *"an dtacóidh na comhpháirteanna measúnaithe mar atá sa dréachtsonraíocht leis an gcineál foghlama a theastaíonn ón aidhm agus ón réasúnaíocht a bhaint amach?".* Rogha dénártha a bhí mar fhreagra (tácóidh / ní thacóidh).

Sa suirbhé T1, bhí 18.4% de na freagróirí den tuairim go dtacóidh siad agus 81.6% den tuairim nach dtacóidh siad. Sa suirbhé T2, bhí 15.6% de na freagróirí den tuairim go dtacóidh siad agus 84.4% den tuairim nach dtacóidh siad.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr*[8] *76: Minicíochtaí don cheist "an dtacóidh na comhpháirteanna measúnaithe mar atá sa dréachtsonraíocht leis an gcineál foghlama a theastaíonn ón aidhm agus ón réasúnaíocht a bhaint amach?"*

*Tuairimí eile*

Bhí an deis ag rannpháirtithe a rogha freagra a mhíniú tuilleadh.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 10% (*n=39*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh an fhís agus na haidhmeanna míréadúil gan aon tuiscint cheart ar chomhthéacs an tseomra ranga T1, go raibh gá le níos mó ama don teanga labhartha, agus gur chóir fanacht leis an gcúrsa mar atá ach na modhanna measúnaithe a athrú.

Measúnú

---

[8] Eochair: Y = "Tacóidh", N = "Ní thacóidh"

Dúradh go raibh easpa eolais ar mheasúnú, nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú agus go mbeadh tionchar láidir ag "rás na bpointí CAO" ar an gcineál foghlama a bheadh ag tarlú.

Córas T1/T2

Rinneadh pointí maidir leis an tionchar a bheadh ag cúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí, an córas míchóir agus an gá le cúiteamh.

Acmhainní

Pointe déanta cheana maidir le heaspa múinteoirí oilte.

An tSraith Shóisearach

Pointe déanta cheana maidir leis an ngá fanacht le hathbhreithniú.

Moltaí breise

Pointe déanta cheana maidir le múnla FTCE.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T2 ná 11% (*n=37*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú


Dúradh nach bhféadfaí an cheist a fhreagairt go sásúil mar go raibh easpa eolais sna cáipéisí faoi mheasúnú. Moladh ualú na marcanna don bhéaltriail agus don chluastuiscint a ardú.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta


Cáineadh struchtúr agus fís na ndréachtsonraíochtaí.

Sa dara cheist iarradh ar rannpháirtithe *"an dtacóidh an Phunann Teanga leis an scoláire a scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha a láidriú agus é ar a aistear sealbhaithe teanga?"*. Bhí 31.4% de na freagróirí sa suirbhé T1 den tuairim go dtacóidh an Phunann le láidriú na scileanna agus bhí

68.6% den tuairim nach dtacóidh sí. Bhí 21.1% de na freagróirí sa suirbhé T2 den tuairim go dtacóidh sí agus 78.9% den tuairim nach dtacóidh sí.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 77: Minicíochtaí don cheist "an dtacóidh an Phunann Teanga leis an scoláire a scileanna féin-riartha agus féin-mhachnamhacha a láidriú agus é ar a aistear sealbhaithe teanga?"*

*Tuairimí eile*

Bhí an deis ag rannpháirtithe a rogha freagra a mhíniú tuilleadh.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 9% (*n=36*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí chur freagróirí in iúl ná: 1) go raibh easpa eolas téagartha faoin bPunann; 2) go bhféadfadh an Phunann a bheith fiúntach ach go gcaithfí í a úsáid i gceart; 3) nach mbeadh fiúntas ar bith leis an bPunann; 4) nach obair an scoláire féin a bheadh sa Phunann ach obair an mhúinteora/tuismitheoirí; 5) go mbeadh brú breise ag baint leis an bPunann.

Measúnú

Maíodh go raibh gá le hualú ar leith don Phunann sa mheasúnú suimitheach.

Acmhainní

Dúradh go raibh easpa múinteoirí oilte leis na scileanna cuí chun an Phunann a úsáid i gceart.

Moltaí breise

Pointe déanta cheana maidir le múnla FTCE.

Córas T1/T2

Pointe ardaithe cheana maidir le córas míchóir.

*Suirbhé T2*

Sa suirbhé T2, ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 13% (*n=46*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

An Phunann

Bhí leath de na tagairtí ar an bPunann ina coinne mar choincheap. I measc na dtagairtí eile, dúradh go raibh gá le hualú don Phunann sa mheasúnú, go raibh easpa eolais ar chur chuige na Punainne, go raibh an coincheap dearfach inti féin ach go raibh amhras ann faoin gcur chuige; gur áis foghlama dearfach a bheadh sa Phunann, agus go raibh an t-ualach ama ró-throm.


An tSraith Shóisearach

Pointí maidir le hathbhreithniú.


Moltaí breise

Moladh múnla FTCE a leanúint.

Sa tríú cheist iarradh ar rannpháirtithe *"an dtacóidh an measúnú mar atá leagtha amach sa dréachtsonraíocht le forbairt na mórscileanna teanga ar fad, éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte, agus scríobh?"*. Bhí 24.4% de na freagróirí sa suirbhé T1 den tuairim go dtacóidh sé agus 75.6% den tuairim nach dtacóidh sé. Bhí 22.0% de na freagróirí sa suirbhé T2 den tuairim go dtacóidh sé agus 78.0% den tuairim nach dtacóidh sé.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 78: Miniciochtaí don cheist "an dtacóidh an measúnú mar atá leagtha amach sa dréachtsonraíocht le forbairt na mórscileanna teanga ar fad?"*

*Tuairimí eile*

Bhí an deis ag rannpháirtithe a rogha freagra a mhíniú tuilleadh.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist sa suirbhé T1 seo ná 9% (*n=36*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú

Dúradh nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú más forbairt ar scileanna cumarsáide atá á lorg, go raibh easpa eolas téagartha ar mheasúnú, agus gur ag foghlaim nótaí an mhúinteora de ghlanmheabhair a bheadh na scoláirí seachas ag forbairt scileanna teanga.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh easpa eolas téagartha sna cáipéisí agus go raibh gá le níos mó béime ar an teanga labhartha síos tríd na dréachtsonraíochtaí.

Córas T1/T2

Pointe rinneadh thuas faoi chóras mí-chóir.

Moltaí breise

Pointe a rinneadh thuas faoi mhúnla FTCE.

Acmhainní

Dúradh go mbeadh gá le breis FGL do mhúinteoirí nach bhfuil na scileanna cuí acu.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist sa suirbhé T2 seo ná 11% (*n=38*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú

Dúradh nach raibh neart eolais ar struchtúr agus cur chuige an mheasúnaithe chun an cheist a fhreagairt agus go raibh ualú níos mó ag teastáil don bhéaltriail agus don chluastuiscint.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh nach ndéanfaí forbairt ar na mórscileanna gan níos mó béime ar an teanga labhartha agus níos lú béime ar an litríocht.


Na leibhéil

Pointe ardaithe cheana maidir le Bonnleibhéal.


Moltaí breise

Pointe ardaithe cheana maidir le FTCE.

Sa cheathrú ceist faoi mheasúnú iarradh ar rannpháirtithe *"An dtacóidh an dréachtsonraíocht seo le húsáid raon leathan agus oiriúnach de mhodhanna measúnaithe ar bhonn foirmitheach agus suimitheach?"*. Bhí 24.7% de na freagróirí sa suirbhé T1 den tuairim go dtacóidh siad agus 75.3% den tuairim nach dtacóidh siad. Bhí 25.9% de na freagróirí sa suirbhé T2 den tuairim go dtacóidh siad agus 74.1% den tuairim nach dtacóidh siad.




*Suirbhé T1*




*Suirbhé T2*

*Figiúr 79: Miniciochtaí don cheist "an dtacóidh an dréachtsonraíocht seo le húsáid raon leathan agus oiriúnach de mhodhanna measúnaithe ar bhonn foirmitheach agus suimitheach?"*

*Tuairimí eile*

Bhí an deis ag rannpháirtithe a rogha freagra a mhíniú tuilleadh.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T1 ná 9% (*n=35*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Rinneadh na pointí céanna arís faoi easpa eolas téagartha agus fís mhíréadúil.

Measúnú

Rinneadh na pointí céanna arís faoi ualú na marcanna don bhéaltriail, easpa eolais faoi mheasúnú agus an fhoghlaim de ghlanmheabhair le nótaí an mhúinteora.

Córas T1/T2

Pointí a rinneadh roimhe seo maidir le gá le cúiteamh agus an córas míchóir.

Moltaí breise

Rinneadh an pointe arís faoi mhúnla FTCE.

An tSraith Shóisearach

Pointe maidir le fanacht le hathbhreithniú.

Na snáitheanna

Dúradh go raibh an iomarca machnaimh i gceist don mheasúnú suimitheach.

Acmhainní

Dúradh go raibh gá le FGL do mhúinteoirí nach bhfuil na scileanna cuí acu.

Ba é an ráta freagartha don cheist seo sa suirbhé T2 ná 7% (*n=26*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) go raibh easpa eolais faoi mheasúnú; 2) gur aontaigh siad leis na moltaí go pointe ach go mbraithfeadh sé ar chur chuige an mhúinteora; 3) go raibh amhras faoin gcur chuige don mheasúnú i gcomhthéacs na hArdteiste; 4) nach raibh siad sásta le hualú na marcanna don bhéaltriail.

Moltaí breise

Pointe ardaithe cheana maidir le FTCE.

Sa chéad mhír eile de Chuid 7, iarradh ar rannpháirtithe scála Likert 5-phointe a úsáid chun rátáil a dhéanamh ar a éifeachtaí is a bheidh na comhpháirteanna measúnaithe sa dréachtsonraíocht chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire. Chuaigh an scála ó "an-mhí-éifeachtach" (1 ar an scála) go "an-éifeachtach" (5 ar an scála).

Sa suirbhé T1, shíl 31.8% go mbeadh an scrúdú cainte an-mhí-éifeachtach, 14.1% go mbeadh sé mí-éifeachtach, bhí 18.8% neodrach, shíl 16.5% go mbeadh sé éifeachtach agus 18.8% go mbeadh sé an-éifeachtach.

Sa suirbhé T2, shíl 28.0% go mbeadh an scrúdú cainte an-mhí-éifeachtach, 14.0% go mbeadh sé mí-éifeachtach, bhí 16.8% neodrach, shíl 11.2% go mbeadh sé éifeachtach agus 29.9% go mbeadh sé an-éifeachtach.

| Response | Count | Pct |
|---|---|---|
| 1 | 27 | 31.8% |
| 2 | 12 | 14.1% |
| 3 | 16 | 18.8% |
| 4 | 14 | 16.5% |
| 5 | 16 | 18.8% |
| Total Responses | 85 | 100% |

*Suirbhé T1*

| **Response** | **Count** | **Pct** |
|---|---|---|
| 1 | 30 | 28.0% |
| 2 | 15 | 14.0% |
| 3 | 18 | 16.8% |
| 4 | 12 | 11.2% |
| 5 | 32 | 29.9% |
| Total Responses | 107 | 100% |

*Suirbhé T2*

*Figiúr 80: Minicíochtaí don rátáil ar éifeachtacht an scrúdaithe cainte.*

Sa suirbhé T1, shíl 27.1% go mbeadh an scrúdú éisteachta an-mhí-éifeachtach, 14.1% go mbeadh sé mí-éifeachtach, bhí 22.4% neodrach, shíl 14.1% go mbeadh sé éifeachtach agus 22.4% go mbeadh sé an-éifeachtach.

Sa suirbhé T2, shíl 14.2% go mbeadh an scrúdú éisteachta an-mhí-éifeachtach, 18.9% go mbeadh sé mí-éifeachtach, bhí 23.6% neodrach, shíl 20.8% go mbeadh sé éifeachtach agus 22.6% go mbeadh sé an-éifeachtach.

| Response | Count | Pct |
|---|---|---|
| 1 | 23 | 27.1% |
| 2 | 12 | 14.1% |
| 3 | 19 | 22.4% |
| 4 | 12 | 14.1% |
| 5 | 19 | 22.4% |
| Total Responses | 85 | 100% |

*Suirbhé T1*

| **Response** | **Count** | **Pct** |
|---|---|---|
| 1 | 15 | 14.2% |
| 2 | 20 | 18.9% |
| 3 | 25 | 23.6% |
| 4 | 22 | 20.8% |
| 5 | 24 | 22.6% |
| Total Responses | 106 | 100% |

*Suirbhé T2*

*Figiúr 81: Minicíochtaí don rátáil ar éifeachtacht an scrúdaithe éisteachta.*

Sa suirbhé T1, shíl 30.6% go mbeadh an scrúdú scríofa an-mhí-éifeachtach, 20.0% go mbeadh sé mí-éifeachtach, bhí 22.4% neodrach, shíl 14.1% go mbeadh sé éifeachtach agus 12.9% go mbeadh sé an-éifeachtach.

Sa suirbhé T2, shíl 31.1% go mbeadh an scrúdú scríofa an-mhí-éifeachtach, 23.6% go mbeadh sé mí-éifeachtach, bhí 19.8% neodrach, shíl 17.9% go mbeadh sé éifeachtach agus 7.5% go mbeadh sé an-éifeachtach

| Response | Count | Pct |
|---|---|---|
| 1 | 26 | 30.6% |
| 2 | 17 | 20.0% |
| 3 | 19 | 22.4% |
| 4 | 12 | 14.1% |
| 5 | 11 | 12.9% |
| Total Responses | 85 | 100% |

*Suirbhé T1*

| **Response** | **Count** | **Pct** |
|---|---|---|
| 1 | 33 | 31.1% |
| 2 | 25 | 23.6% |
| 3 | 21 | 19.8% |
| 4 | 19 | 17.9% |
| 5 | 8 | 7.5% |
| Total Responses | 106 | 100% |

*Suirbhé T2*

*Figiúr 82: Minicíochtaí don rátáil ar éifeachtacht an scrúdaithe scríofa.*

*Tuairimí eile*

Bhí an deis ag deireadh Chuid 7 tuairim sa bhreis a roinnt maidir leis an rannóg “Measúnú”.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 10% (*n=40*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú

Rinneadh na pointí faoi easpa eolais faoi mheasúnú agus ualú na marcanna don bhéaltriail.

Córas T1/T2

Rinneadh na pointí faoi chóras míchóir, tionchar an chúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí agus faoin ngá le cúiteamh.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh gá le níos mó béime ar an teanga labhartha agus go raibh easpa eolas téagartha.

Moltaí breise

Moladh múnla FTCE a leanúint.

An comhairliúchán

Ceistíodh bailíocht an phróisis comhairliúcháin.

An tSraith Shóisearach

Pointe a luadh cheana faoi fhanacht ar athbhreithniú.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 13% (*n=45*). Ba iad seo a leanas na catagóirí ba choitianta sna freagairtí.

Measúnú

In ord minicíochta, ‘siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) nár cheart an t-ualú don bhéaltriail a ísliú; 2) go raibh easpa eolais faoi mheasúnú; 3) gur cheart go mbeadh ualú don litríocht ag an Gnáthleibhéal mar go mbeadh sé deacair na scoláirí a spreagadh gan é; 4) go gcaithfear fáil réidh le foghlaim de ghlanmheabhair ach nach raibh na dréachtsonraíochtaí seo chun é sin a dhéanamh; 5) go raibh gá le hualú níos mó don chluastuiscint.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Nochtadh tuairimí diúltacha ginearálta agus dúradh go raibh an iomarca béime ar litríocht.

Moltaí breise

Moladh múnla FTCE agus múnla an chúrsa breise don litríocht.

Na leibhéil

Pointe ardaithe cheana maidir Bonnleibhéal a bheith imithe.

## 2.12 CUID 8 DEN SUIRBHÉ - MOLTAÍ LE HAGHAIDH FEABHSÚCHÁIN

I gcuid 8 iarradh ar rannpháirtithe ar cheart athbhreithniú a dhéanamh ar aon réimse ar leith de na dréachtsonraíochtaí. Rogha dénártha a bhí mar fhreagra. Dúirt 94.3% sa suirbhé T1 gur cheart agus 5.7% nár cheart. Sa suirbhé T2, dúirt 98.2% gur cheart agus 1.8% nár cheart.

Iarradh ansin ar rannpháirtithe na réimsí a ainmniú, míniú cén fáth ar cheart na hathruithe sin a dhéanamh agus feabhsuithe a mholadh ar an réimse sin den dréachtsonraíocht.

*Suirbhé T1*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 19% (*n=75*). Ba iad seo a leanas na pointí ba choitianta sna freagairtí. Tabhair faoi ndeara gur rinneadh na pointí seo cheana san freagairtí ar chodanna eile an tsuirbhé.

Córas T1/T2

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) go raibh gá le cúiteamh don chúrsa níos dúshlánaí; 2) go raibh an córas míchóir agus leithchealach; 3) nár cheart go mbeadh sé éigeantach T1 a thógáil; 4) go mbeadh drochthionchar ag cúrsa níos deacra ar Ghaelcholáistí; 5) go mbeadh tionchar ag cúrsa níos deacra ar pháistí gan Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus nár léir gur smaoinigh aon duine orthu siúd; 6) go raibh an téarmaíocht T1/T2 féin in úsáid sa bhealach mícheart; 7) nár léirigh na dréachtsonraíochtaí tuiscint ar na comhthéacsanna éagsúla idir scoileanna sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

Dúradh go raibh gá le níos mó eolas téagartha, go raibh easpa spreagtha sna dréachtsonraíochtaí agus go mbeadh fás ar dhíolúintí dá gcuirfí na dréachtsonraíochtaí seo i bhfeidhm.

Measúnú

Dúradh nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú agus dúradh gur "rote learning" a bheadh i gceist fós leis an Ardteist.

An tSraith Shóisearach

Moladh na dréachtsonraíochtaí seo a chur ar leataobh agus fanacht le hathbhreithniú na Sraithe Sóisearaí.

An comhairliúchán

Ceistíodh bailíocht an phróisis comhairliúcháin agus dúradh gur gá éisteacht níos mó le páirtithe leasmhara.

Litríocht

Dúradh go raibh an iomarca béime ar litríocht agus go raibh gá le liosta téacsanna.

Moltaí breise

Moladh múnla FTCE a leanúint agus chomh maith le sin cúrsa breise a chur ar fáil don litríocht.

Na leibhéil

Ceistíodh conas a d'fhreastalófaí ar scoláirí le riachtanais éagsúla gan Bonnleibhéal.

Acmhainní

Dúradh go raibh gá le FGL do mhúinteoirí agus go raibh easpa múinteoirí oilte le hardscileanna teanga chun Gaeilge a mhúineadh i suímh T1.

*Suirbhé T2*

Ba é an ráta freagartha don cheist seo ná 25% (*n=87*). Ba iad seo a leanas na pointí ba choitianta sna freagairtí. Arís, rinneadh na pointí seo cheana san freagairtí ar chodanna eile an tsuirbhé.

Ábhar ginearálta na dréachtsonraíochta

In ord minicíochta, 'siad na tuairimí a chur freagróirí in iúl ná: 1) go raibh an iomarca béime ar litríocht sa dréachtsonraíocht; 2) gur cheart go mbeadh níos mó béime ar an teanga labhartha; 3) go raibh an fhís míréadúil; 4) gur moltaí lochtacha a bhí sna dréachtsonraíochtaí go ginearálta; 5) go raibh gá le níos mó eolas téagartha.

Measúnú

Mar a luadh cheana, cáineadh go láidir an t-ísliú san ualú mharcanna don bhéaltriail agus moladh freisin ualú na marcanna don chluastuiscint a ardú.

An tSraith Shóisearach

Pointí déanta cheana maidir le heispéireas diúltach agus gá fanacht le hathbhreithniú.

Moltaí breise

Pointe déanta cheana maidir le Nuatheangacha Iasachta.

Córas T1/T2

Rinneadh cáineadh ar an gcóras deighilte mar a luadh cheana.

Na leibhéil

Dúradh arís go raibh sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir AL agus GL.

An litríocht

Dúradh arís go raibh an iomarca téacsanna litríochta i gceist.

An comhairliúchán

Ceistíodh bailíocht an chomhairliúcháin agus dúradh gur gá éisteacht i gceart le guth an mhúinteora.

## 2.13 NA TÉAMAÍ BA CHOITIANTA SNA FREAGRAÍ THAR NA 19 GCEIST OSCAILTE

Léiríonn an rannóg seo na téamaí ba choitianta thar na 19 gceist oscailte sna suirbhéanna ar dhréachtsonraíochtaí T1 agus T2. Bíodh is gurb iad nach mór na ceisteanna céanna a bhí sna suirbhéanna, seachas frása nó téarma anseo is ansiúd, d’eascair téamaí éagsúla as na freagairtí ar an dá shuirbhé. Mar sin, léirítear na téamaí do shuirbhé T1 i dTábla 5 agus na téamaí do shuirbhé T2 i dTábla 6.

Tugtar an ráta cuimsithe mar chéatadán de na tagairtí cóid aonair. Léirítear na téamaí le sleachta athfhriotail ó na freagairtí. Tugtar na sleachta athfhriotail sa teanga bhunaidh chun ciall chontráilte a sheachaint. Luaitear le gach sliocht cén grúpa rannpháirtithe lena mbaineann an freagróir (m.sh. múinteoir, tuismitheoir, scoláire). Sa chás gur roghnaigh freagróirí "eile" don ghrúpa rannpháirtithe agus gur thugadar breis eolais faoina gcúlra, úsáidtear focail an fhreagróra féin anseo.

Bhí 978 tagairtí cóid aonair sa suirbhé T1 agus roghnaíodh 3% mar scoithphointe cuimsithe do na téamaí ba choitianta, 'sé sin go raibh ar a laghad 29 tagairtí aonair ábhartha don téama.

Bhí 1327 tagairtí cóid aonair sa suirbhé T2. Arís roghnaíodh 3% mar scoithphointe cuimsithe, sa chás seo go raibh ar a laghad 40 tagairtí aonair ábharttha don téama.

*Suirbhé T1*

*Tábla 5: Dréachtsonraíocht T1 - Na téamaí ba choitianta thar na 19 gceist oscailte (% > 3)*

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Easpa eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí***<br><br>Dúradh go mbeadh sé deacair tuairim a thabhairt faoina luach gan eolas breise ar ghnéithe ar nós liosta téacsanna, struchtúr an mheasúnaithe, cur chuige na Punainne agus torthaí foghlama níos soiléire. Rinneadh cáineadh ar scaoilteacht agus ar theibíocht na dtorthaí foghlama ach go háirithe agus maíodh go mbeadh níos mó treorach de dhíth sula gcuirfí na dréachtsonraíochtaí i bhfeidhm. | 73 | 7.5% | *"Tá easpa eolais ar fáil faoin ábhar atá le múineadh ag na múinteoirí agus le foghlaim ag na scoláire"* (ST1_181, Príomhoide/príomhoide tánaisteach in iar-bhunscoil lán-Ghaeilge T1)<br><br>*"Cé go n-aontaím le cuid de na ráitis ginearálta seo, níl a dhóthain eolais sa cháipéis chomhairliúcháin domsa le rá go bhfuil na sonraíochtaí maith go leor."* (ST1_247, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1)<br><br>*"Deacair léamh nó tuiscint a fháil a seo gan liosta litriochta agus torthaí foghlama an leathan agus doiléir"* (ST1_384, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil) |

| Téama | Líon na dtagairtí aonair | Cuimsiú (%) | Athfhriotail samplach |
|---|---|---|---|
| ***Córas T1/T2 míchóir agus leithchealach***<br>Ceistíodh cothroime an mhúnla T1/T2 agus maíodh go raibh leithcheal á dhéanamh ar scoláirí T1 sa Ghaeilge mar go raibh siad le cúrsa níos deacra a thógáil gan aon rogha a bheith acu faoi agus gan chúiteamh ar an obair agus dúshlán breise. Cuireadh cás na scoláirí T1 i gcomhthéacs reachtaíochta frith-leithcheala mar a bhaineann le cúlra teanga. Rinneadh comparáid le cainteoirí dúchais teangacha eile a mhúintear i scoileanna in Éirinn nach mbíonn orthu sonraíocht faoi leith a leanúint. Maíodh anseo go mbeadh ábhar ann d'agóid dhlíthiúil. | 72 | 7.4% | *"All children should sit the same paper. If my child has to sit a more difficult Irish paper then she should have an easier English paper. It is discrimination for Gaeltacht people again. Why should she have a harder Irish paper"* (ST1_174, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil Ghaeltachta T1)<br><br>*"Enforced separate examination for candidates of a specified language or ethnic background should be dismissed. The comparative standard-setting process would be academically flawed and in breach of Article 14 of the European Convention on Human Rights. The aim should be to encourage more candidates to adopt the language. The forced separate examination would dissuade candidates not from fluent families from attending schooling through the language."* (ST1_99, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1 & oideoir múinteoirí) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Tionchar diúltach ar Ghaelcholáistí*** <br><br> Bhí freagróirí den tuairim go mbeadh éifeacht dhiúltach ag an dréachtsonraíocht ar scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht de bharr cúrsa T1 a bheith níos dúshlánaí ná ceann T2. Luadh go raibh an fhís sna dréachtsonraíochtaí ró-uaillmhianach agus nach raibh tuiscint cheart iontu ar chaighdeán na teanga i suímh T1 lasmuigh den Ghaeltacht. Dúradh go dtitfeadh na huimhreacha i nGaelcholáistí dá mbeadh cúrsa Ardteiste níos deacra le déanamh gan chúiteamh mar gurb é an buntáiste sa Ghaeilge ceann de na cúiseanna a roghnaítear na scoileanna sin faoi láthair. | 56 | 5.7% | *"Tá mé iontach buartha faoi stádas T1 a thabhairt do scoileanna taobh amuigh den Ghaeltacht. Beidh ár scoláirí faoi mhíbhuntáiste. Seolann na tuismitheoirí iad chun na scoile chun buntaiste a bhaint amach maidir leis an Ghaeilge. Tugann sé deis don scolaire is laige marc maith san ardléibhéal a bhaint amach. Anois leis an deis sin caillte caillfidh muid scoláirí."* (ST1_382, Múinteoir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1) <br><br> *"This new L1 L2 will discourage students in Gaelcholaistes like me to enjoy Irish! I feel cheated that I have to do the same exam as somebody in the Gaeltacht. My level of Irish is not nearly as good as theirs would be, I wouldn't even call myself fluent! I'm in fact so upset about this that if this goes ahead I'll transfer to an English medium school for my Leaving Cert, and I love my school so that's something I really don't want to do. I love Irish but this will turn us off the language"* (ST1_168, Scoláire iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1) |
| ***Cur chuige na dtorthaí foghlama*** <br><br> Dúradh go raibh na torthaí foghlama iad féin róscaoilte, rótheibí agus róghinearálta chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí. Maíodh nach raibh cur chuige atá bunaithe ar thorthaí foghlama oiriúnach do chomhthéacs na hArdteiste, 'sé sin measúnú suimitheach "high stakes", mar go raibh sé ró- | 54 | 5.5% | *"These outcomes are too vague and ambiguously specify goals that cannot be reasonably measured. If the curriculum aims to teach and examine the learning outcomes, these outcomes should be singular and unambiguous, with clear measurable quantities"* (ST1_76, Scoláire iar-bhunscoile i scoil Gaeltachta T1) <br><br> *"Níl sna torthaí foghlama ach na cnámha gan aon fheoil orthu. Is liosta uaillmhianach teibí atá ann, cineál 'wish list'. Is beag difríocht atá idir na cinn T1 agus T2 rud a ardaíonn mórcheisteanna faoina* |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| oscailte do léirmhíniú. Moladh fanacht ar na torthaí ón athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí sula ndéanfaí athruithe ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí. | | | *luach don mhúnteoir.” (*ST1_368, Ball de Bhord Stiúrtha Ghaeloideachas) |

| Téama | Líon na dtagairtí aonair | Cuimsiú (%) | Athfhriotail samplach |
|---|---|---|---|
| ***Gá le cúiteamh***<br>Moladh gur chóir go mbeadh cúiteamh ann i bhfoirm pointí bónais CAO nó eile do scoláirí a thógann an cúrsa T1. Bhí an tuairim seo coitianta i measc freagróirí a bhí i bhfabhar an mhúnla T1/T2 i bprionsabal chomh maith le freagróirí a léirigh míshástacht ghinearálta faoin múnla T1/T2. Dúradh go raibh fasach anseo sna pointí bónais a thugtar don Mhata Ardleibhéil agus go raibh tionchar dearfach ag an mbeartas sin ar líon na scoláirí a thugann faoin gcúrsa sin. Maíodh anseo arís go mbeadh ábhar ann d'agóid dhlíthiúil muna mbeadh cúiteamh ar fáil. | 53 | 5.4% | *"Aontaím go hiomlán le clár d'ardchaighdeán Gaeilge a bheith ar fáil. ACH, má tá an leibhéal i bhfad níos airde ná i scoileanna T2, ba chóir sprioc & aitheantais a thabhairt do scoláirí T1 - eg pointí breise ardteiste AGUS sprioc ar leith chun múinteoirí a mhealladh d'ábhair mar sin."* (ST1_251, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil Gaeltachta T1)<br><br>"*I am very dissatisfied with the way in which this is presented to parents and students. I think it is discriminatory towards Irish speaking students who may have other academic challenges. I think a reward system like that offered for students taken higher maths (extra 25 points for passing it) might be a possible solution. No reward will discourage students to attend an irish speaking school for the leaving certificate.*" (ST1_66, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1)<br><br>*"The main failing of the proposed draft L1 curriculum specification for Irish medium schools is not addressing how the L1 curriculum will be allocated points via the CAO for a more demanding and higher standard course than required of students attending an English medium school. The simple principle of fairness for all students is very much in question with this draft model, I suspect it will lead to legal challenge as it opens the door for unfairly discriminating against Irish-medium students"* (ST1_7, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile & ball de Bhord Bainstíochta i scoil lán-Ghaeilge T1) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***An tSraith Shóisearach***<br><br>Dúradh go raibh gá fanacht le hathbhreithniú ar shonraíocht T1 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí sula dtabharfaí faoi athruithe ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí. Tugadh le fios go raibh míshástacht ann faoin tSraith Shóisearach, go raibh drocheispéireas ag múinteoirí agus scoláirí leis an gcur chuige ann agus nár chóir mar sin sonraíocht na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt sa mhúnla céanna. Luadh an comhthéacs reachtaíochta sa mhéid is go bhfuil sé leagtha síos mar chuid den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go ndéanfaí athbhreithniú ar an múnla T1 sa tSraith Shóisearach. | 50 | 5.1% | *'Tá an fhís sna réimhsí go maith ach gan taighde a dhéanamh ar an dtionchar a bhéas ag an teastas sóisearach, beidh sé an deacair a thomhas cé chomh héifeachtach is a bheidh na réimhsí seo ar fad'* (ST1_292, Príomhoide/príomhoide tánaisteach i mbunscoil lán-Bhéarla)<br><br>*'Gan athbhreithniú ceart eolaíoch déanta ar an tsraith shóisearach Gaeilge nua T1 agus T2, roimh bhogadh ar aghaidh go dtí an tsraith shinsearach, tá seans mór ann go leanfar le botúin agus le fadhbanna atá sa tsraith shóisearach nua faoi láthair agus go mbeidh aon sonraíoch nua ardteistiméireachta, mar sin, lochtach ón tús'* (ST1_309, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil Gaeltachta T1 & bainisteoir ar choláiste samhraidh) |
| ***Ualú na marcanna don bhéaltriail***<br><br>Bhí freagróirí den tuairim nár cheart ualú na marcanna don bhéaltriail a ísliú go 35%. Maíodh gurb é an 40% don bhéaltriail ceann de na cúiseanna a roghnaíonn scoláirí tabhairt faoin Ardleibhéal agus go roghnódh níos mó daoine Gnáthleibhéal dá laghdófaí na marcanna. Dúradh chomh maith nach raibh ailíniú idir an moladh | 49 | 5.0% | *'Tá ísliú sa % chéatadán de na marcanna atá ag dul i dtreo an scrúdú cainte. Tá baol ann go dtiocfaidh laghdú i líon na scoláirí a roghnaíonn an chúrsa ardleibhéil má laghdaítear céatadán na marcanna don obair labhartha. Bhí ardú tagtha ar líon na scoláirí ag tabhairt faoin chúrsa ardleibhéil mar gheall go raibh 40% ag dul don scrúdú cainte.'* (ST1_232, Múinteoir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1)<br><br>*'I believe the oral aspect of the assessment should carry a heavier %. Focusing more on written aspects such as suggested will push the students into* |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| seo agus aidhmeanna na ndréachtsonraíochtaí mar a bhaineann le cumarsáid agus an teanga bheo a chur chun cinn. | | | *rote learning for short term results."* (ST1_112, Tuismitheoir bunscoile agus iar-bhunscoile i scoileanna lán-Ghaeilge T1) |
| ***Easpa eolais faoi mheasúnú***<br>Dúradh go raibh easpa eolais sna cáipéisí faoi struchtúr agus cur chuige an mheasúnaithe sna dréachtsonraíochtaí. Lorg freagróirí níos mó eolas téagartha maidir le codanna an mheasúnaithe agus dúradh gur gá páipéir shamplacha a chur ar fáil ionas go bhféadfaí na dréachtsonraíochtaí a mheas i gceart. | 44 | 4.5% | *"Tá sé ró-dheacair tuairim a thabhairt ar an dréachtshonraíocht seo gan an cúrsa in iomlán a bheith leagtha amach ann agus gan mór-phointí eolais i leith measúnaithe a bheith pléite freisin"* (ST1_231, Múinteoir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1)<br><br>*"There is not enough information about assessment in the draft specification. I sometimes think we change a syllabus when we really should keep the syllabus the same, and change the method of assessment. Method of assessment has an enormous impact on teacher behaviour in the classroom. Teachers will "cover" the syllabus but they teach to prepare students for the paper. What will the new papers: aural, written etc look like? Will the examination papers assess the learning outcomes outlined."* (ST1_23, Múinteoir iar-bhunscoile agus tuismitheoir/caomhnóir i scoil lán-Ghaeilge T1 & oideoir múinteoirí) |

| Téama | Líon na dtagairtí aonair | Cuimsiú (%) | Athfhriotail samplach |
|---|---|---|---|
| ***Liosta na dtéacsanna***<br>Bhí míshástacht i measc na bhfreagróirí faoin easpa eolais faoi théacsanna sna dréachtsonraíochtaí. Bhí deacracht ag freagróirí tuairim a thabhairt faoin litríocht sna dréachtsonraíochtaí gan liosta na dtéacsanna a bheith foilsithe ionas go bhféadfadh siad caighdeán agus dúshlán a mheas. Ceistíodh oiriúnacht agus rogha na dtéacsanna i gcomhthéacs na scoileanna Gaeltachta agus lorgaíodh níos mó eolais faoi na cineálacha téacsanna. Mhol roinnt freagróirí go gcuimseofaí béaloideas agus amhráin sa liosta. | 35 | 3.6% | *"Tá na ráitis thuas fíor maidir le tairbhe an staidéir ar théacsanna idir liteartha agus neamhliteartha; ach toisc gan aon liosta molta ná samplaí de na téacsanna ar fáil, ní féidir a dtairbhe a mheas chun na haidhmeanna úd a bhaint amach."* (ST1_233, Úrscéalaí foilsithe do léitheoirí óga agus do léitheoirí fásta)<br><br>*"Caithfear a thógaint san áireamh nach bhfuil gach scoláire a fhreastlaíonn ar scoil T1 líofa agus nach í an Ghaeilge máthairtheanga an scoláire. Tá sé an-deacair oiriúnacht na dtorthaí foghlama a mheas gan liosta téacsanna."* (ST1_225, Príomhoide/príomhoide tánaisteach iar-bhunscoile agus tuismitheoir/caomhnóir i scoil lán-Ghaeilge T1) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Múnla FTCE***<br>Moladh go n-úsáidfí múnla FTCE (CEFR) sna dréachtsonraíochtaí mar go mbeadh sé seo níos úsáidí agus níos soiléire mar struchtúr ná na torthaí foghlama. Cuireadh an-bhéim ar litríocht sna dréachtsonraíochtaí i gcomparáid leis an mbéim ar chumarsáid i múnla FTCE. Maíodh go mbeadh múnla FTCE níos oiriúnaí chun an chumarsáid a fhorbairt. | 34 | 3.5% | *"Having taught up to level B2 in MFL, and as a lover of literature, it pains me to object to the amount of literature at all levels (current and proposed). Literature should not be examined pre C level on the CEFR. Student should be exposed to poems and extracts of Irish literature for sure, but the new Junior Cert is killing the spoken language, and just does not engage the majority of teenagers. The students are learning off notes they barely understand - implement the TEG not this syllabus!"* (ST1_82, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil lán-Ghaeilge T1 & múinteoir nuatheangacha iasachta)<br><br>*"Ní luaitear an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) sna torthaí foghlama seo - in ainneoin go bhfuil sé in úsáid do cháilíochtaí idirnáisiúnta cosúil le Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) agus do chailíocht bhunmhúinteoirí in Éirinn fiú - agus is deis amú í seo; príomhsprioc chúrsaí TEG agus eile ná foghlaimeoirí a chumasú mar úsáideoirí teanga chun an Ghaeilge a úsáid go héifeachtach sa saol s'acu, ní ar mhaithe le hullmhú do scrúdú amháin."* (ST1_184, Iardhalta i scoil lán-Ghaeilge T1) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Litríocht sna dréachtsonraíochtaí***<br>Maíodh go raibh an iomarca béime ar an litríocht sna dréachtsonraíochtaí agus gur cheart go mbeadh níos mó béime ar an teanga labhartha. Bhí freagróirí den tuairim go mbíonn tionchar diúltach ag an litríocht ar mheon na scoláirí i leith na Gaeilge mar go bhfuil sí ródhúshlánach agus nach bhfuil nasc ag an litríocht le saol an déagóra. Den chuis is mó bhí freagróirí i bhfabhar méid áirithe litríochta a theagasc chun cur le saibhreas teanga na scoláirí ach braitheadh gur chóir tús áite a thabhairt don chaint agus don chumarsáid. | 32 | 3.3% | *"Students do not enjoy or do they engage in an overload of literature. They should be given more of an opportunity to be develop their spoken language skills."* (ST1_161, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>*"Ní léann scoláirí an lae inniu as Béarla gan trácht air as Gaeilge! Is rud pearsanta í an léitheoireacht ..taitneamh atá i gceist. Ní chothaíonn léamh iliomad téacsanna in aghaidh do thola dea-thoil i leith teanga. Ba chóir díriú níos mó ar an taitneamh agus ar labhairt na teangan ar dtús."* (ST1_369, Múinteoir iar-bhunscoile agus tuismitheoir/caomhnóir i scoil Ghaeltachta T1) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Acmhainní (daonna agus eile)*** Ardaíodh ceisteanna faoi na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun an fhís atá sa dréachtsonraíocht T1 a chomhlíonadh. Maíodh go raibh easpa múinteoirí oilte, leis na scileanna teanga agus oideolaíocha cuí, ar fáil chun na haidhmeanna a bhaint amach. Luadh go mbeadh FGL ag teastáil do mhúinteoirí maidir leis na snáitheanna "Feasacht" agus "Cruthaitheacht Teanga" ach go háirithe. Bhí amhras ar fhreagróirí go mbeadh neart múinteoirí le caighdeán sách ard Gaeilge chun an cúrsa T1 a mhúineadh i gceart, go háirithe lasmuigh den Ghaeltacht. Maíodh go gcothódh sé seo neamhionannas idir scoileanna. Bhí ceisteanna ann chomh maith faoi na hacmhainní teagaisc agus foghlama a bheadh ag teastáil, faoin ualach oibre a bheadh i gceist anseo agus faoi ról na gcomhlachtaí foilsitheoireachta sa léirmhíniú ar thorthaí foghlama. | 29 | 3.0% | *"Well written academic document. Unfortunately it does not reflect reality. In many schools, students aren't taught by people with rich language skills. Dearth of Irish speaking teachers. So the quality of language acquisition is neither equal nor adequate for these children to be assessed on L1 basis outside Gaeltacht areas. Inadequate learning materials."* (ST1_116, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i scoil lán-Gaeilge T1 & múinteoir bunscoile)<br><br>*'Níl múnteoirí ar fáil sna meánscoileanna ná na bunscoileanna chun Gaeilge a mhúineadh faoi láthair. Caithfear dul ar ais chuig na coláistí oiliúna chun caighdeán níos fearr a bhaint amach leis na mic léinn. Muna bhfuil Gaeilge ag na múinteoirí, níl seans ar bith go mbeidh Gaeilge ag na paistí."* (ST1_224, Príomhoide/príomhoide tánaisteach i mbunscoil lán-Ghaeilge & tuismitheoir/caomhnóir) |

*Suirbhé T2*

*Tábla 6: Dréachtsonraíocht T2 - Na téamaí ba choitianta thar na 19 gceist oscailte (% > 3)*

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| **An bhéaltriail**<br>Bhí freagróirí den tuairim go raibh ualú na marcanna don bhéaltriail sna dréachtsonraíochtaí ró-íseal. Cáineadh go láidir an moladh an t-ualú a ísliú go 35% ón 40% ag a bhfuil sé faoi láthair. Dúradh gur thug sé seo an teachtaireacht mhícheart faoi thábhacht na teanga labhartha agus go raibh sé ag teacht salach ar aidhmeanna sonraithe na ndréachtsonraíochtaí. Maíodh go bhfuil tionchar ag ualú na béaltrialach ar rogha scoláire tabhairt faoin Ardleibhéal faoi láthair agus go mbeadh ardú i líon na scoláirí ag tógáil Gnáthleibhéil dá laghdófaí na marcanna go 35%. | 125 | 9.4% | *'Learning the language and using the language outside of the classroom is mentioned in the specification, but no emphasis is put on this with regards to the final grade. Reducing the oral to 35% shows that speaking the language is not important and introducing more texts adds to it. Students want to learn and be able to use the language in a fun and effective way but this draft specification does not reflect this"* (ST2_84, Oideoir múinteoirí)<br><br>*'Tá sé ar intinn ag an CNCM an marc don scrúdú béil féin a ísliú do 35%. Déanfaidh an t-athrú sin dochar don obair iontach atá déanta i scoileanna chun scoláirí a spreagadh an ardleibhéil a roghnú. Tá muid ag tógáil marcanna ón scrúdú is tábhachtaí chun an teanga a choimeád beo. Ní dhéanann sé ciall ar bith"* (ST2_177, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>*"I stress again not to de-value the worth of the oral examination, if anything it should be increased and students would place more emphasis in speaking the language. I have never heard someone who has left school say I wish we did more Irish Literature, the general consensus, I wish I could speak the language (especially outside the Gaeltacht). I feel that if we follow the trend of the Junior Cycle, it will be the final death nail in the coffin of the Irish language"* (ST2_57, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Litríocht sna dréachtsonraíochtaí***<br>Ardaíodh ceisteanna maidir le luach na litríochta i suímh T2 agus rinneadh comparáid le cur chuige na nuatheangacha iasachta, áit nach bhfuil aon litríocht i gceist. Maíodh bhfuil i bhfad an iomarca béime ar an litríocht sna dréachtsonraíochtaí T2 agus go mbeadh drochthionchar aige seo ar spreagadh agus taitneamh do na scoláirí. D'aithin freagróirí go raibh tábhacht leis an litríocht i saibhriú agus fairsingiú teanga ach bhraitheadar go raibh gá bunscileanna teanga na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt sula dtabharfaí faoin litríocht. Maíodh go mbeadh múinteoirí ag casadh ar an mBéarla nó ar fhoghlaim de ghlanmheabhair chun dul i ngleic leis na téacsanna mar nach raibh scileanna cumarsáide sách láidir ag na scoláirí don leibhéal dúshláin sa litríocht. | 120 | 9.0% | "*Tá béim na litríochta ag marú taitneamh an ábhair. Sa tSraith Shóisearach, tá scoláirí ag déanamh roghanna feasacha gan Ardleibhéal a dhéanamh mar gheall ar an t-uafáis litríochta ann. […] Tá argóintí as cuimse cloiste agam anois faoi thábhacht/ról na litríochta i dtaobh sealbhú teanga, (aontaím go pointe), ach cén fáth nach bhfuil an gá céanna ann leis na 'nuatheangacha' iasachta? Ag marú í!*" (ST2_226, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>'*The draft curriculum focuses mainly on texts and literacy. This doesn't work when it comes to Gaeilge. Gaeilge needs to treated exactly as MFLs are treated not seen as similar to the English curriculum. The course should focus on oral, listening and comprehension. Learning through texts doesn't work. This has been proven by the JC. Students dislike and don't understand the texts on the course*" (ST2_49, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil)<br><br>"*Having sat the current Leaving Cert exam as a student and now teaching it to both higher and ordinary level students I feel I am in a good position to judge it from both perspectives. I feel if anything the marks going for literature should be reduced not increased or ideally that literature/texts should be removed entirely but could be made into an optional additional subject which students could opt to study should they wish to. It serves no purpose only leads to rote learning*" (ST2_8, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Na torthaí foghlama*** Cáineadh na torthaí foghlama go láidir. Dúradh go raibh aidhmeanna, spriocanna agus cur chuige na dtorthaí foghlama rótheibí agus ró-oscailte. Bhí freagróirí den tuairim nach raibh treoir sách soiléir sna torthaí foghlama do mhúinteoirí agus nach mbeadh muinín acu iontu. Lorgaíodh níos mó eolas téagartha faoi na spriocanna a bheadh ann agus faoin ábhar a bheadh le teagasc. Maíodh nach mbeadh cur chuige na dtorthaí foghlama oiriúnach i gcomhthéacs an mheasúnaithe shuimithigh atá i bhfeidhm sa tSraith Shinsearach. | 81 | 6.1% | *'Tá na torthaí foghlama ró-leathan agus uaillmhianach. Níl siad téagartha go leor. Tá treoir shoiléir ag teastáil. Ní mór eolas a thabhairt ar an ábhar, na téamaí agus na topaicí a bheadh ag eascair as na torthaí foghlama. Tá doiléireacht ag baint leis na torthaí foghlama molta. Ní leor é seo mar threoir do mhúinteoirí agus do scoláirí. Chothódh cur chuige mar sin easpa muiníne sa chúrsa nua"* (ST2_145, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>*'Tá na torthaí foghlama ró-scaoilte, ró-oscailte agus doiléir. Ní thugann siad dóthain eolais dúinn (múinteoirí nó scoláirí) faoin gceann scríbe atá le baint amach. Ní féidir linn bheith muiníneach agus cumasach mar mhúinteoirí le sonraíocht chomh doiléir le seo, gan trácht ar easpa traenála agus gan páipéar samplach amháin feicthe againn"* (ST2_120, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***An teanga labhartha***<br>Luadh tábhacht na teanga labhartha d'inmharthanacht na Gaeilge go minic. Bhí freagróirí den tuairim go raibh gá le níos mó béime ar an teanga labhartha sna dréachtsonraíochtaí. Go háirithe i gcomhthéacs T2, braitheadh gur chóir tús áite a thabhairt don teanga labhartha thar aon ghné eile den teanga ionas go mbeadh sé ar chumas na scoláirí an teanga a úsáid go gníomhach. Maíodh nach mbainfí amach aidhmeanna na dréachtsonraíochtaí maidir le húsáid na teanga lasmuigh den scoil gan an bhéim ar an teanga labhartha a neartú. Tá gaol dar ndóigh idir an téama seo agus an chéad téama (an bhéaltriail) ach is minic gur luadh an bhéim ar an teanga labhartha sa seomra ranga ann féin, gan tagairt don mheasúnú ná don scrúdú. | 74 | 5.6% | *"Not enough emphasis is placed on oral communication. The language will never be used outside of the school by learners if they lack the necessary experience of having conversations in Irish and if the language is associated in their minds with being forced to read dry texts"* (ST2_85, Mac léinn tríú leibhéal)<br><br>*"Ba chóir go mbeadh níos mó béime ar an teanga labhartha (chun an scoláire a spreagadh 'an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den seomra ranga') agus níos lú béime ar an litríocht. Creidim féin go bhfuil litríocht na Gaeilge tábhachtach do chultúr & shaibhreas na teanga, ach bheadh níos lú litríochta níos fearr do scoláirí T2 'chun taitneamh a bhaint as an nGaeilge"* (ST2_227, Múinteoir iar-bhunscoile)<br><br>*"Students want to learn how to communicate and speak the language not how to learn off answers on specific texts. We have a great opportunity here to make Gaeilge an enjoyable and worthwhile subject"* (ST2_49, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***An tSraith Shóisearach*** <br> Rinneadh comparáid idir moltaí na ndréachtsonraíochtaí agus eispéiris dhiúltacha ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Bhí na comparáidí seo an-choitianta mar a bhain leis an litríocht. Maíodh go raibh tionchar diúltach ag an mbéim ar an litríocht sa Shraith Shóisearach ar inniúlacht na scoláirí sa teanga labhartha. Impíodh ar an CNCM guth an mhúinteora maidir lena n-eispéiris ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí a thógáil san áireamh sa chomhairliúchán ar na dréachtsonraíochtaí. | 59 | 4.4% | *'Feicim laigí láidre i mo chuid scoláirí féin mar gheall ar an Teastas Sóisearach nua. Aontaím go bhfuil sé tábhachtach litríocht a dhéanamh leis na scoláirí chun suim sa léitheoireacht féin a spreagadh agus chun cur lena saibhreas Gaeilge ach ní dhéanann an Teastas Sóisearach nua aon mhaitheas do chumas labhartha an scoláire"* (ST2_177, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach) <br><br> *'The junior cycle has decimated the standards of spoken Irish in schools. All of my students can write brilliant answers on poems etc but their spoken Irish is far below the required standard. This is because of the ridiculous literature requirements. Bringing this in at senior cycle as well as lowering the percentage for the oral will be to the detriment of spoken Irish, the key element of communication"* (ST2_235, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil) <br><br> "*Please, please listen to teachers. We have been saying this for years and even more so now that we (and our students) have been subjected to the tortuous (not an exaggeration) Junior Cycle curriculum. I have never felt so disheartened as a teacher to yet again see so much literature and see the oral reduced in importance. We are already struggling to find Irish teachers- people will not want to teach it into the future if texts are to be so prominent yet again*" (ST2_4, Múinteoir iar-bhunscoile) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Eolas téagartha***<br>Lorgaíodh níos mó eolas téagartha sna dréachtsonraíochtaí, mar shampla ar chur chuige na Punainne, liosta na dtéacsanna, struchtúr an mheasúnaithe agus soiléireacht na dtorthaí foghlama. Maíodh nach raibh an t-idirdhealú idir na leibhéil soiléir go leor agus gur cheart go mbeadh níos mó eolais sna dréachtsonraíochtaí faoin difear sa chaighdeán ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. | 57 | 4.3% | *"Níl structúr na dréachtsonraíochta soiléir. Níl go leor eolais ar fáil maidir le cur chuige an mheasúnú cainte, cur chuige na punainne, cur chuige na dtascanna scrí-obhneoireachta, cur chuige na cluastuisceana. Níl liosta litríochta ar fáil. Níl páipéir shamplacha ar fáil. Níl na torthaí foghlama soiléir. Níl eolas ar fáil ar na téamaí, na topaicí agus an t-ábhar"* (ST2_347, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>*"Clear directed guidelines are required. There can be significant difference between HL and OL students (and also the best and weakest at both levels) but yet no recognition of that in the specifications. There is no clear understanding of what we need to cover. I believe a lot of the specification is too open and loose to interpret as what exactly the course will look like. Is lacks clear guidance and a clear vision of what is achievable."* (ST2_58, Múinteoir iar-bhunscoile i scoil BOO) |

| Téama | Líon na dtagairtí aonair | Cuimsiú (%) | Athfhriotail samplach |
|---|---|---|---|
| ***An fhís sna dréachtsonraíochtaí***<br>Maíodh nár léirigh na dréachtsonraíochtaí tuiscint cheart ar shuímh T2 agus nach raibh na moltaí leabaithe i gcomhthéacs réalaíoch. Dúradh go raibh an fhís sna dréachtsonraíochtaí ró-idéalach agus ró-uaillmhianach don fhíorchaighdeán teanga i gcomhthéacsanna T2. Bhí an tuairim seo an-láidir mar a bhain leis an dréachtsonraíocht don Ghnáthleibhéal. | 56 | 4.2% | *"You cannot run before you can walk. How can students who can barely speak Irish be expected to do so much literature. I genuinely think those making decisions about the future of the teaching of Irish are entirely deluded about the level of ability of students. I want my students to be able to have conversations and enjoy the language and so do they. Literature may have a small part to play, but it is disproportionate and destroying the enjoyment of classes and therefore the future of Irish"* (ST2_3, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>*'Ta an iomarca le cludach sa 3 snaithe. Creidim go bhfuil se dodheanta tabhairt faoi theagasc agus foghlaim na gaeilge ag an chaighdean ata sibh ag lorg. Nil an caighdean sach sasuil ag na scoláirí, go hairithe scoláirí GL tabhairt faoi leamh neamhspleach no ag dreim leo comparaid a dheanamh idir theascanna. Bheadh seo dodheanta fiu do dhaltai AL. Nil an tsonraíocht readuil ar chor ar bith o thaobh ama agus o thaobh caighdean na nscoláirí"* (ST2_315, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>"*From my experience, Ordinary Level students can never relate to or enjoy the literature on the curriculum. There needs to be a lot less literature on the final exam for OL and more of an emphasis on oral, aural, reading comprehension and composition. We are trying to teach students a language that can be used outside of the classroom. Students at OL don't even see the value of using Irish outside of the classroom and forcing them to do literature they hate will not help this at all*" (ST2_65, múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil) |

| **Téama** | **Líon na dtagairtí aonair** | **Cuimsiú (%)** | **Athfhriotail samplach** |
|---|---|---|---|
| ***Meon na scoláirí i leith na Gaeilge***<br>Sa téama seo, cáineadh an easpa tuisceana a léiriodh sna dréachtsonraíochtaí ar mheon scoláirí T2 i leith na teanga. Maíodh go raibh sé cheana féin sách deacair scoláirí a spreagadh chun an teanga a fhoghlaim agus go rachadh sé seo in olcas leis na dréachtsonraíochtaí. Dúradh go raibh drochthionchar ag an iomarca litríochta agus téacsanna ar mheon scoláirí T2 i leith na teanga. Ardaíodh ceisteanna faoin ailíniú idir aidhmeanna agus ábhar na ndréachtsonraíochtaí mar gur braitheadh nach gcabhródh an cúrsa molta le múinteoirí scoláirí a chumasú chun taitneamh agus úsáid a bhaint as an teanga. | 53 | 4.0% | *"Caitear an-chuid ama ar litríocht agus ní fheicim go gcabhraíonn sé in aon slí le meas, spéis nó cumas na scoláirí a fhorbairt maidir leis an nGaeilge. Spreagann an litríocht imní agus fearg i measc na scoláirí. Tógann sé an chuid ama stadéir a dhéanamh orthu. Seo am a bheadh caite i bhfad níos fearr ag caint, éisteacht le, ar léamhthuiscintí agus scríobh go neamhfhoirmealta sa teanga."* (ST2_134, Múinteoir iar-bhunscoile i meánscoil dheonach)<br><br>*"Emphasis should be solely on oral language development and promoting the use of Irish in the community. The language will continue to fail in English medium schools when it is confined to the classroom. From experience, books and literature in general are off putting and they promote a culture of rote learning"* (ST2_15, Múinteoir bunscoile)<br><br>"*In areas above where I disagree with the statement, it is because the enjoyment, future use outside the classroom setting, etc cannot be predicted based on this curriculum specification. That is closely linked with curriculum implementation and is dependent on appropriate and inspiring learning resources, proper and comprehensive training for teachers and continuing support. As laid out, this section is text heavy and would not, I imagine, engage students.*" (ST2_61, Taighdeoir/léachtóir tríú leibhéal) |

| Téama | Líon na dtagairtí aonair | Cuimsiú (%) | Athfhriotail samplach |
|---|---|---|---|
| ***Eolas ar mheasúnú***<br>As na freagróirí a roghnaigh na ceisteanna oscailte maidir le measúnú a fhreagairt, dúirt formhór na bhfreagróirí go raibh easpa eolais sna dréachtsonraíochtaí faoi struchtúr agus chur chuige an mheasúnaithe. In éagmais an eolais seo maíodh go raibh sé dodhéanta tuairim feasach a thabhairt faoi ailíniú an mheasúnaithe leis na torthaí foghlama nó faoi oiriúnacht an mheasúnaithe do fhorbairt na scileanna teanga. Lorgaíodh páipéir shamplacha agus scéimeanna marcála chun tuiscint níos fearr a fháil ar an measúnú. Ardaíodh ceisteanna faoin bPunann agus conas go ndéanfaí measúnú uirthi seo. | 48 | 3.6% | *"Impossible to say [if assessment will support key language skills] due to lack of details and sample testing materials"* (ST2_5, Tuismitheoir/caomhnóir iar-bhunscoile i bpobalscoil)<br><br>*"An deacair aon cheist faoin measúnacht a fhreagairt gan aon scrúdú a fheiceáil. Is bearna ollmhór é sin sa dréacht seo. Caithfear na scrúduithe a chur ar fáil freisin."* (ST2_349, Múinteoir iar-bhunscoile i bpobalscoil)<br><br>*"How can this question be answered when I have no understanding of what the assessment will look like. There is no clear understanding given of what needs to be covered for assessment. There is no clear understanding of what the assessments will look like as no sample has been included with the draft specifiation."* (ST2_58, Múinteoir iar-bhunscoile i scoil BOO)<br><br>"*The students will have no interest in creating the language portfolio if it has no assessment value attached to it. if they are to spend a considerable amount of time producing the portfolio then there should be some marks allocated to it.*" (ST2_53, múinteoir iar-bhunscoile) |

| Téama | Líon na dtagairtí aonair | Cuimsiú (%) | Athfhriotail samplach |
|---|---|---|---|
| ***Athbhreithniú na Sraithe Sóisearaí***<br><br>Dúradh go raibh gá fanacht le hathbhreithniú ar shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí sula dtabharfaí faoi athruithe ag leibhéal na hArdteiste. Tugadh le fios go raibh míshástacht ann faoin tSraith Shóisearach, go raibh drocheispéireas ag múinteoirí agus scoláirí leis an cur chuige ann agus nár chóir mar sin sonraíocht na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt sa mhúnla céanna. Luadh chomh maith comhthéacs na paindéime agus na himpleachtaí a bhí ann don Teastas Sóisearach le dhá bhliain anuas. Dúradh nach bhféadfaí tuiscint cheart a fháil ar éifeacht mhúnla na Sraithe Sóisearaí de bharr seo. | 42 | 3.1% | *"in éagmais athbhreithnithe oifigiúil níl fianaise ann go bhfuil an tsraith shóisearach ag feidhmiú go maith sna scoileanna fós, ach a mhalairt, mar sin níor chóir an tsraith shinsearach a phlé go fóill"* (ST2_127, Iar-scoláire i nGaelcholáiste)<br><br>*"Stop now and review JC properly. Allow the programme to run for five cohorts without pandemics etc, and then review with students and teachers. Learn from that what we should do better. Don't replicate at LC what is not satisfactory at JC"* (ST2_79, Múinteoir iar-bhunscoile i scoil chuimsitheach) |

## RANNÓG 3 – NA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA – ÁBHAR A BHAINEANN LEIS NA DRÉACHTSONRAÍOCHTA T1 AGUS T2

Sa chuid eile den tuairisc seo déantar cur síos ar na príomhthéamaí a d'eascair as na haighneachtaí scríofa. Tá cur síos déanta ar an modheolaíocht a bhaineann leis an gcuid seo den tuairisc agus na rannpháirtithe a sheol aighneachtaí i Rannóg 1 den tuairisc seo. Baineann Rannóg 3 le téamaí a bhaineann go príomha le hábhar na ndreáchtsonraíochtaí T1 agus T2. Baineann Rannóg 4 le tuairimí sna haighneachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm na ndréachtsonraíochtaí. Baineann Rannóg 5 le tuairimí ó na haighneachtaí a bhaineann le ceisteanna córasacha eile.

## 3.1 NA PRÍOMHTHÉAMAÍ A BHAINEANN LEIS NA DREÁCHTSONRAÍOCHTAÍ T1 AGUS T2

D'eascair príomhthéamaí éagsúla ón anailís ar na haighneachtaí scríofa. Sa rannóg seo déantar cur síos ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn sna haighneachtaí maidir leis na dréachtsonraíochtaí. Cuireadh tuairimí i láthair faoi chomhthéacs an athraithe agus faoi struchtúr, torthaí foghlama, litríocht agus measúnú na ndréachtsonraíochtaí. Díol suntais gur léiríodh mothúcháin láidre faoi ábhar na ndréachtsonraíochtaí i go leor de na haighneachtaí.

## 3.2 GÁ LE HATHRÚ

Bhí comhaontú suntasach i measc na n-aighneachtaí scríofa go léir faoi neamhdhóthanacht chúrsa reatha na hArdteistiméireachta don Ghaeilge.  I measc na bpointí a rinneadh ina leith seo bhí: easpa fócais ar labhairt na Gaeilge, an bhéim mhór ar litríocht na Gaeilge agus an bhéim a bhíonn ar fhoghlaim de ghlanmheabhair sa chúrsa reatha. Fáiltíodh roimh an deis a chruthaigh an próiseas comhairliúcháin poiblí ábhair imní agus ceisteanna a chur i láthair faoin gcóras reatha atá ann do Ghaeilge na Sraith Sinsearaí. Bhí guth láidir le sonrú tríd na haighneachtaí maidir leis an ngá atá le leasú a dhéanamh ar an gcóras reatha. Tugadh le fios chomh maith, áfach, nach féidir an cúrsa a athchóiriú gan breathnú ag an am céanna ar chomhthéacs fhoghlaim na Gaeilge ar fud an chórais oideachais. I measc na dtuairimí a cuireadh i láthair ná go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dá shonraíocht atá i bhfeidhm do chúrsa Gaeilge na Sraithe Sóisearaí chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an múnla T1/T2 atá i bhfeidhm ag an leibhéal sin sula mbogfaí ar aghaidh le hathruithe ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí. Pléitear freisin an tuairimíocht faoi chomhthéacs oideachas na Gaeilge go ginearálta. Mar a luadh sa mhír thuas, chuir aighneachtaí áirithe fáilte roimh na dréachsonraíochtaí mar gur aithníodh an gá atá le leasú a dhéanamh ar chúrsa Gaeilge na Sraithe Sinsearaí.

*I welcome consideration of possible changes with regard positive approaches to the Irish language in the Irish system. There are many noble objectives within the specification and thus support the 20-year Strategy for the Irish language 2010-2030.* (AS 87, Duine Aonair).

*Creideann [*cumann scoláirí tríú leibhéal*] go bhfuil ceart chun oideachas sa teanga náisiúnta, an Ghaeilge, ag gach scoláire sa tír. Feictear dúinn nach bhfuil an córas dara-leibhéil ag freastal mar ba chóir faoi láthair ar riachtanaisí éagsúla na scoláirí ó thaobh na Gaeilge de. Mar sin, cuirimid fáilte roimh an athbhreithniú ar an gcúrsa sinsearach atá idir lámha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.* (AS 120, Cumann Scoláirí Tríú Leibhéal).

Cuireadh béim faoi leith ar an oideachas cuimsitheach – go mbeadh gach scoláire in ann tabhairt faoin nGaeilge ag a leibhéal cumais féin. Léiríodh an tuairim i roinnt mhaith aighneachtaí nach bhfuil an córas atá ann faoi láthair ag comhlíonadh an riachtanais sin.

*Fáiltionn [iar-bhunscoil Ghaeltachta] roimh fhorbairt déachtsonraíocht nua don ábhar Gaeilge don Ardteistiméireacht. Tá [iar-bhunscoil Ghaeltachta] ag súil go mbeadh forbairt déanta ar shonraíocht a thabharfadh an t-aitheantas, dúshlán agus luach saothair do scoláiri líofa na scoile chomh maith le deis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí na Gaeilge agus scoláirí le deacrachtaí foghlama caighdeán maith a bhaint amach san ábhar.* (AS 55, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Creidimid go bhfuil sé de cheart ag gach scoláire sa tír rochtain a bheith acu ar oideachas cuimisitheach don Ghaeilge. Ní chreidimid go bhfuil an córas dara-leibhéal ag líonadh an riachtanais seo faoi láthair agus mar sin, cuirimid fáilte roimh an athbhreithniú ar an gcúrsa sinsearach atá idir láimhe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.* (AS 117, Eagraíocht Ghaeilge).

Bhí líon mór freagróirí, a bhfuil nasc acu leis an oideachas trí mheán na Gaeilge, den tuairim nach bhfuil an cúrsa reatha ag freastal mar is cuí ar riachtanais scoláirí na hearnála sin. Áitíodh feasta go bhfuil gá faoi leith le córas a chur ar bun a d'fhreastalódh ar na scoláirí sin.

*Tuigtear don choiste go bhfuil an dréachtsonraíocht do churaclam Gaeilge na hArdteiste do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1) á beartú le freastal cuí a dhéanamh ar fhorbairt phearsanta, teanga agus litearthachta ghlúin óg na Gaeltachta agus na tíre atá á dtógáil le Gaeilge, nó a bhfuil Gaeilge mhaith acu*. (AS 84, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

San aighneacht céanna luadh an tábhacht a bhaineann le hoideachas oiriúnach trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil don scoláire agus do thodhchaí na teanga.

*Teastaíonn daoine óga sa Ghaeltacht agus sa tír a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus tuiscint acu ar a tábhacht lena chinntiú go mairfidh an teanga glúin eile agus go mbeidh tuiscint sa sochaí ar a tábhacht. · Tá an teanga chomh leochaileach luachmhar le haon ghné eile dár dtimpeallacht nádúrtha. Ní mór aire na huibhe a thabhairt di, go speisialta i measc chainteoirí dúchais & lucht labhartha na Gaeilge. · Tá ganntanas daoine a bhfuil ardscileanna Gaeilge acu ar fáil d'earnáil an oideachais, na meán, na seirbhíse poiblí agus an iliomad réimsí eile faoi láthair... · Gan forbairt mar is ceart ar chumas teanga an chainteora T1, ní bheidh bláth ar ealaín na cumadóireachta Gaeilge idir litríocht, fhilíocht, phrós, dhrámaí, úrscéalta, scannáin, amhráin &rl.* (AS 84, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

Luaigh Gníomhaireacht Stáit amháin go raibh sé tábhachtach ag an bpointe seo cúrsa a chur ar fáil a dhíreodh ar riachtanais foghlama na scoláirí i suímh a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge d'fhonn tacaíocht a thabhairt don phobal labhartha na Gaeilge, sa Ghaeltacht ach go háirithe.

*Aithnítear chomh maith gur féidir go rachadh cúrsa Ardteistiméireachta a dhíríonn ar riachtanas forbartha teanga chainteoirí T1 na Gaeilge go mór chun leasa na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

Pléadh freisin an leatrom atá á dhéanamh ar scoláirí toisc nach bhfuil scileanna scríofa, labhartha, cruthaitheachta nó fiú scileanna pearsanta agus sóisialta á bhforbairt mar is cuí, go háirithe i suímh a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.  Bhí seasamh láidir ag eagraíochtaí agus daoine aonair maidir leis seo:

*Is múinteoir Gaeilge agus Fraincise mé agus aithním gur iomaí locht a bhaineann leis an gcuraclam reatha - go minic bíonn caighdeán níos fearr ag scoláirí sa Fhraincis ná sa Ghaeilge cé gur thosaigh siad ag foghlaim na Gaeilge ocht mbliana ní ba luaithe. Is cinnte go bhfuil fadhbanna ann agus go bhfuil athruithe ag teastáil go géar ach ní hé seo réiteach na bhfadhbanna dár liom.* (AS 133, Múinteoir Gaeilge i nGaelcholáiste).

*Faoi láthair, tá an ghlúin óg seo ag leanacht cúrsa a leagadh amach do fhoghlaimeoirí T2. Tugann muidne mar thuismitheoirí faoi deara cén leatrom atá á dhéanamh orthu: · níl a gcumas teanga idir labhairt agus scríobh á fhorbairt mar a d'fhéadfaí agus mar ba chóir · níl tuiscint mar a d'fhéadfadh a bheith go héasca acu ar litríocht, ar fhilíocht, ar dhrámaí agus ar amhráin Ghaeilge - a dteanga dhúchais · níl léargas ná tuiscint mar a d'fhéadfadh a bheith go héasca acu ar chúlra agus ar stair na Gaeilge - a dteanga dhúchais, agus dá réir ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht · níl an chruthaitheacht i nGaeilge - a dteanga dhúchais, ag bláthú iontu mar a d'fhéadfadh, ach í a chothú níos fearr iontu.  Tá impleachtaí fadtréimhseacha aige seo, ní hamháin don ghlúin óg ach do shochaí na tíre: · Tá cúrsaí féiniúlachta, muiníne agus forbairt phearsanta an duine óig siar leis.* (AS 84, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

Luadh chomh maith go raibh gá le cúrsa nua chun an dúshlán cuí a thabhairt do scoláirí sa Ghaeltacht ionas gur féidir leo cur leis an dtuiscint atá acu ar shaíocht agus ar shaibhreas na Gaeilge.

> *Is údar caidéise le fada an maolú a déanadh ar shiollabas na Gaeilge agus is léir nach chun tairbhe don Ghaeilgeoir ar fónamh an clár mar atá anois. Ní leagtar dúshlán roimpi/roimhe agus is tearc na deiseanna atá ann iomlánú a dhéanamh ar inniúlacht an scoláire sa nGaeilge ná cur lena c(h)uid eolais ar shaibhreas ná ar shaíocht na litríochta ná spreagadh ann leis an tábhacht a roinneann leis an nGaeilge thraidisiúnta áitiúil ó thaobh béaloidis, foclóra agus saintréithe teangeolaíocha logánta.* (AS 99, Pleanáil Teanga).

> *Tá iníon liom féin tar éis an ardteistiméireacht a dhéanamh le deireanas, agus níl amhras orm ach go ndearna an córas oideachais faillí inti. Chun go mbeadh buneolas aici ar litríocht a teanga féin, b'éigean dom féin an t-ábhar sin a theagasc di sa bhaile. Níorbh éigean domsa ná do mo chuid deartháireacha is deirfiúracha é sin a dhéanamh, ná ar aon ghlúin eile ó bunaíodh an stát seo, agus is cúis náire é sin don chóras oideachais sa tír seo.* (AS 111, Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Léirigh aighneachtaí a bhaineann le suímh a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla go bhfuil gá le hathrú freisin. Bhí an tuairimíocht seo bunaithe ar an eispéireas foghlama a bhíonn ag scoláirí maidir leis an nGaeilge faoi láthair.

> *Aithnímid an gá le leasuithe a dhéanamh ar an gcóras reatha le cumas Gaeilge agus eispéireas na scoláirí i dtaca leis an nGaeilge a threisiú. Tá múinteoirí i bhfabhar athruithe a threiseoidh cumas Gaeilge an phobail agus a chothóidh grá, meas, muinín, suim agus líofacht sa teanga.* (AS 30, Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

Admhaíodh go bhfuil fadhb leis an gcúrsa reatha maidir leis an mbéim faoi leith atá ar fhoghlaim de ghlanmheabhair. Tuairiscíodh go mbíonn éifeacht dhiúltach aige seo ar labhairt na teanga sa seomra ranga. Tugadh le fios chomh maith go bhfuil deacrachtaí ann maidir leis an mbéim faoi leith a bhíonn ar an litríocht agus an easpa cumarsáide a tharlaíonn dá bharr. Dar le roinnt mhaith aighneachtaí cothaíonn sé sin neamhshuim sa teanga mar aon le dímheas uirthi.

> *Rote learning of text-heavy notes which have been expertly designed to maximise marks in the essay and literary text analysis sections defeats the purpose of being in an Irish language classroom.* (AS 209, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Mura dtuigeann na scoláirí an méid atá á léamh acu, conas is féidir leis cabhrú lena scileanna teanga a fheabhsú, nó grá don teanga a chothú? Nach é seo an rud is tábhachtaí? Seo ceann de na príomhfhadhbanna leis an gcóras atá againn faoi láthair.* (AS 167, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*I hate Irish!" "Not another three page essay to know off by heart" "Twenty 'sraith pictiúr's to learn?" "I can't string a sentence together by myself" ... echo in Irish classrooms across the country. As a current Leaving Certificate student, I understand the failings of the current Irish syllabus. In the classroom, the subject of Irish and rote learning are inseparable, rendering the subject entirely ineffective in achieving its aims.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe).

Léiríodh buairt faoi stádas na Gaeilge faoi láthair toisc an líon beag iarrthóirí a thug faoi scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2021 nuair a bhí an rogha acu.

*Tá ceist an-leathan ann faoi stádas na Gaeilge sa tír nuair nár roghnaigh ach 58% an páipéar Gaeilge a dhéanamh san Ardteistiméireacht 2021.* (AS 14, Grúpa Múinteoirí i nGaelcholáiste).

## 3.2 MOTHÚCHÁIN LÁIDRE

Leagadh béim faoi leith ar an imní agus buairt a bhí le brath maidir leis an dá dhréachtsonraíocht mar atá siad leagtha amach faoi láthair. Luadh na focail "imní", "buairt", "míshástacht", agus "díomá", go minic agus tuairimí á roinnt faoi na cáipéisí seo.

*Gabhann [eagraíocht scoileanna] buíochas le CNCM as an obair atá déanta acu go dti seo ar an ábhar seo. Cé go bhfuil pointí dearfacha le haithint, caithfear a rá go bhfuil buairt agus imní ar thromlach na scoileanna agus na múinteoirí i dtaobh a bhfuil molta sa dréachtsonraíocht T2.* (AS 201, Eagraíocht Scoileanna).

*Tá an cur chuige seo ag déanamh an-imní do phobail na scoileanna Gaeltachta agus ag cothú easpa muiníne ag tráth a bhfuil na scoileanna céanna réamhghníomhach i bpróiseas deonach faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta mar chuid den Pholasaí Oideachais Gaeltachta.. Níl an chonspóid faoi T1/T2 ag cabhrú leis na hiarrachtaí sin.* (AS 230, Eagraíocht Scoileanna).

Thagair cuid mhór d'aighneacht freisin don deifir a bhí faoin CNCM na dréachtsonraíochtaí a thabhairt isteach go háirithe in am paindéime. Iarradh ar an CNCM éisteacht leis na moltaí a thiocfaidh tríd an bpróiseas comhairliúcháin seo.

*Beidh impleachtaí móra ag aon athrú a dhéanfar ar chúrsa na Gaeilge san Ardteistiméireacht ar thodhchaí na Gaeilge. Is gá mar sin cinntí agus athruithe a dhéanamh go cúramach – níor chóir cinntí a dhéanamh faoi dheifre.* (AS 128, Múinteoir i nGaelcholáiste).

*Mar sin féin, is ábhar imní dúinn sa phobal Gaeltachta seo, an éiginnteacht agus an deifre até ag baint leis na dréachtsonraíochtaí do Ghaeilge na hArdteistiméireachta.* (AS 135, Pleanáil Teanga).

> *Tá an Comhairliúchán seo á dhéanamh le linn paindéime. Níor chóir go mbeadh comhairliúchán ar siúl tráth a bhfuil daoine ró-ghnóthach chun dul i ngleic leis i gceart. Cruthaíonn sé seo amhras faoi agus ní chothaíonn sé dea-thoil.* (AS 65 Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Léiríodh freisin an imní agus an bhuairt atá ann maidir leis an scoilt a chothódh an córas T1/T2 ag an leibhéal seo, sna ceantair Ghaeltachta ach go háirithe.

> *Tá imní ar [eagraíocht tuismitheoirí sa Ghaeltacht] go gcruthóidh sé seo scoilt sa phobal Gaeltachta, muna bhfuil sé cruthaithe cheana féin….Cé a chneasóidh an chréacht, an scoilt, má théann an scéal seo níos faide? Tá imní ar [eagraíocht tuismitheoirí sa Ghaeltacht] go bhfágfar faoi mhuintir na Gaeltachta féin é, na scoileanna agus na heagraíochtaí pobail agus teanga. Ní féidir an t-ualach seo a leagan orainne. Seo ualach don Roinn Oideachais agus don NCCA. Níl sé ceart, níl sé cóir. Bheadh sé mímhorálta agus míionraic.* (AS 98, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

> *Creidimid go hiomlán gur éagóir amach is amach ar mhuintir/scoláirí na Gaeltachta é seo. Níor tugadh aon chuireadh do scoileanna Gaeltacht ana Gaelscoileanna páirt a bheith acu sa phleanáil don tSonraíocht nua seo. De bharr nár cuireadh ar an eolas i gceart muid agus nár tugadh an deis dúinn ár dtuairimí nó go deimhin ár n-ionchur a thabhairt, ní hamháin don Teanga ach don Ghaeltacht agus muintir na Gaeltachta agus Gaelscoileanna ar fad.* (AS 16, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Léirigh aighneacht amháin na deacrachtaí dlíthiúla a bhainfeadh le córas deighilte mar atá molta sa chóras T1/T2.

> *The enforcement of separate assessment for some candidates would also be in conflict with equality before the law with regard to the IRISH CONSTITUTION.* (AS 17, Duine Aonair).

> *Sa chás agus go leanann an NCCA ar aghaidh leis an díothú ar an nGaeilge ag curaclam na hIarbhunscoile, tá an t-eagraíocht á bhfágáil féin oscailte chun cás ar shárú cearta teanga a thógáil i bhur gcoinne ag leibhéal na bPobail Ghaeltachta ach go háirithe don chainteoir dúchais / líofa le riachtanais bhreise oideachais.* (AS 33, Múinteoir Ghaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

## 3.3 ÁBHAR NA NDRÉACHSONRAÍOCHTAÍ – EASPA EOLAIS GO GINEARÁLTA

Ceann de na tuairimí ba láidre a tháinig chun cinn ná go bhfuil easpa soiléireachta agus eolais sna dréachtsonraíochtaí. De bharr an easnaimh seo áitíodh nach raibh sé indéanta teacht ar thuairimí fúthu. Léiríodh imní faoin easpa eolais maidir leis na torthaí foghlama, an measúnú agus an litríocht.

Rinneadh trácht ar na dúshláin a bheadh ag múinteoirí, dá réir, tuiscint cheart fháil ar chéard a bheadh le teagasc, le foghlaim agus le measúnú.

> *Foilsíodh na dréachtsonraíochtaí do chomhairliúchán gan buneolas atá riachtanach má tá na geallsealbhóirí le haiseolas ceart a thabhairt orthu.* (*AS 31*, Stiúrthóir ar Aonad Gaeilge).

> *Thairis sin, ní leor nach bhfuil cur síos cuimsitheach déanta ar an churaclam molta. Ní leor spriocanna teagaisc agus ráitis théibí. Tá struchtúr agus cur síos de dhíth ag múinteoirí.* (AS15, Páirtí Polaitíochta).

> *…Is í an fhadhb is suntasaí dúinn anseo nó doiléire na ndréacht sonraíochtaí. Ní féidir iad a mheas go hoideolaíoch mar atá siad faoi láthair mar nach bhfuil an t-eolas atá de dhíth ann agus tá easpa soiléireachta ag baint leis an eolas atá ann. Tá soiléireacht de dhíth ar gach gné den teagasc, foghlaim agus measúnú a bhaineann leis na dréacht sonraíochtaí seo.* (AS 48, Pleanáil Teanga).

Maidir le dréachtsonraíocht T1 ardaíodh ceisteanna faoin easpa tuisceana atá ann faoi chúlra sochtheangeolaíoch na scoláirí a bheidh ag tabhairt fúithi.

> *Ní léir dom go bhfuil scagadh doimhin go leor déanta ar phróifíleanna éagsúla agus raon na bprófíleanna úd agus go dteipfidh ar ghnéithe den tsonraiocht muna ndírítear air sin. Tá breis smaointeoireachta ag teastáil:Cad is cainteoir ó dhúchas ann? cén tábhacht a bhaineann le cúlra soctheangeolaíochta agus socheolaíocha gach scoláire? Cá luíonn an cainteoir líofa Gaeilge /cainteoir ó dhúchas Gaeilge nach bhfuil liteartha? Cá bhfeictear cur chun chinn fhéiniúlacht an fhoghlaimeora sin sa tsonraíocht seo-is minic gurb iad a leithéid sin croí phobal na Gaeltachta ach caithfear iad a chur san áireamh mar chuid an-tábhachtach den phobal a bhfuil an tsonraíocht dírithe orthu.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Luadh an éiginnteacht atá ann maidir leis an difríocht idir na leibhéil ar fad agus idir na torthaí foghlama i ndréachtsonraíocht T1 agus T2. Maíodh go gcruthódh sé seo easpa muiníne sna sonraíochtaí i measc múinteoirí.

> *Tá an dá dhréachtsonraíocht mar atá siad leagtha amach lom agus tanaí maidir leis an ábhar atá le múineadh. Is beag difríocht atá idir na torthaí foghlama do shonraíocht T1 agus T2, mar shampla. Teastaíonn tuilleadh eolais faoin gcaighdeán a bheadh le baint amach ag na leibhéil éagsúla.* (AS 105, Institiúid Ardoideachais).

## 3.4 LEAGAN AMACH, STRUCHTÚR, RÉASÚNAÍOCHT AGUS AIDHM

Rinneadh tagairt don fhís agus don réasúnaíocht i ndorn beag aighneachtaí agus tríd is tríd is tuairimí dearfacha a nochtadh.  Dúradh go raibh an fhís agus an réasúnaíocht soiléir sa dá dhréachtsonraíocht. Glacadh leis go raibh an dá dhréachtsonraíocht soiléir sa leagan amach agus go raibh leanúnachas tríd síos. Maíodh, áfach, go bhfuil gá le beachtú agus le tuilleadh sonraí.

> *Tá an fhís atá leagtha amach sna dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 soiléir. Tugtar réasúnaíocht shoiléir le haghaidh gach ceann acu agus is féidir iad a bheachtú tuilleadh nuair a bheidh na dréachtaí deiridh á n-ullmhú. Cuirtear in iúl go soiléir ról na sonraíochta T1 mar thaca d'fhoghlaim na scoláirí trí Ghaeilge sa Ghaeltachta agus i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge chomh maith lena ról i dtacú le forbairt na scolairí mar shaoránaigh gníomhacha ina bpobail féin.* (AS 231, Roinn Rialtais).

> *Tá an dréachtsonraíocht soiléir ó thaobh teangan de agus ó thaobh leagan amach an chomhthéacs de; tá na haidhmeanna agus na cuspóirí díreach mar go mbeinn ag súil leo a bheith; agus is léir go leanann sí leis an bhfís agus leis an gcur chuige a bhfuil ann do T1 na Sraithe Sóisearaí.* (AS 14, Múinteoir T1 Taobh amuigh den Ghaeltacht).

> *Tá bunphrionsabail agus croíluachanna nuálaíocha agus comhaimseartha i gcroílár na sonraíochta agus gach iarracht déanta an scoláire a chur i gcroílar na foghlama. Ba chóir go mbeadh an foghlaimeoir óg inniúil ionannú leis na luachanna úd.* (AS 14, Grúpa Múinteoirí i nGaelcholáiste).

> *Maidir leis an Dréachtsonraíocht don Ardteistiméireacht, tá an leagan amach teoiriciúil, an fhealsúnacht oideachais, na haidhmeanna agus na spriocanna agus na torthaí foghlama atá luaite leo le moladh.* (AS 53, Coláiste Gaeilge).

Luadh freisin go raibh neamhréir idir an dréachtsonraíocht T1 agus an siollabas atá ann don Bhéarla.

> *Ina dhiaidh sin féin, tá míriar iomlán idir na haidhmeanna arda sin agus leagan amach samplach an chúrsa féin – go mór mór má chuirtear an cúrsa ardleibhéil (T1 ní miste a mheabhrú) i gcomórtas leis an gcúrsa ardleibhéil sa mBéarla (atá á scrúdú ag leibhéal T1 freisin do chuile dhalta, fiú do chainteoirí dúchais Gaeilge).* (AS 52, Eagraíocht Coláistí Gaeilge).

Aithníodh freisin go bhfuil sé soiléir go mbeadh féidearthachtaí ann sa dá dhréachtsonraíocht múineadh na Gaeilge a chur in oiriúint do chumas gach scoláire i mbealach cruthaitheach, suimiúil agus éifeachtach.

> *I gcás na ndréachtsonraíochtaí seo is fiú a aithint gur rud dearfach é go bhfuiltear ag déanamh iarracht freastal ar riachtanais éagsúla cainteoirí T1 agus T2 na Gaeilge.* (AS 89, Bunscoil Gaeltachta).

> *Leagtar béim sna sonraíochtaí freisin ar an ngá atá le heispéiris oiriúnacha dhúshlánacha a sholáthar do na scoláirí go léir agus aithnítear gur cheart go mbainfeadh gach scoláire taitneamh as an Ghaeilge a úsáid, agus é sin a dhéanamh go cruthaitheach agus go criticiúil. Tá an t-eolas, na scileanna agus na luachanna atá mar aidhm ag na dréachtsonraíochtaí a fhorbairt, a dhoimhniú agus a fheabhsú soiléir. Cuirtear fáilte go háirithe roimh an mbéim atá leagtha sna haidhmeanna ar an scoláire a fhorbairt mar úsáideoir éifeachtach teanga a ghlacann seilbh ar a thuras foghlama teanga mar chuid de phróiseas foghlama fad saoil.* (AS 231, Roinn Rialtais).

Maíodh go bhfuil an múnla atá molta ag caitheamh le gach scoláire T1 mar fhoghlaimeoir teanga agus nach gcinnteodh an dréachtsonraíocht T1 go mbeadh tuiscint ag an gcainteoir dúchais ar shaibhreas agus ar shaíocht na Gaeilge. Tuairiscíodh nach bhfuil dréachtsonraíocht T1 uaillmhianach go leor do scoláirí sa Ghaeltacht, ach go háirithe. Maíodh nach mbainfear amach aidhmeanna a bhaineann leis an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2016)* má leanfar le sonraíocht T1 mar atá.

> *Tuigtear le fada gurb iad saibhreas agus ilghnéitheacht an ionchuir oideachais is bonn de churaclam ábhartha agus tarraingteach. Ní hamháin nach dtugann an curaclam molta seo léiriú ar shaibhreas shaíocht na nGael (fiú i measc na ndréachtsonraíochtaí T1), ní spreagfaidh sé uaillmhian na scoláirí lena n-inniúlacht ar an gcultúr Gaelach a thabhairt chun feabhais. Seo leasuithe curaclaim ag stát atá ar nós cuma liom faoi phobal agus faoi chultúr teanga atá i gcontúirt mhór shochaíoch. Bunaithe ar na tuiscintí sna dréachtsonraíochtaí seo, is i gcosúil le sealbhú agus inniúlacht T2 a ghabhas cumais na gcainteoirí baile Gaeilge, is é sin, in ainneoin áitimh na CNCM ní bhfaighfear feasta i measc scoláirí Ardteiste ach cumais Ghaeilge atá inchurtha leis an sealbhú T2 beag beann ar an gcaoi nó ar an áit a dtógtar iad. Is léir freisin nach bhfuil na dréachtsonraíochtaí ag teacht le haidhmeanna Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 sa mhéid is go gcuireann siad na haidhmeanna stáit maidir le curaclaim T1 Gaeilge ar neamhní.* (AS 116, Duine Aonair).

Cuireadh dréachtsonraíocht T1 don Ghaeilge i gcomparáid leis an siollabas reatha don Bhéarla ag maíomh nach bhfuil a dhóthain dúshláin ann don chainteoir líofa/dúchais.

> *Sna sonraíochtaí atá molta don Ghaeilge san Ardteistiméireacht, tá caighdeáin foghlama á mbeartú atá i bhfad níos ísle ná na cinn atá i bhfeidhm sna sonraíochtaí reatha don Bhéarla, go háirithe i gcás na litríochta, agus i leith na litríochta féin is beag an difear idir na sonraíochtaí T1 agus T2 atá molta don Ghaeilge.* (AS 51, Duine Aonair).

Léiríodh tuairimí dearfacha maidir le leagan amach na ndréachtsonraíochtaí agus iad ag tagairt do na snáitheanna, don chumarsáid agus don fheasacht teanga ach go háirithe. Aithníodh gurb í an

chumarsáid croílár na ndréachtsonraíochtaí agus go mbeadh béim faoi leith ar fhéinfheasacht an fhoghlaimeora tríd an dá chúrsa.

> *Aontaíonn [eagraíocht Ghaeilge] leis na trí shnáithe a dtugtar cur síos orthu faoi na léargais ar na cúrsaí T1 agus T2 sna dréachtsonraíochtaí agus glactar leis go bhfuil an chumarsáid mar phríomhsnáithe a chuimsíonn na scileanna riachtanacha (i. éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh) don fhoghlaimeoir le gur féidir leo feidhmiú mar úsáideoir laethúil Gaeilge.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

> *Na buanna maidir le dréachtsonraíocht T1 do Ghaeilge na hArdteiste? Ceapaim go bhfuil ardmholadh tuillte ag na húdair agus go bhfuil ardobair curtha isteach i ndréachtsonraíocht. Leagtar an-bhéim ar fhéinfheasacht agus ar an bhfoghlaimeoir ag glacadh freagrachta as a fhoghlaim féin-go dtí go dtarlóidh sé sin ní bhainfidh aon fhoghlaimeoir teanga a mhianach iomlán amach.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Bhí freagróir áirithe den tuairim nár cheart go mbeadh 3 shnáithe sna dréachtsonraíochtaí agus gur chruthaigh an múnla sin easpa leanúnachais sa chóras. Moladh snáithe amháin a bheith ann – is é sin snáithe chun na scileanna teanga a fhorbairt agus go mbeadh béim faoi leith ar na scileanna teanga sin tríd na dréachtsonraíochtaí ina n-iomláine.

> *Tá sé de thuairim againn nach bhfuil gá le 3 shnáithe agus go mbeadh a ndóthain le Snáithe amháin le cúig scil teanga an próiseas sealbhú teanga agus eochair scileanna na Sraithe Sinsearaí mar bhunús ann nó ag leanúint ar aghaidh ó Churaclam Teanga na Bunscoile, go mbeadh Teanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht mar shnáitheanna.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

Rinneadh tagairt freisin den áit lárnach atá ag an bpobal teanga sa dréachtsonraíocht T1. Luadh gur rud dearfach é go mbeadh an pobal teanga mar chuid lárnach den fhoghlaim agus go gcuirfeadh sé sin le dul chun cinn na teanga i gcoitinne.

> *….tacaíonn muid ach go háirithe leis an tábhacht a bhaineann leis an scoilphobal agus leis na naisc atá ag scoileanna leis an phobal go ginearálta. Tá sé seo iontach tábhachtach i bpobail Ghaeltachta chomh maith le pobail scoileanna (gaelscoileanna agus scoileanna meáin Bhéarla) do thodhchaí na Gaeilge agus do chur chun cinn na teanga i bpobail ar fud an oileáin.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

> *Tá an tsonraíocht seo ag féachaint amach seachas isteach uirthi féin agus is dul chun cinn an-dearfach í sin.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

## 3.5 TORTHAÍ FOGHLAMA

Luadh in aighneacht amháin go raibh na torthaí foghlama oiriúnach do na comhthéacsanna foghlama éagsúla agus go raibh dúshlán cuí ann do gach foghlaimeoir. Aithníodh go mbeadh gá le beachtú a dhéanamh ar na torthaí foghlama seo mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin.

> *Aithnítear go mbeidh athbhreithniú le déanamh ar thorthaí foghlama in aon leasú a dhéanfar ar na dréachtsonraíochtaí mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tá na torthaí foghlama oiriúnach go ginearálta do shuíomhanna T1 agus T2. Léiríonn siad dúshlán tábhachtach maidir le cothromaíocht chuí a bhaint amach idir eispéireas foghlama sách dúshlánach a thabhairt do scoláirí T1 agus T2 gan aon mhíbhuntáiste a chruthú d'aon ghrúpa ar leith mar a bhaineann le dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal.* (AS 231, Roinn Rialtais).

I gcodarsnacht leis sin léirigh mórán freagróirí míshástacht maidir le heaspa soiléireachta na dtorthaí foghlama. Úsáideadh téarmaíocht ar nós "róleathan," "ró-uaillmhianach", "gan a bheith téagartha,' "doiléir," agus "rótheibí" chun cur síos á dhéanamh orthu.

> *Tá na torthaí foghlama mar atá molta ró-theibí, ró-leathan agus ró-uaillmhianach. Níl siad téagartha go leor. Tá treoir shoiléir ag teastáil. Ní mór eolas a thabhairt ar an ábhar, na téamaí agus na topaicí agus an stíl scríbhneoireachta a bheadh ag eascairt as na torthaí foghlama. Tá doiléireacht ag baint leis na torthaí foghlama molta.* (AS 30, Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

> *Ní dóigh liom bhfuil na torthaí foghlama intuigthe agus soiléir go leor. Tá gá le tuilleadh eolais/samplaí breise maidir leis na torthaí a mheas ach go háirithe.* (AS 219, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Bhí tuairim láidir le sonrú nach treoir chuí iad na torthaí foghlama seo do mhúinteoirí agus go gcothódh siad easpa muiníne sa chúrsa seo. Moladh go bhfuil gá le tuilleadh eolais a bheith ann ar an ábhar, na téamaí agus na topaicí a bheidh le clúdach don chúrsa seo.

> *Sílimid nach leor sraith de thorthaí foghlamtha a bheith mar threoir do mhúinteoirí atá le bheith ag tabhairt faoi chúrsa atá chomh tábhachtach seo agus gur chóir go mbeadh cúrsa cuimsitheach soiléir leagtha síos dúinn.* (AS 22, Gaelcholáiste).

> *Ní mór eolas a thabhairt ar an ábhar, ar na téamaí agus ar na topaicí agus ar an stíl scríbhneoireachta a bheadh ag eascairt as na torthaí foghlama. Tá doiléireacht ag baint leis na torthaí foghlama molta ag CNCM. Ní leor é seo mar threoir do mhúinteoirí agus do scoláirí. Chothódh cur chuige mar sin easpa muiníne sna sonraíochtaí nua. Níl an cur chuige seo sásúil do scrúdú chomh tábhachtach leis an tSraith Shinsearach. Ba chóir an ceann scríbe a bheith soiléir do chuile geallsealbhóir.* (AS 36, Eagraíocht Ghaeilge).

Luadh tábhacht scrúduithe na hArdteistiméireachta go minic agus an easpa soiléireachta á plé. Ní fios go díreach cén léamh a bheidh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar na torthaí foghlama seo agus cén chuma mar sin a bheadh ar an scrúdú deiridh.

> *Deirtear ar lch 37 de shonraíocht T1 agus ar lch 36 de shonraíocht T2: 'Tá an measúnú don teistiúchán i nGaeilge na hArdteistiméireachta bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo.' Bheadh an-chuid forbartha le déanamh ar na torthaí foghlama thuas, sula bhféadfaí aon mheasúnú a bhunú orthu, rud nach bhfuil sásúil ná cuí nuair atá scrúdú caighdeánach stáit le bunú ar na sonraíochtaí seo. Tá míréir ann, mar sin, idir an cur chuige an-ghinearálta a bhaineann leis na torthaí foghlama agus an aidhm seo measúnú don teistiúchán a bhunú orthu. Mura bhfuil i dtorthaí foghlama na sonraíochtaí ach spriocanna doiléire, cnámha loma, mar atá thuas, is dócha gur faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus lucht scríofa na dtéacsleabhar a bheidh sé a léamh féin a dhéanamh ar na sonraíochtaí agus feoil a chur ar na cnámha. Tá sé deacair, mar sin, comhairliúchán cuí a dhéanamh bunaithe ar na sonraíochtaí seo anois, nuair nach bhfuil a fhios againn cén léamh a dhéanfaidh CSS orthu agus cén chuma a bheidh ar an gcúrsa ansin dá bharr.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

Nuair a bhí múinteoirí ag tabhairt a gcuid tuairimí ar na torthaí foghlama luaigh roinnt acu an t-eispéireas a bhí acu agus iad ag obair le torthaí foghlama ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tuairiscíodh go minic go raibh bearnaí sa tuiscint ag múinteoirí maidir le húsáid torthaí foghlama agus bhí tionchar aige sin ar a gcumas an caighdeán cuí a aithint don fhoghlaim. Moladh go mbeadh níos mó eolais faoi na topaicí agus na téamaí a bheadh le múineadh tríd na torthaí foghlama seo.

> *Ní dóigh liom go bhfuil na torthaí foghlama intuigthe agus soiléir go leor. Ba chóir nach mbeadh aon bhearna tuisceana anseo. Tá gá le tuilleadh eolais/samplaí breise maidir leis na torthaí a mheas ach go háirithe. Ná faigh réidh leis an 'ábhar' ar fad mar a tharla sa Sraith Shóisearach-níl sé ag obair. Ní féidir teacht ar chaighdeán sásúil sa tír mura bhfuil an rud céanna á mhúineadh trasna na tíre. tá ga fós leis na topaic coitianta srl.* (AS 221, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 3.5.1 EASPA DIFRÍOCHTAÍ IDIR NA TORTHAÍ FOGHLAMA T1/T2

Tagraíodh go minic don easpa soiléireachta atá ann maidir leis an difríocht idir na torthaí foghlama sa dá shonraíocht. Léiríodh go leor míshástachta faoi seo tríd na haighneachtaí. In aighneacht amháin rinneadh comparáid idir na torthaí foghlama faoi shnáithe na cumarsáide sa dá shonraíocht.

> *Is beag difríocht atá idir na torthaí foghlama atá leagtha amach don phríomhshnáithe 'cumarsáid' sa dá shonraíocht, .... agus is deacair a thuiscint cén réasúnaíocht atá leis na difríochtaí beaga seo atá ann, nó conas a dhéanfadh na difríochtaí sin freastal cuí sásúil ar shainriachtanais an dá ghrúpa scoláirí a bhfuil na*

*sonraíochtaí seo dírithe orthu. Is díol suntais é nach bhfuil difríocht ar bith idir na torthaí foghlama atá leagtha amach sa dá shonraíocht don 'Labhairt', cé gurb í sin an réimse is mó ina samhlófaí difríochtaí idir próifílí cumais an dá ghrúpa. Is sna torthaí foghlama a bhaineann leis an 'Léamh' is mó a fheictear difríochtaí idir an dá shonraíocht, ach feictear dúinn go mbaineann go leor de na difríochtaí sin (m.sh. 'iontaofacht foinsí eolais a thuiscint' nó 'a mheas') le cumais chognaíocha (scileanna atá níos airde ar thacsanomaíocht Bloom) seachas le cumais teanga.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

Leagadh béim freisin ar an easpa difríochta idir na torthaí foghlama ag an nGnáthleibhéal agus an Ardleibhéal sa dá shonraíocht. Dúradh nach raibh sé soiléir do mhúinteoirí conas gur féidir leo idirdhealú a dhéanamh idir na torthaí foghlama ag na leibhéil éagsúla.

*Chomh maith leis sin, ní dhéantar idirdhealú soiléir sna dréachtsonraíochtaí idir na torthaí foghlama a bheidh i gceist don dá shonraíocht (T1 agus T2) ag an dá leibhéal (gnáthleibhéal agus ardleibhéal). Mar shampla, cé na torthaí foghlama éagsúla a bheidh le baint amach ag scoláire a bheidh ag tabhairt faoin tsonraíocht T1 ag an ngnáthleibhéal vs. T1 ag an ardleibhéal, nó scoláire T1 ag an ngáthleibhéal vs. scoláire T2 ag an ardleibhéal?* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

## 3.6 CRUTHAITHEACHT

I líon beag de na haighneachtaí luadh snáithe 3 – "Cruthaitheacht teanga". In aighneacht amháin ó eagraíocht Ghaeilge cuireadh fáilte roimh an snáithe nua seo chun tacú leis an gcumarsáid. Aithníodh go bhfuil gá béim faoi leith a chur ar shamhlaíocht an duine a fhorbairt.

*Moltar ……An bhéim a chuirtear ar an gcruthaitheacht teanga agus ar an bhfeasacht (idir fheasacht teanga, fheasacht chultúrtha agus féinfheasacht an fhoghlaimeora) le tacú le príomhshnáithe na sonraíochtaí; is í sin, an chumarsáid.* (AS 136, Institiúid Ardoideachas).

*Díríonn an tsonraíocht ar fhorbairt an fhoghlaimeora mar shaoránach agus leagtar béim ar chur chun cinn chomhthathú sóisialta agus inbhuanaithecht i ngach gné den fhorbairt. Leagtar an-bhéim ar Chruthaitheacht agus ar Shamhlaíocht an fhoghlaimeora a spreagadh.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Arís eile, tháinig easpa soiléireachta maidir le hábhar na snáithe seo chun cinn i roinnt mhaith aighneachtaí. Tuairiscíodh go raibh sé an-deacair an ghné seo a mheas gan soiléireacht cheart a bheith ann.

*Tá snáithe nua ann, Snáithe 3 Cruthaitheacht Teanga. Níl na deiseanna a bheadh ag scoláirí na torthaí foghlama seo a bhaint amach agus a mheas soiléir. Cad a bheadh i gceist anseo.* (AS 226, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Moladh gur cheart go mbeadh snáithe 3 fite fuaite sna snáitheanna eile.

*Moltar feasacht teanga (Snáithe 2) a threisiú tríd na scileanna thuasluaite agus go mbeadh cruthaitheacht (Snáithe 3) fite fuaite tríd na scileanna teanga mar ghnéithe.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

## 3.7 ÁBHAR NA NDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ - AN TEANGA LABHARTHA

Rinneadh tagairt don teanga labhartha go minic sna haighneachtaí ar fad. Aithníodh go bhfuil labhairt na teanga tábhachtach le suim na scoláirí sa teanga a mhúscailt agus chun eispéireas níos dearfaí a chruthú do na scoláirí sa seomra rang.

*Dar liomsa, is í an teanga labhartha an ghné is tábhachtaí d'fhoghlaim teanga.* (AS 167, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Taitníonn labhairt na teanga agus an scrúdú béil le formhor na scoláirí. Mar sin, iarrann [eagraíocht múinteoirí] ar CNCM go mbeidh an ghné seo mar chuid lárnach den tsonraíocht ar mhaithe 1e scoláirí. Anuas air sin, i gceantair nach bhfuil láidir ó thaobh na Gaeilge de, caithfear díriu ar dhea-eispéaras a chruthú do scoláirí. Le barraíocht litríochta agus laghú ar na marcanna don scrúdú béil, caillfear an deis chun an dea-eispéaras sin a chruhú dóibh. Is í an Ghaeilge bheo a spreagfaidh scoláiri agus tá gá sa tsonraíocht seo na deiseanna sin a chur ar fáil do scoláirí, go háirithe dóibh siúd nach mbuaileann leis an nGaeilge ach amháin ar scoil.* (AS 201, Eagraíocht Scoileanna).

*Tá deis anseo béim a chur ar an ngaeilge labhartha. Níl uaimse mar mhúinteoir le fada fíorach an lá ach go mbeadh cumas breá labhartha ag na scoláirí nuair a fhágann siad mé agus dúil í a thabhairt leo amach sa saol. Ach , a bheith ag tógáil ón méid is fiú na marcanna don scrúdú cainte , céim mhór siar é. Ní fhanfaidh siad sa rang Ardleibhéal agus níos measa fós ní labhróidh siad í.* (AS 159, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Bhíothas den tuairim gurb í cumarsáid agus labhairt na Gaeilge na gnéithe is tábhachtaí d'fhoghlaim teanga agus nach bhfuil a dhóthain béime orthu sa seomra ranga. Dar le príomhoide amháin tháinig seo chun cinn nuair a bhí deis ag scoláirí rogha a dhéanamh le tabhairt faoin mbéaltriail.

> *The problem is that there is not nearly enough emphasis on spoken Irish. This is clearly reflected in the fact that small numbers opted for the oral exam in this year`s Leaving Cert. That should cause great alarm. What this is saying is that there is no confidence in most young people speaking even a few sentences.* (AS 170, Príomhoide in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Immersive learning of the language, where Irish is the predominant language of communication, is not as prevalent in Irish language classes as should be the case.* (AS 192, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Léiríodh imní mhór faoin mbéim a bheidh ar an litríocht agus an tionchar a bheadh aige sin ar labhairt na teanga (tuilleadh faoi seo i rannóg 3 thíos).

> *Ní bheadh an t-am chun an teanga labhartha a úsáid sa rang. Cé go mbeadh sé go hiontach dá dtiocfadh gach scoláire amach leis an gcumas seo, agus leibhéal ard líofachta labhartha a bheith acu, mar a dúirt mé cheana, tá sé go hiomlán neamhréadúil. Sa dréacht, deirtear go bhfuil gá le "beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás daoine óga atá ag foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil," ach conas is féidir é seo a dhéanamh má bhíonn na scoláirí ag foghlaim ó théacsanna an chuid is mó den am?* (AS 167, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Tagraíodh don tábhacht a bhaineann le labhairt na Gaeilge do thodhchaí na teanga chomh maith.

> *Tá tacaíocht an-láidir ann chomh maith go mbeidh athchóiriú déanta ar an gcóras oideachais le cinntiú go mbeidh leibhéal cumasach de Ghaeilge labhartha ag gach scoláire nuair a chríochnaíonn siad a gcuid oideachas. B'fhearr an fuinneamh a chaitheamh ag socrú seo in ionad aon ísliú stádais a thabhairt don teanga.* (AS 77, Duine Aonair).

> *Moltar go gcuirfear níos mó béime ar na scileanna labhartha sa dá dhréachtsonraíocht. Tá sé tábhacht go ndéanfar measúnú ar an teanga labhartha ó thaobh na Gaeilge de toisc gur mionteanga í agus nach mbíonn an deis ag go leor de na scoláirí an teanga a labhairt agus a chleachtadh taobh amuigh den tseomra ranga. Thacódh an gníomh seo cur le cumas labhartha fadtéarmach an fhoghlaimeora a bheadh de leas na bpobal sna Gaeltachtaí, líonraí Gaeilge, bailte seirbhíse Gaeltachta agus eile.* (AS107, Eagraíocht Ghaeilge).

Luadh an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach a bheith ar fáil na do mhúinteoirí chun scileanna a thabhairt dóibh an Ghaeilge labhartha a fhorbairt sa seomra ranga agus suim a mhúscailt sa teanga.

> *I remember attending in-service several years ago when the marks for the oral were increased. We learned lots of ways to encourage the students to talk, to improve their vocabulary, to improve their confidence and to really enjoy Irish class. I used to come away from these training days feeling invigorated and looking forward to trying out the suggestions in the classroom. The new Senior Cycle is a great opportunity to continue moving in this direction. Please do not waste this opportunity.* (AS 216, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

## 3.8 ÁBHAR NA NDRÉACHSONRAÍOCHTAÍ – AN LITRÍOCHT

Sa chuid seo díreofar ar thuairimí a nochtadh sna haighneachtaí i leith na litríochta. Bhí roinnt téamaí éagsúla a tháinig aníos i dtaobh na litríochta, is iad sin: easpa eolais, ualach oibre, suim, rogha agus an litríocht ag an nGnáthleibhéal. Ar thaobh amháin cuireadh fáilte roimh an litríocht mar uirlis le saíocht agus saibhreas na Gaeilge a roinnt le scoláirí sa seomra ranga.

> *…foghlaimeoirí a chumasú chun comparáid agus codarsnacht a dhéanamh agus anailís chriticiúil a sholáthar ar réimse leathan téacsanna-gnéithe atá inmholta.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Luaigh aighneacht amháin go bhfuil nasc maith idir an litríocht atá luaite sa dá dhréachtsonraíocht agus an litríocht a bhíonn faoi chaibidil ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Bhíothas den tuairim go mba cheart go mbeadh fairsinge agus doimhneacht i gceist leis an líon agus raon litríochta a bheadh le clúdach.

> *Cuirtear fáilte roimh an mbéim atá ar théacsanna agus ar ról na dtéacsanna mar thaca d'foghlaim na teanga. Beidh cur amach ag múinteoirí agus scoláirí ag an bpointe seo ar thaithí i bhfad níos cuspóirí ar dhul i ngleic le réimse leathan téacsanna i ngach ceann de thrí bliana na sraithe sóisearaí. Tuilleann an raon seánraí agus líon na dtéacsanna atá le staidéar mar atá leagtha amach sna dréachtsonraíochtaí don Ardteistiméireacht fairsingiú i gcás an dá shonraíocht, agus T1 go háirithe, d'fhonn a chinntiú go mbeidh na scoláirí ag tógáil ar a gcuid foghlama ón tsraith shóisearach agus á doimhniú.* (AS 231, Roinn Rialtais).

### 3.8.1 EASPA EOLAIS FAOIN LITRÍOCHT

An téama ba choitianta a bhí le sonrú sna haighneachtaí ná an easpa eolais a bhí ann maidir leis an gcur chuige don litríocht. Toisc nach raibh aon liosta litríochta ar fáil dúradh nach bhféadfaí tuairim cheart a thabhairt ar chaighdeán nó ar scóip na dtéacsanna. Admhaíodh go raibh, agus go mbíonn, deacrachtaí ag scoláirí maidir leis an litríocht agus bhíothas den tuairim go bhfuil deis ann anois tabhairt faoin bhfadhb seo.

*Níl aon litríocht curtha ar fáil ach oiread. Is cuid lárnach de shonraíochtaí na Gaeilge í na litríocht. Mar sin, cén fáth nach bhfuil fáil ar an liosta litríochta anois chun tuiscint níos iomláine a thabhairt do chuile dhuine gur spéis leo an t-ábhar seo? Is eol do gach éinne go raibh deacrachtaí ariamh is i gcónaí maidir leis an litríocht a bheith cuí don chúrsa Ard-Teistiméireachta. Tá deis anois againn dul i ngleic leis na bhfadhb seo agus í a réiteach – más féidir - ach ní foláir dul i mbun cainte agus comhairliúcháin más mian linn teacht ar an réiteach sin.* (AS 232, Eagraíocht Múinteoirí).

*Níl dréacht liostaí litríochta ar fáil leis na dréachtsonraíochtaí atá foilsithe ag CNCM. Ba cheart go mbeadh deis ag múinteoirí na téacsanna molta a mheas. Ní féidir na dréachtsonraíochtaí a mheas i gceart gan an t-eolas seo bheith ar fáil. Níl go leor eolais ach oiread, ar fáil faoin stíl ceiste a bheidh le freagairt ag scoláirí amach anseo. Tá géarghá lena leithéid.* (AS 36, Eagraíocht Ghaeilge).

## 3.8.2 AN LITRÍOCHT - UALACH OIBRE AGUS AMA

B'ábhar imní ag mórán freagróirí an bhéim atá ar an litríocht sna dréachtsonraíochtaí. Bhí an ráiteas "an iomarca béime ar an litríocht" ar cheann de na ráitis ba choitianta a bhí le léamh sna haighneachtaí. Léiríodh an tuairim go mbeadh brú ollmhór ama i gceist an líon sin téacsanna a clúdach in achar dhá bhliana agus go gcuirfeadh sé sin isteach go mór ar fhorbairt na Gaeilge labhartha sa seomra ranga.

*Litríocht. Litríocht. Litríocht.* (AS, 147, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Ar dtús, an fhadhb is mó atá agam leis an dréachtsonraíocht ná go bhfuil an bhéim a chuirtear ar litríocht agus ar "théacsanna" go hiomlán neamhréadúil do go leor scoláirí….. Ní mhaireann an cúrsa ach dhá bhliain - conas is féidir libh a bheith ag súil go gcríochnóidh scoláirí/múinteoirí an méid sin téacsanna a chríochnú le tuiscint mhaith agus cumas láidir chun dul i mbun leis na téacsanna le leibhéal ard líofachta, chomh maith le gach gné eile den chúrsa? Ní bheadh an t-am chun an teanga labhartha a úsáid sa rang.* (AS 167, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Bhí ceist ann maidir leis an difear idir líon na dtéacsanna sa dá dhréachtsonraíocht. Ceistíodh an bunús a bhí le níos mó litríochta a bhí ar an gcúrsa T1.

*Cén fhianaise atá ann a thaispeánann go gcuirfidh liosta litríochta níos faide na ceann T2 go mór le foghlaim agus le húsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta? Go dtí go mbíonn a leithéid ann, tá athbhreithniú de dhíth ar an gcur chuige seo.* (AS 71, Eagraíocht Scoileanna).

Ar an taobh eile luadh nach raibh a dhóthain téacsanna luaite sa dá dhréachtsonraíocht agus go raibh gá le dúshlán sa bhreis a chur roimh scoláirí a bheadh ag tabhairt faoi chúrsa na hArdteistiméireachta d’fhonn scileanna litearthachta na scoláirí a fhorbairt mar is ceart.

> *Fáiltímid roimh an réasúnaíocht a thugtar sna sonraíochtaí d'ionad na litríochta i siollabais na hArdteistiméireachta, ach braithimid go bhfuil bearna mhór idir na prionsabail a luaitear ansin agus an líon an-bheag téacsanna litríochta a luaitear leis an dá shonraíocht. Beidh gá le hábhar léitheoireachta níos téagartha, má tá scileanna litearthachta na scoláirí ag an Ardleibhéal agus ag an Sárleibhéal le forbairt mar is ceart.* (AS 105, Institiúid Ardoideachais).

### 3.8.3 SUIM NA SCOLÁIRÍ SA LITRÍOCHT

Cé gur aithníodh go minic go dtacaíonn an litríocht le forbairt agus saibhriú teanga na scoláirí léiríodh imní nach mbeadh suim ag na scoláirí sna téacsanna áirithe a roghnófar. Lena chois sin bhíothas imníoch go mbeadh tionchar ag líon na dtéacsanna a bhí le clúdach ar inspreagadh na scoláirí. Maíodh go mbeadh tuilleadh béime ar aistriúchán agus ar fhoghlaim de ghlanmheabhair agus go mbeadh drochthionchar aige sin ar spéis na scoláirí sa Ghaeilge. Arís eile maíodh go mbeadh tionchar diúltach ag an róbhéim ar an litríocht ar fhorbairt na teanga labhartha.

> *The focus on texts and reading is completely unrealistic. This approach might work with a class of high achieving, hard-working students, but it won't work in the majority of classrooms. The teachers will end up translating a lot of the texts in order to get the work "covered." Class time is so limited - every hour spent reading and dissecting a text is an hour less speaking the language. I understand the rationale of texts as a "springboard" for other activities. I also understand that if we Irish are not reading and promoting Irish writing, then no one else will. I realise that not all the texts are written, but whether it's a novel, a play or a film, reading will be necessary. I understand that as a whole, we need to improve literacy. But please do not place this burden on Irish pupils and their teachers. Teachers struggle already to teach a language that is considered "hard" and "boring." Making students - many of whom barely read in English - trawl through page after page of text is not the way to change this.* (AS 151, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Chomh maith leis sin arís cuireann an litríocht lagmhisnech ar na scoláirí. Ba chóir é sin a laghdú. Dhá dán nó amhrán/ dhá scéal nó scannán/ dhá scéal béaloideas. Tá sibh ag cruthú siollabais do dhaoine atá líofa sa teanga. Siollabas cosúil leis an mBéarla. Níl sé sin oiriúnach nó réadúil ar chóir ar bith. An bhfuil sibh ag iarraidh leabhair/ úrscéalta...a dhíol nó teanga a mhúineadh.* (AS 161, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *If the time spent studying texts was used to focus on the teaching of the language itself - vocab, grammar, sentence building etc., students may actually be able to converse in the language by the time they leave school. I truly believe this would be a much better use of both teachers' and students' time. It would obviously lead to a*

*higher standard of Irish among students and it is only natural that if you are good at something and have a good understanding of it that you will be more inclined to like it. Which is surely what we all want?* (AS 204, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Ar ndóigh, tuigim tábhacht na litríochta, agus gur cuid riachtanach d'fhoghlaim agus sealbhú teanga é. Tuigim freisin an tábhacht a bhaineann le scileanna litearthachta a fheabhsú agus a fhorbairt i measc na ndaltaí. Chomh maith leis sin, tá a fhios agam nach léifí téacsanna mura ndéanfaí é sa rang, ach an é seo an rud atá tábhachtach i ndáiríre? Bainim féin taitneamh as an gcuid seo den chúrsa agus creidim go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh sé ar fáil do na scoláirí ar mian leo dul i mbun an réimse seo den teanga, ach níl suim ag go leor scoláirí sa litríocht fiú i mBéarla, agus mar thoradh air sin, déantar "chore" de agus gcuirtear iallach ar dhaoine fulaingt tríd. Bíonn sé thar a bheith deacair ar go leor scoláirí na téacsanna a thuiscint, agus níos minice ná a mhalairt, foghlaimíonn scoláirí freagraí samplacha de ghlanmheabhair lena chinntiú go n-éireoidh go maith leo sa scrúdú chun na pointí a theastaíonn uathu a fháil. Mura dtuigeann na scoláirí an méid atá á léamh acu, conas is féidir leis cabhrú lena scileanna teanga a fheabhsú, nó grá don teanga a chothú? Nach é seo an rud is tábhachtaí?* (AS 167, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Níl suim dá laghad ag scoláirí i litríocht i mbéarla ná bac le gaeilge seachas fíorbheagán agus céasann sé iad. Ní bhíonn uathu ach aistriú. Ní fiú é…. Is múinteoir fraincíse mé freisin agus bíonn ar chumas na ndaltaí í a labhairt go breá tar éis na hArdteiste. Cén fáth? Bhuel....níl ualach litríochta sa mullach orthu. Dírítear ar an teanga. Ní féidir an dá thrá a fhreastal. Ní oibríonn sé. Tá an saol athruithe agus is lú suime atá sa litríocht ag déagóirí seachas mionlach.* (AS 159, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla*).*

### 3.8.4 ROGHA NA LITRÍOCHTA

Pléadh rogha na litríochta i mbealach leathan, bhí idir phointí dearfacha agus phointí diúltacha luaite sna haighneachtaí. Bhí daoine den tuairim go raibh a dhóthain fairsinge ann do na scoláirí a roghnaíonn Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal a dhéanamh.

*Is maith an rud é go mbeidh rogha fhairsing ann ó thaobh litríochta de, rud a fhreastalaionn ar scoláirí ar an ardleibhéal agus gnéthléibhéal*. (AS 201 Eagraíocht Scoileanna).

Bunaithe ar eispéireas na Sraithe Sóisearaí léiríodh imní faoin rogha téacsanna do scoileanna Gaeltachta. Maíodh nár cuireadh riachtanais na scoláirí sin san áireamh agus na liostaí sin á roghnú.

*Is léiriú eile é rogha na dtéacsanna atá ar chlár litríochta reatha na sraithe sóisearaí ar an aineolas a deir sí atá ann i dtaobh riachtanais scoláirí na Gaeltachta.* (AS 33, Múinteoir in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

> *Scríbhneoirí móra an Bhéarla ar bharr a ngoib ag scoláirí tarna leibhéal na tíre, scoláirí na Gaeltachta ina measc, ach mór scríbhneoirí agus mór shaothair na Gaeilge, a dteanga féin, á séanadh agus á gceilt orthu ag córas nach bhfuil in oiriúint dóibh. Cá bhfuil an comhionannas idir an dá theanga? Cá bhfuil an buntáiste a deir siad atá ag an nGaeltacht? Níl comhionannas againn, ní áirím buntáiste.* (AS 98, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

Aithníodh go raibh imní ann faoi théacsanna cuí a roghnú toisc go bhfuil ganntanas litríochta ar fáil a bheadh comhaimseartha agus a bheadh ag teacht le leibhéal cumais agus ábhair suime na scoláirí.

> *Lena chois sin, baineann tábhacht nach beag le hiarrachtaí a dhéanamh borradh breise a chur faoi chúrsaí litríochta agus na healaíona dúchasacha sna ceantair Ghaeltachta, a chuirfeadh leis an saibhreas atá ann cheana féin ar bhonn comhaimseartha. Is constaic í seo a tháinig chun cinn nuair a bhí roghanna litríochta cuí le déanamh don tSraith Shóisearach – próiseas a raibh múinteoirí Gaeilge féin lárnach ann - na dúshláin ba mhó a bhí le sárú ná oiriúnacht agus infhaighteacht na saothar agus an scéal sin amhlaidh i gcónaí. Ba mhór an chabhair ag an bpointe seo dá ndéanfaí pleanáil chun cinn ar bhonn na comhpháirtíochta le deimhniú go dtabharfar aghaidh ar an gceist thábhachtach seo.* (AS 127, Eagraíocht Oideachais).

Luadh eispéireas na Sraithe Sóisearaí arís agus múinteoirí ag cur in iúl nach raibh teacht go héasca ar na téacsanna agus gur chuir sé sin brú ar mhúinteoirí na téacsanna a chóipeáil agus a scaipeadh. Cuireadh in iúl freisin go raibh níos mó béime ar chanúintí sa liosta téacsanna in ionad caighdeán na saothar.

> *Tá an iomarca litríochta ar an gcúrsa. Níl fiúntas litríochta ina lán de na téacsanna. Níl siad taitneamhach do dhaoine óga, (ná do na múinteoirí atá á dteagasc!) Ní féidir teacht ar a lán den ábhar go héasca. (Is léir gur cothromaíocht ó thaobh canúna agus foilsitheoirí an cuspóir le roghnú na dtéacsanna seachas caighdeán) Tá na foinsí ró-scaipthe agus caitheadh go leor ama ar a dtóir. Níl sé éifeachtach ó thaobh cleachtais laethúla a bheith ag cóipeáil agus ag dáileadh an bunábhar teagaisc ar fad. Tá sé sin go breá le haghaidh nótaí breise agus araile. Níor chóir go mbeadh ar mhúinteoirí Gaeilge a bheith á dhéanamh. Níl sé amhlaidh le Béarla ná teangacha eile a bhfuil na téacsanna scríofa ar fáil go héasca in aon leabhar amháin.* (WS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Rinneadh tagairt don ról a bheadh ag scoláirí i roghnú na dtéacsanna, rud a bheadh dearfach ach dúshlánach ag an am céanna.

> *Fáiltíonn muid roimh an deis a bheas ag an fhoghlaimeoir a bheith lárnach i roghnú téacsanna cé go n-aithníonn muid go bhféadfadh sé seo deacrachtaí a chruthú do mhúinteoirí i ranganna ilchumais agus i ranganna móra.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

### 3.8.5 LITRÍOCHT AGUS AN GNÁTHLEIBHÉAL

Luadh freisin go mbeadh gá le hidirdhealú idir na téacsanna a bheadh faoi chaibidil ag scoláirí Ardleibhéil agus scoláirí Gnáthleibhéil nó téacsanna sa bhreis a bheith le clúdach ag scoláirí Ardleibhéil.

> *Maidir leis na téacsanna litríochta féin, ba cheart go mbeadh déanta sna téacsanna litríochta idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal le freastal ceart a dhéanamh ar riachtanais gach scoláire. Tá sé riachtanach go mbeadh liosta litríochta ardleibhéil agus liosta litríochta gnáthleibhéil ann. Is laigeacht mhór é nach bhfuil cur chuige mar seo ann sa chóras reatha…. Rogha eile ná d'fhéadfadh roinnt de na téacsanna céanna a bheith ar an liosta gnáthleibhéil agus ar an liosta ardleibhéil ag an tús, agus tuilleadh le staidéar ag lucht ardleibhéil.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla)

> *Ba mhaith liom laghdú a fheiceáil sa litríocht atá le déanamh don GL-is leor cúpla dán/gearrscannán/gearrscéal, oiriúnach dá leibhéal agus bainteach le téama atá idir lámha acu.* (AS 226, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Léiríodh tuairimí éagsúla maidir leis an litríocht ag an nGnáthleibhéal agus ualú na marcanna sa scrúdú. Ar thaobh amháin bhí roinnt mhaith aighneachtaí a léirigh imní toisc nach mbeadh marcanna ar fáil don litríocht sa mheasúnú do scoláirí a thabharfadh faoin scrúdú Gnáthleibhéil T2. Bhíothas den tuairim nach mbeadh an meas céanna ag scoláirí ar na téacsanna seo agus go ndéanfaí neamhaird orthu. Luadh freisin go mbeadh an baol ann go roghnódh scoláirí an gnáthleibhéal toisc nach bhfuil an litríocht á mheas sa scrúdú deiridh T2.

> *Má tá litríocht le bheith ar an gcúrsa nGnáthleibhéal i scoileanna T2, moltar go ndéanfar measúnú éigin uirthi le luach marcanna ag dul léi.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

> *Agus níos measa fós, ní bheidh ar scoláirí gnáthléibhéal ceisteanna a fhreagairt ar an gcúrsa litríochta sa scrúdú? Nach féidir libh an dochar fadtéarmach a dhéanfaidh sé sin a fheiceáil? Beidh laghdú suntasach ar líon na ndaltaí a dhéanann ardleibhéal mar beidh sé i bhfad níos éasca gnáthléibhéal a dhéanamh sa Ghaeilge ionas go mbeidh neart ama fágtha ansin chun díriú isteach ar na hábhair éagsúla eile. Dochar buan a bheidh á dhéanamh agaibh leis an gcúrsa nua seo gan amhras.* (AS 153, Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe).

> *Cúiseanna imní dom ó na Dréachtsonraíochtaí:… Go bhfuiltear ag moladh nach mbeadh aon mheasúnú déanta sa scrúdú deiridh ag scoláirí Gnáthleibhéil T2 ar na téacsanna litríochta a bheadh le déanamh acu le linn an chúrsa ➢ Más fiú na téacsanna seo a chur ar an siollabas Gnáthleibhéil T2, cén fáth nach fiú measúnú a dhéanamh orthu? Ó mo thaithí pearsanta de bheith ag múineadh Gaeilge Gnáthleibhéil T2 na Sraithe Sóisearaí*

*(cúrsa nach mbeidh measúnú ceart ar na téacsanna litríochta ar an gcúrsa ach an oiread), ní chreidim go mbeadh mórán measa ag déagóirí ar na téacsanna muna mbeadh aon mharcanna bronnta orthu. Dar liom, is fiú go mór litríocht shimplí a dhéanamh le scoláirí Gnáthleibhéil chun a spéis a mhuscailt, iad a spreagadh i dtreo na teanga agus ceachtanna saoil a thabhairt dóibh ach ba cheart go mbeadh luach a shaothair tugtha sa mheasúnu Stáit don scoláire díograiseach a théann i ngleic leis an litríocht seo ➢ Ní fheicim aon locht le ceisteanna simplí ar na téacsanna a chur ar an measúnú agus ceatadán íseal go leor a thabhairt don chuid seo den pháipéar.* (AS 176, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Agus ag caint ar an litríocht a bhaint den chúrsa gnáthleibhéil - ní bheadh se sin cothrom ar an lucht ardleibhéil, an bhfuil sibh ag iarraidh iad a mhealladh chuig gnáthleibhéal? Bíonn sé ródhúshlánach orthu an litríocht a phlé i gceart.* (AS 212, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Measúnú na litríochta – tugtar le fios sa dréachtshonraíocht T2 cé go mbeidh an scoláire ag plé le roinnt téacsanna ach nach mbeidh ar an scoláire a thógann scrúdú Gnáthleibhéal T2 freagairt do na téacsanna agus nach mbeidh aon mharcanna á mbronnadh don chuid seo dá bhrí sin. D'fhonn a bheith dílis d'aidhmeanna na sonraíochta seo, ní mór bealach iomchuí a aithint lenar féidir foghlaim na scoláirí sa réimse seo a mheas.* (AS 231, Roinn Rialtais).

Luadh go bhféadfaí liosta idirdhealaithe a chur ar fáil don dá leibhéal ach go mbeadh rogha ansin ag scoláire ceisteanna a roghnú bunaithe ar an litríocht atá léite acu agus tabhairt faoi cheisteanna scrúduithe ag a leibhéal cumais féin.

*Maidir leis na téacsanna litríochta féin, ba cheart go mbeadh idirdhealú déanta sna téacsanna litríochta idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal le freastal ceart a dhéanamh ar riachtanais gach scoláire. Tá sé riachtanach go mbeadh liosta litríochta ardleibhéil agus liosta litríochta gnáthleibhéil ann. .... Ag deireadh an phróisis comhairliúcháin, má shocraítear go mbeidh ceisteanna litríochta fós ann ag an ngnáthleibhéal, ba cheart go mbeadh an rogha ag scoláirí gnáthleibhéil ceisteanna a fhreagairt ar théacsanna atá ar an liosta gnáthleibhéil nó ar an liosta ardleibhéil. Freastalóidh sé seo ar scoláirí a athraíonn ón ardleibhéal go gnáthleibhéal.... Rogha eile ná d'fhéadfadh roinnt de na téacsanna céanna a bheith ar an liosta gnáthleibhéil agus ar an liosta ardleibhéil ag an tús, agus tuilleadh le staidéar ag lucht ardleibhéil. Má tá ceisteanna litríochta ann ag an ngnáthleibhéal, ní mór féachaint ar an aidhm agus an sprioc atá taobh thiar d'aon cheisteanna scrúdaithe a chruthaítear, agus a chinntiú go bhfuil siad ag leibhéal atá oiriúnach don spriocghrúpa scoláirí.* (AS 228, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 3.8.6 LITRÍOCHT AGUS EISPÉIREAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Leagadh béim faoi leith ar an eispéireas a bhí ag daoine maidir leis an litríocht ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige don litríocht ag an leibhéal seo sula mbogfaí ar aghaidh leis an rud céanna ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí.

*Bheadh sé tábhachtach freisin anailís a dhéanamh ar conas atá ag éirí le cur chuige na litríochta i gcúrsa Gaeilge na sraithe sóisearaí ar dtús. Le cúrsa na sraithe sóisearaí, tá sé mar aidhm go n-eascróidh an fhoghlaim uile ón litríocht. Bheadh sé tábhachtach taighde cuimsitheach a dhéanamh le feiceáil an bhfuil ag éirí leis an gcur chuige sin ar leibhéal praiticiúil nó an bhfuil ag teip air? Ní mór fios a bheith ann freisin an bhfuil sé i gceist go mbeadh an córas céanna i bhfeidhm don litríocht sa tSraith Shinsearach.* (AS 30, Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

*Ní aontaím leis an béim ollmhór á chur ar litríocht na gaeilge in ionad labhairt na gaeilge. Tuigim go bhfuil ról lárnach ag an litríocht ach mar a fheictear ag an tSraith Shóisearach, tá na scoláirí ag bá san litríocht de bharr go bhfuil sé iomarcach.?* (AS, 3 Múinteoir Gaeilge i nGaelcholáiste).

### 3.8.7 MOLTAÍ DON LITRÍOCHT

Rinneadh tagairt de roinnt athruithe gur cheart a chur i bhfeidhm maidir leis an litríocht. Moladh san aighneacht thíos gur cheart an litríocht a úsáid chun cleachtadh na léitheoireachta a chur chun cinn chomh maith len í a bheith mar fhoinse do shaíocht agus do chultúr na teanga.

*Creidimid nár mhór athchoincheapú agus athshainiú a dhéanamh ar ról na litríochta i siollabais Ghaeilge na hArdteistiméireachta, sa chaoi go dtuigfidh múinteoirí agus scoláirí feidhm chleachtadh na léitheoireachta ag an leibhéal seo. Chomh maith le bheith ina léirithe ar shaíocht agus ar chultúr comhaimseartha na teanga, cuideoidh téacsanna litríochta le leathnú stór focal, le daingniú struchtúr gramadaí agus le forbairt scileanna cainte agus scríbhneoireachta ar raon topaicí agus téamaí.* (AS 105, Institiúid Ardoideachas).

*Ba chóir go mbeadh an t-ábhar liteartha á shuíomh i gcomhthéacs chultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta in Éirinn agus thar lear, agus go mbeadh léargas ar fheiniméin chultúrtha / pholaitiúla sa teanga, ar an oidhreacht réigiúnach agus ar ardáin taibhléirithe na Gaeilge mar chuid de chuspóir theagasc agus fhoghlaim na litríochta ag leibhéal na hArdteistiméireachta.* (AS105, Institiúid Ardoideachais).

Ag tagairt do na seánraí atá luaite sa dá dhréachtsonraíocht luadh go raibh gá le téacsanna ainmnithe téacsanna traidisiúnta/ársa agus comhaimseartha. Luaigh aighneachtaí áirithe saothair agus seánraí ar leith.

*Moltar réimse ábhair sa litríocht laistigh de na seánraí le téamaí a thagann le ábhar spéise déagóirí na linne. Moltar éagsúlacht a thabhairt san áireamh le meascán de litríocht chomhaimseartha agus litríocht a thabharfaidh feasacht cultúrtha faoi bhráid an scoláire.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*Sa tsonraíocht nua, maraon le méid beag saothar ainmnithe ón tsean am, caithfear saothair ainmnithe comhaimseartha a chur san áireamh, ar nós físeáin, altanna, amhráin, postálanna meáin shóisialta, colúin chomhairle, altanna faoi ceiliúráin, cúrsaí reatha, caidrimh, siamsaíocht &rl – rudaí atá ábhartha do shaol déagóirí, ionas go dtuigtear go bhféadann an Ghaeilge a bheith fite fuaite leis an nua-shaol.* (AS 168, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla)

*Molaim go mbeadh Díolaim Filíochta/amhrán mar théacs roghnach eile as a mbeadh 20 dán/amhrán le staidéar a dhéanamh urthu. Tá scoláirí a mbíonn ag canadh ar an sean nós a bhainfeadh tairbhe faoi leith as mionstaidéar a dhéanamh ar cuid des na hamhráin mhóra "An Bonnán Buí", "Bean an Fhir Rua" nó "An Caisideach Bán" mar shampla. Comh maith le roinnt nuafhilí thábhachtacha mholfainn cuid des na filí ón 17ú is ón 18ú aois a bheith sa díolaim. Filí ar nós An Dall Mac Cuarta, Peadar Ó Doirnín, Aodhgán Ó Rathaile, Seán Clárach Mac Domhnaill srl.* (AS 25, Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Sraitheanna atá déanta ag TG4 a bheith ar an gcúrsa. Mholfainn féin "Grace Harte" Leathnódh mé na seánraí litríochta gur féidir staidéar a dhéanamh orthu ionas go bhféadfaí staidéar a dhéanamh ar chúrsaí staire, iriseoireachta srl. Mar chuid den phointe thuas d'fhostóinn daoine atá ag scríobh faoi láthair i nGaeilge le píosaí a scríobh faoi ábhar a mbeadh suim ag daoine óga ann….píosaí iriseoireachta faoi chúrsaí reatha, faoi chúrsaí spóirt, faoi chúrsaí staire ach iad a bheith sách fada. Dúshlánach ach suimiúil. Dunaire mór mar théacsleabhair le rogha mór ann. Má chuirtear leabhar ar bith ar an gcúrsa mar shampla "A Thig ná Tit Orm" bíodh an téacs uilig air seachas sliocht as.* (AS 57, Múinteoir in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Ar na feiniméin a d'fhéadfadh a bheith san áireamh, tá: An tOireachtas, féilte áitiúla; na meáin (raidió, teilifís, iriseoireacht chlóite agus ar líne, meáin shóisialta) agus na hilmheáin Ghaeilge, Ealaín na Gaeltachta, IMRAM, Reic; chomh maith le gluaiseachtaí ar nós An Dream Dearg, Aerach Aiteach Gaelach, Misneach, Teacht Aniar; agus tionscadail dhigiteacha amhail www.ainm.ie, www.logainm.ie, www.dúchas.ie. Is é an taithí atá ag an lucht teagaisc sna hollscoileanna agus sna hinstitiúidí ardoideachais ná gur dlúthchuid d'eispéireas agus de thaithí foghlama na mac léinn an litríocht agus na gnéithe de chultúr na Gaeilge a bhaineann léi. Bíonn lucht teagaisc na n-institiúidí sin ag iarraidh tógáil ar an méid eolais a bhíonn ag mic léinn ar an litríocht ar theacht isteach san ollscoil dóibh agus cur leis, go deimhin*. (AS105, Institiúid Ardoideachais).

Tríd is tríd bhí tuairim láidir ann gur cheart an bhéim ar an litríocht a laghdú, go háirithe i ndréachtsonraíocht T2. I roinnt aighneachtaí bhí an tuairim ann gur cheart fáil réidh leis an litríocht go hiomlán agus i roinnt aighneachtaí eile moladh gur cheart an céatadán sa scrúdú scríofa a laghdú.

*Ba mhaith liom go mbeadh gan aon litríocht nó filíochta Gaeilge á múineadh i meánscoileanna Béarla na tíre mar chuid den t-ábhar L2 inniu agus go mbeadh an béim ar fad sa chúrsa le bheith ag scileanna agus modhanna cumarsáide sa teanga.* (AS 173, Duine Aonair).

*We welcome reform of the Leaving Cert but we recommend a substantial reduction of emphasis on traditional literature.* (AS 168, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Freisin, b'fhearr liom dá mbeadh níos lú béime ar an litríocht (ísligh é go 0% i mo thuairim) seachas é a hardú go 20%.* (AS 192, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

## 3.9 ÁBHAR NA NDRÉACHSONRAÍOCHTAÍ – AN PHUNANN TEANGA

Mar chuid den aiseolas ar ábhar na ndréachtsonraíochtaí T1 agus T2 luadh an Phunann Teanga go minic. Léiríodh mbeadh féidearthachtaí léi maidir le scileanna teanga agus scileanna pearsanta an scoláire a fhorbairt.

*Tríd an bpunann dírítear ar scileanna féin-riartha agus féinmhachnamhacha an scoláire a fhorbairt - dul chun cinn atá an-dearfach.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Measann [eagraíocht Ghaeilge] gur choincheap suimiúil í an phunann teanga agus gur deis iontach a bheadh ann go hidéalach don fhoghlaimeoir tabhairt faoi shainábhar a mbeadh suim acu ann. D'fhéadfadh an foghlaimeoir machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus na scileanna atá sealbhaithe aige/aici chomh maith.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

### 3.9.1 AN PHUNANN TEANGA – EASPA EOLAIS

Bhí roinnt mhaith freagróirí a léirigh míshástacht maidir le heaspa eolais san dréachtsonraíochtaí i leith na Punainne. Luadh chomh maith nach féidir fiúntas na Punainne a mheas gan tuilleadh sonraí a chur ar fáil. Bhí roinnt aighneachtaí a bhí ag iarraidh go mbeadh sampla de Phunann ar fáil.

*Níl go leor eolais ar fáil maidir le cur chuige na punainne. Níl sé soiléir céard atá le déanamh ag an scoláire don chuid seo den chúrsa. Lena chois sin, ní thugtar go leor eolais maidir leis an gcomhrá nó an plé a bheadh i gceist faoin bpunann sa mheasúnú cainte. Ní féidir fiúntas na punainne a mheas gan an t-eolas seo bheith ar fáil.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Níl mórán eolais faoin phunann teanga sna dréachtsonraíochtaí agus soiléiriú le tabhairt ar an úsáid a bhainfear aisti seachas mar spreagadh don bhéaltriail. Bheadh gá le treoir bhreise don mhúinteoir agus don fhoghlaimeoir chomh maith leis an scrúdaitheoir a bheadh ag úsáid na punainne mar ábhar measúnaithe.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

*Luaitear sna dréachtsonraíocht go mbeidh deis ag gach scoláire Punann Teanga a fhorbairt mar mheasúnú múnlaitheach. Deis iontach a bheadh anseo do scoláirí machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama agus*

*ar na scileanna atá sealbhaithe aige ar a thuras teanga. Níl ach alt gairid faoin ngné seo den mheasúnú sna dréachtsonraíochtaí féin, áfach. Níl aon treoir chinnte ann – do scoláirí ná do mhúinteoirí – faoin méid a bheadh i gceist leis an bpunann.* (AS 100, Comhchoiste Oireachtais).

*Is réimse í an phunainn teanga a mb'fhiú breis forbartha a dhéanamh ar a húsáid d'fhonn soiléireacht a ról a chinntiú.* (AS 231, Roinn Rialtais).

### 3.9.2 AN PHUNANN TEANGA – MEASÚNÚ AGUS UALÚ MARCANNA

Léiríodh imní faoin luach a bheadh le Punann Teanga mura mbeadh marcanna ag dul di sa scrúdú deiridh. Cé gur aithníodh i roinnt aighneachtaí an luach a bhaineann léi mar ábhar machnaimh don scoláire maíodh go bhfuil gá le tuilleadh soiléireachta maidir leis an ról a bheadh ag an bPunann sa mheasúnú deiridh. Pléadh freisin na féidearthachtaí a bhaineann leis an bPunann Teanga mar mhodh measúnaithe foirmithigh.

*Moltar chomh maith go mbeadh íosmhéid ábhar luaite don phunann teanga (ach íosmhéid a bheadh fós ag tabhairt dúshlán don fhoghlaimeoir) le nach mbeadh 'foghlaim de ghlanmheabhair' i gceist don bhéaltriail.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

*The inclusion of a Language Portfolio in the draft T2 Leaving Certificate specification is highly welcome, however it must be recognised that failure to include this for assessment will only lead to it being sidelined and forgotten about completely in many cases. A hugely positive step would be the inclusion of the portfolio with a 10% weighting of marks, as a replacement to the response to literary texts. A viable alternative would be a compulsory response to a specified number of literary texts in the portfolio itself. The current draft, with no marks awarded for the portfolio, leaves the door wide open for Grinds Schools to thrive on the needs of students once the draft becomes adopted for use in the new Leaving Certificate, and will ensure the continued dread and anxiety of students will be tasked with learning reams of poetry and prose notes by heart. In conclusion, the Language Portfolio offers an opportunity to help students enjoy their learning experience of the Irish language, if used correctly and if enough importance is placed on it.* (AS 209, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Is cúis imní é nach bhfuil an phunann teanga í féin mar chuid lárnach den mheasúnú cé go mbeidh deis ag scoláirí í a lua sa scrúdú béil. Ar ndóigh, rachaidh an-ullmhúchán isteach sa phunann agus mar sin, ba chóir aitheantas a thabhairt do scoláirí as a n-iarrachtaí.* (AS 201, Eagraíocht Scoileanna).

*Allocate marks to the language portfolio! Without mark allocation, I believe the language portfolio will be thrown by the wayside as exam technique is prioritised. Rewarding students for individual expression would be a major departure from the current mode of examination and achieve the learning outcomes of the specification to a greater extent than without mark allocation.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe).

*Ní mór aitheantas & cúiteamh (i bhfoirm marcanna) a bheith ann don obair a dhéanann na scoláirí – m/sh an punann teanga.* (AS 84, Coiste Tuismitheoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Moltar go gcuirtí an-bhéim ar thábhacht na punainne. An fhaitíos atá orainn ná go ndéanfar neamhaird air mar gheall nach bhfuil luach cinnte uirthi léirithe sa Sonraíocht. Moltar go mbeadh tagairt dó in áit éigin sa mheasúnú (sa Bhéaltriail b'fhéidir, áit go mbeadh deis ag scoláire cur síos a dhéanamh ar a bpunann féin nó fiú an phunann a thabhairt isteach agus go roghnaítear píosa amháin amach aisti. Moltar go ndéanfaí tagairt don phunann i ngach cur i láthair a dhéantar i gceardlanna agus i seimineár. Moltar go dtreorófaí na múinteoirí conas na scoláirí a chumasú leis an leas is fearr a bhaint as punanna digiteacha agus as punanna fisiciúla le béim faoi le ar mheasúnú foirmitheach.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhuinteoirí).

Léiríodh míshástacht iomlán leis an bPunann Teanga i roinnt aighneachtaí freisin. Léiríodh an tuairim nach mbeadh luach léi agus go gcruthódh sí tuilleadh oibre don mhúinteoir.

*Cén fáth go bhfuil gá léi? Níl marc ar bith ag dul don rud, ach caithfear í a dhéanamh? Cé go ndéanann scoláirí obair bhaile, taispeántais, cur i láthair etc i rith an ranga, tá tú ag iarraidh páipéarachais a chruthú gan aon mharc ag dul don rud? Ní dhéanann sé sin ciall, agus arís, laghdóidh sé deiseanna chun an teanga a úsáid i rith an ranga* (AS 150, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Ceard is fiú punann teanga ag an léibhéal seo. BUZZWORD EILE! Nach é an rud céanna leis an mbailiúcháin nótaí/ tionscnaimh/ rudaí san fhillteàn/ sa chóipleabhar/ crochtha ar an mballa atá i gceist.* (AS 160, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 3.9.3 AN PHUNANN TEANGA AGUS AN BHÉALTRIAIL

Mhol freagróirí áirithe go mba cheart an Phunann a nascadh leis an mbéaltriail agus tuilleadh marcanna a thabhairt di dá bharr. Arís eile luadh easpa soiléireachta maidir le ról na Punainne.

*D'fhéadfaí roinnt féidearthachtaí nua a fhiosrú chun cur leis an measúnú ar an gcaint, m.sh. úsáid na punainne teanga.* (AS 136, Institúid Ardoideachais).

*Níl go leor eolais ar fáil maidir le cur chuige na punainne. Níl sé soiléir céard atá le déanamh ag an scoláire don chuid seo den chúrsa. Lena chois sin, ní thugtar go leor eolais maidir leis an gcomhrá nó an plé a bheadh i gceist faoin bpunann sa mheasúnú cainte. Ní féidir fiúntas na punainne a mheas gan an t-eolas seo bheith ar fáil.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 3.9.4 AN PHUNANN TEANGA – EISPÉIREAS AG LEIBHÉAL NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Rinne roinnt aighneachtaí tagairt don eispéireas a bhí ag múinteoirí agus ag scoláirí leis na bPunann Teanga ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Luadh gur cur amú ama í an Phunann ag an leibhéal seo toisc nach bhfuil an cur chuige i gceart agus nach gcruthaíonn sí ach tuilleadh brú agus strus.

> *Tá an-imní orainn mar Roinn faoin bPunann Teanga. Tá sé soiléir dúinn agus do mhúinteoirí eile na tíre seo nach obair fhiúntach í ag leibhéal na Sraithe Sóiséaraí. Is cur amú ama í do na scoláirí agus cuireann sé an-bhrú orthu agus gan mharc ar bith ag baint léi!* (AS 214, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Is smaoineamh maith an phunann teanga…ní raibh an cur chuige i gceart (ag leibhéal na SS) ach bhí an tuiscint go gcabhródh a leithéid le gasúr (ceartú agus athcheartú srl) le moladh.* (AS 57, Múinteoir in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

## 3.10. ÁBHAR NA NDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ - MEASÚNÚ

Léirigh líon beag aighneachtaí tuairimí dearfacha maidir leis na cineálacha éagsúla measúnaithe agus na féidearthachtaí a bhaineann leo. Moladh an éagsúlacht sna modhanna measúnaithe chomh maith leis an nasc ailínithe idir aidhmeanna agus réasúnaíocht na ndréachtsonraíochtaí.

> *[Moltar]… na cineálacha éagsúla measúnaithe chun réimsí sonrach deacrachta nó láidreachta an scoláire a shainaithint.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

> *Léirítear na haidhmeanna agus an réasúnaíocht go ginearálta i gcomhpháirteanna an mheasúnaithe. Is deis iad na dréachtsonraíochtaí chun raon leathan iomchuí de mhodhanna measúnaithe a úsáid le tacú leis an scoláire a chuid foghlama a léiriú thar raon scileanna agus inniúlachtaí mar atá curtha i láthair i struchtúr na sonraíochtaí.* (AS 231, Roinn Rialtais).

### 3.10.1 EASPA EOLAIS FAOIN MEASÚNÚ

Leagadh béim shuntasach ar an easpa eolais sna dreachtsonraíochtaí faoin gcóras measúnaithe. Dar le cuid mhaith de na freagróirí go gcruthaíonn an doiléire seo easpa muiníne sna dréachtsonraíochtaí i gcoitinne. Bhíothas den tuairim go bhfuil sé deacair aiseolas a thabhairt nuair nach bhfuil eolas cuimsitheach ar fáil faoin gcur chuige a bheadh ann i dtaobh an mheasúnuithe. Maíodh go raibh an easpa soiléireachta seo ag cur an dallamullóg ar phobal na Gaeilge.

> *Doiléireacht: Tá an comhpháirt measúnachta easnamhach. Níl an t-ábhar atá le bheith ar an gcúrsa ann ach oiread. Níl an comhpháirt measúnachta i láthair rud a chruthaíonn doiléireacht. Léiríonn sé seo nach bhfuil an dréachtshonraíocht seo ceaptha amach go hiomlán, nó níos measa, é seo déanta d'aonghnó chun dallamullóg a chur ar an bpobal. Tá sé deacair tuairimíocht a léiriú ar shonraiocht nó siollabas gan an t-ábhar agus córas measúnaithe a bheith curtha san áireamh.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Aithníodh go bhfuil tionchar faoi leith ag an gcóras measúnaithe ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa seomra ranga. Ba cheart, dá réir, tuilleadh eolais a bheith sna sonraíochtaí faoin gcóras measúnaithe.

> *I bhfianaise an tionchair a bhíonn ag an measúnú ar chúrsaí teagaisc ag leibhéal na hArdteiste, is údar imní é nach raibh an measúnú an-lárnach i ndearadh na sonraíochtaí seo, agus gur beag eolas faoin measúnú atá tugtha sna sonraíochtaí seachas ualú na marcanna a bhainfidh leis na codanna éagsúla den scrúdú. Arís, tá sé fíordheacair na sonraíochtaí seo a mheas agus comhairliúchán cuí a bhunú orthu gan eolas cuimsitheach faoin measúnú a bheith ar fáil.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

> *Tá sé an-tábhacht go mbeidh eolas ar na measúnuithe agus samplaí den chineál measúnaithe a bheadh i gceist ar fáil ag tús an phróisis. Cuideoidh sé sin leis na hathruithe a leabú isteach agus le meon agus straitéisí teagaisc a athrú.* (AS 106, Duine Aonair).

Cuireadh béim faoi leith i líon mór aighneachtaí ar an easpa eolais a bhí le feiceáil sa dá shonraíocht i dtaobh na gcodanna éagsúla don mheasúnú. Éilíodh tuilleadh eolais faoin bPunann, faoin gcur chuige don bhéaltriail, faoi pháipéir shamplacha agus faoi cheisteanna samplacha le go mbeifí in ann na dréachtsonraíochtaí a mheas i gceart.

> *Eolas ar na measúnuithe agus páipéir scrúduithe samplacha: Níl go leor eolais ar fáil maidir leis na measúnuithe. Níl go leor eolais ar fáil maidir le cur chuige na scrúduithe béil, cur chuige na punainne, cur chuige na dtascanna scríbhneoireachta, cur chuige na cluastuisceana srl. Tá an t-eolas seo riachtanach le bheith ábalta a dréachtsonraíocht a mheas ina n-iomláine agus go cruinn.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

Aithníodh go bhfuil gá le hacmhainní cuimsitheacha ionas gur féidir le múinteoirí pleanáil chuí a dhéanamh. Rinneadh tagairt d'amlíne na measúnuithe agus an deacracht a bhíonn ag múinteoirí é seo a dhéanamh mura bhfaigheann siad páipéar samplach in am tráth. Gan treoir chuí faoin measúnú bheadh easpa leanúnachais sa teagasc agus sa bhfoghlaim. Lean chois sin maíodh go bhfuil dualgas ar mhúinteoirí scoláirí a ullmhú don mheasúnú.

*Moltar go mbeadh na múinteoirí soiléir faoin mbealach a dhéanfar measúnú ar an tsonraíocht sula dtugann siad faoin gcúrsa m.sh. Cén cuma a bheidh ar an bpáipéar scrúduithe/ measúnú. Mar gheall gur sraith í seo, ba chóir go mbeadh an t-eolas uilig ar fhad lámha don mhúinteoir roimh thabhairt faoi aon phleanáil. Má ghlactar leis nach mbeidh páipéar scrúduithe ar fáil go dtí Mí na Samhna agus na scoláirí sa séú bliain, admhófar nach sraith foghlama atá i gceist ach measúnú suimitheach in iomlán. Faoi mhí na Nollag sa séú bliain, tá an chuid is mó den teagasc agus foghlaim déanta ag an múinteoir agus iad ag réiteach na scoláirí do scrúduithe. Ar an ábhar sin, tá scileanna scrúdaithe, bainistiú ama agus rogha a dhéanamh in ord tosaíochta an-tábhachtach don scoláire. Ní tharlaíonn na rudaí seo trí thimpiste, caithfear na scileanna seo a fhorbairt go mall agus go sonrach chun an deis is fearr a thabhairt don scoláire an méid atá foghlamtha a léiriú.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

Leagadh béim ar ról an CNCM i ndearadh agus i leagan amach na measúnaithe. Maíodh nach mbaineann an cúram seo leis an CSS amháin agus gur cheart go mbeadh na sonraí cuí leagtha síos go soiléir sna dréachtsonraíochtaí.

*Leagtar amach príomhchuspóirí agus feidhmeanna an CNCM san Acht Oideachais(1998), áit a ndeirtear: 'The object of the Council shall be to advise the Minister on matters relating to (a) the curriculum for early childhood education, primary and post-primary schools, and (b) the assessment procedures employed in schools and examinations on subjects which are part of the Curriculum.' Cé gurb é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chuireann na páipéir scrúdaithe ar fáil agus a riarann na scrúduithe, ba cheart don CNCM treoir níos soiléire a thabhairt sna sonraíochtaí seo maidir leis an measúnú.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

*It is sometimes argued that responsibility for assessment lies with the State Examinations Commission (SEC) and not with the NCCA. It should however be noted that the Education Act of 1998 states that "The object of the (National) Council for Curriculum and Assessment shall be to advise the Minister on matters relating to the curriculum …. and the assessment procedures employed in schools and examinations in subjects that are part of the curriculum" (my italics). So while the SEC sets, marks and assesses the state examinations, the NCCA has a statutory responsibility to advise the Minister on assessment procedures.* (AS 32, Duine Aonair).

### 3.10.2 STRUCHTÚR AN MHEASÚNAITHE

Admhaíodh go bhfuil tionchar faoi leith ag an measúnú ar na scoláirí. Luadh an nasc láidir idir an scrúdú agus cleachtais an tseomra ranga i roinnt aighneachtaí.

*Examination informs teaching. I know all too well that the portion of marks awarded to an assessment component defines how much class time it is allocated.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe).

Aithníodh feasta an tábhacht a bhaineann le hailíniú idir na torthaí foghlama agus an measúnú.

> *Ba cheart go mbeadh an córas measúnachta lárnach i ndearadh na sonraíochtaí lena chinntiú go mbeidh an measúnú agus na torthaí foghlama ag teacht lena chéile, agus lena chinntiú go mbeidh dea-thionchar ag an measúnú ar an bhfoghlaim.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

Maíodh go bhfuil gá le measúnú leanúnach leis an mbrú a bhíonn ar scoláirí a laghdú ag deireadh an timthrialla.

> *Faoi dheireadh, tacaím go hiomlán leis an béim, ó thaobh measúnú de, ar obair deanta go córasach thar an tréimhse trí bhliain don Sraith Shinsearach. Tá taithi pearsanta ar leith againn mar chlann ar an droch-thionchar atá ar an mbéim ar scrúdaithe strosacha ar shláinte meabhrach dhaoine óga.* (AS 118, Príomhoide i nGaelscoil).

> *Múineann múinteoirí i dtreo an scrúdaithe - sin an jab atá acu agus a bhíodh de shíor. Agus má tá béim sa scrúdú ar an litríocht agus mura bhfuil béim ar an labhairt, sin a mhúinfidh siad. Más MRB atá le déanamh acu, seachas píosa comhrá scaoilte, déanfar cleachtadh ar rudaí a chur de ghlan mheabhair don chur i láthair, seachas cleachtadh ar rudaí a rá go scaoilte. Níl ansin ach ciall. Agus ní líofacht a thagann as sin.* (AS 146, Duine Aonair).

Phléigh roinnt aighneachtaí an tábhacht atá le measúnú foirmitheach/múnlaitheach a bheith lárnach sa mhúnla nua. Maíodh go dtreoraíonn an measúnú foirmitheach an fhoghlaim agus go soláthraíonn sí fianaise ar dhul chun cinn na scoláirí. Dúradh gur deis amú é gan an ghné seo a thabhairt isteach.

> *Moltar freisin measúnú múnlaitheach a chur i bhfeidhm sna scoileanna ar mhaithe leis an bhfoghlaim a threorú agus le fianaise den dul chun cinn a bheith ag an scoláire agus ag an múinteoir.* (AS 127, Eagraíocht Oideachais).

> *Tá tábhacht ar leith ag baint leis an measúnú foirmitheach i bpróiseas foghlama an scoláire agus is deis amú é gan aitheantas ceart a thabhairt don ghné seo den mheasúnú foirmitheach.* (AS 140, Eagraíocht Ghaeilge).

> *Failure to provide any detail on assessment suggests that no consideration has been given to addressing current concerns about the overloaded examination in June of the students' final year nor has any creative thought been given to the format and timing of assessments.* (AS 32, Duine Aonair).

Ceistíodh feiliúnacht mhúnla na ndréachtsonraíochtaí seo do chomhthéacs ina bhfuil measúnú seachtrach i gceist.

*The format used by the NCCA to design the new specifications is the same format which they have used to design subject specifications at primary and junior cycle levels. While the design template may be suitable for a school-based programme which is not externally assessed, it is not at all suitable for a programme or course which is externally assessed such as the Leaving Certificate.* (AS 32, Duine Aonair).

### 3.10.3 MEASÚNÚ AGUS UALÚ NA MARCANNA

Mar atá ráite thuas léiríodh imní faoin easpa soiléireachta maidir leis na cuir chuige a bheidh ann i dtaobh na measúnuithe éagsúla, an scrúdú scríofa, an Phunann agus an bhéaltriail, ach go háirithe. I roinnt mhaith de na haighneachtaí moladh cur chuige difriúil maidir le hualú na marcanna tríd an measúnú ar fad. Cuireadh béim faoi leith ar an mbéaltriail sna marcanna seo. Rinneadh tagairt don ualú áirithe seo i roinnt mhaith aighneachtaí:

*Overall Weighting of Marks*

*A more improved model of mark weighting at higher level is illustrated in the table below:*

| | |
|---|---|
| *Oral Exam* | *50%* |
| *Aural Exam* | *10%* |
| *Language Portfolio* | *10%* |
| *Reading in context and language awareness* | *15%* |
| *Creative composition tasks* | *15%* |

(WS 193 Múinteoir Gaeilge – Neamhshonraithe).

### 3.10.4 AN MEASÚNÚ AGUS AN BHÉALTRIAIL

Mar a luadh i Rannóg 2.6 cuireadh béim go minic ar an tábhacht faoi leith a bhaineann leis an teanga labhartha i bpróiseas na foghlama teanga. Maíodh go dtabharfaí ísliú stádais don bhéaltriail agus go mbeadh tionchar aige sin ar theagasc na Gaeilge sa seomra ranga, cur chun cinn na Gaeilge labhartha ach go háirithe.

*I have clearly noted how the Oral component is a great opportunity for those who do not excel in written Irish to improve their grades communicatively. If anything the oral component in this new recommended reform needs to be increased to at least 50/60% and that is the views of both i and 93 other irish teachers from a number of T2 schools.* (AS 158, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Má táthar le haidhmeanna an rialtais ó thaobh na Gaeilge de a bhaint amach , beidh tábhacht faoi leith le cumas labhartha agus cluastuisceana Gaeilge mhuintir na hÉireann trí chéile a ardú. Má íslítear céatadán na marcanna atá ag dul don bhéaltriail san Ardteistiméireacht, meastar go mbeidh tionchar nach beag aige sin ar an mbéim a chuireann idir mhúinteoirí agus scoláirí ar labhairt na Gaeilge sa tsraith shinsearach agus gur lú daoine, dá bharr, a bheidh ag críochnú a gcuid blianta scoile le cumas gníomhach sa teanga.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

## 3.10.5 AN BHÉALTRIAIL REATHA

Admhaíodh go bhfuil lochtanna leis an struchtúr reatha don bhéaltriail agus go bhfuil gá le leasú a dhéanamh ar an gcuid sin den mheasúnú. Luadh go bhfuil béim faoi leith ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair sa chóras reatha agus gur cheart é sin a athrú mar go mbíonn tionchar aige sin ar bhailíocht an scrúdaithe. Bhíothas den tuairim gur cheart béaltriail a leagan amach sa chaoi is go ndéanfaí measúnú ar líofacht teanga na scoláirí agus go n-ardódh sin caighdeán na teanga labhartha.

*Tuigimid go ndearna an CNCM dhá phíosa taighde le féachaint ar éifeacht an leasaithe seo agus, cé gur tháinig ardú ar líon na scoláirí ag tabhairt faoin scrúdú ag Ardleibhéal, gur léirigh an taighde gur údar imní go leor gnéithe den bhéaltriail, go háirithe an tionchar atá ag na sraitheanna pictiúr ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, agus nach bhfuil an bhéaltriail mar atá sí struchtúrtha faoi láthair ag cur le cumas labhartha fadtéarmach na scoláirí.* (AS 52, Coláiste Gaeilge).

*Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú an scrúdú cainte mar atá sé faoi láthair. Ba chóir don scrúdú bheith dírithe ar chumas cainte agus cumas pléite: cumas raon leathan téamaí a phlé a dhéanfadh tástáil ar shruth cainte, ar fhoclóir agus ar réim teanga, seachas ábhar faoi théamaí teoranta a chur de ghlanmheabhair mar atá i gceist faoi láthair.* (AS 99, Pleanáil Teanga).

*I do agree that a change needs to be made to the course but it needs to be a meaningful one that will benefit students, lead to better standards of Irish, less rote learning and one that will result in students having a more positive attitude towards our native language.* (AS 204, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Is líon an-ard marcanna 35% nó 40% don bhéaltriail in aon scrúdú teanga agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh cúram ar leith déanta ag an CNCM do bhailíocht na comhpháirte seo den mheasúnú sa dréachtsonraíocht, go háirithe i bhfianaise thorthaí an taighde a choimisiúnaigh an CNCM féin in 2017 …a léirigh gur údar imní go leor gnéithe den bhéaltriail reatha nach bhfuil ag cur le cumas labhartha fadtéarmach na scoláirí.* (AS 140, Eagraíocht Ghaeilge).

## 3.10.6 UALÚ NA MARCANNA DON BHÉALTRIAIL

Léiríodh imní agus buairt láidir maidir leis an ísliú san ualú marcanna don bhéaltriail. Bhí tuairim láidir ann nár cheart é a ísliú mar go mbeadh tionchar tábhachtach aige seo ar chleachtas an tseomra ranga. Dar le roinnt mhaith freagróirí go dtiocfadh laghdú ar an mbéim ar an nGaeilge labhartha agus cumarsáid sa seomra ranga dá dtiocfadh laghdú ar na marcanna seo agus go dtitfeadh leibhéil chumais na scoláirí sa chaint dá bharr.

> *Ní thuigim an chúis go laghdófaí na marcanna ag dul i dtreo labhairt na Gaeilge (an scrúdú béil) ó 40% go 35%. Táimid mar thír ag iarraidh an ghaeilge a spreagadh mar sin ba chóir go mbeadh ar a laghad 40% ag dul don scrúdú béil. Má bhíonn laghdú ar na marcanna, beidh laghdú ar an gcaint sa seomra ranga agus muid ar ais ag an tús arís le scoláirí ag déanamh staidéar ar an ngaeilge ach gan a bheith ábalta comhrá a dhéanamh inti.* (AS 2, Múinteoir Gaeilge i nGaelcholáiste).

Tagraíodh do pholasaithe an Stáit i leith na Gaeilge i roinnt mhaith de na haighneachtaí agus maíodh go mba cheart béim faoi leith a chur ar an gcumarsáid má táthar le spriocanna na bpolasaithe sin a bhaint amach.

> *Mar sin, údar imní don [gníomhaireacht stáit] is ea an t-ísliú stádais atá tugtha don bhéaltriail ó thaobh ualú na marcanna de sna dréachtsonraíochtaí nua (ó 40% go 35%). Má táthar le haidhmeanna an rialtais ó thaobh na Gaeilge de a bhaint amach , beidh tábhacht faoi leith le cumas labhartha agus cluastuisceana Gaeilge mhuintir na hÉireann trí chéile a ardú. Má íslítear céatadán na marcanna atá ag dul don bhéaltriail san Ardteistiméireacht, meastar go mbeidh tionchar nach beag aige sin ar an mbéim a chuireann idir mhúinteoirí agus scoláirí ar labhairt na Gaeilge sa tsraith shinsearach agus gur lú daoine, dá bharr, a bheidh ag críochnú a gcuid blianta scoile le cumas gníomhach sa teanga.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

Luadh freisin an nasc idir an t-ísliú in ualú na marcanna agus an dearcadh a bheadh ag daoine i leith na Gaeilge. Tuairiscíodh go mbeadh tionchar diúltach ar an ísliú stádais seo ar dhearcadh an phobail i leith tábhacht na Gaeilge go háirithe toisc gur mionteanga í.

> *Chomh maith leis sin, 'is é ár dtuairim go bhféadfadh an t-ísliú stádais don bhéaltriail dochar a dhéanamh d'idé-eolaíocht teanga agus d'fhéiniúlacht aos óg na Gaeltachta Tugann na marcanna arda don bhéaltriail ag leibhéal na hArdteistiméarachta le fios do scoláirí Gaeltachta go bhfuil luach lena dteanga – ní hamháin ó thaobh cúrsaí cultúir agus oidhreachta de ach go dtugann an Ghaeilge agus a gcúlra Gaeltachta buntáistí oideachasúla agus eacnamaíochta dóibh.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

> *Tá tábhacht ar leith ag baint leis an mbéaltriail ó thaobh na Gaeilge de toisc gur mionteanga agus ní bhíonn an deis ag go leor de na scoláirí an teanga a úsáid agus a chleachtadh taobh amuigh den seomra ranga. Mura dtugtar aitheantas do thábhacht na teanga labhartha in ualú na marcanna don bhéaltriail, ní chaithfear an t-*

> *am ag forbairt na scileanna tábhachtacha cumarsáide seo a chuirfidh le cumas labhartha fadtéarmach na scoláirí.* (AS 91, Eagraíocht Oideachais).

Pléadh an tuairim gur tháinig feabhas ar scileanna cumarsáide na scoláirí nuair a tháinig ardú ar líon na marcanna don bhéaltriail sa bhliain 2007. Luadh freisin go raibh baol ann go dtitfeadh líon na n-iarrthóirí a bheadh ag tabhairt faoin ardleibhéal dá dtiocfadh athrú.

> *Ardaíodh ceatadán na marcanna a bhí ar fáil don bhéaltriail ó 25% go 40% in 2007 agus fáiltíodh go mór roimh an bhforbairt seo ag an am mar gheall ar an mbéim a leag sé ar chumas na scoláirí cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Mar sin, údar imní [don ghníomhaireacht stáit] is ea an t-ísliú stádais atá tugtha don bhéaltriail ó thaobh ualú na marcanna de sna dréachsonraíochtaí nua (ó 40% go 35%). Má táthar le haidhmeanna an rialtais ó thaobh na Gaeilge de a bhaint amach, beidh tábhacht faoi leith le cumas labhartha agus cluastuisceana Gaeilge mhuintir na hÉireann trí chéile a ardú.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

> *Tá ardú suntasach tagtha ar líon na scoláirí inár scoil atá ag tabhairt faoin gcúrsa ardleibhéil ó tugadh isteach an 40% don Bhéaltriail. Is rud thar a bheith dearfach é go bhfuil níos mó scoláirí ag roghnú an scrúdaithe ardleibhéil anois. Tá baol ann go dtiocfaidh laghdú ar líon na scoláirí a thugann faoin chúrsa ardleibhéil má bhíonn ísliú sna marcanna don obair labhartha.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Tugadh le fios chomh maith go mbeadh na scoláirí nach bhfuil scileanna scríbhneoireachta chomh láidir sin acu faoi míbhuntáiste dá dtiocfadh laghdú ar líon na marcanna don bhéaltriail. Bhí dearcadh ann go dtitfeadh saibhreas na Gaeilge i measc daoine óga sa Ghaeltacht chomh maith.

> *Tá sé raite sa dréachtsonraíocht go mbeadh laghdú go dti 35% ag teacht ar na marcanna don bhéaltriail. Creideann an Bord nach bhfuil sé seo cothrom do chainteoirí liofa na Gaeilge. Freisin, beidh scolairí nach bhfuil chomh maith céanna ag an scríbhneoireacht nó cúrsaí acadúla faoi mhibhuntáiste leis an laghdú ar na marcanna. Ba chóir na marcanna don Bhéaltriail a fhágáil ag an 40%.Tá saibhreas an Ghaeilge labhartha ag titim faraor i measc cuid do dhaoine óga na Gaeltachta agus teastaíonn an béim agus an aitheantas atá tuillte ag an nGaeilge labhartha a bheith feiceáil sna marcanna.* (AS 55, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

> *I have clearly noted how the Oral component is a great opportunity for those who do not excel in written Irish to improve their grades communicatively.* (AS 158, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Bhí tuairim láidir sna haighneachtaí gur cheart na marcanna don bhéaltriail a ardú chun tuilleadh béime a chur ar an nGaeilge labhartha sa seomra ranga. Bhí tuairim ann gur cheart an marc seo a ardú idir 50% go 75%.

> *Go pearsanta, b'fhearr liom dá mbeadh an scrúdú béil ardaithe (go 60% fiú) seachas laghdaithe (go 35%).* (AS 192, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *The recommendation here is increase to 50% the amount of overall marks awarded for the oral exam.* (AS 193, Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe).

> *If anything the oral component in this new recommended reform needs to be increased to at least 50/60% and that is the views of both I and 93 other irish teachers from a number of T2 schools.* (AS 158, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Ní thuigim an fáth go bhfuil an t-uasmhéíd béim curtha ar téacsanna in ionad béim a chur ar labairt agus cruthaitheacht an scoláire trí mheán na Gaeilge. Cuireann sé frustrachas orm go bhfuil an 40% don bhéaltriail laghdaithe go dtí 35%. I mo thuairim agus mo thaithí ó mhúineadh, ba cheart níos mó a thabhairt don bhéaltriail, thart ar 50%-60% mar is teanga í agus nuair a labhraítear teanga, bíonn an teanga sin beo.* (AS 155, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *At least 75% of marks at Leaving Cert level on the Ordinary level course should be for oral work.* (AS 170, Príomhoide in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 3.10.7 MOLTAÍ EILE DON BHÉALTRIAIL

Rinneadh roinnt moltaí éagsúla chun an cur chuige don bhéaltriail a fhorbairt. Luadh níos mó ama a thabhairt dó mar gur maíodh nach bhfuil an 15 nóiméad fada go leor.

> *Ba chóir 60% don Scrudú Béil maraon le 30 neomat mar scrudú cainte.* (AS 154, Duine Aonair).

Luadh féidearthachtaí eile chun an scil seo a mheas, taifeadadh réamhdhéanta, rólghlacadh, comhrá faoi litríocht agus stair na Gaeilge.

> *Maidir leis an scrúdú cainte agus an 40%; Tá gach rud ag brath ar 15 nóiméad. Cad faoi thaifead réamhdhéanta ar ábhar a chuireann an scolaire suim ann a chur isteach roimh ré, a gus 20% a thabhairt dó? Ansin agallamh le déanamh.* (AS 188, Duine Aonair).

*Mholfainn cloí le 40% don scrúdú béil le níos lú sraith pictiúr... rólghlacadh agus sraith pictiúr a mheas b'fhéidir.* (AS 172, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*San am céanna, léiríonn an taighde gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an ngné labhartha den chúrsa d'fhonn bealaí eile a aimsiú chun an cur chuige foghlama agus staidéir don scrúdú cainte a fheabhsú, seachas an bhéim atá ann faoi láthair ar an bfoghlaim de ghlanmheabhair le freagairt do shraith pictiúr. Ba chóir ceisteanna a chur sa mbéaltriail ar an litríocht agus ar stair na litríochta. Bheadh ciall le marc substaintiúil don scrúdú cainte faoi chóras den chineál sin. Ba chóir go mbeadh deis ag na scoláirí a gcuid mothúchán a léiriú agus stór focal a thaispeáint sa mbéaltriail. Caithfear smaointe agus bealaí nuálacha a aimsiú chun a gcumas teanga a scrúdú.* (AS 52, Coláiste Gaeilge).

Pléadh an tábhacht a bhaineann leis an mbéaltriail i roinnt mhaith aighneachtaí agus moladh dhá bhéaltriail a dhéanamh, ceann i mbliain 5 agus ceann i mbliain 6.

*Don Ardteist ba chóir go mbeadh an bheim ar an scrúdú labhartha. Bá chóir níos mó marcanna a bhronnadh ar seo. Ba chóir scrúdú sa bhreis a dhéanamh sa 5ú bliain. Ba chóir an meid litríochra a laghdú. Ba chóir dhá chúrsa a dhéanamh de mas gá. Poinntí sa bhreis dóibh siúd gur mhaith leo staidear a dhéanamh ar an litríocht.* (AS 183, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Maidir leis an scrúdú béil - bheadh péire acu ann. Ceann ag deireadh bl. 5 agus ceann gar don Cháisc i mbl. 6. Chuirfeadh sé seo níos mó béime ar labhairt na teanga i mblian a 5 agus dar liomsa d'ardódh an caighdeán cainte idir sin agus an Cháisc i mbl. 6. Go teoiriciúil - bheadh scoláirí níos líofa ag fágáil na scoile.* (AS 192, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Introduce two forms of oral assessment I propose that two oral assessments take place in sixth year: - An oral presentation during term 1 - A conversation with additional elements during term 2 Considering my suggestion to increase the mark for oral assessment, I believe that 50% of a student's grade depending on a short conservation is unfair. This offers an opportunity to assess the presentation skills of students, developing their use of Irish in a real world scenario. Additional elements of the conversation should include discussion of the language portfolio, as outlined in the specification. The picture sequences, "sraith pictiúr", should be replaced with role plays, similar to those assessed in Leaving Certificate German. This would encourage educating students on how to use Irish during their day-to-day life as opposed to memorising notes on countless picture sequences.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe)

Moladh in aighneacht amháin gur cheart leanúint leis an gcleachtas béaltriail sheachtrach a reáchtáil; córas ina bhfuil scrúdaitheoirí seachtracha mar aon le córas modhnóireachta.

*Is den riachtanas é go leanfar le scrúdú cainte faoi stiúir Choimisiún na Scrúduithe Stáit mar chuid de mheasúnú na Gaeilge san Ardteistiméireacht, le scrúdaitheoirí seachtracha agus córas modhnaithe.* (AS 127, Eagraíocht Oideachais).

## 3.10.8 MEASÚNÚ – MOLTAÍ DO NA SCRÚDPHÁIPÉIR

Tugadh roinnt moltaí sna haighneachtaí maidir leis na scrúdpháipéir. Pléadh roinnt samplaí maidir le ceisteanna na bpáipéar agus pléadh freisin na scileanna teanga a bhféadfaí a mheas. Moladh go ndéanfaí píolótú ar na scrúduithe ionas go bhféadfaí oiriúnacht na dtascanna a mheas.

*Is gá féachaint ar oiriúnacht na dtascanna measúnaithe ar na páipéir scrúdaithe. Ní mór a chinntiú mar shampla go mbeadh na tascanna measúnaithe idirdhealaithe i gceart idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Ní mór féachaint ar na measúnuithe ar na páipéir scrúdaithe agus féachaint ar na haidhmeanna agus ar na spriocanna atá taobh thiar dóibh, agus tascanna a chothóidh spéis sa teanga agus atá oiriúnach do scoláirí an lae inniu a chruthú.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Ní mór féachaint ar na measúnuithe ar na páipéir scrúdaithe agus féachaint ar na haidhmeanna agus ar na spriocanna atá taobh thiar dóibh, agus tascanna a chothóidh spéis sa teanga agus atá oiriúnach do scoláirí an lae inniu a chruthú. Bheadh sé fiúntach freisin trialacha a dhéanamh roimh ré d'aon scrúduithe nua atá molta, le sampla randamach de scoláirí de gach cineál réimse agus cúlra, le hoiriúnacht na scrúduithe a mheas. Thabharfadh a leithéid deis aon fhadhbanna a aithint agus a leigheas roimh ré.* (AS 30, Eagraíocht Mhúinteoirí Gaeilge).

### *Léitheoireacht*

Moladh na léamhthuiscintí a athrú, téacsanna níos giorra nó téacsanna neamhfheicthe a úsáid chun litearthacht na scoláirí a mheas i mbealach níos éifeachtaí. Luadh go mbeadh téacsanna ilmhódacha neamhfheicthe níos éifeachtaí chun cumais na scoláirí a mheas.

*Tóg an léamhthuiscint mar shampla, tá sé ró-fhada…bris suas é nó tabhair téacsanna ilmhódacha eile dúinn.* (AS 172, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*The skills of analysis and reflection should be assessed through unseen texts in the written examinations. This would shift the focus in the classroom from administering a single viewpoint for students to learn off about a text to educating students about literary devices and emphasising personal interpretation.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe).

### *Éisteacht*

Moladh béim a choinneáil ar an éisteacht mar chuid lárnach den mheasúnú deiridh. Mar chuid de seo luadh téacsanna difriúla do na leibhéil éagsúla agus guthanna daoine óga a úsáid.

> *Ba choir níos mó béime a chur ar thuiscint don chluastuiscint – sin an teanga i bhfeidhm.* (AS 172, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Rinneadh tagairt don ghá atá le taifeadtaí agus tascanna éagsúla a bheith ar fáil do na sonraíochtaí agus leibhéil dhifriúla.

> *Is gá féachaint ar oiriúnacht na dtascanna measúnaithe ar na páipéir scrúdaithe. Ní mór a chinntiú mar shampla go mbeadh na tascanna measúnaithe idirdhealaithe i gceart idir ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Mar shampla ar cheart go mbeadh taifid chluastuisceana dhifriúla ann don scrúdú ardleibhéil agus don scrúdú gnáthleibhéil, le go mbeadh gach scoláire ag éisteacht le taifead ag leibhéal atá oiriúnach dóibh? Ar cheart freisin go mbeadh daoine óga ón Ghaeltacht le cloisteáil ar thaifid chluastuisceana le heispéireas níos réadúla a thabhairt do scoláirí, in áit taifid atá saorga agus cuma sheanchaite orthu mar atá sa chóras reatha?* (AS 30, Eagraíocht Mhúinteoirí Gaeilge).

### *Scríbhneoireacht*

Moladh téacsanna scríbhneoireachta níos giorra a úsáid chun an fhoghlaim de ghlanmheabhair a sheachaint mar a dhéantar leis na Nuatheangacha Iasachta.

> *Assess multiple shorter composition tasks The current required length of the composition, 500 - 600 words, is not fit-for-purpose and is the greatest perpetrator of memorisation. Setting multiple tasks that are more specific with a much smaller word count requirement would discourage rote learning and encourage students to actually learn the skills of composing and creativity. This suggestion is inspired by my experience with Leaving Certificate French, in which several short writing tasks are assessed. My ability to write better on-the-spot in French as opposed to Irish, which I've been learning for much longer, exemplifies the benefit of this mode of assessment.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe).

### *Cruinneas na Gaeilge*

Tagraíodh do thrialacha teanga i roinnt aighneachtaí freisin agus maíodh gur cheart go mbeadh siad ina gcuid lárnach den pháipéar deiridh d'fhonn cruinneas na scoláirí a mheas agus an fhoghlaim de ghlanmheabhair a sheachaint.

*B'fhéidir gur cheart ceist éigin ar nós aistriúcháin nó trialacha teanga nó ceist ghramadaí eile a chur ar an bpáipéar freisin. Bheifeá in ann scileanna teanga an scoláire a mheas, in ionad a scileanna rudaí a chur de ghlanmheabhair.* (AS 221, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Céard faoi ceisteanna gramadaí a chur isteach?* (AS 225, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

## RANNÓG 4 – AIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA - TUAIRIMÍ A BHAINEANN LE CUR I BHFEIDHM NA NDRÉACHTSONRAÍOCHTAÍ

Sa mhír seo pléifear na tuairimí ginearálta, éagsúla faoi chur i bhfeidhm na ndréachtsonraíochtaí. Déanfar cur síos ar na leibhéil a bhaineann leis na dréachtsonraíochtaí, leanúnachas curaclaim, na tacaíochtaí a bheidh de dhíth agus tionchar na n-athruithe ar na páirtithe leasmhara.

## 4.1 NA LEIBHÉIL

Pléadh na leibhéil éagsúla a bhaineann leis an dá dhréachtsonraíocht i roinnt mhaith aighneachtaí. Maíodh nach bhfuil sé soiléir cén caighdeán a bheadh i gceist ag na leibhéil éagsúla.

*...gan cur síos soiléir ar an gcaighdeán a mbeifear ag súil leis ag na leibhéil éagsúla...* (AS 213, Duine Aonair).

Aithníodh go bhfuil gá le cinntiú go mbeadh scoláirí in ann tabhairt faoin nGaeilge ag an leibhéal cuí ag brath ar a gcumas agus ar a riachtanais féin.

*Ba cheart an freastal cuí a dhéanamh ar scoláirí a bhfuil leibhéil éagsúla chumais nó riachtanais éagsúla foghlama acu, trí chúrsaí idirdhealaithe a chur ar fáil ag leibhéil éagsúla.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

*Teastaíonn ó scoláirí inniúlacht a fhorbairt sa teanga agus mar sin, is gá iniúchadh a dhéanamh ar na léibhéil éagsúla atá ar fáil do scoláirí. Tá sé ráite go bhfuil bearna rómhór idir gnáthleibhéal agus ardleibhéal.* (AS 201, Eagraíocht Scoileanna).

Mheas aighneacht amháin gur cheart taighde a dhéanamh faoi na leibhéil éagsúla le fianaise a thabhairt ar na bealaí is fearr le freastal ar shainriachtanais na bhfoghlaimeoirí éagsúla ionas gur féidir le gach scoláire tabhairt faoin nGaeilge ag a leibhéal cumais féin.

> *Mar chuid den athbhreithniú seo, ní mór taighde cuimsitheach a dhéanamh ar na ceisteanna/pointíthíosluaite agus na sonraíochtaí agus na measúnuithe a bhunú thart ar na riachtanais mar éagsúla:-na sainriachtanais atá ag an scoláire T1 ó thaobh foghlaim teanga de, agus -an bealach ar cheart sonraíocht agus measúnuithe a fhorbairt a fhreastalaíonn mar is ceart ar na sainriachtanais sin.-na sainriachtanais atá ag an scoláire T2 ó thaobh foghlaim teanga de, agus -an bealach ar cheart sonraíocht agus measúnuithe a fhorbairt a fhreastalaíonn i gceart ar na sainriachtanais sin.-an bealach ar cheart na sonraíochtaí agus na measúnuithe a chur in oiriúint do scoláirí ardleibhéil agus do scoláirí gnáthleibhéil.-an bealach ar cheart tabhairt faoi dhifreáil le freastal ar riachtanais na scoláirí uile. -an bhfreastalóidh na dréacthsonraíochtaí nó na measúnuithe i gceart ar na sainriachtanais éagsúla atá ag na scoláirí seo uile. -ní léir i láthair na huaire cén chaoi a ndéanfar freastal ceart ar riachtanais na scoláirí a bhíodh ag tabhairt faoin scrúdú bonnleibhéil go dtí seo sa chóras nua atá molta. - ní mór deis a thabhairt do gach scoláire an Ghaeilge a fhoghlaim ag leibhéal atá oiriúnach dóibh.* (AS 36, Eagraíocht Ghaeilge).

### 4.1.1 ARDLEIBHÉAL – DÚSHLÁN

Bhí ceisteanna ag freagróirí maidir leis an dúshlán a bheadh ann do scoláirí a thugann faoi shonraíocht T2 ag an Ardleibhéal. Léiríodh imní nach mbeadh a dóthain dúshláin ann do na scoláirí is cumasaí agus go mbeadh a líofacht Ghaeilge thíos leis dá bharr; rud a chuirfeadh isteach orthu agus iad ag tabhairt faoin nGaeilge san ollscoil.

> *Ní luaitear aon rud sna dréachtsonraíochtaí faoi roghanna breise ó thaobh dúshlán de a thabhairt do scoláirí i scoileanna T2 ná faoin tslí a mheallfar scoláirí le cúrsa níos dúshlánaí a dhéanamh don Ardteistiméireacht.* (AS 210, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Freisin, tá sé intuigthe sa chur chuige seo nach mbeadh d'acmhainn riamh ag scoláirí a fhreastalaíonn ar scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla líofacht atá ar chomhchéim le scoláire Gaeltachta nó Gaelscoile a bhaint amach. Is dóigh liom go bhfuil locht mhór ag baint leis an tuiscint sin. Ní fíor é nach bhfaightear scoláirí a bhfuil cumas acu éirí líofa sa teanga ach i nGaelscoil nó i scoil Ghaeltachta amháin. Níl na moltaí, sa bhfoirm ina bhfuil siad faoi láthair, ag déanamh freastal cuí ar scoláirí galltachta a bhfuil ardchumas acu sa teanga. Sa chás go mbeadh suim ag scoláire galltachta céim a bhaint amach sa Ghaeilge ag an tríú leibhéal, bheidís cúpla céim chun deiridh láithreach bonn ar scoláirí T1.* (AS 229, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Chun caighdeán na Gaeilge a ardú, is féidir/is gá freastal ar an scoláirí sin a bhfuil caighdeán maith acu sa Ghaeilge (eg cainteoirí dúchais a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu sa Ghaeltacht nó lasmuigh den*

*Ghaeltacht, agus scoláirí i scoileanna T1 agus T2 lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil caighdeán maith Gaeilge acu). Ná déanaimis dearmad go dtéann scoláirí a tógadh le Gaeilge nó scoláirí a d'fhreastail ar bhunscoileanna lánGhaeilge ar aghaidh chuig iarbhunscoileanna T2 freisin – bíonn caighdeán maith ag cuid díobh siúd a ba cheart a fhorbairt chomh maith agus is féidir.* (AS 128, Múinteoir i nGaelcholáiste).

Tuairiscíodh go raibh imní ann go roghnódh scoláirí i suímh a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge an Gnáthleibhéal a dhéanamh toisc go mbeadh an cúrsa T1 ródhúshlánach.

*Tá eagla orainn mar mhúinteoirí Gaeilge go roghnóidh ár scoláirí an cúrsa Gnáthleibhéal, rud a thabharfadh ísliú céime don teanga i scoil Ghaeltachta.* (AS 10, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Dar linn, dealraíonn go mbeidh cuma acadúil ar an gcúrsa seo (agus an chuma ar an scéal go mbeidh líon ollmhór litríochta i gceist). Ceapaimid gur éagóir é seo agus go gcruthaíonn sé éilíteachas nach bhfacthas riamh roimhe seo.* (AS 59, Gaelcholáiste).

### 4.1.2 BONNLEIBHÉAL A BHEITH IMITHE

Bhí guth láidir le sonrú sna haighneachtaí maidir leis an gcinneadh fáil réidh leis an mBonnleibhéal. Bhíothas imníoch nach mbeadh an dá dhréachtsonraíocht oiriúnach do riachtanais na scoláirí a thugann faoin mBonnleibhéal. Dá bharr ní bheadh deis ag na scoláirí seo an Ghaeilge a fhoghlaim ag a leibhéal cumais féin. Mar thoradh ar sin bhí aighneachtaí áirithe imníoch go laghdófaí dúshlán an Ghnáthleibhéil d'fhonn freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais gach scoláire.

*Tá gealltanas uainn go mbeidh an Ghaeilge ar fáil ag bonnleibhéal mar atá faoi láthair.* (AS20, Gaelcholáiste).

*Anuas air seo, dar leis na dréachtsonraíochtaí mar atá siad leagtha amach faoi láthair, tá sé i gceist nach mbeidh aon scrúdú bonnleibhéil ann a thuilleadh. Ní léir cén chaoi a ndéanfar freastal ceart ar riachtanais na scoláirí a bhíodh ag tabhairt faoin scrúdú bonnleibhéil go dtí seo in aon chóras nua mar seo. Ní mór seans a thabhairt do gach duine an Ghaeilge a fhoghlaim ag leibhéal atá oiriúnach dóibh*. (AS 30, Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

*Ní dhearnadh aon tagairt don bhonnleibhéal sna dréachtsonraíocht agus níor pléadh rud ar bith ina thaobh ach an oiread. Is éard a bheadh i gceist leis seo ná nach b'fhreastalófaí ar riachtanais na scoláirí a bheadh deacrachtaí foghlama acu ....nó laghdófaí torthaí foghlama an ghnáthleibhéil, agus mar thoradh air sin, tiocfadh laghdú ar an gcaighdeán gnáthleibhéil trí chéile.* (AS 100, Comhchoiste Oireachtais).

*The removal of the option of Foundation Level disregards a clear need for differentiation. The proposed amendment to the oral is not conducive to the promotion of Irish as a living language and the reduction in percentage only further heightens this problem.* (AS 203, Duine Aonair).

*Cé go mbeidh ceithre shiollabas ann de réir na sonraíochtaí, cuirfidh an struchtúr nua atá á mholadh deireadh leis an gcúrsa Bonnleibhéil a bhfuil feidhm thábhachtach leis do scoláirí a bhíonn ag gabháil don Ardteistiméireacht.* (AS 24, Eagraíocht Ghaeilge).

Bhí suímh a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge imníoch go rachadh scoláirí chuig scoileanna eile mura bhfuil fáil acu ar an mBonnleibhéal ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

*Tá muid mishásta go bhfuil sé i gceist deireadh a chur leis an Bhonnleibhéal san Ardteist. Oibríonn gach scoláirí ar a c(h)umas féin. Tá an baol arm go ndéanfar neamart de na scoláirí is leochailí ó thaobh na teanga de, nó go mbeidh scoláirí áirithe ag lorg diolúine don Ghaeilge. Nó níos measa fós, go rachadh na scoláirí seo go méanscoil taobh amuigh den Ghaeltacht dá bharr.* (AS 119, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Léiríodh imní mhór faoi scoláirí a bhfuil riachtanais ar leith acu agus creideadh nach mbeadh rochtain ag grúpa áirithe ar an nGaeilge amach anseo. Tá baol ann, dar le roinnt mhaith freagróirí, go ndéanfadh roinnt scoláirí an cinneadh gan an Ghaeilge a dhéanamh ag an leibhéal seo agus go dtiocfadh ardú ar líon na scoláirí a bheadh ag cuartú díolúine ón nGaeilge nó go roghnódh scoláirí gan an Ghaeilge a fhoghlaim ar chor ar bith.

*Tá an-bhaol ann go mbeidh ardú mór i líon na scoláirí atá ag cuartú díoluine ón Ghaeilge mura mbeadh cúrsa bonnleibhéil ann a thuilleadh. D'fhéadfadh seo an-dochar a dhéanamh don Ghaeilge mar ábhar. Tá an-bhaol ann nach mbeidh freastal ceart ann do na scoláirí is laige amach anseo mura mbíonn cúrsa bonnleibhéil ann, rud a bheadh an-éagórach. Tá sé riachtanach go mbeadh an deis ag gach scoláire an Ghaeilge a fhoghlaim ag leibhéal atá oiriúnach dóibh, agus bheadh cinneadh mar seo ag déanamh leithcheal ar na scoláirí is laige. Dar le suirbhé a rinne An Gréasán in 2021 creideann 87% de mhúinteoirí gur cheart go mbeadh Cúrsa Bonnleibhéil fós ar fáil do scoláirí.* (AS30,  Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

*Lena chois sin, ní mór gaois an chinnidh maidir leis an mBonnleibhéal a fhágáil ar lár a cheistiú, ós rud é go bhféadfadh an cinneadh seo drochthionchar a imirt ar líon na ndíolúintí amach anseo.* (AS 127, Eagraíocht Oideachais).

*Níor chóir fáil réidh leis an mBonnleibhéal.  An toradh a bheadh ar seo  dar liom ná go mbeadh teip ag  dáltaí áirithe sa Ghaeilge ( iad ag roghnú leibhéal nach bhfuil oiriúnach dóibh),  agus níos measa fós  ní bhacfadh*

*cuid acu leis an nGaeilge a dhéanmh ar chor ar bith. Creidim go mbeadh muid ag cliseadh ar scoláirí na tíre gan an bonnleibehál seo a chur san áireamh.* (AS 187, Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe).

Dar le haighneacht amháin dá mbeadh na sonraíochtaí ailínithe níos fearr leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) nach mbeadh an gá le díolúintí agus go mbeadh gach scoláire in ann an Ghaeilge a fhoghlaim ag a leibhéal cumais féin.

*Maidir le ceist na díolúine, mhol Conradh na Gaeilge gur chóir go mbeadh nasc níos treise ag an tsraith shinsearach Gaeilge leis an gcóras FTCE. Bheadh níos mó solúbthachta ag baint leis, mar sin. D'fhéadfadh scoláirí, nach raibh scileanna sealbhú teanga ró-láidir acu, iarracht a dhéanamh an A1, an chéad chéim ar an FTCE, a bhaint amach., Dá mbeadh deacrachtaí i scríobh na Gaeilge acu d'fhéadfaidís an scrúdú béil amháin a dhéanamh. Thabharfadh sé sin deis dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim, i slí níos neamhdhúshlánaí, agus ba chóir pointí ábhartha a bhronnadh orthu ina leith.* (AS 100, Comhchoiste Oireachtais).

Tá Bonnleibhéal imithe ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus rinne aighneachtaí áirithe machnamh ar an athrú seo.

*Tá Bonnleibhéal fós ina chnámh spairne ag scoileanna. Cuireann sé as go mór do roinnt múinteoirí agus scoláirí nach bhfuil a leithéid ann ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí agus cruthóidh sé tuilleadh struis ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Ba choir scoláirí a mhealladh i dtreo na Gaeilge ag a leibhéal cumais féin seachas lagmhisneach a chur orthu. Iarrtar ar CNCM féachaint go géar ar an bpointe seo*. (AS 201, Eagraíocht Scoileanna).

*The foundation level should be maintained as an option. We can see at Junior Cycle the students with lower language ability have now the opportunity to sit a common paper. Previously, the ordinary level paper allowed the students taking this level to feel confident in attempting and achieving on a paper that suited their level. The common paper is sat by all students who in previous papers similar cohorts would have attained an A on the higher level as well as those who would have attained a D in the ordinary level. This style of merging should not be repeated at Leaving certificate.* (AS 87, Duine Aonair).

## 4.2 LEANÚNACHAS CURACLAIM

D'aithin roinnt aighneachtaí go mbeadh leanúnachas le feiceáil tríd an gcóras anois maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge dá gcuirfí na dréachtsonraíochtaí seo i bhfeidhm. Céim thábhachtach a bheadh anseo in iarrachtaí an Gaeilge a threisiú ar fud na tíre.

*Is léir ón leagan amach ar na dréachtsonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 go bhfuil teimpléid á leanúint do dhearadh na sonraíochtaí nua uile don tSraith Shóisearach le béim ar leanúnachas i gcontanam na foghlama ón luath-óige go leibhéal na sraithe sinsearaí, agus bheadh muid ag teacht leis an gcur chuige sin.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

*Sa chéad 30 leathanach den dá shonraíocht, déantar cur síos ar an réasúnaíocht, aidhm, cuspóirí agus struchtúr na sonraíochtaí, ar an ngaol atá idir na sonraíochtaí seo agus príomhscileanna na sraithe sinsearaí agus ar an gcomhthéacs a bhaineann leo mar chuid de chontanam foghlama ón oideachas luath-óige go dtí an saol i ndiaidh na sraithe sinsearaí.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

*Anuas air seo, tá sé geallta sa chlár rialtais go mbeidh polasaí ann don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú Leibhéal, agus ba cheart go mbeadh ionchur lárnach ag an pholasaí seo, nuair atá sé forbartha, ar an chur chuige atá á leanúint ag na sonraíochtaí nua don Ardteistiméireacht. Ní mór dúinn an deis seo a thapú le teacht ar an mbealach ceart le foghlaim agus múineadh na Gaeilge a threisiú, agus ba cheart go mbeadh tacaíocht fhorleathan ann d'aon mhúnla nua ó na geallsealbhóirí uile chun go n-éireoidh leis.* (AS 36, Eagraíocht Ghaeilge).

Ar an lámh eile maíodh nach bhfuil an leanúnachas cuí ann fós agus nach bhfuil pleanáil chuimsitheach, chomhtháite le sonrú sa dá dhréachtsonraíocht maidir leis an bplean don Ghaeilge. Bhíothas den tuairim gur cheart tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar pholasaithe Stáit le cinntiú go dtarlódh a leithéid.

*Ba chóir aon athruithe don Ghaeilge sa tsraith shinsearach teacht mar chuid de Pholasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal.* (AS 106, Duine Aonair).

*Ba chóir aon athrú ar na sonraíochtaí ardteiste Gaeilge a bheith mar chuid de pholasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal. Tinte a mhúchadh go rómhinic a bhíonn ar siúl againn in ionad pleanáil go cuimsitheach, go comhtháite agus go fadtéarmach don Ghaeilge sa chóras oideachais....Chuimseodh an polasaí an Ghaeilge sa chóras oideachais ag gach leibhéal agus i ngach earnáil, leis an trí chroípholasaí seo a leanas san áireamh sa pholasaí: • An polasaí Oideachais Gaeltachta reatha; • Polasaí don Ghaelscolaíocht (a fógraíodh le déanaí atá le forbairt); agus • Polasaí don oideachas a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Bheadh an páirt-tumoideachas, tumoideachas iomlán, an curaclam, sonraíochtaí, oiliúint múinteoirí, bunú gaelscoileanna, díolúintí, measúnú agus eile san áireamh. Bheadh ciall agus ceangal comhtháite le foghlaim na Gaeilge don scoláire sa chóras ón gcéad lá sa réamhscoil go dtí scrúdú na hArdteiste agus ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal. (AS 77, Duine Aonair)*

> *Tá gá le pleanáil chuimsitheach, chomhtháite agus fadtéarmach don Ghaeilge sa chóras oideachais suas trí na leibhéil mar aitheantas ar a stádas agus a tábhacht mar cheann de theangacha oifigiúla na hÉireann.* (AS 91, Eagraíocht Oideachais).

I roinnt aighneachtaí cuireadh an locht ar chúrsaí ama maidir leis an easpa leanúnachais seo. Luadh an bhearna atá ann idir *Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)* agus an tSraith Shóisearach toisc nár eisíodh an curaclam nua ag leibhéal na bunscoile go dtí 2019. Bhíothas den tuairim go bhfuil bearna idir na torthaí foghlama ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí chomh maith toisc nach bhfuil na hathruithe leabaithe i gceart fós agus go dtógfaidh sé roinnt bhlianta eile chun é sin a dhéanamh. Mar sin creidtear gur cheart fanacht go dtí go bhfuil athbhreithniú déanta ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí chun an leanúnachas sin a chinntiú.

> *Níl leanúnachas ó Churaclam Teanga na Bunscoile agus an tSraith Shóisearach, cé go bhfuil seo luaite i sonraíocht na Sraithe Sóisearaí go bhfuil. Baineann seo le cúrsaí ama. Eisíodh na sonraíochtaí roimh leagan reatha Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) . Sa chomhthéacs seo, is fiú a lua gur thóg sé roinnt blianta, chomh maith le haiseolas ó mhúinteoirí, teacht ar an leagan de Churaclam Teanga na Bunscoile atá ann faoi láthair. Moltar féachaint air seo roimh thabhairt faoi aon athruithe ag an tSraith Shinsearach...... Moltar go mbeadh na Torthaí Foghlama ón tSraith Shinsearach ag teacht leis na Torthaí Foghlama don tSraith Shóisearach. M.sh. go mbeidh forchéimniú i gceist maidir le TF 1.1 idir an tSraith Shóisearach agus Shinsearach agus mar sin de. Is amhlaidh atá na torthaí foghlama leagtha amach* i *gCuraclam Teanga na Bunscoile. Tá forchéimniú agus dul chun cinn ann sna Torthaí Foghlama ó na naíonáin go rang a sé (Céim 1 - Céim 4) agus é seo léirithe go soiléir do na múinteoirí.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

## 4.3 TACAÍOCHTAÍ

Luadh go minic sna haighneachtaí an tábhacht a bhainfeadh leis na hacmhainní cuí a bheith ar fáil le gur féidir na dréachtsonraíochtaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach sna scoileanna. Tráchtadh ar acmhainní teagaisc, acmhainní measúnaithe agus acmhainní daonna.

### 4.3.1 ACMHAINNÍ TEAGAISC

Moladh go mbeadh soláthar cuí acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil in am tráth agus go mbeadh ionchur ag múinteoirí i gcomhdhéanamh na n-acmhainní seo. I gcás na gceantar Gaeltachta luadh an tábhacht a bhainfeadh le foinsí áitiúla agus an tslí go gcuirfeadh siad le saibhreas teanga agus cultúrtha na ndaltaí. Leagadh béim ar an tábhacht a bhainfeadh le teacht éasca a bheith ar an litríocht agus í a bheith in aon téacsleabhar amháin, fiú. Tagraíodh d'eispéireas diúltach na bpáirtithe leasmhara ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Léiríodh imní go gcuirfeadh dhá shonraíocht brú ar sholáthar cuí acmhainní.

*Moltar go mbeadh réimse ábhair thacaíochta ar fáil, chomh maith le físeáin dhea-chleachtais ar shuíomh curriculumonline.ie faoi mar atá i gcás Churaclam Teanga na Bunscoile. Bheadh cáipéis cosúil leis an gContanam Dul Chun Cinn an-áisiúil freisin mar thacaíocht do mhúinteoirí agus iad ag tabhairt faoi na Torthaí Foghlama ina seomraí ranga.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*Bheinn ag iarraidh a fhios a bheith agam chomh maith, roimh sheoladh na Sraithe Sinsearaí nua, cad iad na hacmhainní a bheadh in áit dúinn chun cabhrú linn agus lenár gcuid scoláirí tabhairt faoin tSonraíocht nua. Nuair a cuireadh tús leis an tSonraíocht Shóisearach, ní raibh na hacmhainní, a raibh uainn, in áit do mhúinteoirí roimhré. Ní raibh aon Téacsleabhair T1 ann, go dtí gur tháinig leabhair athchóirithe COGG ar an bhfód agus muid sa tríú bliain den chúrsa.* (AS 14, Múinteoir i nGaelcholáiste).

*Teastaíonn catalóg ábhair tacaíochta le béim láidir ar fhoinsí áitiúla agus go ndéanfaí seo sula gcuirtear aon leasú curaclaim i bhfeidhm. Tá seo ríthábhachtach i gcomhthéacs an PT [do cheantar Gaeltachta ] mar gur gné lárnach é seo i leith ardú feasachta faoi shaibhreas an traidisiúin agus an sainaitheantas Gaeltachta, rud a bheadh fíor i gcás chuile LPT sa tír.* (AS 99, Pleanáil Teanga).

*Ba cheart leabhar a chruthú a bhfuil an litríocht agus filíocht go léir istigh ann (cosúil le Soundings sa bhéarla na blianta ó shin) mar bhí sé an-dheacair teacht ar an bhfilíocht agus litríocht don S.S. Níl scoileanna nó múinteoirí chun dul amach agus leabhair a cheannach do dán amháin. Piocfaidh na comhlachtaí foilseacháin cúpla dán agus píosaí litríochta cosúil a dhearna siad don S.S. Agus an leabhar sin a chur amach.* (AS 171, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Faoi láthair, tá sonraíocht chomónta ann don Ghaeilge i scoileanna/aonaid a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus scoileanna/aonaid a fheidhmíonn trí Bhéarla, rud a fhágann gur féidir le gach scoil na téacsleabhair agus na hacmhainní teagaisc chéanna a úsáid. Dá dtabharfaí na sonraíochtaí nua seo isteach, bheadh sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh téacsleabhair agus acmhainní teagaisc ar ardchaighdeán forbartha agus ar fáil do na scoileanna sula gcuirfí na sonraíochtaí i bhfeidhm, le deis a thabhairt do mhúinteoirí ullmhú lena n-aghaidh. Moladh: Go leagfar síos amscála agus cur chuige soiléir d'fhorbairt agus d'fhoilsiú téacsleabhar agus acmhainní teagaisc don dá shonraíocht agus go lorgfar aiseolas ó mhúinteoirí agus ó gheallsealbhóirí eile maidir leis an cur chuige molta agus maidir leis na hacmhainní féin.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

### 4.3.2 ACMHAINNÍ SCRÚDUITHE

Tagraíodh chomh maith d'acmhainní a bhainfeadh le measúnaithe stáit (páipéir scrúduithe shamplacha agus scéimeanna marcála) a bheith ar fáil go luath as phróiseas. Rinne múinteoirí/scoileanna nasc leis an eispéireas a bhí acu ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

*Creidimid go bhfuil páipéir scrúdaithe shamplacha agus raon fairsing acmhainní ag teastáil go géar le haghaidh an chúrsa nua seo. Chruthaigh sé seo fadhbanna móra cheana féin i gcás na Sraithe Sóisearaí.* (AS 59, Gaelcholáiste).

*Tá sé an-tábhacht go mbeidh eolas ar na measúnuithe agus samplaí den chineál measúnaithe a bheadh i gceist ar fáil ag tús an phróisis. Cuideoidh sé sin leis na hathruithe a leabú isteach agus le meon agus straitéisí teagaisc a athrú. Dar le suirbhé a rinne An Gréasán i 2021 creideann 96% de mhúinteoirí gur cheart pacáiste de scrúduithe samplacha agus scéim mharcála a bheith foilsithe in éineacht leis na sonraíochtaí agus leis na dréachtsonraíochtaí.* (AS 106, Duine Aonair).

*Mar is eol do gach múinteoir, caithfear plean a bheith agat don teagasc agus foghlaim, léarscáil shoiléir den turas romhat. Caithfear a fhios a bheith agat cén ceann scríbe oideachasúil atá romhat, conas mar atá tú chun tabhairt faoin gceann scríbe sin a shroichint agus conas mar a bheidh a fhios agat go bhfuil ceann cúrsa bainte amach agat - critéir ratha, más maith leat. Gan an fhís sin, is turas an-strusmhar, anordúil é - agus b'shin an taithí a bhí againne le linn na chéad 3 bliana den tSraith Shóisearach nua. Ní raibh a fhios againn fiú cén cruth a bheadh ar an scrúdú deiridh go dtí gur eisíodh na Páipéir Shamplacha san Earrach 2020, le linn dár scoláirí bheith i mbun Réamhscrúduithe. Níor cheart go dtarlódh seo arís leis an tSraith Shinsearach.* (AS 14, (Múinteoir i nGaelcholáiste).

### 4.3.3 FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH

Thagair roinnt aighneachtaí don fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a cheart a sholáthar do mhúinteoirí Gaeilge sula dtabharfadh siad faoi na sonraíochtaí nua a chur i bhfeidhm. Maíodh go mba cheart go mbeadh an clár FGL seo cuimsitheach agus leanúnach. Ba mhinic gur nascadh tuairimí faoin FGL le tuairimí faoi acmhainní teagaisc agus scrúduithe. Arís eile, tagraíodh d'eispéireas na bpáirtithe leasmhara ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Aithníodh chomh maith go bhféadfadh soiléireacht faoin gceist seo míshocracht a mhaolú.

*Ní mór plean cuimsitheach a sholáthar maidir le forbairt ghairmiúil na múinteoirí agus an tacaíocht a bheidh ar fáil do scoileanna agus é seo a chur i bhfeidhm.* (AS 110, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Níl sé soiléir on dréachtsonraíocht an bhfuil plean cuimsitheach le bheith i bhfeidhm maidir le hoiliúint mhúinteoirí sula dtugann scoláirí faoin dréachtsonraíocht nua. Tá ceachtanna le foghlaim ón gcaoi a cuireadh an oiliúint ar fáil ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Le plean cuimsitheach i bhfeidhm, chuirfeadh sé deireadh le míshástacht i measc múinteoirí.* (AS 71, Eagraíocht Scoileanna).

*Bliain iomlán ar a laghad, roimh thús an chúrsa, moltar go mbeadh traenáil domhain agus leanúnach curtha ar fáil do GACH múinteoir chomh maith le treoir maidir leis an gcuma a bheidh ar an measúnú suimitheach, an caighdeán teanga a bheidh ag teastáil agus an scéim mharcála. Dár ndóigh, ní leor seimineár ann féin, caithfear*

*tacaíocht scoile leanúnach a sholáthar mar chuid den aistriú ón tSraith Shóisearach agus Ardteisiméireacht chuig an tSonraíocht nua don tSraith Shinsearach. Nílimid ag iarraidh go gceapfadh na múinteoirí go mbeadh orthu a gcleachtas reatha a chaitheamh amach nó neamhaird a thabhairt ar na modheolaíochtaí a bhí agus atá idir lámha acu, ach, go mbeadh sé soiléir gur síneadh a bheidh sa mhéid seo ar a gcleachtas reatha.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*Tá gá le scrúduithe samplacha agus scéim marcála a bheith curtha ar fáil sula gcuirtear tús leis an gcúrsa nua, agus go mbeadh traenáil chuimsitheach déanta ag múinteoirí agus acmhainní tacaíochta curtha ar fáil ar a laghad bliain scoile iomlán sula gcuirtear tús leis an gcúrsa nua. Tá géarghá le pleananna cuimsitheacha a fhorbairt le tabhairt faoin dúshlán nua seo do mhúinteoirí sula dtosaíonn an cúrsa. Dar le suirbhé a rinne An Gréasán in 2021 creideann 99% de mhúinteoirí gur cheart traenáil chuimsitheach a bheith déanta ag múinteoirí agus acmhainní tacaíochta a bheith curtha ar fáil ar a laghad bliain scoile iomlán sula gcuirtear tús leis an gcúrsa nua.* (AS 30, Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

*Tá gá le scrúduithe samplacha agus scéim marcála a bheith curtha ar fáil sula gcuirtear tús leis an gcúrsa nua, agus go mbeadh traenáil chuimsitheach déanta ag múinteoirí agus acmhainní tacaíochta curtha ar fáil ar a laghad bliain scoile iomlán sula gcuirtear tús leis an gcúrsa nua. Tá géarghá le pleananna cuimsitheacha a fhorbairt le tabhairt faoin dúshlán nua seo do mhúinteoirí sula dtosaíonn an cúrsa.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 4.3.4 ACMHAINNÍ DAONNA

Thagair líon beag aighneachtaí d’acmhainní daonna; sé sin leithdháileadh breise múinteoirí. Dar leis na freagróirí seo bheadh gá lena leithéid i scoileanna sa Ghaeltacht a bheadh ag iarraidh an dá shonraíocht a chur ar fáil. Is léir go bhfuil seo ag tarlú cheana féin ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

*An mbeidh scoileanna Gaeltachta in ann an dá shonraíocht a chur ar fáil sa scoil agus má bhíonn an mbeidh na hacmhainní tugtha don scoil chun go mbeidh na scoláiri i rang faoi leith ag brath ar an tsonraíocht a bheas siad ag leanúint?... Má bhíonn an dá shonraíocht dhá thairiscint i scoil Ghaeltachta, bheadh sé tábhachtach nach mbeadh ar mhúinteoir tabhairt faoin dá shonraíocht le grúpa ranga amháin, rud a chiallóidh go bhfuil baol ann go mbeadh an múinteoir sin ag diriú ar cheithre leibhéal ag ullmhú scolairí do scrúduithe -sin Ard agus Gnath leibhéal ag T1 agus T2. Ní bheadh sé seo ceart ná cóir agus déanfaidh sé tuilleadh dochar na maitheasa don teanga.* (AS 55, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Ní mór dúinn an dá chúrsa a dhéanamh in aon seomra ranga amháin. Is scoil bheag muid agus bíonn leithdháileadh na n-uaireanta teagaisc teoranta agus níl an dara rogha againn mar sin.* (AS 88, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

## 4.4 TIONCHAR NA N-ATHRUITHE

Bhí guth láidir le cloisteáil maidir leis an tionchar a bheadh ag an dá shonraíocht ar scoláirí, ar an bhfoghlaim, ar mhúinteoirí agus ar na scoileanna iad féin. Den chuid is mó léiríodh imní, buairt agus míshástacht maidir leis an méid a bhí sa dá shonraíocht.

### 4.4.1 TIONCHAR AR SCOLÁIRÍ

Thagair roinnt de na haighneachtaí don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe seo ar scoláirí i ngach comhthéacs oideachais. An téama ba choitianta a tháinig chun cinn ná an éiginnteacht maidir le rogha a bheith ann tabhairt faoi cheachtar den dá shonraíocht. Mhol mórán de na haighneachtaí go mbeadh rogha ann. Measadh i roinnt aighneachtaí gur gníomh éagórach a bheadh ann dá mbeadh sé éigeantach do scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus Gaelcholáistí tabhairt faoi chúrsa a bheadh níos dúshlánaí agus gan aon chúiteamh i bhfoirm pointí CAO breise ar fáil. Luadh i roinnt aighneachtaí gur sárú ar chearta an scoláire a bheadh ina leithéid. Ba mhinic gur nascadh tuairimíocht faoin ábhar seo le ceist na bpointí bónais; ábhar a bheidh faoi chaibidil thíos.

> *Cén chaoi a socrófar cé a thabharfaidh faoin tsonraíocht T1 /T2? Molann [an eagraíocht tuismitheoirí] gur cheart gur ar chumas teanga seachas cúrsaí tíreolaíochta a bheadh sé seo bunaithe*. (AS 84, Coiste Tuismitheoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

> *Ceapann an Bord go mbeadh sé tábhachtach go mbeadh cead ag an scoil an dá shonraíocht a thairiscint. Bheadh sé ró dúshlánach ag foghlaimeoiri na Gaeilge agus scoláirí le deacrachtai foghlama tabhairt faoi sonraíocht T1 agus bheadh an baol ann go rachaidh na scoláirí seo ag scoil eile a bheadh ag tairiscint an tsonraíocht T2.* (AS 55, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

> *Caithfear cothrom na féinne a thabhairt do gach scoláire ó thaobh an deis a bheith tugtha dóibh, pointi a fháil ins na scrúdaithe Stáit ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Tá sé fíor thábhachtach go mbeadh páirc na himeartha cothrom ag gach scoláire ó thus. Muna bhfuil aon rogha ag na scoláirí atá ag freastail ar scoileanna Gaeitachta agus Gaeilge na tire seo, agus go gcaithfidh said tabhairt faoin tsonraíocht T1, seans gurbh é an tionchar a bheas ag a leithid, nó go bhfaigh cuid acu laghdú pointí. Is iad na scrúdaithe poiblí Stáit an caighdeánach náisiúnta atá ann I ngach ábhar. Tá an deis céanna tugtha do gach scoláire gan srian, an leibhéal atá fóirsteannach dó féin a roghnódh agus tabhairt faoin Ardteist ag an leibhéal sin. Caithfidh go mbeadh a leithid amhlaidh ó thaobh scrúdú na Gaeilge de chomh maith*. (AS 230, Eagraíocht Scoileanna).

> *Má chuirtear ar scoláirí é a dhéanamh mar go bhfuil siad ag freastal ar scoil Ghaeltachta nó ar Ghaelscoil agus gan rogha a thabhairt dóibh, creidimid go huile is go hiomlán gur sárú cearta an scoláire atá i gceist. Cuireann sé fearg agus imní orainn go mbeadh níos mó brú ar ár gcuid scoláirí agus go mbeadh siad faoi mhíbhuntáiste mar go bhfuil siad ina gcónaí i gceantar Gaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge go mór faoi bhagairt cheana féin.* (WS 88, Iar-bhunscoil Ghaeltachta)

I gcás nach mbeadh rogha ag scoláirí tagraíodh don éiginnteacht a bheadh ann dá mbogfadh scoláirí ó scoil a fheidhmíonn trí Bhéarla chuig scoil Ghaeltachta/Gaelcholáiste, nó a mhalairt.

> *Cad a tharlóidh má bhogann scoláire ó scoil T1 go scoil T2? (nó a mhalairt).* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

> *Tá deacrachtaí cothaithe cheana féin i dtaobh na bPolasaithe Iontrála i scoileanna mar go mbeadh sé an-dúshlánach do dhalta aistriú chuig scoil T1 tar éis na Chéad Bhliana.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Mar chuid den tuairimíocht seo faoi rogha a bheith ag scoláirí luadh go raibh na sonraíochtaí doiléir ar an gceist.

> *Ar cheann de na ceisteanna is mó agus is casta atá tagtha chun cinn ó foilsíodh na dréachtsonraíochtaí tá an rogha idir an tsonraíocht T1 agus an tsonraíocht T2 do scoileanna. Is léir ón gcáipéis a d'fhoilsigh CNCM go bhfuil an tsonraíocht T2 dírithe ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus go bhfuil an tsonraíocht T1 ann do scoileanna/d'aonaid atá ag feidhmiú trí Ghaeilge (i. scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus aonaid lán-Ghaeilge). Mar sin féin, deirtear i gcás na scoileanna Béarla go mbeidh 'an rogha ann an tsonraíocht T1 a chur ar fail chomh maith' (lch. 38)2 . I gcás na scoileanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, tagraítear sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (lch. 33) do 'rogha an tsonrúcháin T1' agus do scoláirí a spreagadh leis an rogha sin a ghlacadh. Tá sé le tuiscint ón méid sin go mbeidh cead ag scoileanna agus ag aonaid a fheidhmíonn trí Ghaeilge an tsonraíocht T2 a sholáthar chomh maith.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

Fiú da mbeadh rogha i gceist cuireadh an cheist in aighneacht amháin an mbeadh fáil ag scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ar an gcúrsa T1 (nó aon chúrsa nua dá leithéid).

> *Ceist bhunúsach eile atá ag déanamh imní mhór [don choláiste Gaeilge] an mbeidh rang Gaeilge ag leibhéal Tl nó ag an Sárleibhéal ar fáil do gach scoláire sa tír ar mian léi/léis an rogha sin a dhéanamh, is cuma cén áit as a dtagann siad. Tá an-chuid scoláirí a fhoghlaimíonn sár-Ghaeilge tré fhreastal ar Choláiste Gaeilge bliain i ndiaidh bliana agus nach ndéanann freastal ar mheánscoil Ghaeltachta ná ar Ghaelcholáiste agus tá an-chuid scoláirí den tsórt seo nach bhfuil agus nach mbeidh fáil acu ar oideachas tré Ghaeilge go deo de bharr cúrsaí tíreolaíochta. Tá imní orthu siúd agus ar a gcuid tuismitheoirí go bhféadfadh siad titim idir dhá stól san idirdhealú idir Tl agus T2 agus dá bharr sin nach ndéanfaí freastal ceart orthu tré chúrsa cuí Gaeilge a bheith ar fáil ina scoil ina ndíreofaí ar theagasc na Gaeilge ar leibhéal feiliúnach.* (AS 52, Coláiste Gaeilge).

Luadh chomh maith go mb'fhéidir go mbeadh an cúrsa T1 ródhúshlánach do scoláirí áirithe, fiú más cainteoirí dúchais/líofa iad.

*Beidh sí ró-acadúil do chainteoirí ó dhúchas a bhfuil buanna/scileanna eile acu nach buanna acadúla iad is tá baol ann go ndearúdfar iad.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

### 4.4.2 TIONCHAR AR MHÚINTEOIRÍ

Léirigh múinteoirí sna comhthéacsanna éagsúla, iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ach go háirithe, tuairimí láidre faoin tionchar a bheadh ag na hathruithe seo ar a gcuid scoláirí agus orthu féin.

#### 4.4.2.1 GUTH AN MHÚINTEORA

D'impigh líon suntasach freagróirí go n-éistfí le tuairimí na múinteoirí agus go léireofaí go bhfuil luach lena dtaithí.

*….[to] keep this subject alive and to get it to thrive you will need to listen to the teachers who know best what is required for their subject area, they are the foot soldiers they need to be listened to, i can assure you the recommendations will lead to the demise of the language.* (AS 158, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Tá leasuithe de dhíth ar an Ardteist cinnte ach leasuithe eile, ní na cinn seo. Éist leis na múinteoirí Gaeilge. Tá siad cráite.* (AS 125, Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe).

*Éistigí linn le bhur dtoill. Muidne atá sna seomraí ranga, muidne a fheiceann an dóchar atá déanta ag an Sraith sóisearach úr don teanga. Le bhur dtoill éistigí linn.* (AS 183, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Súil agam go mbeadh tuairimí na múinteoirí chun tosaigh an babhta seo. Mar a deir an seanfhocal Ní haon mhaith a bheith ag seanchas agus an anachain déanta.* (AS 175, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Rud atá náireach ná, gur eagraíodh cruinnithe le tuismitheoirí sula raibh cruinnithe le múinteoirí, gan dabht chun tacaíocht a fháil le tuilleadh maide a bhuaileadh ar mhúinteoirí. Is léiriú ar an leibhéal drochmheasa atá orainn agus tarcaisne atá ag an CNCM dúinne mar mhúinteoirí nach bhfuil siad sásta dul i gcomhairle i gceart linn faoin dreachtshonraíocht seo.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

### 4.4.2.2 NEAMHSPLEÁCHAS AN MHÚINTEORA

Luaigh aighneachtaí áirithe, cinn ó mhúinteoirí atá in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla ach go háirithe, an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas agus saoirse an mhúinteora maidir le hábhar agus cur chuige teagaisc a chur in oiriúint dá gcomhthéacsanna féin.

> *Cén fáth nach féidir libh saoirse a thabhairt dúinn an teanga a mhúíneadh i slí a oireann an rang, a oireann na scoláirí os ár gcomhair? Beidh ranganna ann a mbeidh suim acu sa litríocht, sa filíocht, nó sa drámaíocht, agus sin deis iontach díriú isteach ar théacsanna áirithe. Ach beidh ranganna ann freisin nach léann fiú as Béarla, a cheapann go bhfuil an Ghaeilge "deacair" agus "leadránach." Gan dabht bheadh gníomhaíochtaí eile oiriúnach do rang mar seo. Nach bhfuil muinín i múinteoirí na tíre seo? Nach féidir linne cinneadh a dhéanamh ar an slí is fearr chun grá don teanga a chothú?* (WS 165, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Can teachers not be given the freedom and flexibility to teach the language, and hopefully impart their love of it, through whatever means best fit their class? Why must the course be so prescribed?* (AS 216, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Séard atá i gceist agam le saoirse a thabhairt dúinn an teanga a mhúineadh i slí a oireann don rang, a oireann do na scoláirí os ár gcomhair, ná go bhfuil gach rud leaghta amach dúinn sa rang, agus níl an seans againn suimeanna agus mianta na scoláirí a leanúínt. Mura mbeadh na scéalta, úrscéalta, drámaí agus dánta éigeantacha le déanamh, bheadh an deis againn rudaí a bhfuil suim ag na scoláirí iontu a dhéanamh. B'fhéidir go mbeadh úrscéal i gceist sa chás seo, ach b'fhéidir nach mbeadh. B'fhéidir go spreagfadh, cuir i gcás, ceolchoirm nó fís Youtube na scoláirí chun bheith ag caint agus ag scríobh as Gaeilge. Brathann sé ar an rang.* (AS 151, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 4.4.2.3 MÚINTEOIRÍ AG FÁGÁIL NA GAIRME

Luaigh roinnt beag múinteoirí go mbeadh tionchar ag na hathruithe seo ar a dtodhchaí sa ghairm. Tá nasc anseo leis na mothúcháin láidre a pléadh i rannóg 1.3.2.

> *Having read the draft to say i am shocked is an understatement , i cannot believe that the percentage for the Orals is reduced, having spoken to a vast number of other Irish teachers in T2 schools they share the same opinion, i have even spoken to some teachers who are contemplating a career change if such a change takes place as it is clear that we are not being listened to.* (AS 158, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Ní dóigh liom go mbeidh mé fhéin (agus b'fhéidir tuilleadh cosúil liom) i bhfad eile sa seomra ranga, má leantar lena bhfuil beartaithe*. (AS 207, Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe).

### 4.4.3 TIONCHAR AR GHAELCHOLÁISTÍ AGUS IAR-BHUNSCOILEANNA GAELTACHTA

Luaigh líon suntasach de na haighneachtaí go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ag córas na sonraíochtaí T1/T2 don líon tuismitheoirí/scoláirí a roghnódh freastal ar Ghaelcholáistí agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Bhí na freagróirí seo ag déanamh talamh slán de nach mbeadh rogha ag scoláirí maidir leis na sonraíochtaí, go mbeadh an cúrsa T1 níos dúshlánaí ná an cúrsa T2 agus nach mbeadh cúiteamh (i bhfoirm pointí breise CAO nó eile) ar fáil. Ó thaobh na nGaelcholáistí aithníodh go bhfuil na suímh sin i gceantair ina bhfuil iar-bhunscoil (nó iar-bhunscoileanna) Béarla in iomaíocht leo ó thaobh rollú scoláirí. Ó thaobh na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta tugadh le fios go bhféadfadh brú teacht ar rollú scoileanna atá ar imeall na gceantar Gaeltachta.

> *Meastar dúinn anseo go laghdófaí go mór ar an éileamh atá ar an scoil againne dá mbeadh ar scoláirí tabhairt faoin sonraíocht nua. Tá tuistí na scoile neirbhíseach ina thaobh cheana féin. Tá cuid acu ag caint ar a bpáistí a sheoladh chuig scoileanna Béarla ionas nach mbeadh orthu dul i ngleic le cúrsa atá níos dúshlánaí gan aon chúiteamh ó thaobh pointí sa bhreis de. Tá an Ghaeilge ag ár scoláirí mar theanga scoile ach níl sí sa bhaile ach líon bídeach d'ár scoláirí.* (AS 90, Gaelcholáiste).

> *I for one will transfer my girls to an English medium school where they will be treated fairly by the exam system and afforded an equal opportunity to follow their chosen path through the points system they are forced to compete in.* (AS 109, Tuismitheoir le Mac/Iníon i nGaelcholáiste).

> *Creating L1 and L2 papers as they stand, will most certainly foster negative attitudes towards Irish as, at a minimum, one could question why one cohort of students have a more demanding course (simply because they live in a Gaeltacht area or that they attend a Gaelcholáiste), with the opportunity to achieve the same points as those taking L2. In fact, it may be a disincentive to attend a Gaelcholáiste for those living in non-Gaeltacht areas.* (AS 87, Duine Aonair).

> *The Irish-medium and Gaeltacht schools are concerned that they stand to lose a certain number of students as a consequence of the introduction of the T1 specifications. Widespread opinion suggests that students will move to English language settings (T2 schools), particularly in relation to the Senior Cycle. This sector will be negatively impacted/damaged as a result of there being two specifications.* (AS 95, Eagraíocht Príomhoidí).

> *Píonós is ea é seo go bhfuil Gaelainn ar ár dtoil againn. Deineann an cinneadh seo neamhní don bhfíric shimplí go dtiomáinfidh sé seo na Gaeil as na Gaelcholáistí. Níl aon spreagadh anso don gcainteoir dúchais Gaelainne ná don bhfoghlaimeoir Gaelainne. In ionad dul go Gaelcholáiste, cúrsa diamhrach nua an Ll a dhéanamh agus níos lú pointí a fháil san Ardteist, beidh fonn ar an gcainteoir agus ar an bhfoghlaimeoir araon dul go scoil Bhéarla, agus pointí níos airde a fháil.* (AS 70, Grúpa Scoláirí i nGaelcholáiste).

*De bharr go mbeidh cúrsa Gaeilge níos deacra á dhéanamh ag scoláirí sna scoileanna ina bhfuil an teagasc trí Ghaeilge, beidh leisc ar thuismitheoirí (go háirithe iad siúd nach bhfuil Gaeilge acu), a bpáistí a chur chuig scoil T1. I gcás na n-iar-bhunscoileanna T1 lasmuigh den Ghaeltacht, beidh na scoileanna a mhúineann trí mheán an Bhéarla níos tarraingtí de bharr go mbeidh cúrsa Gaeilge níos éasca á mhúineadh iontu.* (AS 128, Múinteoir i nGaelcholáiste).

*Beidh dhá éifeacht ag na gcúrsa nua T1, sílim, ar scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna: Caillfidh siad sciar de na scoláirí is uaillmhianaí. Fanfaidh siad go dtí go mbíonn an Teastas Sóisearach déanta acu agus fágfaidh siad nó ní thiocfaidh siad ar chor ar bith. Ce a thógfadh orthu é agus iad in ann H1 a shiúl ar chúrsa T2 i scoil eile? An éifeacht a bhéas aige sin ná go gcaillfidh na scoileanna sin múinteoirí dá réir agus don chuid is mó `siad na múinteoirí is óige is fuinniúla a chaillfear…. Tiocfaidh scoileanna ar imeall na Gaeltachta faoi bhrú imeacht ó chóras na scoileanna Gaeltachta. Tá sé ag tarlú sna bunscoileanna atá ar imeall na Gaeltachta mar atá sé. Treiseoidh sé seo an t-athrú i dtreo an Bhéarla. Roghnóidh siad a ngasúir a chur chuig scoileanna Béarla nó tiocfaidh an pobal scoile faoi bhrú athrú go scoil Bhéarla. Ní chabhróidh ceachtar acu seo le cás na Gaeilge.* (AS 57, Múinteoir in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Chomh maith leis sin aithníodh go bhféadfadh go mbeadh dualgas ar iar-bhunscoileanna atá ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar scoileanna Gaeltachta an cúrsa T1, agus an cúrsa T1 amháin, a sholáthar dá scoláirí.

*Tá [an eagraíocht Ghaeilge] buartha go ndéanfaidh tuismitheoirí nó scoláirí cinneadh gan tabhairt faoi dhréachtsonraíocht T1, agus go mbeadh impleachtaí aige sin ar a gcinneadh freastal ar scoil Ghaeltachta, toisc go mbeidh béim ar shonraíocht T1 i scoileanna Gaeltachta faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Bheadh an baol céanna ann i gcás an ghaeloideachais, cé go mb'fhéidir nach mbeadh na himpleachtaí chomh tubaisteach céanna sa ghearrthéarma taobh amuigh den Ghaeltacht.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

*I dtaobh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, an mbeidh dualgas ar scoileanna atá ar thóir aitheantas mar scoileanna Ghaeltachta an T1 a chur i bhfeidhm chun cáiliú mar "scoil Ghaeltachta"? Níl an critéir ar lth. 11 den pholasaí (thíosluaite) soiléir go leor agus tá treoir agus soiléiriú mar gheall ar seo ag teastáil go géar.* (AS 110, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

### 4.4.4 TIONCHAR AR AN NGAELTACHT

Thagair múinteoirí, scoileanna, lucht pleanála teanga agus eagraíochtaí don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na sonraíochtaí seo ar ghnéithe éagsúla den Ghaeltacht**.**

### 4.4.5 TIONCHAR AR AN NGAEILGE

Thagair líon suntasach de na haighneachtaí don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na sonraíochtaí idirdhealaithe ar bhisiúlacht na teanga sna ceantair Ghaeltachta. Maíodh go bhfuil ról lárnach ag an gcóras oideachais maidir le caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht agus go gcaithfeadh an córas oideachais (na sonraíochtaí nua san áireamh) a bheith airdeallach ar sin. Bhí freagróirí áirithe den tuairim go ndéanfadh na forbairtí atá beartaithe dochar don Ghaeilge sa Ghaeltacht.

> *… tá sé ríthábhachtach dúinn mar choiste má dhéantar aon athrú ar an churaclam go rachaidh sé chun sochair na teanga agus leas na Gaeltachta.* (AS 132, Pleanáil Teanga).

> *Mar Oifigeach Pleanála Teanga [do cheantar Gaeltachta] ceantar láidir Gaeltachta, agus mar dhuine atá ag obair i gcúrsaí forbartha pobail sa Ghaeltacht le blianta, tá barúil mhaith agam go ndéanfaidh an polasaí atá beartaithe dochar do chruinnsealbhú agus cleachtadh na Gaeilge i measc an aosa óig.* (AS 58, Pleanáil Teanga).

Bhí aighneacht amháin go láidir den tuairim go ndéanann na sonraíochtaí nua seo neamhaird ar na riachtanais ar leith atá ag pobal teanga mionlaigh.

> *Is léir ó na leasuithe molta seo go bhfuil an CNCM ag iarraidh curaclam a dhearadh a bheas ag freastal ar gach riachtanas Gaeilge trí bhíthin córais aonadaigh; is é sin nach mbeidh ann ach corridirdhealú anseo is ansiúd le freastal ar riachtanais éagsúla teangeolaíochta ar chontanam na gcainteoirí aonteangacha Béarla go cainteoirí líofa dátheangacha Gaeilge agus Béarla. Sa ró-aird ar infheidhme chóras na bpointí Ardteiste, tá riachtanais oideachais agus sochaíocha na gcainteoirí líofa Gaeilge, go háirithe sa Ghaeltacht á ligean i dtraipisí sna dréachtsonraíochtaí seo. Tá cuma na hinnealtóireachta aisiompaithe (reverse engineering) ar na leasuithe curaclaim seo – córas a fheileas don mhaorlathas oideachais seachas do riachtanais na scoláirí atá ag iarraidh gaisneas a bhaint as. Is sa neamhaird ar na riachtanais fheidhmeacha, chultúrtha agus intleachtúla atá ag na cainteoirí líofa Gaeilge a fheictear mí-úsáid na cumhachta i gcás na CNCM ó thaobh chumadh na ndréachtsonraíochtaí de. Os a choinne sin, ní léiríonnn leasuithe seo na CNCM go bhfuil leochaileacht shóisialta an phobail Ghaelaigh ar an gclár oibre acu ar chor ar bith. Is leasuithe iad a chuirfeas le creimeadh na bpobal Gaelach seachas teacht i gcabhair orthu in am a ngátair. Má chuirtear na dréachtsonraíochtaí seo i bhfeidhm beidh an CNCM i measc na n-eagraíochtaí poiblí is féidir a áireamh atá ag tiomáint an aistrithe teanga go Béarla sa Ghaeltacht.* (AS 116, Duine Aonair).

Ag eascairt as an téama a pléadh roimhe seo maidir le scoláirí a bheith ag fágáil na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta le freastal ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (taobh amuigh den Ghaeltacht) luadh go mbeadh tionchar diúltach aige seo ar staid na Gaeilge sa Ghaeltacht.

> *Muna mbíonn rogha idir sonraíocht T1 agus T2 i scoileanna, d'fhéadfadh scoláirí scoileanna Gaeltachta a fhágáil le freastal ar scoil ina bhfuil cúrsa T2 ar fáil ann. Tá baol anseo do [Pleanáil Teanga i gceantar*

*Gaeltacht] mar nach bhfuil scoileanna T2 rófhada ón gceantar agus d'fheadfadh cuid d'óige an cheantair a bheith ag fáil a gcuid a gcuid oideachais i suímh Béarla rud a chuirfeadh as go mór don chothromaíocht teangeolaíoch atá leochaileach cheana féin.* (AS 99, Pleanáil Teanga).

Luadh go bhféadfadh na sonraíochtaí seo a bheith dearfach do scoláirí áirithe, ach bhíothas imníoch go bhféadfadh acadúlacht an chúrsa T1 lagmhisneach a chur ar scoláirí áirithe in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, rud a chothódh dearcadh diúltach i leith na Gaeilge.

*Beidh caighdeán níos airde ag foghlaimeoirí Gaeilge agus tuiscint níos fearr acu orthu féin mar fhoghlaimeoirí. Más scoil Ghaeltachta atá i gceist bheadh Gaeilge níb fhearr ar iliomad slite ag cainteoirí Gaeilge agus inniúlachtaí acu chun dea-chumarsáid ardéifeachtach a dhéanamh. Chuirfeadh sé sin go mór leis an nGaeltacht ach dá gcaillfí an cainteoir nach bhfuil comh 'hacadúil' bheadh an- bhaol ann go gcaillfí cainteoirí áirithe a gcuid muiníne agus go stopfadh siad ag ionannú le pobal na Gaeltachta agus go bhfágfaí ar an táirseach iad. Dá dtosnóidís ag samhlú an Ghaeilge mar theanga an léinn nár éirigh leo a bheith rathúil léi sa tsonraíocht bheadh buille an-mharfach ansin do chosmhuintir na Gaeltachta. Ní mór féachaint chuige go gcumasófar gach foghlaimeoir ar a aistear teanga trí dhíriú ar phrófíl na gcainteoirí agus na bhfoghlaimeoirí éagsúla.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

### 4.4.6 TIONCHAR AR CHOLÁISTÍ SAMHRAIDH

Dar le freagróirí áirithe d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na hathruithe atá beartaithe ar na coláistí samhraidh Gaeltachta agus ar gheilleagar na Gaeltachta trí chéile.

*De bharr an laghdú a bheidh's ar mharcanna don scrúdú béil (agus a d'fhéadfadh a bheidh níos ísle, ag brath ar an gcéatadán don phunainn agus 'MRB'/Tasc Cumarsáideach) Ní bheidh aon éileamh ar choláistí samhraidh a thuilleadh agus fulaingeoidh géilleagar na gceantar Gaeltachta.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*An gcuirfidh an tSonraíocht T1/T2 srian nó stop le scoláirí ag freastal ar choláistí Gaeilge le linn an tsamhraidh? Is fáinne fí a bheas ann. Arís ní hamháin go bhfuil sé ag cur bac le forbairt agus ag méadú líon na gcainteoiri Gaeilge sa tír, ach bheadh éifeacht tromchúiseach aige ar gheilleagar agus ar chúrsaí Eacnamaíochta na nGaeltachtaí ar fad. Bheadh mná tí na gcoláistí samhraidh agus a dteaghlaigh buailte, bheadh na siopaí áitiúla, na bialanna, na busanna agus na tiománaithe, coláiste samhraidh, múinteoirí, caidhadóirí agus cinnirí ar fad siar leis.* (AS 16, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Ní oireann na dréachtsonraíochtaí molta seo do scoláirí a fhreastalaíonn ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht. Má leantar leis an mhodh oibre atá á mholadh ag an CNCM ní bheidh gá dul chun na Gaeltachta agus, san fhad-téarma, beidh droch-thionchar ag na dréachtsonraíochtaí ar thodhchaí na gcoláistí Gaeilge.* (AS 36, Eagraíocht Ghaeilge).

## 4.4.7 TIONCHAR FADTÉARMACH AR AN TEANGA SA TÍR

Mhaígh freagróirí áirithe go bhfuil ról lárnach ag an gcóras oideachais i gcur chun cinn na Gaeilge go náisiúnta agus moladh, dá réir, go mbeifí airdeallach faoin gcúram sollúnta sin. Bhí tuairimíocht agus moltaí faoin ábhar seo nasctha leis an tuairim go bhfuil gá le hathrú ar an gcúrsa; ábhar a pléadh i rannóg 1.3.1.

> *Beidh impleachtaí móra ag aon athrú a dhéanfar ar chúrsa na Gaeilge san Ardteistiméireacht ar thodhchaí na Gaeilge. Is gá mar sin cinntí agus athruithe a dhéanamh go cúramach – níor chóir cinntí a dhéanamh faoi dheifre*. (AS 128, Múinteoir i nGaelcholáiste).

> *Ní féidir a shéanadh go bhfuil tionchar ollmhór ag an gcóras oideachais, go háirithe an Ardteist, ar stádas na Gaeilge, agus ar an dearcadh atá ag an tsochaí ar an teanga chomh maith. Nuair a chuirtear ceist orthu faoin nGaeilge, is é an chéad fhreagairt a thugann formhór na ndaoine ná a rá, "it's the way it's taught," nó "the education system ruined it on me," nó tugann siad tagairt diúltach de shaghas éigin do Peig. Cuirtear an dearcadh diúltach seo ar aghaidh ó thuismitheoirí go leanaí, agus mar thoradh air sin, féachann siad ar an teanga mar rud atá "neamhúsáideach" a gcaithfidh siad fulaingt tríd ar scoil. Braitheann todhchaí na teanga go mó ar an athrú seo i scrúdú na hArdteistiméireachta, agus caithfimid an deis seo a úsáid chun beocht nua a chur sa teanga, agus dearcadh daoine ar an nGaeilge a athrú.* (AS 167, Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Reform of the Leaving Certificate Irish syllabus is one of many key issues in the quest to conserve and promote the use of Irish in the daily lives of people on this island and further afield. To that end, it is imperative that thoughts of the Irish language classroom spark excitement and interest in students at second level, not dread and anxiety as is often the case at the present time.* (AS 209, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Luaigh roinnt mhaith freagróirí a n-imní faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe ar bhisiúlacht na Gaeilge agus an dearcadh i leith na Gaeilge go náisiúnta. Maíodh in aighneachtaí áirithe go bhfuil na hathruithe seo ag teacht salach ar pholasaithe eile an Stáit.

> *Is é mo thuairim go ndeánfaidh an sonraíocht seo dochar don teanga Gaeilge agus go cuirfidh sé leis an droch-íomhá agus an ghráin atá le bhrath ó roinnt scoláirí ar fud na tíre i dtreo an teanga.* (AS 155, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*De bharr go bhfeicim droch tionchar an curaclam T1/T2, is doígh liom nach gceart don chóras seo teacht isteach ag leibhéal na hardtéiste. Níl aon dabht agus go gcruthóidh sé níos mó fadhbanna agus níos mó naimhdis don ábhar agus níos measa ná sin, don teanga.* (AS 49, Duine Aonair).

*The Senior Cycle Draft Specifications L1 and L2 published by the NCCA on 23 February 2021 are an attack on the Irish language, on Irish medium schools, on Gaeltacht schools, and on all those pupils and teachers in the education system who seek to cultivate a higher standard of Irish. It is, in fact, an attack on the 20-Year Strategy for Irish, on Government Policy on Gaeltacht Education, and on the Official Languages (Amendment) Bill.* (AS 141, Duine Aonair).

### 4.4.8 TIONCHAR AR OLLSCOILEANNA

Thagair roinnt bheag aighneachtaí don tionchar a bheadh ag na hathruithe seo ar institiúidí tríú leibhéal. Cheistigh freagróir amháin na himpleachtaí a bheadh ann do chórais iontrála do chúrsaí in oiliúint tosaigh múinteoirí agus mhaígh freagróir eile go mbeadh impleachtaí ag na hathruithe seo ar chúrsaí ollscoile Gaeilge agus scoláirí tar éis staidéar a dhéanamh ar dhá chúrsa éagsúla.

*Níl aon tagairt d'impleachtaí na sonraíochtaí idirdhealaithe nua do riachtanais iontrála ar chúrsaí tríú leibhéal, ar nós na gcúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí (B OID nó MGO, mar shampla). Grád H4 an riachtanas faoi láthair. Ar leor H4 i siollabas T2 amach anseo? Dá mba leor, cén spreagadh a bheadh ann do scoláirí tabhairt faoi shiollabas T1? Cén gaol a shamhlaítear idir T1 Gnáthleibhéal agus T2 Ardleibhéal? Níl na difríochtaí idir na sonraíochtaí, ná an gaol idir na ceithre leibhéal, soiléir. Tá fíorbhaol ann go gclaonfaidh scoláirí i dtreo na gcúrsaí is lú dúshlán, dar leo.* (AS 24, Eagraíocht Gaeilge).

*Dá dtabharfaí isteach na dréachtsonraíochtaí nua, cruthófaí deacrachtaí don Ghaeilge mar ábhar ollscoile de bharr nach mbeadh slat tomhais comónta amháin (i. Gaeilge na hArdteisiméireachta). Ní phléitear an cheist seo ar chor ar bith sna dréachtsonraíochtaí agus ní fios, dá bharr sin, an ea go dteastódh cúrsa idirdhealaithe ag an tríú leibhéal (ceann do scoláirí a rinne an tsonraíocht T1 agus ceann do scoláirí a rinne an tsonraíocht T2), go mbeadh cúrsa aistrithe le déanamh ag scoláirí T2 lena n-ullmhú don chúrsa tríú leibhéal nó go gcaithfidh an caighdeán a ísliú don Ghaeilge mar ábhar tríú leibhéal (sa chéad bhliain den chúrsa tríú leibhéal nó go ginearálta). Is gá an cheist seo a shoiléiriú sula gcuirtear aon sonraíocht nua i bhfeidhm ag leibhéal na hArdteistiméireachta.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

## RANNÓG 5 – NA HAIGHNEACHTAÍ SCRÍOFA AGUS CEISTEANNA CÓRASACHA

Sa chuid seo den tuairisc pléifear na ceisteanna córasacha eile a tháinig chun cinn sna haighneachtaí. Ina measc luadh go minic múnla T1/T2, eispéireas na Sraithe Sóisearaí, moltaí eile i dtaobh mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge, agus tuairimí faoin gcomhairliúchán é féin.

## 5.1 MOLTAÍ AGUS TUAIRIMÍ FAOIN GCÓRAS T1/T2

Thagair roinnt aighneachtaí go sonrach don chóras T1/T2. Bhí aighneachtaí áirithe den tuairim go raibh deacrachtaí leis an téarmaíocht agus bhí freagróirí eile nár aontaigh leis an gcoincheap idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar theanga theagaisc na scoile. Go minic bhí na haighneachtaí seo ag déanamh talamh slán de nach mbeadh rogha ar fáil do scoláirí, go mbeadh an cúrsa T1 níos dúshlánaí agus nach mbeadh aon chúiteamh i bhfoirm pointí breise CAO ar fáil. Dá bharr bhí tuairimí faoi na hábhair sin ar fad fite fuaite le coincheap an T1/T2.

### 5.1.1 TÉARMAÍOCHT T1/T2

Bhí roinnt aighneachtaí a mheas go raibh doiléire ag baint leis na téarmaí T1/T2, go raibh easpa tuisceana i measc an phobail fúthu agus nach raibh a n-úsáid ag teacht leis an tslí a úsáidtear iad i ngort na teangeolaíochta.

> *Mion-phointe amháin gur mhaith liom a luath faoi seo ag an bpointe seo toisc go bhfuil baint aige leis an leanúnachas, ná gur cóir ainm na sonraíochtaí ag an Sraith Sóisearacha a athrú. Nil sé le tuiscint ag an gnáth phobal cad is ciall le T1(L1) nó T2(L2). Tá easpa tuiscinne ann ar na buntáistí a bhaineann le tabhairt faoin gcúrsa seo agus cén leibhéal ag a bhfuil gnáthleibhéal T1 i gcomhthéacs T2.* (AS 108, Príomhoide i nGaelcholáiste).

> *Tá an t-idirdhealú a dhéantar idir scoileanna T1 agus T2 soiléir ach casta ag an am céanna. Tá sé soiléir sa mhéid is go dtagraíonn siad do scoileanna ina múintear na hábhair trí mheán na Gaeilge (Teanga 1 nó T1) agus scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla (Teanga 2 nó T2) iad. Tá an t-idirdhealú casta, áfach, ar an ábhar go bhfuil na coincheapa T1 agus T2 á n-úsáid sna dréachtsonraíochtaí, agus sa chóras oideachais trí chéile, ar bhealach nach bhfuil ag teacht leis an gciall a bheadh leo in aigne an phobail, .i. céad agus dara teanga an duine. Anuas air sin, níl na húsáidí seo ag teacht leis an mbuntuiscint a bheadh orthu sa teangeolaíocht fheidhmeach agus i réimsí léinn eile…. Ach, tá cónaidhmiú áirithe anseo nuair a chuirtear san áireamh nach bhfuil na coincheapa T1/T2 in úsáid sa dóigh chéanna sna dréachtsonraíochtaí agus atá sa litríocht ar fhoghlaim agus úsáid teangacha. B'fhearr i bhfad, dar linne, téarmaíocht a úsáid a bheidh intuigthe agus úsáideach do lucht pleanála, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus d'fhoghlaimeoirí. Chuige sin, molaimid go seachnófaí an téarmaíocht T1 v T2 i dteidil na sonraíochtaí agus go ndíreofaí ina áit sin ar leibhéil a bheadh ailínithe le torthaí foghlama ag céimeanna éagsúla deacrachta (ó Bhonnleibhéal go dtí Sárleibhéal).* (AS 105, Institiúid Ardoideachais).

> *Go ndéanfaí athmhachnamh bunúsach ar an moladh Tl agus T2. Creidimid gur chóir imeacht ón téarmaíocht T1 agus T2 de bharr go gcruthaíonn an téarmaíocht sin míthuiscint i measc scoláirí na tíre.* (AS 52, Coláiste Gaeilge).

### 5.1.2 COINCHEAP T1/T2

Ar bhonn coincheapúil bhí líon suntasach freagróirí a mheas nach í teanga theagaisc na scoile an t-idirdhealú is éifeachtaí le cúrsaí Gaeilge a fhorbairt, go mór mhór agus difríochtaí móra idir na comhthéacsanna teangeolaíocha ina bhfeidhmíonn na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta éagsúla agus Gaelcholáistí.

> *Tá an córas a chuirfear i bhfeidhm don Ghaeilge sna blianta amach romhainn chomh tábhachtach sin, go bhfuil dualgas orainn uile a chinntiú go mbeidh an córas sin oiriúnach don fheidhm thábhachtach a bheidh leis. Agus de réir an dualgais sin, comhaontaíonn an Comhchoiste nach bhfuil córas an T1 agus an T2, mar atá sé sonraithe faoi láthair, oiriúnach don fheidhm sin. Mar sin, tá an Comhchoiste ag iarraidh ar an Aire Oideachais a chinntiú nach gcuirfear an córas sin i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh a Roinn imscrúdú iomlán air, agus ar na roghanna eile atá ann.* (AS 100, Comhchoiste Oireachtais).

> *Ar cheann de na pointí is conspóidí a bhaineann leis an díospóireacht idir T1 agus T2, i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge, ná an bhfuil sé cothrom go mbeadh scoláirí ó chúlra lán-Bhéarla sa bhaile ach ag freastal ar Ghaelcholáiste nó Aonad lán-Ghaeilge a bheith ag tabhairt faoin tsonraíocht chéanna is a bheadh ar siúl ag scoláire atá sáite sa Ghaeilge ó mhaidin go hoíche i gceantar Gaeltachta? Tá athbhreithniú ag teastáil ar an bpointe seo. An bhfuil sé oiriúnach sonraíocht T1 a bhrú ar scoláirí nó an bhfuil sé de cheart acu go mbeadh rogha ag scoil agus/nó ag scoláirí aonair tabhairt faoin tsonraíocht T2?* (AS 71, Scoileanna).

Bhí aighneachtaí eile a mhaígh go mba cheart cúram faoi leith a dhéanamh d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta.

> *Tá difríochtaí bunúsacha, suntasacha agus sonracha idir Scoil Ghaeltachta agus Gaelscoil taobh amuigh den nGaeltacht – agus gach a mbaineann léi– scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, pobal, córas pleanála teanga, cearta teanga agus cearta oideachais. Agus sinn ag díriú ar an gcúrsa nua atá molta don Ardteist - nílimse róchinnte an bhfuil aon bhéim curtha ar an éagsúlacht seo nó an bhfuil sé seo san áireamh fiú sa phróiseas sin nó go deimhin sa phróiseas seo faoin athchoiriú atá faoi chaibidil inniu againn?* (AS 98, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

Léirigh aighneacht amháin imní go bhféadfadh an t-idirdhealú idir scoileanna maidir le teanga an teagaisc dochar a dhéanamh do stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar ag leibhéal na hiar-bhunscoile mar aon le dearcthaí diúltacha, deighiltí agus dúshláin bhainistíochta a chruthú. Lena chois sin aithníodh go bhféadfaí faillí a dhéanamh ar scoláirí nach bhfuil teacht acu ar iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

*Cruthaíonn an deighilt T1 agus T2 atá á dhéanamh féidearthacht don Ghaeilge roghnach amach anseo. Níor cheart go mbeadh dhá Shonraíocht ann. Tugann sé teachtaireacht diúltach d'fhoghlaimeoirí Gaeilge ar fud na tíre. Tá sé ag cruthú deighilt idir chainteoirí Gaeilge nuair is cóir dúinn a bheith ag bailiú nirt. Ní dhéanann sé ciall dhá chóras a bheith ann ó thaobh bainistiú i scoileanna ar fud na tíre. Séanófar cearta teangan scoláirí ar fud na tíre. Déanfar faillí ar chainteoirí maithe Gaeilge in áiteanna den tír nach bhfuil fáil acu ar scoileanna T1. Íslíú céime don Ghaeilge go náisiúnta a bheidh's ann ar deireadh. Cruthaíonn sé féidearthacht do Ghaeilge roghnach sa todhchaí. Tabharfar isteach Gaeilge roghnach i scoileanna T2 agus beidh sí éigeantach i scoileanna T1. Ní bheidh cead aighnis ag scoileanna T1 mar go bhfuaireadar a raibh uathu dar le na húdaráis. Cuirfear luas le bás na Gaeilge sa Ghalltacht agus gan an Ghaeilge go náisiúnta cuirfear luas le bás na Gaeilge sa Ghaeltacht.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Rinne aighneacht ó institiúid ardoideachais cíoradh ar chastacht na gcoincheap T1/T2 agus impleachtaí na castachta sin dá n-úsáid mar uirlisí deartha curaclaim/siollabas/sonraíochtaí.

*Le tuairim is 20 bliain anuas, tá na coincheapa seo* [T1 agus T2] *á gcíoradh agus an t-idirdhealú eatarthu á laghdú. Glactar leis anois nach mbíonn deighilt shoiléir ann idir daoine a chuirtí roimhe seo i gcatagóir an chainteora dúchais (T1) agus i gcatagóir an chainteora dara teanga/an fhoghlaimeora (T2) ag leibhéal teoiriciúil ná i gcomhthéacs praiticiúil. Ag leibhéal teoiriciúil, bhí an idé-eolaíocht inar fréamhaíodh coincheapa an chainteora dúchais/na teanga dúchais lochtach mar go raibh sí bunaithe ar an tuiscint go bhfuil cumas (idéalach) ag duine ina theanga dhúchais, nó eolas ar leith uirthi, a dhéanann difriúil é ar bhealach intomhaiste le cainteoirí eile. Níl ann don chumas idéalach seo i gcás cainteoirí dátheangacha/ilteangacha. Ní féidir cumas teanga an duine dhátheangaigh a chur i gcomparáid le cumas an duine aonteangaigh ar bhealach bríoch. (Beidh difríochtaí ann i gcónaí ach ní chiallaíonn na difríochtaí sin ach go bhfuil duine aonteangach nó ilteangach). Tá castacht eile ag baint leis seo sa mhéid is nach féidir talamh slán a dhéanamh de go bhfuil aonchineálachas ó thaobh cúlra teanga i measc scoláirí in aon scoil 'T1' / 'T2'. Pléitear sna dréachtsonraíochtaí an 'gá' atá ann curaclaim ar leith a chur ar fáil do chainteoirí T1 agus cainteoirí T2 agus úsáidtear an tuiscint sin mar bhunús leis na cinntí a dhéantar sna dréachtsonraíochtaí.* (AS 105, Institiúid Ardoideachais).

Bhí freagróirí áirithe den tuairim go mbeadh an córas mí-chothrom mar go mbeadh cúrsaí níos dúshlánaí le leanúint ag scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ach gan aon chúiteamh breise i bhfoirm pointí breise CAO ar fáil.

*Creating L1 and L2 papers as they stand, will most certainly foster negative attitudes towards Irish as, at a minimum, one could question why one cohort of students have a more demanding course (simply because they live in a Gaeltacht area or that they attend a Gaelcholáiste), with the opportunity to achieve the same points as those taking L2.* (AS 87, Duine Aonair)

*Má ghlactar le cúrsa T1, faoin ainm sin nó an coincheap céanna faoi aon ainm eile, déanfar idirdhealú in aghaidh scoláirí Gaeltachta agus Gaelscoile bunaithe ar a dteanga dhúchais, rogha scolaíochta agus ceantar*

*dúchais. Tuigim nach í an aidhm í ach `sí an éifeacht í. Bheadh muide, lucht na Gaeilge, ar an t-aon ghrúpa a bheadh á mharcáil in aghaidh na gcainteoirí ab fhearr amháin san ábhar sin. Cuirfear cúrsa agus córas marcála níos géire i bhfeidhm dóibh siúd agus buailfear a dtorthaí ó thaobh pointí CAO de. Fiú má ghealltar pointí breise CAO cuirfear é sin ar neamhní mar gheall ar an obair bhreise a bheidh ag teastáil leis na pointí céanna a bhaint amach.* (AS 57, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Mheas aighneachtaí eile nár chóir idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar chúlra/cumas teangeolaíoch óir nach ndéantar a leithéid le teangacha eile an churaclaim, an Béarla san áireamh. Maíodh in aighneachtaí áirithe go ndéanfadh an córas T1/T2 éagóir ar scoláirí in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

*Tá an-chuid mhachnaimh agus plé déanta againn air seo. Táimid tagtha ag an tuairim seo bunaithe ar chothromaíocht agus iomaíocht gach scoláire sa tír. Ní cheart go mbeadh bac nó teorann ann do scoláire an leibhéal is airde a bhaint amach, cuma cén scoil ar a bhfuil siad ag freastal. Má tá buntáiste ann do scoláire faoi láthair i scoil T1, d'fhéadfá a rá gur mhacasamhail a bheadh ann do scoláire Béarla i scoil T2*. (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*An bhfuil gá le sonraíocht T1 & T2? Más ea, an gciallaíonn sé mar sin gur cheart Béarla T1 a thabhairt isteach do scoileanna lán-Bhéarla agus Béarla T2 a thabhairt isteach do na scoileanna lán-Ghaeilge?* (AS 71, Eagraíocht Scoileanna).

*Ag breathnú ar an scéal ó dhearcadh an dá phobal a bhfuil teanga oifigiúil éagsúil mar phríomhtheanga laethúil acu, bheadh sé réasúnta a bheith ag súil leis go mbeadh struchtúir den chineál céanna á mbeartú don Ghaeilge agus don Bhéarla araon mar chéad nó dara teangacha. Má bhí dhá chineál curaclaim le bheith ann don Ghaeilge, ag brath ar chúlra teanga agus scolaíochta na scoláirí, ba chóir go mbeadh an dá chineál ann don Bhéarla freisin, ag brath ar na saintréithe céanna.* (AS 51, Duine Aonair).

*Ba chóir go mbeadh an cúrsa Gaeilge Ardteiste céanna ag gach scoláire sa stát, mar atá sna teangacha eile. Ní chuirtear scrúdú níos déine ar chainteoirí dúchasacha Béarla, nó Pólaiannis, nó Franicís agus a chuirtear ar fhoghlaimeoirí, mar shampla. Má ghlactar le T1, cuirfear córas marcála níos géire i bhfeidhm ar scoláirí na Gaeltachta agus scoláirí Gaelscoileanna. Fágann sin go mbeidh cainteoirí Gaeilge faoi mhíbhuntáiste maidir le pointí CAO.* (AS 69, Pleanáil Teanga).

*Students attending a Gaelcholaiste should not be treated differently, simply because it was their choice to be educated through the medium of Irish. Students who are native French, Arabic speakers, for example, are not expected to study a different and more challenging curriculum compared to students who do not speak that language as their first language. The L1 proposal amounts to discrimination against native Irish speakers and those attending Gaelcholáistí. It would appear that these students will be unfairly penalised for choosing to be*

*educated through Irish. The Irish language has enough negatively already associated with it in the general population, not to mind disenfranchising another group who had initially taken a positive step by choosing Irish-medium education.* (AS 83, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

## 5.2 EISPÉIREAS NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Foilsíodh na sonraíochtaí T1 agus T2 do leibhéal na Sraithe Sóisearaí i 2017 agus tosaíodh á gcur i bhfeidhm i 2017. Téama a tháinig chun cinn an-mhinic sna haighneachtaí ná eispéireas múinteoirí agus scoileanna maidir leis na hathruithe sin. Thagair aighneachtaí do ghnéithe éagsúla de na sonraíochtaí sin, don chur i bhfeidhm agus don tábhacht a bhaineann le hathbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Rinne aighneachtaí nasc idir an drocheispéireas a bhí ag na páirtithe leasmhara leis na forbairtí sin agus na forbairtí atá beartaithe ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí.

### 5.2.1 EISPÉIRIS DHIÚLTACHA AGUS AN GÁ ATÁ LE HATHBHREITHNIÚ

Thug mórán aighneachtaí ó mhúinteoirí, scoileanna agus eagraíochtaí éagsúla le fios go raibh eispéireas diúltach acu le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí nua ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Thug scoileanna agus múinteoirí le fios nach bhfuil cúrsaí ag feidhmiú chun a sástachta agus tá athbhreithniú á n-éileamh acu dá réir. Fillfear ar cheist an athbhreithnithe i rannóg 13.

*.....tá fadhbanna móra ag baint le cur i bhfeidhm T1 agus T2 ag léibhéal na Sraithe Sóisearaí [sa scoil seo]. Ní dhearnadh athbhreithniú ar na cúrsaí úra sin go fóill. Tá cuid mhór lochtanna ag baint leis na sonraíochtaí sin.* (AS 88, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Nílim sásta ar chor ar bith leis an Teastas Sóisearach nua, agus más an múnla céanna a bheidh ar an Ardteist nua, ní dóigh liom go n-éireoidh go maith leis.* (AS 126, Scoláire - Neamhshonraithe).

*Tá eispéireas diúltach i mo scoil féin go dtí seo le Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*The JC reform has destroyed the attitudes students have to the subject and in turn is resulting in poor grades and hatred towards ár dteanga dúchais.* (AS 224, Múinteoir Gaeilge – Neamhshonraithe).

Bhí aighneacht amháin buartha faoi na forbairtí ar fad ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí.

*The Framework for Junior Cycle continues to be challenging for teachers. Research recently conducted by* [this union] *found that, almost seven years on, many teachers have reservations about the specifications in terms of*

*balance between content and skills, clarity of learning outcomes, assessment modalities, including the junior cycle examination. Above all, teachers were profoundly concerned about progression to senior cycle. This theme dominates in this and other (Ceardchumann Múintoeirí) research and influences teachers' views on curriculum change at senior cycle.* (AS 234, Ceardchumann Múinteoirí).

Bhí freagróirí áirithe níos dearfaí faoi na hathruithe ach luadh go minic nach bhféadfaí na sonraíochtaí a mheas go cuimsitheach mar gheall ar an bpaindéim agus an tionchar a bhí aici ar chúrsaí measúnaithe.

*Ar an iomlán tá an t-aischothú i dtaobh na sonraíochta dearfach cé go gcaitear a lua nach raibh scrúduithe stáit san ábhar bunaithe ar an tsonraíocht fós…. Is máistreacht áirithe faighte againn ar an tsonraíocht nua faoin tráth seo tuigtear go bhfuil sé de mhianach inti an taobh cruthaitheach den obair a mhéadú agus feasacht na scoláirí orthu féin mar fhoghlaimeoirí teanga a chur chun cinn.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*…níl aon mheasúnú déanta ar an pholasaí seo nó ar an tsonraíocht go fóill mar nach bhfuair na scoláirí seo deis aon scrúdaithe a shuí go fóill de bharr an phaindéim*. (AS 223, Pleanáil Teanga).

*Tá na sonraíochtaí T1 agus T2 á gcur i bhfeidhm sna hiar-bhunscoileanna ó 2017 i leith agus bhí siad le scrúdú den chéad uair in 2020 ach de bharr na paindéime COVID 19 cuireadh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí ar ceal in 2020 agus 2021. Toisc nár tharla na scrúduithe seo go fóill agus nach bhfuil athbhreithniú déanta orthu ní féidir breithiúnas ceart a dhéanamh ar na sonraíochtaí agus an chaoi a bhfuil ag éirí leo.* (AS 91, Eagraíocht Oideachais).

Rinne aighneacht amháin tagairt don dúshlán a bheadh ann dá mbogadh scoláire ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla go scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

*Bíonn dúshláin ag baint le scoláirí a aistríonn scoileanna, fiú scoláirí a aistríonn ó Aonad Gaeilge chun na scoile mar go mbíonn bearna mhór idir an caighdeán a bhí acu agus a gcomhscoláirí sa scoil Ghaeltachta ina bhfuil an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta i bhfeidhm.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

In aighneacht eile tagraíodh don dúshlán atá ann do scoil Ghaeltachta atá ag iarraidh an dá shonraíocht a chur ar fáil.

*Ní buntáiste í, áfach, go gcaithfidh na scoláirí atá sa Sruth Gaeilge T1 a dhéanamh nuair a dhéanann na scoláirí sa Sruth Béarla T2 ag leibhéal an Teastais Shóisearaí. Ní mór dúinn an dá chúrsa a dhéanamh in aon seomra*

*ranga amháin. Is scoil bheag muid agus bíonn leithdháileadh na n-uaireanta teagaisc teoranta agus níl an dara rogha againn mar sin. Tuigeann idir scoláirí agus thuismitheoirí go bhfuil an cúrsa T1 níos deacra ach cuireann muid ina luí orthu go mbaineann buntáistí leis mar go mbeidh caighdeán Gaeilge níos fearr acu dá bharr agus iad ag tabhairt faoin Ardteist. Ní féidir an pointe céanna a dhéanamh faoi T1 agus T2 ag léibhéal na hArdteiste.* (AS 88, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Mheas aighneacht eile go raibh tionchar ag na sonraíochtaí nua ar chinntí tuismitheoirí/scoláirí tabhairt faoin oideachas trí Ghaeilge.

*Le dá bhliain anois feicim go bhfuil níos lú scoláirí ag cur isteach ar an Aonad lán Gaeilge. Is é an cúis ná an curaclam T1/T2. Tá an curaclam seo i bhfeidhil le cúpla bliain anois agus ag an bpointe seo tá taithí ag scoláirí leis an gcuraclam, droch taithí. Cloisim scéalta ó scoláirí á rá nach bhfuil sé cothrom go raibh curaclam níos deacra le déanamh acu san Aonad lán Gaeilge. Insíonn siad é seo lena ndeartháireacha agus lena ndeirfiúracha sna bunscoileanna agus feicim go mbeartaíonn siad gan an t-Aonad lán Gaeilge a dhéanamh. Cloisim ó thuismitheoirí go bhfuil an iomarca brú ar scoláirí leis an gcuraclam T1, nach gceart dá bpáistí an tAonad lán Gaeilge a dhéanamh mar thorradh. Deir siad liom, ceard é an pointe obair breise a dhéanamh mura bhfuil aon ghrádanna níos airde ar fáil?* (AS 49, Duine Aonair).

## 5.2.2 LITRÍOCHT

Thug mórán aighneachtaí, cinn ó mhúinteoirí go príomha, cur síos ar an eispéireas a bhí acu le litríocht na Sraithe Sóisearaí. Rinneadh nasc idir an eispéireas sin agus na forbairtí atá beartaithe don tSraith Shinsearach. Léiríodh míshástacht nach raibh na liostaí litríochta ar fáil in am tráth.

*Mar shampla, mar is eol daoibh, (mar chuireamar mar Roinn Gaeilge na scoile gearán chugaibh faoi i Mí na Samhna, 2017), sa chéad bhliain den tSonraíocht nua, ní bhfuair na múinteoirí fógra ceart faoin rogha téacsanna a bheadh acu, chun seans a thabhairt dóibh iad a léamh/roghnú/ullmhú roimhré. Fuaireamar an liosta téacsanna do Bhl. 1 ar an 30 Lúnasa 2017. Bhíomar cheana féin ar scoil, ag múineadh an ghrúpa áirithe sin. Fuaireamar an liosta do Bhl. 2+ 3 i mí Bealtaine 2018, ag deireadh na scoilbhliana, agus muid faoi bhrú mar sin scoláirí bheith mar chuid den phróiséas cinnteoireachta faoi roinnt téacsanna, cosúil le húrscéalta, a roghnú agus bhí deacrachtaí móra le leabhair a ordú don Lúnasa dár gcionn (agus roinnt acu - na drámaí mar shampla - as cló). Inár dtuairimse, tá an cúrsa litríochta T1 sa tSraith Shóisearach ró-fhada, mar atá sé faoi láthair, le dul i ngleic le hinsealbhú ceart na teanga do scoláirí T1 Galltachta, agus bheinn cinnte go mbeadh sin mar ábhar machnaimh d'aon athbhreithniú ar an gcúrsa Sóisearach amach anseo.* (AS 14, Múinteoir i nGaelcholáiste).

Thug mórán de na haighneachtaí a thagair don litríocht le fios go raibh an iomarca litríochta ar an gcúrsa rud a chur le hualach oibre na scoláirí. Dar leis na haighneachtaí sin chuir an fócas ar an

litríocht bac le forbairt na teanga labhartha. Lena chois sin maíodh gur mhúch an t-ualach litríochta suim na scoláirí sa litríocht agus sa teanga araon.

> *Has NCCA not taken note of feedback from teachers on the new Junior Cycle? There has been plenty of discussion with facilitators at inservice days. The focus on texts and reading is completely unrealistic. This approach might work with a class of high-achieving, hard-working students, but it won't work in the majority of classrooms. The teachers will end up translating a lot of the texts in order to get the work ""covered."" Class time is so limited - every hour spent reading and dissecting a text is an hour less speaking the language*. (AS 157, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Tá ráite ag scoileanna go bhfuil an iomarca litríochta le clúdach, go gcuirtear an iomarca brú ar scoláirí agus mar sin go milltear an taitneamh atá le baint as an eispéireas. Cén fáth go bhfuil gá le liosta chomh fada, seachas staidéar níos doimhne a dhéanamh ar liosta litríochta níos giorra?* (AS 71, Eagraíocht Scoileanna).

> *Excessive amount of literature in both specifications: This is probably the most prevalent concern of teachers. It is excessively demanding of students and undermines the emphasis on acquisition of oral/aural communication skills. The over emphasis on literature is demoralising students in the opinion of many teachers. Some of the statements in [the union's] research include: "New course in Gaeilge has far too much literature leaving very little space for oral and listening practice. Inservice constantly promotes the new course but I feel the workload of literature leaves the students very anxious. The Gaeilge specification is overloaded with literature. It is very stressful trying to teach Higher Level Gaeilge with the amount of literature on the course while trying to develop other skills needed for students to be able to complete CBA's."* (AS 234, Ceardchumann Múinteoirí).

Maíodh chomh maith go raibh tionchar diúltach ag an líon litríochta a bhí le clúdach ar eispéireas agus inspreagadh na múinteoirí.

> *Nuair a thosaigh mé ag múineadh i 2014 bhí dúil agamsa ag dul isteach sa seomra ranga achan lá. Cé nach raibh mórán Gaeilge I [sa cheantar áitiúil] bhí sé easca na scoláirí a spreagadh le cluichí teanga. Bhí sé éasca dóibh an dul chun cinn a fhéiceáil nuair a bhí siad ábálta comhrá níos faide a bheith acu ar thopaic nó nuair a fuair siad cúpla ceist sa bhreis ceart sa rang. Ach anois? Tá an ghráin agam ag dul isteach sa seomra ranga agus ag múineadh filíochta agus gearrscéalaíocht do scoláirí nach bhfuil ábálta fiú abairt a scríobh nó ceist bhunúsach a fhreagairt. Tá an Sraith Sóisearach úr ag marú na teanga agus cuirfidh an Ardteist nua seo deireadh léi ina hiomlán.* (AS 183, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Agus freagróirí áirithe ag trácht ar an litríocht a bhí le clúdach tagraíodh do na saothair a roghnaíodh do na liostaí litríochta agus cé chomh éasca is a bhí sé teacht orthu.

*Ní raibh dóthain as an nGaeltacht ar an liosta litríochta ms amhrán nua-aimseartha as an nGaeltacht (a cumadh le 50 bliain abair).* (AS 57, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Tá an iomarca litríochta ar an gcúrsa. Níl fiúntas litríochta ina lán de na téacsanna. Níl siad taitneamhach do dhaoine óga, (ná do na múinteoirí atá á dteagasc!) Ní féidir teacht ar a lán den ábhar go héasca. (Is léir gur cothromaíocht ó thaobh canúna agus foilsitheoirí an cuspóir le roghnú na dtéacsanna seachas caighdeán) Tá na foinsí ró-scaipthe agus caitheadh go leor ama ar a dtóir. Níl sé éifeachtach ó thaobh cleachtais laethúla a bheith ag cóipeáil agus ag dáileadh an bunábhar teagaisc ar fad. Tá sé sin go breá le haghaidh nótaí breise agus araile. Níor chóir go mbeadh ar mhúinteoirí Gaeilge a bheith á dhéanamh. Níl sé amhlaidh le Béarla ná teangacha eile a bhfuil na téacsanna scríofa ar fáil go héasca in aon leabhar amháin.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Rinneadh tagairt chomh maith don ról a bheadh ag an litríocht sa mheasúnú stáit agus an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfoghlaim de ghlanmheabhair ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim.

*Firstly, it is not credible to argue that the personal responses of students to these texts will not include a heavy reliance on pre-prepared phrases and paragraphs which have been rote-learned. Worse still, for many students with teachers that can accurately predict the exam, rote learning of entire answers to questions in this section will see many students achieve full marks in this section without ever understanding or even believing the arguments that they put on paper. This is the current situation for this section. The 'personal responses' of students are not personal responses at all, they are merely the pre-prepared answers given to them by their teachers for the purpose of rote learning and regurgitation in a high-pressure, high-stakes, stress-laden exam. To continue as such with an increase in marks awarded for this section would represent a lost opportunity to tailor the way that students are required to engage with literary texts.* (AS 193, Múinteoir Gaeilge – Neamhshonraithe).

De thoradh an mhíshuaimhnis seo iarradh go ndéanfaí taighde ar úsáid na litríochta sa seomra ranga Gaeilge.

*Bheadh sé tábhachtach freisin anailís a dhéanamh ar conas atá ag éirí le cur chuige na litríochta i gcúrsa Gaeilge na sraithe sóisearaí ar dtús. Le cúrsa na sraithe sóisearaí, tá sé mar aidhm go n-eascróidh an fhoghlaim uile ón litríocht. Bheadh sé tábhachtach taighde cuimsitheach a dhéanamh le feiceáil an bhfuil ag éirí leis an gcur chuige sin ar leibhéal praiticiúil nó an bhfuil ag teip air? Ní mór fios a bheith ann freisin an bhfuil sé i gceist go mbeadh an córas céanna i bhfeidhm don litríocht sa tSraith Shinsearach. Tá gá le taighde a dhéanamh freisin le cinntiú go mbeadh go leor ama ag múinteoirí agus ag scoláirí na téacsanna uile atá luaite leis na dréachtsonraíochtaí a chlúdach go compordach taobh istigh den achar ama a chuirtear ar fáil don Ghaeilge, ag cur san áireamh an fhoghlaim uile eile atá le déanamh. Léiríodh míshásamh láidir go raibh an iomarca*

*téacsanna le clúdach ag leibhéal na sraithe sóisearaí mar shampla.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

### 5.2.3 MEASÚNÚ

Chuir mórán aighneachtaí tuairimí in iúl maidir leis an gcóras measúnaithe ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tagraíodh do na measúnaithe rangbhunaithe mar aon le páipéir scrúduithe agus cuireadh díomá in iúl nach raibh béaltriail ann.

### 5.2.4 PÁIPÉIR SCRÚDUITHE

Léirigh aighneachtaí áirithe a ndíomá maidir leis na páipéir shamplacha scrúduithe. Tríd is tríd measadh go raibh an páipéar ródhúshlánach agus gur chuir sé lagmhisneach agus imní ar scoláirí. Léiríodh díomá chomh maith nár cuireadh na páipéir ar fáil in am tráth.

*Páipéar samplach a bhí rófhada, rófhoclach, róchasta. Scantródh sé scoláirí maithe fiú agus chuirfeadh sé daoine a bheadh in ann caighdeán sách maith a bhaint amach i dtreo an Ghnáthleibhéil.* (AS 57, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Dar liom féin go bhfuil an páipéar seo dochreidte. Dúshlán fíochmhar do pháistí na Gaeltachta. Glac an Léamhthuiscint mar shampla. An-trom go deo. Le scéal fada a dhéanamh gairid - Tá mé den bharúil go bhfuil páipéar T1 don tríú bliain níos deacra nó mar atá an Ardteistiméireacht féin i láthair na huaire. ( Ag glacadh aois srl san áireamh) Tá sé i bhfad bhfad ró dheacair don mhórchuid scoláirí.* (AS 85, Múinteoir Gaeilge in Iarbhunscoil Ghaeltachta).

*Tá faoiseamh orm go bhfuil an tSraith Shóisearach curtha ar ceal agus go bhfuil mo mhúinteoirí i bhfeighil ar an measúnú. Tuigeann siad cas atá nó cad nach bhfuil déanta againn. Cuireann siad scrúdú le cheile chun freastal orainn. Déanann an Coimisiún na Srúdaithe Stait a mhalairt. Nuair a chonaiceamar na paipéir shamplacha baineadh geit asainn. Níl aon treoir soiléir don scrúdú. Mar dhuine óg cuireann se sin an t-uafás brú orainn.* (AS 172**,** Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla)**.**

*The late issue of sample marking papers has really been upsetting for teachers of Gaeilge and has influenced their response to the draft senior cycle specifications. More to the point, it has undermined their trust in the change process overall. It would also appear that many teachers felt that the sample paper provided for both levels was far too difficult, indicating to teachers that the SEC was 'out of touch' with the specifications. "The SEC did not inform teachers until November 2019 as to the allocation of marks and layout of the Gaeilge exam paper for 2020…. We were teaching a programme not knowing the assessment criteria of the formal exam. The Irish Junior Cert Higher Level sample paper was impossible and good Leaving Cert students would struggle*

*with this paper. Language of Reflection required in Gaeilge is very difficult for students. No thought in Sample Papers for former Foundation Level students of Irish."* (AS 234, Ceardchumann Múinteoirí).

### 5.2.5 NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE (MRB) AGUS AN PHUNANN TEANGA

Chuir roinnt aighneachtaí tuairimí in iúl faoi na measúnaithe rangbhunaithe. Luadh gur cur amú ama iad agus gur chuir siad an iomarca brú ar scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar scoláirí.

> *Ach in oiread leis na hábhair eile, is cur amú ama agus acmhainní daonna iad na MRBanna. Cuireann siad brú ar acmhainní scoile, go mór mór seomraí ríomhairí agus trealaimh. Tá tuilleadh páipéarachas agus eagrúchán i gceist agus cuirtear leis an strus sin ar fad nuair a bhítear ag brath ar chomhoibriú breise idir dhreamanna éagsúla. Cuireann siad isteach ar leanúnachas an teagaisc laistigh den ábhar agus lasmuigh in ábhair eile nuair a bhíonn siad á ndéanamh. Cuireann siad isteach ar imeachtaí eischuraclaim a thabharfadh na buntaistí oideachasúla céanna. Táthar ag baint an mhaitheas as eispéireas oideachasúil difriúil agus taitneamhach trí measúnú a dhéanamh orthu. Inár dtuairim tá an iomarca measúnú á dhéanamh mar atá.* **(**AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Bhíothas dearfach faoi phróiseas na MRBanna chomh maith.

> *D'éirigh go maith le scoláirí Measúnuithe Rangbhunaithe a chríochnú go sásúil agus ba chosúil gur bhain siad taitneamh agus tairbhe as a bheith gníomhach san fhoghlaim.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Luaigh aighneacht eile nárbh leor tuairiscíní mar chóras grádaithe/aiseolais.

> *… tá an dearcadh ann nach leor tuairiscín mar aitheantas don mhéid oibre a dhéantar chun na critéir a chomhlíonadh. Tá athbhreithniú ag teastáil ar an gcur chuige seo.* (AS 71, Eagraíocht Scoileanna).

Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl faoin bPunann Teanga chomh maith.

> *Tá an-imní orainn mar Roinn faoin bPunann Teanga. Tá sé soiléir dúinn agus do mhúinteoirí eile na tíre seo nach obair fhiúntach í ag leibhéal na Sraithe Sóiséaraí. Is cur amú ama í do na scoláirí agus cuireann sé an-bhrú orthu agus gan mharc ar bith ag baint léi!* (AS 212, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Is smaoineamh maith an phunann teanga…ní raibh an cur chuige i gceart ach bhí an tuiscint go gcabhródh a leithéid le gasúr (ceartú agus athcheartú srl.) le moladh.* (AS 57, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

### 5.2.6 BÉALTRIAIL

Luaigh mórán aighneachtaí gur údar díomá é nach bhfuil béaltriail mar chuid de mheasúnú foirmiúil na Sraithe Sóisearaí. Measadh gur céim síos a bhí anseo do thábhacht na teanga labhartha agus go raibh impleachtaí aige d'fhorbairt na teanga labhartha. Moladh, dá réir, béaltriail a thabhairt isteach.

> *Ba chóir an Scrúdú Béil a thabhairt thar n-ais ag leibhéal an Teastais Shóisirigh chomh maith.* (AS 178, Pleanáil Teanga).

> *Tá céim síos tugtha d'úsáid na Gaeilge mar theanga labhartha sa tsraith shóisearach toisc gan aon bhéim anois ar mheasúnú na teanga labhartha mar chuid de. Is gá fanacht le hathbhreithniú foirmiúil ar an tsraith shóisearach sula leantar den mhúnla sin a fhorbairt agus a leathnú chuig an timthriall sinsearach go háirithe agus imní forleathan a bheith léirithe ina thaobh sna pobail Ghaeltachta.* (AS 230, Eagraíocht Scoileanna).

> *Cuireadh deireadh leis an scrúdú cainte sa tSraith Shóisearach agus is céim thubaisteach siar í sin….Go gcuirfear Scrúdú Cainte ar fáil don tSraith Shóisearach chun béim ar labhairt na teangan a athbheochan agus chun leanúnachas teagaisc agus foghlama idir an dá shraith a chur i bhfeidhm.* (AS 232, Eagraíocht Múinteoirí).

> *Níl béaltriail ann. Is easpa ollmhór é sin d'fhoghlaim na teanga. Níl aitheantas ar bith ann don teanga labhartha sa mharc a fhaigheann scoláirí ón CSS (SEC). Léirigh suirbhé a d'fhoilsigh An Gréasán i mí an Mhárta 2020 go gcreideann 97% de mhúinteoirí Gaeilge gur cheart go mbeadh an obair labhartha mar chéatadán den mharc deiridh ar an teastas ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.* (AS 36, Eagraíocht Ghaeilge).

> *Tá scoileanna buartha mar gheall ar an easpa aitheantais a thugtar don Ghaeilge labhartha. Leis an seanchóras, mheall an 40% a bhí ag dul don bhéaltriail scoláirí le tabhairt faoin teanga ag an Ardleibhéal agus an Ghaeilge a fheiceáil mar theanga bheo. Cé go bhfuil sé ráite go gcuirtear béim ar an ngné labhartha tríd an bhfoghlaim, ní leor é. Ba chóir aitheantas a thabhairt don teanga labhartha sa mheasúnú chun scoláirí a mhealladh agus grá a chothú don teanga.* (AS 71, Eagraíocht Scoileanna).

> *Údar mór imní an cinneadh gan béaltriail a bheith mar chuid de chúrsa an Teastais Shóisearaigh, agus dá réir sin gan aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann scoláirí ar an teanga labhartha sa ngrád a bhronntar sa scrúdú ceann cúrsa. Ní spreagann sé sin lucht foghlama na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht ná ní thugann sé aitheantas ná misneach do chainteoirí dúchais ná do chainteoirí líofa eile chun barr feabhais a chur ar a gcumas sa teanga. Is gá athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an ngné bhunúsach seo den sealbhú teanga sa gcóras oideachais nuair a bheidh an chéad scrúdú sa Teastas Sóisearach suite sa ngnáthbhealach ag cohórt bliana scoláirí.* (AS 52, Coláiste Gaeilge).

## 5.3 MOLTAÍ AGUS TUAIRIMÍ EILE

Sa rannóg seo déanfar scagadh ar mholtaí agus ar thuairimí ginearálta a tháinig chun cinn sna haighneachtaí nár bhain go díreach le hábhar na ndréachtsonraíochtaí agus a dtionchar.

### 5.3.1 AN FRÁMA TAGARTHA COMÓNTA EORPACH (FTCE)

Thagair líon suntasach de na haighneachtaí don Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE). D'fhonn teagasc is foghlaim teanga éifeachtach a chinntiú luaigh mórán freagróirí go luíonn sé le dea-chleachtas go mbeadh na sonraíochtaí, nó aon chúrsa Gaeilge eile, ailínithe leis an FTCE. Luadh go bhfuil an FTCE luaite sa pholasaí, *Languages Connect: Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017-2026.*

Chabhródh an t-ailíniú seo le leanúnachas ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge a chothú sa chóras oideachais. Lena chois sin aithníodh gur slat tomhais aitheanta idirnáisiúnta é an FTCE a thabharfadh soiléireacht agus cinnteacht don státchóras, institiúidí tríú leibhéal srl. (anseo agus thar lear) maidir le cumais teanga. Aithníodh go raibh an FTCE luaite i sonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí ach nach raibh sé luaite sna sonraíochtaí don tSraith Shinsearach. Rinne aighneacht amháin cíoradh cuimsitheach ar thábhacht agus gnéithe éagsúla den FTCE agus cén chaoi go bhféadfaí é a úsáid do shonraíochtaí curaclaim.

> *Tá sé fíorthábhachtach a chinntiú go mbeidh leanúnachas agus dul chun cinn céimnitheach sna spriocanna foghlama a bheidh le baint amach sa Ghaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais, m.sh. ón mbunscoil go dtí an mheánscoil, ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach, agus ón Ardteist go dtí an tríú leibhéal. Is é an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (FTCE) an córas is mó a úsáidtear go hidirnáisiúnta chun an leanúnachas sin a chinntiú. Tá sé molta sa pholasaí, Languages Connect: Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017-2026, go ndéanfaí gach cúrsa agus scrúdú teanga a bhaineann leis na teangacha iasachta a cheangal leis an FTCE, ar mhaithe leis an leanúnachas agus an trédhearcacht…. Seo roinnt moltaí breise maidir le sonraíochtaí Gaeilge na hArdteiste a cheangal leis an FTCE: • Má bhíonn na sonraíochtaí ailínithe leis an FTCE, ba cheart go mbeadh an ceangal idir na sonraíochtaí agus an FTCE soiléir agus trédhearcach. Ní leor lipéid na leibhéal 'B1' nó 'B2' a úsáid. Ba cheart tagairt a dhéanamh do na scálaí éagsúla cumais a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi leith cumarsáide agus scileanna faoi leith teanga. Ba cheart cáipéis iomlán an FTCE a úsáid (go háirithe caibidil 3, leagan 2020) leis seo a dhéanamh, seachas na scálaí iomlánaíocha nach dtugann ach achoimre ar na scileanna. • Ní mór tuairiscíní an FTCE a chur in oiriúint do chomhthéacs na hArdteiste agus na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin gur gá na tuairiscíní a bhaineann le gníomhaíochtaí cumarsáide a chur in oiriúint do chomhthéacs sochtheangeolaíoch na Gaeilge, agus gur cheart sainiú níos mó a dhéanamh ar na scileanna teanga a bhaineann leis an nGaeilge (stór focal, gramadach, srl.), de réir mar is cuí. • Ba cheart leas a bhaint as an tsolúbthacht atá sa FTCE le freastal ar mhic léinn a bhfuil riachtanais agus próifílí éagsúla cumais acu*. (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

*Ba chóir an Creat Eorpach do Theangacha a thabhairt isteach mar chaighdeáin. Nil aon anailís cheart á dhéanamh ar líofacht na scoláirí, is cuma cén teanga atá ann. Cuideoidh sé sin le fios a bheith ag na coláistí agus fostóirí amach anseo faoi scil teanga an scoláire faoi leith.* (AS 121**,** Duine Aonair).

*Measaimid an-thábhacht go deo a bheith ag baint leis an moladh seo go ndéanfaí an tsonraíocht Ghaeilge a cheanagal leis FTCE. Bheadh buntáistí go leor ag baint leis seo, mar shampla gur mór an chabhair don Stát a bheadh ann agus iad ag iarraidh tuilleadh foirne le Gaeilge a earcú sa Státseirbhís***.** (WS 120, Cumann Scoláirí Tríú Leibhéal).

*Toisc go mbaintear úsáid as leibhéil an FTCE ar fud an domhain, bíonn trédhearcacht ag baint le cáilíochtaí atá ceangailte leis na leibhéil sin. Tuigeann múinteoirí, foghlaimeoirí, institiúidí tríú leibhéal agus fostóirí céard is brí le cumas A2 sa Fhraincis, nó le cáilíocht B1 sa Ghearmáinis. Cuireann sé leis an leanúnachas ó chúrsa go cúrsa, ó theanga go teanga agus ó leibhéal amháin sa chóras oideachais go leibhéal eile. De réir an pholasaí náisiúnta do theangacha iasachta sa chóras oideachais in Éirinn, ní mór gach scrúdú teanga a cheangal anois leis an FTCE. Cé nach bhfuil an Ghaeilge mar chuid den pholasaí sin, tá beagnach gach cúrsa agus cáilíocht teanga ó leibhéal na meánscoile go dtí an tríú leibhéal, ailínithe anois leis an FTCE. Is eisceacht í an dréachtsonraíocht nua Ghaeilge don Ardteist, rud a fhágann go bhfuil míréir idir é agus na céimeanna a thagann ina dhiaidh sa Ghaeilge ag an tríú leibhéal.* (AS 140, Eagraíocht Ghaeilge).

*The proposed new specifications do not appear to be aligned with government policy on the Irish language. The specifications are not linked in a transparent manner with the common European Framework of Reference for Languages (CEFRL), an approach recommended in the 20 Year Strategy for the Irish Language and also in the Department of Education's own strategy for the teaching of modern languages Languages Connect.* (AS 32, Duine Aonair).

*D'fhéadfaí na leibhéil éagsúla a cheangal leis an Fráma Tagartha Comónta Eorpach, rud a chinnteoidh go mbeadh na sonraíochta ailínithe ar bhealach trédhearcach le polasaithe eile an rialtais don teanga agus mar atá á dhéanamh i go leor tíortha eile. Fágfadh sé seo go mbeifear in ann caighdeán faoi leith a leagan síos (m.sh. B2) do scoláirí ar mian leo staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an tríú leibhéal agus cinnteofar, ar an gcaoi sin, go mbeidh leanúnachas sa chóras oideachais idir an dara agus an tríú leibhéal agus go mbeidh an bunchumas céanna ag scoláirí a bheidh ag tabhairt faoin nGaeilge ag an tríú leibhéal.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

*Moltar an coincheap T1 & T2 a fhágáil ar leataobh agus breathnú go dáiríre le sealbhú na teanga i gcomhthéacs Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha agus Sonraíocht/Curaclam/Siollabas a chruthú ar múnla TEG ach é a beith aoisoiriúnach. Bheadh cur chuige mar seo ina chabhair le foghlaimeoirí scileanna teanga a fhorbairt mar is ceart. An sprioc atá ann leis an FTCE ná an foghlaimeoir a chumasú le bheith in ann an teanga*

*a úsáid go héifeachtach ina s(h)aol acadúil, gairmiúil agus sóisialta i ndiaidh an chúrsa, seachas foghlaimeoir a ullmhú do scrúdú*. (AS 80, Eagraíocht Oideachais).

### 5.3.2 MÚNLA NA NUATHEANGACHA IASACHTA AGUS AN BHÉARLA

Mhol líon suntasach aighneachtaí go leanfaí múnla na Nuatheangacha Iasachta. Bhíothas den tuairim go spreagfadh seo múinteoirí le dea-chleachtais a roinnt agus go gcuirfeadh sé béim ar an teanga labhartha.

*Moltar go mbeadh na Torthaí Foghlama sa Ghaeilge ag teacht leis na Torthaí Foghlama sna teangacha eile ag an tSraith Shinsearach. Bheadh seo ag teacht le féidearthachtaí dea-chleachtais a roinnt thar na teangacha ar mhaithe le traschur scileanna agus tuiscint domhain an scoláire a fhorbairt.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*Caithfimid forbairt a dhéanamh ar mhódh cumarsáideach na dteangacha iasachta – agus é a chur i bhfeidhm go fonnmhar agus go nuálach mar táimid ag teacht ó áit na leathphingne anois - agus muid féin atá ciontach.* (AS 168, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Assess multiple shorter composition tasks The current required length of the composition, 500 - 600 words, is not fit-for-purpose and is the greatest perpetrator of memorisation. Setting multiple tasks that are more specific with a much smaller word count requirement would discourage rote learning and encourage students to actually learn the skills of composing and creativity. This suggestion is inspired by my experience with Leaving Certificate French, in which several short writing tasks are assessed. My ability to write better on-the-spot in French as opposed to Irish, which I've been learning for much longer, exemplifies the benefit of this mode of assessment.* (AS 208, Scoláire - Neamhshonraithe).

*I also teach Spanish and I really enjoy the freedom we have in class to try new activities, to explore the vast wealth of resources available to us and to give the pupils the opportunity to speak in class and to speak to each other. Getting them to speak in particular takes time and practice and patience. If we have to spend time on texts and indeed the portfolio, the opportunities for natural conversation will disappear. I remember attending inservice several years ago when the marks for the oral were increased. We learned lots of ways to encourage the students to talk, to improve their vocabulary, to improve their confidence and to really enjoy Irish class.* (AS 151, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

Bhí aighneachtaí eile ag maíomh go mba cheart go ndéanfadh sonraíocht na Gaeilge scáthánú ar shonraíocht an Bhéarla, ó thaobh a dhúshlánaí is atá sé agus ó thaobh na litríochta.

*Éilím go múinfí an Ghaeilge san Ardteist mar a mhúintear an Béarla. Éilím, mar sin, go mbeadh dhá leibhéal ann, Meánleibhéal agus Ardleibhéal, agus go mbeifí ag súil leis an gcaighdeán céanna ón mac léinn i nGaeilge*

*agus a táthar ag súil leis sa Bhéarla. Molaim go ndéanfadh an siollabas Gaeilge scáthánú ar an siollabas Béarla tríd síos. San áit a bhfuil dráma le Shakespeare ar an siollabas Béarla, molaim go mbeadh Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne ar an siollabas Gaeilge. I gcás go mbeadh scannán ar an siollabas Béarla, molaim go mbeadh dráma ar an siollabas Gaeilge. Molaim go mbeadh ceangal leanúnach idir an dá ábhar ionas go ndéanfaí forbairt ar shiollabas na Gaeilge de réir mar a dhéantar forbairt ar shiollabas an Bhéarla, agus go gcoinneofaí an dá ábhar ar comhchéim i gcónaí.* (AS 111, Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Is ga do aon siollabas nua scáthánú a dhéanamh ar an siollabas Béarla don tSraith Shinsearach agus an dúshlán céanna a thabhairt don chainteoir dúchais agus a mbeifí ag súil leis ó chainteoir dúchais Béarla. Don chainteoir dúchais agus do chainteóirí maithe Gaeilge is ga cúrsa a chur ar fáil atá oiriúnach agus a neartaíonn a gcuid scileanna teanga agus a fhorbraíonn a gcuid scileanna smaointeoireachta agus atá ar aon dul leis an siollabus Béarla.* (AS 102, Duine Aonair).

### 5.3.3 POINTÍ BREISE CAO

Thagair líon mór aighneachtaí don chúiteamh a cheart a bheith ann do scoláirí in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge dá mbeadh orthu tabhairt faoi chúrsa Gaeilge a bheadh níos dúshlánaí ná mar a bheadh in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Bheadh gá le cúiteamh cuí le scoláirí i suímh lán-Ghaeilge a mhealladh leis an tsonraíocht T1 a dhéanamh. Mura mbeadh a leithéid ar fáil thabharfadh scoláirí faoin gcúrsa T2 mar nach mbeadh sé chomh dúshlánach agus níos fusa pointí CAO a ghnóthú dá réir. D'éiligh líon mór aighneachtaí go mbeadh pointí breise CAO ar fáil don tsonraíocht T1 mar atá don mhatamaitic. Sa tuairimíocht seo tagraíodh do bhrú agus do thábhacht scrúduithe na hArdteistiméireachta agus pointí CAO.

*É sin ráite, tá sé riachtanach go mbeadh spreagadh agus cúiteamh ar fáil do scoláirí as cúrsa níos dúshlánaí a dhéanamh, mar shampla pointí bónais. Tá imní ann gur teip a bheadh i ndán don chúrsa nua mura mbeidh cúiteamh ann….Tá imní léirithe ag múinteoirí nach mbeidh scoláirí meánleibhéal sásta tabhairt faoi chúrsa níos dúshlánaí, gan aon chúiteamh ann dóibh. D'fhéadfadh seo dochar tromchúiseach a dhéanamh do cheantair Ghaeltachta agus don oideachas lán-Ghaeilge. Caithfear dul i ngleic leis an gceist seo mar chuid den phróiseas.* (AS 80, Eagraíocht Oideachais).

*The [cumann scoláirí meánscoile] does not support the general introduction of bonus marks for any subject however we acknowledge that the exceptional circumstances created by the split of L1 and L2 for Leaving Certificate do require a form of compensation for students only bonus marks could supply*. (AS 97, Cumann Scoláirí Meánscoile).

*No choice or compensation for sitting a more difficult exam than their counterparts attending English medium schools. This is descrimmination against students attending Irish medium schools. The Leaving cert is a standardised exam and should be a level playing pitch for all. Assessment has never been adjusted according*

*to perceived educational advantages or achievements. It is unprecedented that the students competing in the points race who have chosen a more challenging route for their own betterment and in the interest of the Irish language are then forced to participate at a more difficult level than their counterparts in the same race, without any official recognition. It is unfair and simply wrong!* (AS 109, Tuismitheoir le Mac/Iníon i nGaelcholáiste).

*Cén fáth ar chóir do scoláirí tabhairt faoi chúrsa níos deacra do na pointí céanna? Cén fáth ar chóir do scoláirí agus tuismitheoirí níos mó brú agus stró a chur orthu féin gan cúiteamh? Is é fírinne an scéil gurb é córas na bpointí an chloch is mó ar phaidrín gach scoláire agus tuismitheoir agus iad ag roghnú ábhar na hArd teiste. Mura gcuirtear pointí bónais CAO ar fáil (mar atá ann don Mhata) do scoláirí a dhéanann T1 ní roghnófar é don Ard teist.* (AS 48, Pleanáil Teanga).

*Leis an gcuraclam atá molta, bheadh sé réasúnta go roghnódh scoláire cúrsa T2, chun marcanna arda a bhaint amach, seachas díriú ar T1 agus obair bhreise a dhéanamh chun na pointí céanna a fháil: d'fhágfadh roghnú T2 am breise le caitheamh ar staidéar ar an mBéarla chun na pointí san ábhar sin a mhéadú. Bheadh mar thoradh ar chórais éagsúla don dá theanga a thabharfadh buntáiste d'fhoghlaim an Bhéarla sa tslí sin go laghdófaí an rochtain ar churaclam saibhrithe Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh di seachas a mhalairt. Má tá struchtúir éagsúla foghlama le cur i bhfeidhm ar phobail teanga na Gaeilge agus an Bhéarla, bheadh gá le coigeartuithe teicniúla i gcóras na bpointí atá cosúil lena bhfuil i bhfeidhm don mhatamaitic.* (AS 51, Duine Aonair).

*Tá sonraíocht T1 ann dúinne mar scoil Ghaeltachta & Sonraíocht T2 do na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. An chaoi go seasann rudaí ó fhoilsiú an dá shonraíocht an tseachtain seo, gheobhaidh scoláirí na scoileanna T2 an marc / grád céanna & a bhronnfar ar scoláirí i scoileanna i T1. Braitheann go leor againn go bhfuil mí-chothromaíocht anseo d'óige na Gaeltachta agus iad ag tabhairt faoi chúrsa a bheas níos dúshlánaí ná mar a bheas scoláirí i scoileanna T2. Tuilleann siad aitheantas as an dua breise mar atá na pointí bónais sa Mhatamaitic. Cén chúis atá ag an NCCA go mbeifí ag iarraidh an cainteoir dúchasach a chur faoi mhíbhuntáiste?* (AS 64, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Tá an plé ar bun i bhfolús. Ní féidir na cúrsaí nua seo a phlé gan iad a chur i gcomhthéacs an chórais ina mbeidh siad á gcur i bhfeidhm. Tá sé chomh maith dúinn bheith ionraic linn féin, gan a bheith ag cur i gcéill agus glacadh leis gurb iad pointí Ardteiste bun agus barr an chórais oideachais, córas na hArdteiste pé scéal é, sa tír seo. Ní hé an duine óg, ní hí an teanga, ní hí an scoil, ní hiad na múinteoirí, na tuismitheoirí, an pobal, ceantar na scoile nó fiú ní hé an t-oideachas féin é. Ach pointí Ardteiste. Caithfimid na cúrsaí nua a phlé sa chomhthéacs sin dá réir.* (AS 98, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

*Píonós is ea é seo go bhfuil Gaelainn ar ár dtoil againn. Deineann an cinneadh seo neamhní don bhfíric shimplí go dtiomáinfidh sé seo na Gaeil as na Gaelcholáistí. Níl aon spreagadh anso don gcainteoir dúchais Gaelainne ná don bhfoghlaimeoir Gaelainne. In ionad dul go Gaelcholáiste, cúrsa diamhrach nua an Ll a dhéanamh agus níos lú pointí a fháil san Ardteist, beidh fonn ar an gcainteoir agus ar an bhfoghlaimeoir araon dul go scoil Bhéarla, agus pointí níos airde a fháil.* (AS 70, Grúpa Scoláirí i nGaelcholáiste).

Agus aighneacht amháin ag trácht ar phointí CAO luadh tagairt do spreagthaí sa *Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2016).*

> *Nuair a chuimhnítear ar an mbrú a bhíonn ar scoláirí Ardteistiméireachta agus ar an mbéim a chuirtear ar phointí CAO, beidh sé thar a bheith deacair scoláirí Gaeltachta agus Gaelcholáistí a spreagadh le tabhairt faoin gcúrsa T1, cúrsa a bheidh níos dúshlánaí, in áit an chúrsa T2. Shamhlófaí go mbeadh an méid seo fíor go háirithe i gcás scoláirí nach mbeadh ag iarraidh nó nach mbeadh an cumas acu tabhairt faoin gcúrsa T1 ardleibhéil – bheadh níos mó pointí CAO ar fáil dóibh dá ndéanfaidís an cúrsa T2 ardleibhéil in áit T1 gnáthleibhéil. Ní phléitear ar chor ar bith i ndréachtsonraíocht T1 bearta le scoláirí a spreagadh leis an gcúrsa T1 a roghnú thar T2, agus cé go dtagraítear dá leithéid sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (lch. 35), is bearta iad sin nach mbainfeadh ach líon beag scoláirí (a bhainfeadh marcanna arda amach sa scrúdú) leas astu agus ní mheastar, dá bharr, go meallfaidís tromlach na scoláirí i scoileanna Gaeltachta nó i nGaelcholáistí. Moladh:*
>
> - *go gcuirfear spreagthaí ar fáil le scoláirí Gaeltachta agus Gaelcholáistí a mhealladh chun tabhairt faoin tsonraíocht T1 in áit na sonraíochta T2;*
> - *go mbeidh pointí bónais don CAO ar cheann de na spreagtha sin (ar aon dul leis na pointí bónais a tugadh isteach don mhatamaitic ardleibhéil in 2012).*
>
> (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

Bhí aighneacht amháin a bhí go láidir i gcoinne pointí breise CAO a bhronnadh.

> *Is ábhar buartha don [eagraíocht múinteoirí] é go bhfuiltear ag iarraidh pointí breise – pointí bónais – do scoláirí a thabharfadh faoi shonraíocht T1, murab ionann is na scoláirí a thabharfadh faoi shonraíocht T2. Bheimís go daingean in aghaidh a leithéid de mholadh. Bhronnfadh sé buntáiste breise áit a bhfuil neart buntáistí faoi láthair. I scoileanna nárbh fhéidir leo TI a chur ar fáil, scoileanna sa scéim DEIS ach go háirithe, chuirfí na scoláirí níos faide chun cúil. Leathnófaí réimse na míbhuntáistí atá á dtarraingt siar cheana féin. Ina theannta sin, thiocfadh bronnadh pointí breise salach ar pholasaithe an Rialtais agus na Roinne maidir le cuimsiú agus comhionnannas i gcúrsaí curaclaim agus measúnachta….Níor mhaith linn go n-osclófaí bearna pribhléide den tsórt sin ó thaobh na Gaeilge de idir scoileanna T1 agus scoileanna T2.* (AS 232, Eagraíocht Múinteoirí).

Bhí aighneacht amháin imníoch nach bhféadfaí na sonraíochtaí a mheas go cuí de bharr cheist na bpointí breise.

> *Tá sé deacair idirdhealú a dhéanamh idir impleachtaí na sonraíochta do scoláirí na scoile nó impleachtaí na drochphoiblíochta a thiocfaidh as an gconspóid maidir le hualach breise oibre gan aon chúiteamh breise marcanna. Is trua sin mar nach mór an tsonraíocht a mheas aisti féin seachas dul ag iomrascáil le conspóidí*

*polaitíochta/oideachasúla. Tá baol áfach go n-aistreodh scoláirí scoileanna chun tabhairt faoi shonraíocht T2 i scoil nach scoil T1 í agus ba thrua sin ach dá leagfaí béim ar an gcéiliúradh teanga agus ar na buntáistí go fadtréimhseach a bhainfeadh le T1 seans go bhfaighfí sin a chloí.* (AS 129, Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

## 5.3.4 MÚNLAÍ EILE LE CUR LE MÚINEADH/FOGHLAIM NA GAEILGE

Foilsíodh plécháipéis faoi choimirce Chonradh na Gaeilge i nDeireadh Fómhair 2021 (Hyland agus Uí Uiginn, 2021). Bhí an phlécháipéis seo mar chuid d'aighneacht scríofa amháin (AS 140, Eagraíocht Ghaeilge). Cuireadh dhá mhúnla féideartha i láthair ansin a d'fhéadfadh, dar leis na húdair, cur le foghlaim na Gaeilge. Rinne líon mór aighneachtaí tagairt don phlécháipéis seo agus ba mhinic aighneachtaí ag tógáil sleachta iomlána, focal ar fhocal, ón gcáipéis maidir leis an dá mholadh.

### 5.3.4.1 CEITHRE LEIBHÉAL

An chéad mhúnla a bhí sa phlécháipéis ná an córas a chruthú ina mbeadh ceithre leibhéal seachas an trí cinn atá ann i láthair na huaire. Bheadh pointí breise CAO ag dul leis an gcúrsa a bheadh ag an Sárleibhéal.

*Rogha 1 - Sonraíochtaí nua a chur ar fáil ag na ceithre leibhéal seo a leanas:*

- *Bonnleibhéal*
- *Gnáthleibhéal*
- *Ardleibhéal*
- *Sárleibhéal – cúrsa nua dírithe ar ardchaighdeán i labhairt agus scríobh na teanga mar aon le heolas ar ghnéithe de shaíocht agus litríocht na Gaeilge*

*Bheadh na buntáistí seo a leanas ag baint le Rogha 1:*

*1) Bheadh rogha ag scoláirí i scoileanna T1 tabhairt faoin scrúdú ag an Sárleibhéal dá mba mhian leo agus bheadh sé oscailte do scoláirí i scoileanna T2 tabhairt faoi freisin. Ní ábhar breise a bheadh i gceist cosúil le Mata agus Mata Fheidhmeach ach sonraíocht eile a fhreastalaíonn i gceart ar riachtanais foghlama cohórt scoláireí nach bhfuil freastal ceart déanta orthu ag leibhéal na sraithe sinsearaí go dtí seo.*

*2) Tá ceithre leibhéal i gceist faoin múnla seo mar atá leis na dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 ach freagraíonn na leibhéil seo níos fearr agus ar bhealach níos simplí, dar linn, do na spriocghrúpaí ar a bhfuil siad dírithe.*

*3) Ní bheadh gá le scrúdú T1 gnáthleibhéal, scrúdú nach mbeadh éileamh air.*

*4) Chinnteodh sé go ndéanfaí freastal ar an gcohórt scoláirí a mbeadh sonraíocht ag Bonnleibhéal níos oiriúnaí dá riachtanais foghlama.*

*5) D'fhéadfaí na leibhéil éagsúla a cheangal ar bhealach trédhearcach leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, rud a chinnteodh go mbeadh na sonraíochtaí ailínithe le polasaithe eile an rialtais don teanga.*

> *Bheadh na sonraíochtaí ag na leibhéil éagsúla seo oscailte do na scoláirí ar fad ar mian leo tabhairt fúthu agus bheadh líon áirithe pointí breise CAO ar fáil dóibh siúd a roghnaíonn an scrúdú ag Sárleibhéal mar chúiteamh as an obair bhreise a bheadh ag dul leis an tsonraíocht seo*. (AS 140, Eagraíocht Ghaeilge).

Thacaigh líon mór aighneachtaí le coincheap an mhúnla seo. Go minic ní raibh anseo ach a rá go rabhthas ag tacú leis na húdair nó moltaí an Chonartha. I gcásanna eile tógadh sleachta iomlána ón bplécháipéis focal ar fhocal.

> *Is é a bheadh sa gcúrsa Sárleibhéil cúrsa nuálach a bheadh dírithe ar ardchaighdeán i labhairt agus i scríobh na teanga mar aon le heolas ar ghnéithe de shaíocht, de litríocht agus de shaol na Gaeilge. Moltar go mbeadh líon áirithe pointí breise CAO ar fáil dóibh siúd a roghnódh an scrúdú ag Sárleibhéal mar chúiteamh ar an obair shuntasach bhreise a bheadh ag dul leis an tsonraíocht seo. Tá córas den tsórt seo i bhfeidhm cheana féin sa Matamaitic ó thaobh na bpointí breise de. Bheadh córas mar seo cothrom agus forásach agus bheadh buntáiste cuí le fáil ag scoláirí as obair bhreise ag leibhéal níos airde a dhéanamh. Gan na marcanna bónais seo, áfach, tá an chontúirt go roghnódh scoláirí – idir scoileanna Gaeltachta, Ghaelcholáistí agus scoileanna eile – cúrsa ag leibhéal níos ísle, rud a dhéanfadh praiseach den aidhm atá againn ar fad, mar atá, cúrsa a chur ar fáil a chuideoidh le scoláirí na tíre ardleibhéal cumais sa nGaeilge a bhaint amach.* (AS 52, Coláiste Gaeilge).

> *Tacaím go láidir leis na moltaí déanta sa phléchaipéis, curtha le chéile ag Fíona Uí Uiginn agus Áine Hyland a fhreagraíonn do Dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sinsearaí T1 agus T2 a foilsíodh do chomhairliúchán de chuid an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Sílim go bhfuil an phléchaipéis seo thar a bheith cuimsitheach agus gur chóir don CNCM gach moladh ann a thógáil ar bord….Bheadh na sonraíochtaí ag na leibhéil éagsúla seo oscailte do na scoláirí ar fad ar mian leo tabhairt fúthu agus bheadh líon áirithe pointí breise CAO ar fáil dóibh siúd a roghnaíonn an scrúdú ag Sárleibhéal mar chúiteamh as an obair bhreise a bheadh ag dul leis an tsonraíocht seo.* (AS 77, Duine Aonair).

> *Provide new specifications at the following four levels: (i) Foundation level, (ii) Ordinary level, (iii) Higher level AND (iv) Advanced level - a new course aimed at a higher standard in oral and written language skills along with the study of a broader range of Irish literature, literary history and culture. Additional CAO points should apply for those who choose the examination at Advanced level to compensate for the additional work involved and to incentivise students to undertake the course. (AS 54,* Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla*).*

Bhí aighneacht amháin, áfach, a léirigh imní faoin moladh.

> *Cén fáth go mbeinn in aghaidh aon leibhéal breise….sárleibhéal, mar shampla Tá go leor de na scoileanna Gaeltachta beag......níl sé indéanta duine a bheith ag múineadh ceithre leibhéal i rang agus is é sin a tharlóidh le "sárleibhéal". Ní dhéanfaidh sé leas na ngasúr ach an oiread. Ní bheidh an múinteoir in ann freastal orthu.* (AS 57, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

### 5.3.4.2 CÚRSA BREISE

An dara múnla féideartha a cuireadh i láthair ná cúrsa nua a chruthú a bheadh ag díriú ar litríocht agus saíocht na Gaeilge. Bheadh an cúrsa seo ag rith comhthreomhar le cúrsa Gaeilge a bheadh dírithe ar scileanna teanga. Rinneadh comparáidí leis an bhfreastal a dhéantar ar an matamaitic leis an matamaitic fheidhmeach.

> *Rogha 2 - Sonraíochtaí a chur ar fáil ag na trí leibhéal seo a leanas:*
>
> - *Bonnleibhéal*
> - *Gnáthleibhéal*
> - *Ardleibhéal*
>
> *AGUS*
>
> *Ábhar nua a fhorbairt Saíocht agus Litríocht na Gaeilge a bheadh ar fáil do chohórt scoláireí a mbeadh spéis acu tabhairt faoi ar an múnla céanna le Mata / Mata Fheidhmeach atá ar fáil faoi láthair do scoláirí. Bheadh an t-ábhar Saíocht agus Litríocht na Gaeilge ar fáil do na scoláirí ar fad ar mian leo tabhairt faoi agus bheadh pointí CAO ag dul leis ar an mbealach céanna le Mata / Mata Fheidhmeach.*
>
> *Bheadh na buntáistí seo a leanas ag baint le frámú Rogha 2:*
>
> *1) Bheadh rogha ag scoláirí i scoileanna T1 tabhairt faoin ábhar Saíocht agus Litríocht na Gaeilge dá mba mhian leo agus bheadh sé oscailte do scoláirí i scoileanna T2 tabhairt faoi freisin. Ábhar breise a bheadh i gceist cosúil le Mata agus Mata Fheidhmeach le sonraíocht a fhreastalaíonn i gceart ar riachtanais foghlama cohórt scoláireí nach bhfuil freastal ceart déanta orthu ag leibhéal na sraithe sinsearaí go dtí seo.*
>
> *2) Bheadh 3 leibhéal i gceist faoin múnla seo don Ghaeilge agus ábhar breise roghnach ag leibhéal amháin.*
>
> *3) Ní bheadh gá le scrúdú T1 gnáthleibhéal, scrúdú nach mbeadh éileamh air.*
>
> *4) Chinnteodh sé go ndéanfaí freastal ar an gcohórt scoláirí a mbeadh sonraíocht ag Bonnleibhéal níos oiriúnaí dá riachtanais foghlama.*
>
> *5) D'fhéadfaí na leibheil éagsúla a cheangal leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, rud a chinnteodh go mbeadh na sonraíochtaí ailínithe ar bhealach trédhearcach le polasaithe eile an rialtais don teanga.*
>
> *6) Bheadh tacaíocht don chur chuige seo ó pholaiteoirí sna páirtithe éagsúla mar tá múnla den chineál seo tagtha chun cinn sa chomphlé ar an gceist seo ag Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labahrtha na Gaeilge le cúpla mí anuas.* (AS 140, Eagraíocht Ghaeilge).

Thacaigh líon mór aighneachtaí le coincheap an mhúnla seo. Go minic ní raibh anseo ach a rá go rabhthas ag tacú leis na húdair nó moltaí an Chonartha. I gcásanna eile tógadh sleachta iomlána ón bplécháipéis focal ar fhocal.

> *Dhá ábhar Gaeilge don ardteist: - ábhar amháin - Cumarsáid na Gaeilge - a dhéanfadh gach scoláire staidéar air (agus na leibhéal bonnleibhéal, gnáthleibhéal agus ardleibhéal a bheith ann) agus an t-ábhar bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach. - ábhar eile - Saíocht agus Litríocht na Gaeilge - a bheadh mar ábhar roghnach ar nós mata fheidhmeach.* (AS 117, Eagraíocht Ghaeilge).

> *I think the best reform would be one that focuses on the language itself as the current modern foreign language exams do. An optional subject could be created where students with a high standard of Irish could opt to study Irish literature as a second Leaving Cert. subject, should they wish to do so. I believe this would better cater to all students and have a positive outcome for both our students and the language itself.* (AS 204, Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla*).*

> *…an additional optional subject based on the same model as Maths/Applied Maths. Additional CAO points should apply for those who choose the optional extra subject, based on the same principle as Maths/Applied Maths.* (AS 54, Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

> *Is scóiláire san idirbhliain mé agus ba mhaith liom a chuir in iúl duit go bhfuil mé in aghaidh an córas T1 agus T2. Tá mé ag tacú le tuairmí Conradh na Gaeilge agus eagrachtaí eile mar é maidir leis an córas.* (AS 61, Scoláire - Neamhshonraithe).

Bhí aighneachtaí áirithe a mhol go mbeadh pointí breise CAO ag dul don chúrsa a bheadh bunaithe ar litríocht agus saíocht na teanga.

> *Go ndéanfaí dhá chuid den churaclaim Gaeilge san Ard Teist : cuid 1 ina Ghaeilge bhunúsach fheidhmeach, dírithe ar chomhrá, ar chumarsáid agus ar gramadach a shimplí agus cuid 2 ina mbeadh béim ar an litríocht, stair na Gaeilge agus le heolas níos doimhne a chur ar an teanga ACH go mbeadh marcanna / poinntí breise a dtabhairt dona scoláirí a thógann an cúrsa roghnach breise seo den chúrsa.* (AS 123, Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Bhí meascán de mhúnlaí molta in aighneachtaí eile.

> *Cúrsa comónta Ardleibhéal don tír iomlán sa Ghaeilge chumarsáideach le béim ar an nGaeilge labhartha agus marcanna níos mó don chuid seo. Paipéar breise/ ceisteanna breise sa Ghaeilge ar an litríocht a thabharfadh pointí breise do scolairí ar suim leo í. Bheadh béim ar an nGaeilge labhartha don tír ar fad - an rud atá riachtanach agus ardmharcanna ag dul dó. Buntáiste fós ag an scoláire le Gaeilge mhaith marcanna arda a thuilleadh ar an bpáipéar seo. Leis seo bheadh fócas ar an nGaeilge labhartha ag cruthú pobail labhartha. Ní bheadh gá ag scoláirí nach suim leo an litríocht tabhairt faoin bpáipéar breise. Seo an bealach ar cheart an 'Litríocht bhreise' a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí páipéar breise/gearrchúrsa Ardleibhéal Ardteiste nua a a chur i bhfeidhm agus a d'fhreastalódh ar riachtanaisí na bhfoghlaimeoirí i scoil lán-Ghaeilge/Gaeltachta mar shampla.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta*).*

### 5.3.5 FÉIDEARTHACHTAÍ AN MHÚNLA REATHA

Thagair roinnt aighneachtaí do na siollabais Ghaeilge reatha agus an fhéidearthacht iad sin a chóiriú seachas tabhairt faoi athruithe substaintiúla.

> *Return to three papers . Higher, Ordinary and Foundation or rename them to flag change, if it would be deemed necessary. Rethink the make up and content of each allowing all to achieve the level of paper they wish to take. This will allow equity of achievement among the population of students taking Irish at second level.* (AS 87 (Duine Aonair).

> *Bheadh scrúduithe Ardteistiméireachta éagsúla ann faoin dá shonraíocht, ach níor luadh go mbeadh aon difríocht eatarthu maidir le córas na bpointí. Níor tugadh le fios ach an oiread go raibh aon mhachnamh déanta ar an gcuraclam reatha ag Bonnleibhéal, Gnáthleibhéal, agus Ardleibhéal a leasú mar mhalairt ar scéim éagsúil ar fad a thabhairt isteach.* (AS 51, Duine Aonair).

> *I strongly advise a re-evaluation of this proposal. To be honest there is little wrong with the current course. Perhaps, more oral/project work and a little less literature and we are on to a winner.* (AS 224, Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe).

> *Tá muid sásta leis an dóigh a bhfuil an Ghaeilge san Ardteist faoi láthair agus ráta ard de scoláirí ag tabhairt faoin Ghaeilge ag an ardleibhéal sa mheánscoil áitiúil,…go háirithe i gcomparáid 1e mórtheanga an Bhéarla agus na teangacha iasachta.* (AS 135, Pleanáil Teanga).

### 5.3.6 PÍOLÓTÚ

Thagair líon suntasach aighneachtaí don tábhachtach a bhainfeadh le hathruithe a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Rinneadh naisc leis an tábhacht a bhaineann le soláthar cuí forbairt ghairmiúil leanúnach agus acmhainní teagaisc. Luadh an tábhacht a bhainfeadh le scéim phíolótach a chur ar fáil ar dtús le cinntiú go mbeadh an cúrsa nua éifeachtach ag na leibhéil éagsúla.

> *Moltar amlíne réalaíoch a fhorbairt le haon sonraíocht nua a thabhairt isteach ag cur san áireamh an tréimhse phíolotach agus ag cur san áireamh go mbeadh FGL le cur san áireamh do mhúinteoirí.* (AS 107, Eagraíocht Ghaeilge).

> *Moltar go ndéanfar obair le scoileanna éagsúla ar bhonn píolóta thar thréimhse um fheidhmiú (dhá bhliain) le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na sonraíochta i suímh réalaíocha, praiticiúla. Moltar go roghnófar na scoileanna seo ar bhonn geografacha, stádas eacnamaíochta, líon scoláirí, teanga teagaisc na scoileanna agus ar inscne na scoláirí iontu. Caithfear monatóireacht rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn sula n-aontófar ar shonraíocht cinnte, deiridh.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*Ba cheart píolótú a dhéanamh ar an gcúrsa nua i roinnt bheag scoileanna sula gcuirtear i bhfeidhm é ar fud na tíre.* (AS 136, Institiúid Ardoideachais).

*Níl a fhios agam cén fáth nach bhfuil scéim phíolótach á moladh agaibh.* (AS 146, Duine Aonair).

*Cén fáth nár chuireadh scéim píolóteach i bhfeidhm ar dtús chun fháil amach an bhfuil sé oireannach cosúil a dhéanadh sa Mata agus sa Chorp Oideachas.* (AS 171, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

## 5.3.7 TIONCHAR SCRÚDUITHE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA

Thagair mórán de na haighneachtaí don tionchar mór atá ag scrúduithe na hArdteistiméireachta ar scoileanna, ar scoláirí, ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí. Maíodh go ndéantar cinntí straitéiseacha d'fhonn líon pointí CAO an scoláire a mhéadú. Dar le mórán freagróirí caithfear cumhacht na hArdteistiméireachta a chur sa mheá agus athruithe suntasacha á mbeartú don chóras oideachais.

*Ní féidir na cúrsaí nua seo a phlé gan iad a chur i gcomhthéacs an chórais ina mbeidh siad á gcur i bhfeidhm. Tá sé chomh maith dúinn bheith ionraic linn féin, gan a bheith ag cur i gcéill agus glacadh leis gurb iad pointí Ardteiste bun agus barr an chórais oideachais, córas na hArdteiste pé scéal é, sa tír seo. Ní hé an duine óg, ní hí an teanga, ní hí an scoil, ní hiad na múinteoirí, na tuismitheoirí, an pobal, ceantar na scoile nó fiú ní hé an t-oideachas féin é. Ach pointí Ardteiste. Caithfimid na cúrsaí nua a phlé sa chomhthéacs sin dá réir.* (AS 98, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

*Tá scrúdú na hArdteistiméireachta lárnach sa chóras iar-bhunscolaíochta, agus an córas oideachais trí chéile, agus tionchar lárnach á imirt aige i ngach ghné den chóras. Baineann an tionchar seo le scoláirí, le múinteoirí, le tuismitheoirí, leis an tríú leibhéal agus an pobal trí chéile. Imríonn an scrúdú tionchar ginearálta ar an nGaeilge sa saol níos leithne agus imríonn sé ról maidir le feidhmiú pholasaí an Stáit i dtaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta.* (AS 56, Duine Aonair).

*Tuigeann muid uilig le fada an lá go bhfuil tábhacht an mhór ag baint leis an Ardteist i saol gach scolaire, is bíonn caint is trácht air ón gcéad lá a dtéann siad isteach sa dara leibhéal. Bíonn tionchar mór aige ar a saol is iad ag déanamh a rogha gairme, is iad ag déiláil leis an Lár-Oifig Iontrála, is le córas na bpointí is an comórtas agus brú atá ag baint leo.* (AS 79, Coláiste Gaeilge).

*Leagtar cláir teagaisc agus foghlama amach de réir a bhfuil sonraithe sna siollabais agus de bhrí gur pointí ar mhaithe le cead isteach i gcúrsaí triú leibhéal an phríomh-aidhm a bhíonn ag tromlach scoláirí agus a gcuid tuismitheoirí, faraor, ní bhíonn de rogha ag foirne scoile ach an mhian sin a chur san áireamh agus an clár Gaeilge á chur i bhfeidhm acu, suímh Gaeltachta san áireamh.* (AS 99, Pleanáil Teanga).

*Ní call a rá go bhfuil tionchar ollmhór ag scrúdú na hArdteistiméireachta ar an gcóras oideachais trí chéile, ar chur chuige teagaisc na múinteoirí agus ar na roghanna straitéiseacha a dhéanann scoláirí chun an líon pointí is airde a bhaint amach.* (AS 91, Eagraíocht Oideachais).

## 5.4 TUAIRIMÍ FAOIN GCOMHAIRLIÚCHÁN

Nocht mórán aighneachtaí tuairimí faoi amlíne agus faoi dhearadh an chomhairliúcháin. Bhí líon áirithe freagróirí a mhol go dtabharfaí faoi chomhairliúchán nua.

### 5.4.1 AMLÍNE

Léirigh mórán aighneachtaí a míshuaimhneas faoi amlíne an chomhairliúcháin. Bhí freagróirí áirithe den tuairim nár cheart athruithe a dhéanamh nó comhairliúchán a reáchtáil mar nach bhfuil athbhreithniú déanta ar athruithe na Sraithe Sóisearaí go fóill. Thagair roinnt de na haighneachtaí don mhéid atá luaite sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (2016)* maidir le sonraíochtaí T1 agus T2 a fhorbairt don timthriall sinsearach. Bhí freagróirí eile den tuairim gur chuir an phaindéim as do chur i bhfeidhm na sonraíochtaí, cúrsaí measúnaithe ach go háirithe. Dar leo ní raibh sé cuí, dá réir, comhairliúchán a reáchtáil. Dar le roinnt freagróirí chuir an phaindéim isteach ar éifeachtacht an chomhairliúcháin chomh maith.

*Sílím gur cheart aon chinneadh faoi shonraíocht nua don Ghaeilge sa tsraith shinsearach a chur ar leataobh go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú ar an tsraith shóisearach déanta agus torthaí an athbhreithnithe curtha ar fáil. (AS 102, Duine Aonair).*

*Tá foireann [na seirbhíse tacaíochta] buartha nach bhfuil taighde nó sonraí cuimsitheacha ann, bunaithe ar thástáil, ar éifeacht na Sraithe Sóisearaí roimh thabhairt faoin tSraith Shinsearach nua (Ní raibh scrúdú go fóill). Tá sé de thuairim againn nár chóir tabhairt faoin tSraith Shinsearach roimh athbhreithniú cuimsitheach, leathan a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach.* (AS 113, Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí).

*Tá an méid seo a leanas luaite go sonrach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta: "Sa tsraith shinsearach, tosóidh obair ar shonrúcháin idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt don Ghaeilge nuair a bheidh na sonrúcháin idirdhealaithe don Ghaeilge sa tsraith shóisearach forbartha agus iad ag obair go maith sna scoileanna". Is léir go bhfuil moltaí an CNCM ag teacht salach ina iomláine ar an ráiteas seo; Ní mór a chur san áireamh an plé agus an díospóireacht níos leithne a bhaineann le feiliúnacht scrúdú na hArdteistiméireachta trí chéile agus cumas an scrúdú plé leis an saol reatha agus an saol sa todhchaí….*(AS 56, Duine Aonair).

*Mar a leagtar amach sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (lch. 33): "Táthar ag súil go dtosóidh obair ar shonrúchán idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt do Ghaeilge na sraithe sinsearaí nuair a bheidh na sonrúcháin idirdhealaithe don Ghaeilge sa tsraith shóisearach forbartha agus ag obair go maith sna scoileanna." Cuireadh na sonraíochtaí T1 agus T2 i bhfeidhm sa tsraith shóisearach den chead uair in 2017, agus bhí an cóhort sin le dul faoi scrúdú den chéad uair in 2020. De bharr impleachtaí Covid-19, cuireadh an Teastas Sóisearach ar ceal an bhliain sin agus mar sin níl aon torthaí scrúdaithe ann le hathbhreithniú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs na sonraíochta nua sin. Ní féidir a rá go cinnte go bhfuil na sonraíochtaí idirdhealaithe seo 'ag obair go maith sna scoileanna' ag leibhéal na sraithe sóisearaí agus moltar nach gcuirfear sonraíochtaí T1 agus T2 i bhfeidhm don tsraith shinsearach go mbeidh athbhreithniú iomlán déanta ar a bhfeidhmiú sa tsraith shóisearach agus fianaise ann go bhfuil tionchar dearfach acu ar chumas, ar chleachtas agus ar idé-eolaíocht teanga na scoláirí ó thaobh na Gaeilge de.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

*The consultation process for Senior Cycle Irish is underway despite the fact that no review at Junior Cycle Irish T1 and T2 levels has been done. As a consequence of Covid-19, students have yet to do Junior Cycle Irish. We strongly recommend that a full review of Junior Cycle Irish be undertaken before considering any changes to the Senior Cycle.* (AS 95, Eagraíocht Príomhoidí).

*Tá an méad sin brú ar na múinteoirí i mbliana cheana féin ní hamháin ón bPaindéim ach ag múineadh ar líne agus go fisiciúil ag iarraidh críochnú na cúrsaí, ag déanamh na marcanna don A.T. Tá sé níos deacra do mhúinteoirí bualadh le chéile i mbliana chun labhairt faoi na dreachtsonraíochta. Tá sé dochreidte go bhfuil sibh ag iarraidh é seo a dhéanamh i mbliana. I mo thuairim níl sibh ag smaoineamh ar meabharshláinte na múinteoirí.* (AS 171, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Creideann [an páirtí polaitíochta] nach é an t-am ceart leis an Chomhairliúchán a dhéanamh. Tá iarrtha ag [an páirtí polaitíochta] go gcuirfí an comhairliúchán siar. I gceist scríofa a chuir [an páirtí polaitíochta] ar an Roinn Oideachais ar 01/04/2021: 'Chun a fhiafraí den Aire Oideachais an mbeadh sí sásta an tréimhse ama don phróiseas comhairliúcháin faoin gcuraclam nua a mholtar do Ghaeilge na hArdteistiméireachta a leathnú ionas go mbeidh múinteoirí, scoileanna agus príomhoidí in ann páirt a ghlacadh i gceart sa phróiseas gan cur leis an mbrú faoina bhfuil siad ag obair faoi láthair agus srianta Covid-19, buairt sláinte agus coinníollacha nua múinteoireachta ag cur ualach breise ar a gcuid oibre; agus an aontaíonn sí nach féidir an chomhairle chuí a fháil ó mhúinteoirí, scoileanna agus príomhoidí agus iad faoin mbrú ollmhór seo.'I mbeagán focal, shonraigh an Roinn go raibh fios acu faoin bhuaireamh atá ar mhúinteoirí agus ar eagraíochtaí agus go bpléifear na ceisteanna sin amach anseo. Bíonn múinteoirí faoi bhrú de shíor, áfach, sa chás neamhghnách seo den phaindéim idirnáisiúnta, tá siad faoi níos mó brú ná mar a bhí riamh. Ní mór don Roinn agus CNCM a bheith ar an airdeall faoi seo. Tá [an páirtí polaiatíocht] agus na heagraíochtaí ar fad d'aon ghuth, níor cheart comhairliúchán chomh tábhachtach le seo a dhéanamh nuair nach bhfuil an aird ceart ag múinteoirí air.* (AS 15, Páirtí Polaitíochta).

*Sílimid gur chóir an spriocdháta don chomhairliúcháin agus cur i bhfeidhm an chúrsa nua (sé sin, Meán Fómhair 2023) a chur siar. Gan amhras, tá sé thar a bheith míshásúil go bhfuil an próiseas faoi lán seoil i rith paindéime.* (AS 22, Gaelcholáiste).

Mheas freagróirí áirithe go mba cheart na hathruithe/comhairliúchán a chur siar go dtí go mbeadh athruithe córasacha déanta ar an tSraith Shinsearach.

*I láthair na huaire tá athbhreithniú ag tarlú maidir leis an tsraith shinsearach. Ba cheart an próiseas seo a thabhairt chun críche agus ról lárnach don Ghaeilge a chinntiú sa mhúnla sin don sochaí i gcoitinne ach do na pobail Ghaeltachta ach go háirithe.* (AS 73, Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

*Tá athbhreithniú ar bun ar an tSraith Shinsearach sa chóras oideachais ina hiomláine go comhthreomhar leis an gcomhairliúchán seo ar Ghaeilge na hArdteiste. Ní furasta a thuiscint cén chaoi breithiúnas ceart a thabhairt ar ábhar amháin, go deimhin ceann de chroíábhair na hArdteiste, gan torthaí an athbhreithnithe sin a bheith curtha ar fáil don phobal. Tá cuma cart roimh an gcapall ar an gcur chuige seo.* (WS 91, Eagraíocht Oideachais)

*I láthair na huaire tá obair ag tarlú go comhthreomhar ar an timhthrial sinsearach. Ba cheart an próiseas seo a thabhairt chun críche agus ról lárnach don Ghaeilge a chinntiú sa mhúnla sin don sochaí i gcoitinne ach do na pobail Ghaeltachta ach go háirithe.* (AS 230, Eagraíocht Scoileanna).

### 5.4.2 DEARADH

Chuir freagróirí áirithe tuairimí in iúl maidir le dearadh an chomhairliúcháin. Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cruinnithe fisiciúla agus dá uireasa maíodh gur fágadh dreamanna áirithe faoi mhíbhuntáiste.

*Tá sé ríthábhachtach go mbeidh deis aon athrú sna sonraíochtaí a phlé i gceart sa phobal agus ní féidir seo a dhéanamh go héifeachtach ar líne.* (AS 223, Pleanáil Teanga).

*Tá rannpháirtíocht sa chomhairliúchán seo ag brath níos mó ná riamh ar an litearthacht dhigiteach, agus ar ghairis dhigiteacha agus ar cheangal éifeachtach idirlín a bheith ar fáil go saoráideach ag rannpháirtithe. Claonann sé seo an próiseas i dtreo na ngrúpaí is mó acmhainní agus i gcoinne grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí faoin tuath, pobail Ghaeltachta san áireamh, nach bhfuil ceangal maith idirlín acu. Tá gá le cruinnithe poiblí fisiciúla chun go mbeidh plé ceart ar cheisteanna a mbeidh impleachtaí fadtéarmacha acu do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge ar fud an chórais oideachais. Ní féidir cruinnithe sásúla a chur ar siúl faoi na cúinsí reatha agus ní leor cruinnithe ar líne, suirbhéanna ar líne ná grúpaí fócais ar líne mar chúiteamh ar an easnamh seo.* (AS 24, Eagraíocht Gaeilge).

Bhí freagróirí eile míshásta leis an ionchur ó mhúinteoirí sa chomhairliúchán.

> *Tugadh isteach an tSonraíocht gan aon chomhairliúchán ceart le múinteoirí. (Ar pháipéar d'fhéadfaí a rá go raibh sé déanta ach go réalaíoch ní raibh. Tharraing an NCCA grúpaí le chéile anseo agus ansiúd, glacadh le moltaí ach níor cuireadh i bhfeidhm iad agus leanadar ar aghaidh leis an rud a bhí uathu).* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Bhí roinnt de na haighneachtaí míshásta le leagan amach an tsuirbhé ar líne; an téarmaíocht/teanga a úsáideadh, na ceisteanna a cuireadh agus an easpa deise múnlaí eile a mholadh.

> *Le haiseolas ceart a fháil ón bpobal ar na dréachtsonraíochtaí seo, moltar eolas cruinn i dteanga shimplí, shothuigthe a chur ar fáil don phobal trí na meáin chumarsáide agus shóisialta, trí na naíonraí agus na scoileanna, trí eagraíochtaí pobail agus trí ghréasán na nOifigeach Pleanála Teanga agus aiseolas a lorg uathu.* (AS 103, Gníomhaireacht Stáit).

> *The draft specifications are filled with complex terminology and complex language. It is our opinion that before such documents are issues for consultation they are accessible and free of jargon that will make them inaccessible to a casual reader.* (AS97, Cumann Scoláirí Meánscoile).

> *Tuairiscíodh dúinn go minic le linn na tréimhse comhairliúcháin nárbh éasca dul i ngleic leis an suirbhé gan saineolas suntasach ag an té ar mhionsonraí ceisteanna curaclaim. Go deimhin, bhraith múinteoirí nach bhféadfaidís é a chomhlíonadh de bharr chur chuige agus castacht na gceisteanna. Ní raibh aon seans ag an ngnáthdhuine nó tuismitheoir tabhairt faoi go heolach ná go compordach agus dá réir, mhol [an eagraíocht oideachais] do dhaoine aighneacht a scríobh. Ag glacadh leis nach mbíonn taithí ag an ngnáthduine aighneacht a scríobh, agus go raibh castacht an tsuirbhé ina bhac ar dhaoine, tá baol láidir ann nach dtagann líon na naighneachtaí/an aiseolais a fhaightear le leibhéal na spéise sa cheist seo…. Easnamh suntasach a luadh go minic faoin suirbhé ná an cur chuige claonta sa mhéid is nach raibh aon tsolúbthacht ná spás ann múnlaí eile, seachas T1 agus T2, a mholadh.* (AS 91, Eagraíocht Oideachais).

> *I've already completed the survey. I don't believe it addresses any real parental concerns relating to the lack of resources for the fair implementation of T1 in Gaelcholáistí to leaving certificate level. It's a wholly aspirational document.* (AS 174, Tuismitheoir le Mac/Iníon i nGaelcholáiste).

> *Tá míshástacht léirithe ag múinteoirí maidir leis na suirbhéanna atá curtha ar fáil ag CNCM mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. Tá míshástacht léirithe faoi fhad agus faoi chastacht na suirbhéanna. Tá míshástacht léirithe freisin nach dtugann siad deis cheart do dhaoine a dtuairimí a chur in iúl, go bhfuil an t-eolas atá á lorg an-teoranta agus nach dtéann siad i ngleic leis na príomhbhuairimh atá ag daoine maidir leis na sonraíochtaí. Ní mór aghaidh a thabhairt air seo.* (AS 30, Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge).

*D'fhéadfaí dearadh na modheolaíochtaí do na suirbhéanna ar-líne a cheistiú. Tá na ceisteanna/roghanna claonta agus níl scóip ceart ann chun tuairimí a léiriú. Is ag lorg dearbhú é seachas lorg eolais.* (AS 65, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta).

Léirigh freagróirí eile a míshástacht faoi chur chuige ghnéithe eile den chomhairliúchán.

*D'fhreastlaíos ar chomharliúchán de chuid an CNCM agus bhí frustrachas uafásach ag baint leis. Scaoileadh le claonadh agus le tuairimí daoine áirithe (agus ón áisitheoir chomh maith a bhí in ainm is a bheith neodrach) tionchar a imirt ar an gcomhrá maidir le polasaithe agus sonraíochtaí don nGaelainn mar ábhar. Ní tugadh aon aird ar dhea-chleachtas, meas ar theangacha, nó ar thaighde agus fáisnéis atá firic-bhunaithe agus teanga-lárnaithe sa phlé a bhain leis an nGaelainn. Ba bhocht agus ba náireach an scéal é. Ní bheadh éinne ag súil le maslaí a sheasamh dá mbeadh fadhb phearsanta nó tuairim mhaslach agam mar gheall ar ábhar na tíreolaíochta ar scoil, mar shampla.* (AS 178, Pleanáil Teanga).

### 5.4.3 COMHAIRLIÚCHÁN NUA

Bhí freagróirí áirithe a mhol go gcuirfí deireadh leis an gcomhairliúchán seo agus go dtabharfaí faoi chomhairliúchán nua. I gcásanna áirithe moladh go dtosófaí as an nua leis an dearadh sonraíochtaí/curaclaim.

*Sa chomhthéacs seo creidimid gur cheart go mbeadh an dara comhairliúchán ann agus go mbeadh an t-eolas atá easnamhach uile curtha ar fáil mar chuid den dara comhairliúchán seo. Ba cheart go mbeadh liostaí litríochta, páipéir shamplacha, scéimeanna marcála, eolas faoin spreagadh a bheadh i gceist do scoláirí a thugann faoin chúrsa T1, agus freagraí na mbuncheisteanna uile eile san áireamh.* (AS 228, Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla).

*Ón anailís is féidir a dhéanamh ar an gconspóid phoiblí faoin gcomhairliúchán, is léir go bhfuil amhras ar an bpobal agus ar eagraíochtaí poiblí faoin mbun-tsraith fianaise is bonn de na dréachtsonraíochtaí seo. Ina theannta sin, ní airím go bhfuil muinín ag an bpobal go ndeachthas i gcomhairle ar bhealach leordhóthanach leo siúd a bhfuil saineolais acu ar an oideachas mionteanga. Is fianaise na laincisí seo ar an bpróiseas comhairliúcháin is deacair ag an CNCM a mhaíomh go bhfuil an próiseas a thionscnaigh siad barantúil. I bhfianaise an dochair a d'fhéadfadh na leasuithe seo a dhéanamh, mholfainn go dtosófaí ar an bpróiseas arís agus go mbeadh rannpháirtithe a thuigeann an t-oideachas mionteanga lárnach i ndréachtú na leasuithe.* (AS 116, Duine Aonair).

*Éilíonn [eagraíocht tuismitheoirí sa Ghaeltacht] ar mhaithe leis an nGaeltacht, le slánú na bpobal teanga, an méid acu atá fágtha agus chun go dtiocfadh an chéad ghlúin eile faoi bhláth, go gcuirfí stop iomlán leis an bpróiseas lochtach seo. Lochtach mar nach bhfuil an t-eolas ceart againn le haon bhreithiúnas a dhéanamh ar*

*an gcóras nua seo. Éilíonn [eagraíocht tuismitheoirí sa Ghaeltacht] chomh maith go gceapfaí idirghabhálaí nó eadrascánaí agus go gcuirfí córas ar bun, le hiniúchadh ceart a dhéanamh ar an bhfreastal cuí teanga agus oideachais laistigh den gcóras atá i bhfeidhm – córas na bpointí - do dhaoine óga sa Ghaeltacht, chun deis a thabhairt dóibh barr a gcumas féin sa teanga a bhaint amach agus nach gceilfí a gcearta teanga ná a gcearta oideachais orthu. Iarraimid go labhrófaí le muintir na Gaeltachta – scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine óga, fostóirí, eagraíochtaí stáit, teanga agus pobail. Muna dtabharfar faoi seo i gceart, beidh scoilt ann. Cuirfear go leor den dul chun cinn atá déanta ó thaobh chúrsaí oideachais agus pleanála teanga de sa Ghaeltacht ó mhaith.* (AS 98, Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht).

Bhí freagróirí eile den tuairim go gcaithfí scrúdú a dhéanamh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge ar fud an chórais oideachais.

*Tá gá le athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam ó bhun go barr chun cinntiú go bhfuil líofacht na Gaeilge á bhaint amach ag scoláirí tar éis 14 bliain ag staidéar. Níl na dréachtmholtaí atá beartaithe chun an bhunfhadhb seo a réiteach. Is gá tosú ón nua arís. Caithfidh sé a bheith mar sprioc ag an tathbhreithniú seo saoránaigh dátheangacha a chruthú agus gan oidhreacht gaelach na scoláirí a cheilt uathu. Mar a dúirt Thomas Davis 'A people without a language of its own is only half a nation. A nation should guard its language more than its territories, 'tis a surer barrier and a more important frontier than mountain or river.'* (AS 121, Duine Aonair).

*Léirigh an díospóireacht ag 'Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge' i dTeach Laighean ar 03 Samhain 2021 nár chóir dul ar aghaidh leis an múnla atá molta ag an am seo ag CNCM go dtí go ndéanfaí aithbhreithniú ar an gcóras iomlán ó bhun.* (AS 200, Duine Aonair).

## TAGAIRTÍ


An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2011). *Litearthacht agus uimhearthacht don fhoghlaim agus don saol: An straitéis náisiúnta chun an litearthacht agus an uimhearthacht a fheabhsú i measc leanaí agus daoine óga, 2011- 2020.* Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. https://assets.gov.ie/24521/851bd6974acd49749ede08f65fab96d0.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016). *Polasaí don oideachas Gaeltachta.* An Roinn Oideachais agus Scileanna. https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7db7ca434d92f97360c1197845.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2017). *Languages connect: Ireland's strategy for foreign languages in education 2017-2026.* An Roinn Oideachais agus Scileanna. https://curriculumonline.ie/getmedia/fc8c86b9-9c77-46a7-a7d8-a7b9abfb2013/PLC-Document_Irish.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). *Curaclam teanga na bunscoile.* An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Council of Europe. (2020). Common European framework of reference for languages: Learning, teaching, assessment. Council of Europe. https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4

Hyland, Á., & Uí Uiginn, F. (2021). *Plécháipéis ag freagairt do dhréachtsonraíochtaí Gaeilge na sraithe sinsearaí T1 agus T2 a foilsíodh do chomhairliúchán ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an 23 Feabhra 2021.* Conradh na Gaeilge.

Rialtas na hÉireann (2010). *Straitéis fiche bliain don Ghaeilge 2010-2030.* Oifig an tSoláthair.

## AGUISÍN 1 - RANGÚ NA N-AIGHNEACHTAÍ

**Nóta:**

- Rangaíodh múinteoirí/scoileanna/príomhoidí mar scoileanna Gaeltachta má tá siad istigh ar an scéim aitheantais mar scoileanna Gaeltachta.
- Gaelcholáiste – Aon iar-bhunscoil taobh amuigh den Ghaeltacht a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.
- Eagraíocht Oideachais – eagraíochtaí atá ag saothrú in iomaire an oideachais, bheadh forais phátrúnachta san áireamh anseo.
- Eagraíocht Scoileanna – Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht/obair ar son scoileanna.
- Pleanáil Teanga – aighneacht ó dhuine nó coiste/grúpa atá ag plé leis an bpleanáil teanga.
- Eagraíocht Múinteoirí – eagraíochtaí ag obair ar son múinteoirí, bheadh ceardchumainn san áireamh anseo.

| | |
|---|---|
| **Duine Aonair** | 63 |
| | |
| **Múinteoirí** | |
| Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Múinteoir in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Múinteoir Gaeilge i nGaelcholáiste | 8 |
| Múinteoir i nGaelcholáiste | 1 |
| Múinteoir Gaeilge in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla. | 38 |
| Múinteoir in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 0 |
| Múinteoir Bunscoile | 1 |
| Múinteoir Gaeilge - Neamhshonraithe | 11 |
| Múinteoir Gaeilge in Aonad Gaeilge | 1 |
| Múinteoir - Neamhshonraithe | 1 |
| Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 5 |
| Grúpa Múinteoirí i nGaelcholáiste | 2 |
| Grúpa Múinteoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 5 |
| | |
| **Tuismitheoirí** | |
| Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 9 |
| Tuismitheoir le Mac/Iníon i nGaelcholáiste | 9 |
| Tuismitheoir le Mac/Iníon in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 1 |
| Tuismitheoir – Neamhshonraithe | 1 |

| | |
|---|---|
| **Scoláirí** | |
| Scoláire in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 0 |
| Scoláire i nGaelcholáiste | 1 |
| Scoláire in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 0 |
| Scoláire - Neamhshonraithe | 4 |
| Grúpa Scoláirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 0 |
| Grúpa Scoláirí i nGaelcholáiste | 1 |
| Grúpa Scoláirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 2 |
| | |
| **Príomhoidí** | |
| Príomhoide in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Príomhoide i nGaelcholáiste | 1 |
| Príomhoide in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 1 |
| Stiúrthóir ar Aonad Gaeilge | 1 |
| Príomhoide i nGaelscoil | 1 |
| | |
| **Scoileanna** | |
| Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 5 |
| Gaelcholáiste | 5 |
| Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 0 |
| Coiste Tuismitheoirí in Iar-bhunscoil Ghaeltachta | 1 |
| Coiste Tuismitheoirí i nGaelcholáiste | 0 |
| Coiste Tuismitheoirí in Iar-bhunscoil a Fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla | 0 |
| Bunscoil Ghaeltachta | 2 |
| Gaelscoil | 0 |
| | |
| **Pleanáil Teanga** | 11 |
| | |
| **Eagraíochtaí** | |
| Eagraíocht Phobail | 1 |
| Coláiste Gaeilge | 4 |

| | |
|---|---|
| Eagraíocht Coláistí Gaeilge | 1 |
| Páirtí Polaitíochta | 1 |
| Institiúid Ardoideachais | 2 |
| Eagraíocht Múinteoirí | 2 |
| Eagraíocht Ghaeilge | 7 |
| Eagraíocht Oideachais | 3 |
| Eagraíocht Tuismitheoirí sa Ghaeltacht | 2 |
| Eagraíocht Príomhoidí | 1 |
| Comhchoiste Oireachtais | 1 |
| Gníomhaireacht Stáit | 1 |
| Eagraíocht Scoileanna | 3 |
| Roinn Rialtais | 1 |
| Cumann Scoláirí Meánscoile | 1 |
| Cumann Scoláirí Tríú Leibhéal | 3 |
| Eagraíocht Múinteoirí Gaeilge | 1 |
| Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí | 1 |
| **Iomlán** | **234** |